



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 5 Nollaig 2018
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach:
2018/0426(NLE)**

**XT 21102/18
ADD 1**

BXT 120

TOGRA

ó:	Ard-Rúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna shíniú ag Jordi AYET PUIGARNAU, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	5 Nollaig 2018
chuig:	Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2018) 833 final
Ábhar:	IARSCRÍBHINN a ghabhann leis an Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh agus an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, an Chomhaontuithe maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2018) 833 final.

Faoi iamh: COM(2018) 833 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 5.12.2018
COM(2018) 833 final

ANNEX

IARSCRÍBHINN

a ghabhann leis an

Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle

maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh agus an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, an Chomhaontuithe maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach

BROLLACH

TÁ AN tAONTAS EORPACH AGUS AN COMHPHOBAL EORPACH DO FHUINNEAMH ADAMHACH

AGUS

RÍOCHT AONTAITHE NA BREATAINE MÓIRE AGUS THUAISCEART ÉIREANN,

ÓS RUD É go ndearna Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann (“an Ríocht Aontaithe”) an 29 Márta 2017, tar éis toradh reifrinn a reáchtáladh sa Ríocht Aontaithe agus tar éis di cinneadh ceannasach a dhéanamh an tAontas Eorpach a fhágáil, fógra a thabhairt go raibh rún aici tarraingt siar as an Aontas Eorpach (“an tAontas”) agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach (“Euratom”) i gcomhréir le hAirteagal 50 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (“CAE”), a bhfuil feidhm aige maidir le Euratom de bhua Airteagal 106a den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach (“Conradh Euratom”),

ÓS MIAN LEO socruithe a leagan amach maidir le tarraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas agus as Euratom, ag féachaint don chreat dá gcaidreamh amach anseo,

Á dTABHAIRT DÁ nAIRE na treoirlínte a d’eisigh an Chomhairle Eorpach an 29 Aibreán agus an 15 Nollaig 2017 agus an 23 Márta 2018 a bheidh mar bhonn ag an Aontas agus é ag tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe lena leagfar amach na socruithe maidir le tarraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas agus as Euratom,

Á MHEABHRÚ DÓIBH, de bhun Airteagal 50 CAE, i gcomhar le hAirteagal 106a de Chonradh Euratom, agus faoi réir na socrúithe a leagtar síos sa Chomhaontú seo, go scoirfidh dlí uile an Aontais agus dlí uile Euratom d'fheidhm a bheith aige maidir leis an Ríocht Aontaithe ón dáta a thiofadh an Comhaontú seo i bhfeidhm,

Á CHUR I bhFÁTH DÓIBH gurb é cuspóir an Chomhaontaithe seo a áirithiú gur féidir leis an Ríocht Aontaithe tarraingt siar as an Aontas agus as Euratom ar bhealach rianúil,

Á AITHINT DÓIBH gur gá cosaint chómhálartach a sholáthar do shaoránaigh den Aontas agus do náisiúnaigh den Ríocht Aontaithe, agus dá mbaill teaghlaigh féin, i gcás ina mbeidh cearta saorghluaiseachta feidhmithe acu faoi dháta a leagtar síos sa Chomhaontú seo, agus chun a áirithiú go mbeidh a gcearta faoin gComhaontú seo in-fhorfheidhmithe agus bunaithe ar phrionsabal an neamh-idirdhealaithe; á aithint dóibh freisin gur cheart cearta a eascraíonn ó thréimhsí árachais slándála sóisialta a chosaint,

AR É A BHEITH BEARTAITHE ACU tarraingt siar rianúil a áirithiú trí fhorálacha idirscartha éagsúla arb é is aidhm dóibh bac a chur ar shuaitheadh agus deimhneacht dhlíthiúil a sholáthar do shaoránaigh agus d'oibreoirí eacnamaíocha, mar aon le húdaráis bhreithiúnacha agus riaracháin san Aontas agus sa Ríocht Aontaithe, agus, san am céanna, gan é a chur as an áireamh go bhféadfaí an comhaontú nó na comhaontuithe ar an gcaidreamh amach anseo a chur in ionad na bhforálacha idirscartha ábhartha,

ÓS RUD É go bhfuil sé ar leas an Aontais agus na Ríochta Aontaithe araon idirthréimhse nó tréimhse cur chun feidhme a chinneadh inar cheart – d’ainneoin gach iarmharta a bheidh ag tarraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas maidir le rannpháirtíocht na Ríochta Aontaithe in institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí de chuid an Aontais, agus go háirithe, ar an dáta a thiocfaidh an Comhaontú seo i bhfeidhm, scor shainorduithe bhaill uile na n-institiúidí, na gcomhlachtaí agus na ngníomhaireachtaí de chuid an Aontais a ainmníodh, a ceapadh nó a toghadh i dtaca le ballraíocht na Ríochta Aontaithe san Aontas – feidhm a bheith ag dlí an Aontais, lena n-áirítear comhaontuithe idirnáisiúnta, maidir leis an Ríocht Aontaithe agus sa Ríocht Aontaithe, agus de riail ghinearálta chun na héifeachta céanna i gcás na mBallstát, chun go seachnófar suaitheadh sa tréimhse ina ndéanfar an comhaontú/na comhaontuithe maidir leis an gcaidreamh amach anseo a chaibidliú,

Á AITHINT DÓIBH, fiú má bhíonn feidhm ag dlí an Aontais maidir leis an Ríocht Aontaithe agus sa Ríocht Aontaithe le linn na hidirthréimhse, go gciallaíonn na sonraíochtaí a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe mar Stát atá tarraingthe siar as an Aontas go mbeidh sé tábhachtach don Ríocht Aontaithe a bheith in ann bearta a dhéanamh chun socruithe idirnáisiúnta nua dá cuid féin a ullmhú agus a bhunú, lena n-áirítear i réimsí ina dtugtar inniúlacht eisiach don Aontas, ar choinníoll nach dtiocfaidh comhaontuithe den sórt sin i bhfeidhm ná nach gcuirfear i bhfeidhm iad le linn na tréimhse sin, mura rud é gur údaraigh an tAontas amhlaidh,

Á MHEABHRÚ DÓIBH go bhfuil sé comhaontaithe ag an Aontas agus ag an Ríocht Aontaithe go n-urramóidh siad na gealltanais fhrithphárteacha a tugadh le socrú airgeadais aonair le linn don Ríocht Aontaithe a bheith ina ball den Aontas,

ÓS RUD É gur den bhunriachtanas forálacha a bhunú a áiritheoidh rialachas foriomlán chun léirmhíniú agus cur i bhfeidhm ceart an Chomhaontaithe agus comhlíonadh na gceanglas atá ann faoin gComhaontú a ráthú, go mór mór réiteach ceangailteach ar dhíospóidí agus rialacha forfheidhmiúcháin a dhéanann lán-urramú ar neamhspleáchas orduithe dlíthiúla an Aontais agus na Ríochta Aontaithe faoi seach, mar aon le stádas tríú tír na Ríochta Aontaithe,

Á ADMHÁIL DÓIBH, chun gur féidir leis an Ríocht Aontaithe tarraingt siar as an Aontas ar bhealach rianúil, gur gá freisin socrúithe marthanacha a bhunú, i bprótacail ar leith a ghabhann leis an gComhaontú seo, lena dtabharfar aghaidh ar chásanna an-sonrach a bhaineann le hÉirinn/Tuaisceart Éireann agus leis na Limistéir Bhunáite Fhlaitheasacha sa Chipir,

Á ADMHÁIL DÓIBH fós, i gcomhair tharraingt siar rianúil na Ríochta Aontaithe as an Aontas, gur den riachtanas freisin, i bprótacal ar leith a ghabhann leis an gComhaontú seo, na socrúithe sonracha i ndáil le Giobráltar a bhunú, socrúithe a bheidh infheidhme le linn na hidirthréimhse go háirithe,

Á CHUR i dTREIS DÓIBH gur ar chothromaíocht fhoriomlán idir na sochair, na cearta agus na hoibleagáidí atá ann don Aontas agus don Ríocht Aontaithe atá an Comhaontú seo bunaithe,

Á dTABHAIRT DÁ nAIRE go bhfuil Dearbhú Polaitiúil lena leagtar amach an creat le haghaidh an chaidrimh a bheidh ann amach anseo idir an tAontas Eorpach agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann,

ÓS RUD É gur gá don Ríocht Aontaithe agus don Aontas araon na céimeanna riachtanacha ar fad a thógáil chun tús a chur, a luaithe agus is féidir tar éis 29 Márta 2019, le caibidlíocht fhoirmiúil maidir le comhaontú amháin nó le comhaontuithe éagsúla faoina rialófar a gcuidreamh lena chéile sa todhchaí, d'fhonn a áirithiú, a mhéid is féidir, go mbeidh na comhaontuithe sin i bhfeidhm ó dheireadh na hidirthréimhse,

TAR ÉIS AN COMHAONTÚ SEO A GHLACADH:

CUID A hAON

FORÁLACHA COMHCHOITEANNA

AIRTEAGAL 1

Cuspóir

Leagtar amach leis an gComhaontú seo na socruithe maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann (“an Ríocht Aontaithe”) a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach (“an tAontas”) agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach (“Euratom”).

AIRTEAGAL 2

Sainmhínte

Chun críocha an Chomhaontaithe seo, beidh feidhm ag na sainmhínte seo a leanas:

- (a) ciallaíonn “dlí an Aontais”:
 - (i) an Conradh ar an Aontas Eorpach (“CAE”), an Conradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (“CFAE”) agus an Conradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach (“Conradh Euratom”), mar atá arna leasú nó arna bhforlíonadh, chomh maith leis na Conarthaí Aontachais agus leis an gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, dá ngairtear le chéile “na Conarthaí” anseo feasta;
 - (ii) prionsabail ghinearálta dhlí an Aontais;
 - (iii) na gníomhartha arna nglacadh ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí nó gníomhaireachtaí an Aontais;
 - (iv) na comhaontuithe idirnáisiúnta ar páirtí iontu an tAontas agus na comhaontuithe idirnáisiúnta arna dtabhairt i gcrích ag na Ballstáit ag gníomhú dóibh thar ceann an Aontais;

- (v) na comhaontuithe idir na Ballstáit a rinne siad ina gcáil mar Bhallstáit de chuid an Aontais;
 - (vi) gníomhartha de chuid Ionadaithe Rialtais na mBallstát ag teacht le chéile dóibh sa Chomhairle Eorpach nó i gComhairle an Aontais Eorpaigh (“an Chomhairle”);
 - (vii) na dearbhuithe arna ndéanamh i gcomhthéacs na gcomhdhálacha idir-rialtasacha a ghlac na Conarthaí;
- (b) ciallaíonn na “Ballstáit” Ríocht na Beilge, Poblacht na Bulgáire, Poblacht na Seice, Ríocht na Danmhairge, Poblacht Chónaidhme na Gearmáine, Poblacht na hEastóine, Éire, an Phoblacht Heilléanach, Ríocht na Spáinne, Poblacht na Fraince, Poblacht na Cróite, Poblacht na hIodáile, Poblacht na Cipire, Poblacht na Laitvia, Poblacht na Liotuáine, Ard-Diúcacht Lucsamburg, an Ungáir, Poblacht Mhálta, Ríocht na hÍsiltíre, Poblacht na hOstaire, Poblacht na Polainne, Poblacht na Portaingéile, an Rómáin, Poblacht na Slóivéine, Poblacht na Slóvaice, Poblacht na Fionlainne agus Ríocht na Sualainne;
- (c) ciallaíonn “Saoránach den Aontas Eorpach” aon duine ag a bhfuil náisiúntacht Bhallstáit;

- (d) ciallaíonn “náisiúnach den Ríocht Aontaithe” náisiúnach den Ríocht Aontaithe, mar a shainmhínítear sa Dearbhú Nua ó Rialtas Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann an 31 Nollaig 1982 maidir leis an sainmhíniú ar an téarma “náisiúnaigh”¹, agus i nDearbhú Uimh. 63 atá i gceangal le hIonstraim Chríochnaitheach na comhdhála idir-rialtasaí a ghlac Conradh Liospóin²;
- (e) ciallaíonn “idirthréimhse” an tréimhse dá bhforáiltear in Airteagal 126;
- (f) ciallaíonn “lá” lá féilire, mura bhfuil a mhalairt d’fhoráil ann sa Chomhaontú seo, nó i bhforálacha i ndlí an Aontais a dtugtar feidhm dóibh leis an gComhaontú seo.

AIRTEAGAL 3

Raon feidhme críochach

1. Mura bhforáiltear dá mhalairt sa Chomhaontú seo nó i ndlí an Aontais a dtugtar feidhm dó leis an gComhaontú seo, tuigfear gur tagairtí don mhéid seo a leanas iad na tagairtí a dhéantar sa Chomhaontú seo don Ríocht Aontaithe nó dá críoch:

- (a) an Ríocht Aontaithe;

¹ IO C 23, 28.1.1983, lch. 1.

² IO C 306, 17.12.2007, lch. 270.

- (b) Giobráltar, a mhéid a bhí feidhm ag dlí an Aontais maidir leis roimh dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo;
- (c) Oileáin Mhuir nIocht agus Oileán Mhanann, a mhéid a bhí feidhm ag dlí an Aontais maidir leo roimh dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo;
- (d) Limistéir Bhunáite Fhlaitheasacha Akrotiri agus Dhekelia sa Chipir, a mhéid is gá chun a áirithiú go gcuirfear chun feidhme na socrúithe a leagtar amach sa Phrótacal maidir le Limistéir Bhunáite Fhlaitheasacha Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann sa Chipir atá i gceangal leis an nGníomh i dtaobh choinníollacha aontachais Phoblacht na Seice, Phoblacht na hEastóine, Phoblacht na Cipire, Phoblacht na Laitvia, Phoblacht na Liotuáine, Phoblacht na hUngáire, Phoblacht Mhálta, Phoblacht na Polainne, Phoblacht na Slóivéine agus Phoblacht na Slóvaice leis an Aontas Eorpach;
- (e) na tíortha agus na críocha thar lear atá liostaithe in Iarscríbhinn II CFAE a bhfuil caidreamh speisialta acu leis an Ríocht Aontaithe¹, i gcás ina mbaineann forálacha an Chomhaontuithe seo leis na socrúithe speisialta le haghaidh chomhlachas na dtíortha agus na gcríoch thar lear leis an Aontas.

¹ Angaile, Beirmiúda, Críoch Aigéan Indiach na Breataine, Críoch Antartach na Breataine, Montsarat, Oileáin Bhriotanacha na Maighdean, Oileáin Cayman, Oileáin Fháclainne, Oileáin Pitcairn, Oileáin na dTurcach agus Caicos, Oileán na Deascabhála agus Tristan da Cunha, San Héilin, an tSeoirsia Theas agus Oileáin Sandwich Theas.

2. Mura bhforáiltear dá mhalairt sa Chomhaontú seo nó i ndlí an Aontais a dtugtar feidhm dó leis an gComhaontú seo, na tagairtí a dhéantar sa Chomhaontú seo do na Ballstáit, nó dá gcríoch, tuigfear go gcumhdaítear leis na tagairtí sin críocha na mBallstát a bhfuil feidhm ag na Conarthaí maidir leo, de réir mar a fhoráiltear in Airteagal 355 CFAE.

AIRTEAGAL 4

Modhanna agus prionsabail a bhaineann

le héifeacht, le cur chun feidhme agus le cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo

1. Maidir leis na forálacha atá sa Chomhaontú seo, agus forálacha i ndlí an Aontais a dtugtar feidhm dóibh leis an gComhaontú seo, is ionann na héifeachtaí dlíthiúla a bheidh acu i ndáil leis an Ríocht Aontaithe agus sa Ríocht Aontaithe agus na héifeachtaí a bheidh acu san Aontas agus sna Ballstáit.

Dá réir sin, thar aon duine eile, beidh daoine nádúrtha nó dlítheanacha ábalta brath go díreach ar na forálacha atá sa Chomhaontú seo nó forálacha dá dtagraítear sa Chomhaontú seo a chomhlíonann na coinníollacha um éifeacht dhíreach faoi dhlí an Aontais.

2. Áiritheoidh an Ríocht Aontaithe go gcomhlíonfar mír 1, lena n-áirítear na cumhachtaí atá ag teastáil ó na húdaráis bhreithiúnacha agus riaracháin chun forálacha intíre neamh-chomhsheasmhacha atá ar neamhréir a chur ó fheidhm trí bhíthin reachtaíocht phríomha náisiúnta.

3. Forálacha an Chomhaontaithe seo a thagraíonn do dhlí an Aontais nó d'fhorálacha dá chuid, léirmhíneofar agus cuirfear i bhfeidhm iad i gcomhréir leis na modhanna agus na prionsabail ghinearálta atá i ndlí an Aontais.

4. Forálacha an Chomhaontaithe seo a thagraíonn do dhlí an Aontais nó do choincheapa nó d'fhorálacha i ndlí an Aontais, léirmhíneofar iad, agus iad á gcur chun feidhme agus á gcur i bhfeidhm, i gcomhréir le cásdlí ábhartha Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh a leagfar síos roimh dheireadh na hidirthréimhse.

5. I léirmhíniú agus i gcur i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, tabharfaidh údaráis bhreithiúnacha agus riaracháin na Ríochta Aontaithe an aird chuí ar chásdlí ábhartha Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh a leagfar síos tar éis dheireadh na hidirthréimhse.

AIRTEAGAL 5

Meon macánta

Tabharfaidh an tAontas agus an Ríocht Aontaithe cúnaimh dá chéile, de mheon macánta agus lánurraim fhrithpháirteach á tabhairt acu dá chéile, chun na cúraimí a eascraíonn ón gComhaontú seo a dhéanamh.

Déanfaidh siad gach beart iomchuí, biodh sé ginearálta nó sonrath, chun a áirithiú go gcomhlíonfar na hoibleagáidí a eascraíonn ón gComhaontú seo agus staonfaidh siad ó aon bheart a d'fhéadfadh gnóthú chuspóirí an Chomhaontaithe seo a chur i mbaol.

Tá an tAirteagal seo gan dochar do chur i bhfeidhm dhlí an Aontais de bhun an Chomhaontaithe seo, go háirithe prionsabal an chomhair dhílis.

AIRTEAGAL 6

Tagairtí do dhlí an Aontais

1. Cé is moite de Chuid a Ceathair agus Cuid a Cúig, mura bhforáiltear dá mhalairt sa Chomhaontú seo, tuigfeadh go bhfuil gach tagairt a dhéantar sa Chomhaontú seo do dhlí an Aontais ina tagairt do dhlí an Aontais, lena n-áirítear dlí an Aontais arna leasú nó arna ionadú, de réir mar is infheidhme ar lá deiridh na hidirthréimhse.
2. I gcás ina ndéantar tagairt sa Chomhaontú seo do ghníomhartha an Aontais nó d'fhorálacha de ghníomhartha an Aontais, tuigfeadh, i gcás inarb ábhartha, go n-áirítear sna tagairtí sin tagairt do dhlí an Aontais nó d'fhorálacha de dhlí an Aontais a bhfuil feidhm acu fós i gcomhréir leis an ngníomh sin, fiú má tá siad ionadaithe nó dímholta ag an ngníomh dá dtagraítear.

3. Chun críocha an Chomhaontaithe seo, na tagairtí d'fhorálacha i ndlí an Aontais a dtugtar feidhm dóibh leis an gComhaontú seo, tuigfear go n-áirítear iontu tagairtí do na gníomhartha ábhartha de chuid an Aontais lena bhforlíontar na forálacha sin nó lena gcuirtear chun feidhme iad.

AIRTEAGAL 7

Tagairtí don Aontas agus do na Ballstáit

1. Chun críocha an Chomhaontaithe seo, gach tagairt do na Ballstáit agus d'údaráis inniúla na mBallstát sna forálacha sin i ndlí an Aontais a dtugtar feidhm dóibh leis an gComhaontú seo, tuigfear go n-áirítear iontu an Ríocht Aontaithe agus a húdaráis inniúla, cé is moite de na nithe seo a leanas:

- (a) ainmniú, ceapadh nó toghadh na gcomhaltaí d'institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais, chomh maith leis an rannpháirtíocht sa chinnteoireacht agus leis an bhfreastal ar chruinnithe de chuid na n-institiúidí;
- (b) rannpháirtíocht i gcinnteoireacht agus rialachas comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais;

- (c) an freastal ar chruinnithe na gcoistí dá dtagraítear in Airteagal 3(2) de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹, ar chruinnithe grúpaí saineolaithe nó eintiteas comhchosúil de chuid an Choimisiúin nó ar chruinnithe grúpaí saineolaithe nó eintiteas comhchosúil de chuid chomhlachtaí, oifigí agus ghníomhaireachtaí an Aontais, mura bhforáiltear dá mhalairt sa Chomhaontú seo.
2. Mura bhforáiltear dá mhalairt sa Chomhaontú seo, aon tagairt a dhéantar don Aontas, tuigfear go n-áirítear inti Euratom.

AIRTEAGAL 8

Rochtain ar líonraí, córais faisnéise agus bunachair sonraí

Mura bhforáiltear dá mhalairt sa Chomhaontú seo, ag deireadh na hidirthréimhse, ní bheidh an Ríocht Aontaithe i dteideal rochtain a thuilleadh ar aon líonra, córas faisnéise ná bunachar sonraí arna mbunú ar bhonn dhlí an Aontais. Déanfaidh an Ríocht Aontaithe bearta iomchuí chun a áirithiú nach mbeidh teacht aici ar aon líonra, córas faisnéise ná bunachar sonraí nach bhfuil sí i dteideal a rochtain a thuilleadh.

¹ Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

CUID A DÓ

CEARTA NA SAORÁNACH

TEIDEAL I

FORÁLACHA GINEARÁLTA

AIRTEAGAL 9

Sainmhínithe

Chun críocha na Coda seo, agus gan dochar do Theideal III, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

- (a) ciallaíonn “baill teaghlaigh” na daoine seo a leanas, gan beann ar a náisiúntacht, a thagann faoin raon feidhme pearsanta dá bhforáiltear in Airteagal 10 den Chomhaontú seo:
 - (i) baill teaghlaigh saoránach den Aontas nó baill teaghlaigh náisiúnach den Ríocht Aontaithe mar atá sainmhínithe i bpointe (2) d’Airteagal 2 de Threoir 2004/38/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹;

¹ Treoir 2004/38/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le ceart saoránach den Aontas agus a mball teaghlaigh gluaiseacht agus cónaí faoi shaoirse ar chríoch na mBallstát lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 1612/68 agus lena n-aisghairtear Treoracha 64/221/CEE, 68/360/CEE, 72/194/CEE, 73/148/CEE, 75/34/CEE, 75/35/CEE, 90/364/CEE, 90/365/CEE agus 93/96/CEE (IO L 158, 30.4.2004, lch. 77).

- (ii) daoine seachas iad siúd a shainmhínítear in Airteagal 3(2) de Threoir 2004/38/CE a bhfuil gá ag saoránaigh den Aontas nó ag náisiúnaigh den Ríocht Aontaithe leo chun nach mbainfear de shaoránaigh sin an Aontais nó de náisiúnaigh sin na Ríochta Aontaithe ceart chun cónaí a tugadh leis an gCuid seo;

- (b) ciallaíonn “oibrithe trasteorann” saoránaigh den Aontas nó náisiúnaigh den Ríocht Aontaithe a dhéanann gníomhaíocht eacnamaíoch i gcomhréir le hAirteagal 45 nó Airteagal 49 CFAE i Stát amháin nó níos mó nach bhfuil siad ina gcónaí ann;

- (c) ciallaíonn “Stát óstach”:
 - (i) maidir le saoránaigh den Aontas agus a mbaill teaghlaigh, an Ríocht Aontaithe, má d’fheidhmigh siad a gceart chun cónaí sa Ríocht Aontaithe i gcomhréir le dlí an Aontais roimh dheireadh na hidirthréimhse agus má leanann siad de bheith ina gcónaí inti dá éis sin;

 - (ii) maidir le náisiúnaigh den Ríocht Aontaithe agus a mbaill teaghlaigh, an Ballstát inar fheidhmigh siad a gceart chun cónaí i gcomhréir le dlí an Aontais roimh dheireadh na hidirthréimhse agus ina leanfaidh siad de bheith ina gcónaí ann dá éis sin;

- (d) ciallaíonn “Stát oibre”:
- (i) maidir le saoránaigh den Aontas, an Ríocht Aontaithe, má shaothraigh siad gníomhaíocht eacnamaíoch mar oibrithe trasteorann inti roimh dheireadh na hidirthréimhse agus má leanann siad de sin dá éis sin;
 - (ii) maidir le náisiúnaigh den Ríocht Aontaithe, Ballstát ina ndearna siad gníomhaíocht eacnamaíoch mar oibrithe trasteorann roimh dheireadh na hidirthréimhse agus ina leanfaidh siad de sin dá éis sin;
- (e) ciallaíonn “cearta coimeádta” ceartha coimeádta de réir bhrí phointe (9) d’Airteagal 2 de Rialachán (CE) Uimh. 2201/2003 ón gComhairle¹, lena n-áirítear ceartha coimeádta a fhaightear trí bhreithiúnas, trí oibriú an dlí nó trí chomhaontú a bhfuil éifeacht dhlíthiúil aige.

¹ Rialachán (CE) Uimh. 2201/2003 ón gComhairle an 27 Samhain 2003 maidir le dlínse agus aithint agus forghníomhú breithiúnas faoi ábhair maidir le pósadh agus freagracht tuismitheora, lena n-aisghairmtear Rialachán (CE) Uimh. 1347/2000 (IO L 338, 23.12.2003 lch. 1).

AIRTEAGAL 10

Raon feidhme pearsanta

1. Gan dochar do Theideal III, beidh feidhm ag an gCuid seo maidir leis na daoine a leanas:
 - (a) saoránaigh den Aontas a d'fheidhmigh a gceart chun cónaí sa Ríocht Aontaithe i gcomhréir le dlí an Aontais roimh dheireadh na hidirthréimhse agus atá ag leanúint de bheith ina gcónaí ansin dá éis sin;
 - (b) náisiúnaigh den Ríocht Aontaithe a d'fheidhmigh a gceart chun cónaí i mBallstát i gcomhréir le dlí an Aontais roimh dheireadh na hidirthréimhse agus atá ag leanúint de bheith ina gcónaí ann dá éis sin
 - (c) saoránaigh den Aontas a d'fheidhmigh a gceart mar oibrithe trasteorann sa Ríocht Aontaithe i gcomhréir le dlí an Aontais roimh dheireadh na hidirthréimhse agus atá ag leanúint dá gcónaí ann dá éis sin;
 - (d) náisiúnaigh den Ríocht Aontaithe a d'fheidhmigh a gceart mar oibrithe trasteorann i mBallstát amháin nó níos mó i gcomhréir le dlí an Aontais roimh dheireadh na hidirthréimhse agus atá ag leanúint de sin dá éis sin;

- (e) baill teaghlaigh na ndaoine dá dtagraítear i bpointe (a) go pointe (d), ar choinníoll go gcomhlíonann siad ceann de na coinníollacha a leanas:
- (i) go raibh cónaí orthu sa Stát óstach i gcomhréir le dlí an Aontais roimh dheireadh na hidirthréimhse agus go bhfuil siad ag leanúint de bheith ina gcónaí ann dá éis sin;
 - (ii) go raibh baint dhíreach acu le duine dá dtagraítear i bpointe (a) go pointe (d) agus go raibh siad ina gcónaí lasmuigh den Stát óstach roimh dheireadh na hidirthréimhse, ar choinníoll go gcomhlíonann siad na coinníollacha a leagtar amach i bpointe (2) d'Airteagal 2 de Threoir 2004/38/CE tráth a iarrfaidh siad cead cónaithe faoin gCuid seo d'fhonn a bheith in éineacht leis an duine dá dtagraítear i bpointe (a) go pointe (d) den mhír seo;
 - (iii) gur rugadh iad do dhaoine, nó gur uchtaíodh go dlíthiúil iad ag daoine dá dtagraítear i bpointe (a) go pointe (d) tar éis dheireadh na hidirthréimhse, cibé acu laistigh nó lasmuigh den Stát óstach é, agus go gcomhlíonann siad na coinníollacha a leagtar amach i bpointe (2) (c) d'Airteagal 2 de Threoir 2004/38/CE tráth a iarrfaidh siad cead cónaithe faoin gCuid seo d'fhonn a bheith in éineacht leis an duine dá dtagraítear i bpointe (a) go (d) den mhír seo agus go gcomhlíonann siad ceann amháin de na coinníollacha a leanas:
 - gur daoine iad an dá thuismitheoir dá dtagraítear i bpointe (a) go pointe (d);

- gur duine é tuismitheoir amháin dá dtagraítear i bpointe (a) go pointe (d) agus gur náisiúnach den Stát óstach é an tuismitheoir eile; nó
 - gur duine é tuismitheoir amháin dá dtagraítear i bpointe (a) go pointe (d) agus go bhfuil cearta coimeádta aonair nó comhchearta coimeádta an linbh ag an duine sin, i gcomhréir leis na rialacha dlí teaghlaigh is infheidhme de chuid Ballstáit nó de chuid na Ríochta Aontaithe, lena n-áirítear rialacha dlí idirnáisiúnta príobháideacha is infheidhme faoina n-aithnítear cearta coimeádta a bunaíodh faoi dhlí tríú Stáit sa Bhallstát nó sa Ríocht Aontaithe, go háirithe maidir le leas an linbh, agus gan dochar do ghnáthfheidhmiú an chineáil sin rialacha dlí idirnáisiúnta príobháideacha is infheidhme¹;
- (f) baill teaghlaigh a chónaigh sa Stát óstach i gcomhréir le hAirteagal 12 agus Airteagal 13, Airteagal 16(2) agus Airteagal 17 agus Airteagal 18 de Threoir 2004/38/CE roimh dheireadh na hidirthréimhse agus atá ag leanúint de bheith ina gcónaí ann ina dhiaidh sin.

¹ Is i gcomhréir le pointe (9) d’Airteagal 2 de Rialachán (CE) Uimh. 2201/2003 atá coincheap na gceart coimeádta le léirmhíniú. Dá bhrí sin, cumhdaíonn sé cearta coimeádta a gheobhaidh breithiúnas, trí fheidhmiú dlí nó trí chomhaontú a bhfuil éifeacht dhlíthiúil aige.

2. Daoine a thagann faoi phointe (a) agus pointe (b) d'Airteagal 3(2) de Threoir 2004/38/CE ar éascaigh an Stát óstach a gcead cónaithe i gcomhréir lena reachtaíocht náisiúnta roimh dheireadh na hidirthréimhse i gcomhréir le hAirteagal 3(2) den Treoir sin, coimeádfaidh na daoine sin a gceart chun cónaí sa Stát óstach i gcomhréir leis an gCuid seo, ar choinníoll go leanfaidh siad de bheith ina gcónaí sa Stát óstach dá éis sin.

3. Beidh feidhm ag mír 2 freisin maidir le daoine a thagann faoi phointe (a) agus pointe (b) d'Airteagal 3(2) de Threoir 2004/38/CE a rinne iarratas ar theacht isteach agus ar chónaí a éascú roimh dheireadh na hidirthréimhse, agus a mbeidh a gcead cónaithe á éascú ag an Stát óstach i gcomhréir lena reachtaíocht náisiúnta dá éis sin.

4. Gan dochar d'aon cheart chun cónaí a d'fhéadfadh a bheith ag na daoine lena mbaineann ina gcáil féin, déanfaidh an Stát óstach, i gcomhréir lena reachtaíocht náisiúnta agus i gcomhréir le pointe (b) d'Airteagal 3(2) de Threoir 2004/38/CE, teacht isteach agus cead cónaithe a éascú don chomhpháirtí lena bhfuil caidreamh marthanach ag an duine dá dtagraítear i bpointe (a) go pointe (d) de mhír 1 den Airteagal seo, a bhfuil fianaise iomchuí leis, ina ndearna an comhpháirtí sin cónaí lasmuigh den Stát óstach roimh dheireadh na hidirthréimhse, ar choinníoll go raibh an caidreamh marthanach roimh dheireadh na hidirthréimhse agus go mbeidh sé marthanach tráth a iarrfaidh an comhpháirtí cead cónaithe faoin gCuid seo.

5. Sna cásanna dá dtagraítear i mír 3 agus mír 4, tabharfaidh an Stát óstach faoi scrúdú forleathan ar chúinsí pearsanta na ndaoine lena mbaineann agus cuirfidh siad údar le haon diúltú teacht isteach nó cead cónaithe do na daoine sin.

AIRTEAGAL 11

Leanúnachas cónaithe

Ní dhéanfaidh neamhláithreachtaí dá dtagraítear in Airteagal 15(2) difear do leanúnachas cónaithe chun críocha Airteagal 9 agus Airteagal 10.

Ní mheasfar go bhfuil ceart buanchónaithe a fuarthas faoi Threoir 2004/38/CE roimh dheireadh na hidirthréimhse mar cheart cailte de dheasca neamhláithreachtaí ón Stát óstach ar feadh tréimhse a shonraítear in Airteagal 15(3).

AIRTEAGAL 12

Neamh-idirdhealú

Laistigh de raon feidhme na Coda seo, agus gan dochar d'aon fhorálacha speisialta atá ann, toirmiscefear aon idirdhealú ar fhorais náisiúntachta de réir bhrí na chéad fhomhíre d'Airteagal 18 CFAE sa Stát óstach agus sa Stát oibre i leith na ndaoine dá dtagraítear in Airteagal 10 den Chomhaontú seo.

TEIDEAL II

CEARTA AGUS OIBLEAGÁIDÍ

CAIBIDIL 1

CEARTA A BHAINNEANN LE hÁIT CHÓNAITHE, DOICIMÉID CHÓNAITHE

AIRTEAGAL 13

Cearta cónaithe

1. Beidh sé de cheart ag saoránaigh den Aontas agus ag náisiúnaigh den Ríocht Aontaithe cónaí sa Stát óstach faoi na teorainneacha agus na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 21, Airteagal 45 nó Airteagal 49 CFAE agus in Airteagal 6(1), pointe (a), pointe (b) agus pointe (c) d'Airteagal 7(1), Airteagal 7(3), Airteagal 14, Airteagal 16(1) nó Airteagal 17(1) de Threoir 2004/38/CE.

2. Beidh sé de cheart ag baill teaghlaigh ar saoránaigh den Aontas iad nó ar náisiúnaigh den Ríocht Aontaithe iad cónaí sa Stát óstach mar a leagtar amach in Airteagal 21 CFAE agus in Airteagal 6(1), pointe (d) d'Airteagal 7(1), Airteagal 12(1) nó (3), Airteagal 13(1), Airteagal 14, Airteagal 16(1) nó Airteagal 17(3) agus (4) de Threoir 2004/38/CE, faoi réir na dteorainneacha agus na gcoinníollacha a leagtar amach sna forálacha sin.

3. Beidh sé de cheart ag baill teaghlaigh nach saoránaigh den Aontas ná náisiúnaigh den Ríocht Aontaithe iad cónaí sa Stát óstach faoi Airteagal 21 CFAE agus mar a leagtar amach in Airteagal 6(2), Airteagal 7(2), Airteagal 12(2) nó (3), Airteagal 13(2), Airteagal 14, Airteagal 16(2), Airteagal 17(3) nó (4) nó Airteagal 18 de Threoir 2004/38/CE, faoi réir na dteorainneacha agus na gcoinníollacha a leagtar amach sna forálacha sin.

4. Ní fhéadfaidh an Stát óstach aon teorainn nó coinníoll maidir le cearta cónaithe a fháil, a choimeád nó a chailliúint a fhorchur ar na daoine dá dtagraítear i mír 1, mír 2 agus mír 3, cé is moite dóibh sin dá bhforáiltear sa Teideal seo. Ní bheidh aon rogha ann maidir leis na teorainneacha agus na coinníollacha dá bhforáiltear sa Teideal seo a chur i bhfeidhm, ach amháin i bhfabhar an duine lena mbaineann.

AIRTEAGAL 14

Ceart imeachta agus teacht isteach

1. Beidh sé de cheart ag saoránaigh den Aontas agus ag náisiúnaigh den Ríocht Aontaithe, a mbaill teaghlaigh féin, agus daoine eile, atá ina gcónaí i gcríoch an Stáit óstaigh i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar amach sa Teideal seo an Stát óstach a fhágáil agus teacht isteach sa Stát óstach, mar a leagtar amach in Airteagal 4(1) agus sa chéad fhomhír d'Airteagal 5(1) de Threoir 2004/38/CE, le pas bailí nó cárta aitheantais náisiúnta i gcás saoránaigh den Aontas agus i gcás náisiúnaigh den Ríocht Aontaithe, agus le pas bailí i gcás a mbaill teaghlaigh féin agus daoine eile nach saoránaigh den Aontas ná náisiúnaigh den Ríocht Aontaithe iad.

Cúig bliana tar éis dheireadh na hidirthréimhse, féadfaidh an Stát óstach cinneadh a dhéanamh gan glacadh le cártaí aitheantais náisiúnta chun críocha teacht isteach i gcríoch nó imeacht aisti mura mbeidh slis ar na cártaí sin a chomhlíonann na caighdeáin is infheidhme de chuid na hEagraíochta Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta a bhaineann le sainaitheint bhithmhéadrach.

2. Ní cheanglófar ar shealbhóirí doiciméid bhailí arna eisiúint i gcomhréir le hAirteagal 18 nó Airteagal 26 aon víosa imeachta, víosa iontrála nó foirmiúlacht choibhéiseach a bheith acu.

3. I gcás ina mbeidh sé leagtha síos ag an Stát óstach nach mór víosa iontrála a bheith ag ball teaghlaigh a rachaidh isteach le bheith in éineacht le saoránach den Aontas nó le náisiúnach den Ríocht Aontaithe tar éis dheireadh na hidirthréimhse, tabharfaidh an Stát óstach gach deis do na daoine sin ar na víosaí is gá a fháil. Eiseofar na víosaí sin saor in aisce a luaithe is féidir, agus ar bhonn nós imeachta luathaithe.

AIRTEAGAL 15

Ceart buanchónaithe

1. Beidh sé de cheart ag saoránaigh den Aontas agus náisiúnaigh den Ríocht Aontaithe, agus a mbaill teaghlaigh féin, a chónaigh go dlíthiúil sa Stát óstach i gcomhréir le dlí an Aontais ar feadh tréimhse leanúnach cúig bliana nó ar feadh na tréimhse a shonraítear in Airteagal 17 de Threoir 2004/38/CE, maireachtáil go buan sa Stát óstach faoi na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 16, Airteagal 17 agus Airteagal 18 de Threoir 2004/38/CE. Áireofar tréimhsí cónaithe dlíthiúla nó oibre i gcomhréir le dlí an Aontais roimh agus tar éis dheireadh na hidirthréimhse i ríomh na tréimhse cáilithí is gá chun an ceart buanchónaithe a fháil.

2. Cinnfear leanúnachas cónaithe chun críocha an ceart buanchónaithe a fháil i gcomhréir le hAirteagal 16(3) agus le hAirteagal 21 de Threoir 2004/38/CE.

3. Nuair a gheofar é, ní chaillfear an ceart buanchónaithe ach amháin trí neamhláithreacht sa Stát óstach ar feadh tréimhse níos faide ná cúig bliana as a chéile.

AIRTEAGAL 16

Tréimhsí carntha

Beidh sé de cheart ag saoránaigh den Aontas agus náisiúnaigh den Ríocht Aontaithe, agus a mbaill teaghlaigh féin, a raibh cónaí orthu go dlíthiúil sa Stát óstach roimh dheireadh na hidirthréimhse i gcomhréir le coinníollacha Airteagal 7 de Threoir 2004/38/CE ar feadh tréimhse níos giorra ná cúig bliana, buanchónaí a dhéanamh faoi na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 15 den Chomhaontú seo nuair a bheidh na tréimhsí cónaithe riachtanacha curtha i gcrích acu. Áireofar tréimhsí cónaithe dlíthiúla nó oibre i gcomhréir le dlí an Aontais roimh agus tar éis dheireadh na hidirthréimhse i ríomh na tréimhse cáilithí is gá chun an ceart buanchónaithe a fháil.

AIRTEAGAL 17

Stádas agus athruithe

1. Ní dhéanfar difear do cheart saoránach den Aontas ná náisiúnach den Ríocht Aontaithe, agus a mball teaghlaigh féin, a bheith ag brath go díreach ar an gCuid seo nuair a athróidh siad stádas, mar shampla idir mac léinn, oibrí, duine féinhostaithe agus duine neamhghníomhach eacnamaíoch. Ní fhéadfaidh daoine a bhfuil ceart chun cónaí acu, ag deireadh na hidirthréimhse, ina gcáil mar bhail teaghlaigh saoránach den Aontas nó bail teaghlaigh náisiúnach den Ríocht Aontaithe, teacht chun bheith ina ndaoine dá dtagraítear i bpointe (a) go pointe (d) d'Airteagal 10(1).
2. Coimeádfar na cearta dá bhforáiltear sa Teideal seo do bhail dá dteaghlaigh ar cleithiúnaithe de chuid saoránaigh den Aontas nó náisiúnaigh den Ríocht Aontaithe iad roimh dheireadh na hidirthréimhse, fiú i gcás nach cleithiúnaithe iad a thuilleadh.

AIRTEAGAL 18

Eisiúint doiciméad cónaithe

1. Féadfaidh an Stát óstach a cheangal ar shaoránaigh den Aontas nó ar náisiúnaigh den Ríocht Aontaithe, ar a mbaill teaghlaigh agus ar dhaoine eile, a bheidh ina gcónaí ina chríoch i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar amach sa Teideal seo, iarratas a dhéanamh ar stádas cónaitheora nua a thugann na cearta faoin Teideal seo agus doiciméad a léiríonn an stádas sin a d'fhéadfadh a bheith i bhfoirm dhigiteach.

Beidh iarratas ar an stádas cónaitheora sin faoi réir na gcoinníollacha seo a leanas:

- (a) is é cuspóir don nós imeachta iarratais a fhíorú an bhfuil an t-iarratasóir i dteideal na gceart chun cónaí a leagtar amach sa Teideal seo. Sa chás sin, beidh sé de cheart ag an iarratasóir an stádas cónaitheora, agus an doiciméad a léiríonn an stádas sin, a bheith deonaithe dó;
- (b) ní bheidh an spriocdháta chun iarratas a dhéanamh níos lú ná sé mhí ó dheireadh na hidirthréimhse, do dhaoine atá ina gcónaí sa Stát óstach roimh dheireadh na hidirthréimhse.

Is é trí mhí tar éis teacht dóibh nó tar éis dul in éag don tréimhse dá dtagraítear sa chéad fhomhír, cibé acu is déanaí, a bheidh mar spriocdháta leis an iarratas a dhéanamh do dhaoine a bhfuil an ceart acu dul ag cónaí tar éis dheireadh na hidirthréimhse sa Stát óstach i gcomhréir leis an Teideal seo.

Eiseofar deimhniú ar an iarratas ar an stádas cónaitheora láithreach;

- (c) déanfar an spriocdháta chun iarratas a dhéanamh dá dtagraítear i bpointe (b) a chur siar go huathoibríoch aon bhliain i gcás inar chuir an tAontas in iúl don Ríocht Aontaithe, nó inar chuir an Ríocht Aontaithe in iúl don Aontas, gur chuir fadhbanna teicniúla cosc ar an Stát óstach an t-iarratas a chlárú nó an deimhniú ar iarratas dá dtagraítear i bpointe (b) a eisiúint. Foilseoidh an Stát óstach an fógra sin agus cuirfidh sé faisnéis phoiblí iomchuí ar fáil do na daoine lena mbaineann in am trátha;
- (d) i gcás nach gcomhlíonann na daoine lena mbaineann an spriocdháta leis an iarratas a dhéanamh dá dtagraítear i bpointe (b) déanfaidh na húdaráis inniúla na himthosca agus na cúiseanna uile nár comhlíonadh an spriocdháta a mheas agus ligfidh siad do na daoine sin iarratas a dhéanamh laistigh de thréimhse ama breise réasúnach má bhíonn forais réasúnach ann nár comhlíonadh an spriocdháta;
- (e) áiritheoidh an Stát óstach go bhfuil aon nós imeachta riaracháin maidir le hiarratas réidh trédhearcach simplí, agus go seachnófar aon ualach riaracháin nach bhfuil gá leis;
- (f) beidh foirmeacha iarratais gearr, simplí, agus éasca le húsáid agus oiriúnófar iad do chomhthéacs an Chomhaontaithe seo; má dhéanann baill teaghlaigh iarratais san aon am amháin, measúnófar le chéile iad;

- (g) déanfar an doiciméad a léiríonn an stádas a eisiúint saor in aisce nó ar mhuirear nach mó ná an méid a fhorchuirtear ar shaoránaigh nó ar náisiúnaigh den Stát óstach maidir le doiciméid den chineál sin a eisiúint;
- (h) daoine a bhfuil doiciméad buanchónaithe bailí ina seilbh acu a eisíodh faoi Airteagal 19 nó Airteagal 20 de Threoir 2004/38/CE nó doiciméad inimirce intíre bailí a thugann ceart buanchónaithe sa Stát óstach roimh dheireadh na hidirthréimhse, beidh sé de cheart acu an doiciméad sin a mhalartú laistigh den tréimhse dá dtagraítear i bpointe (b) den mhír seo ar dhoiciméid chónaithe nua nuair a bheidh iarratas déanta tar éis fhíorú a gcéannachta, seiceáil coiriúlachta agus slándála i gcomhréir le pointe (p) den mhír seo agus dearbhú ar a gcónaí leanúnach; ní ghearrfar táille ar eisiúint na ndoiciméad cónaithe nua sin;
- (i) déanfar céannacht na n-iarratasóirí a fhíorú trí phas bailí nó cárta aitheantais náisiúnta a thíolacadh i gcás saoránaigh den Aontas agus náisiúnaigh den Ríocht Aontaithe, agus trí phas bailí a thíolacadh dá mbaill teaghlaigh féin agus daoine eile nach saoránaigh den Aontas ná náisiúnaigh den Ríocht Aontaithe iad; ní dhéanfar glacadh leis na doiciméid aitheantais sin a chur faoi réir aon chritéir seachas bailíocht an doiciméid. I gcás ina gcoimeádfaidh údaráis inniúla an Stáit óstaigh an doiciméad aitheantais le linn an t-iarratas a bheith ar feitheamh, cuirfidh an Stát óstach an doiciméad sin ar ais ar iarratas gan mhoill, sula ndéanfar an cinneadh ar an iarratas;

- (j) féadfar cóip de dhoiciméid tacaíochta seachas doiciméid aitheantais, amhail doiciméid stádais shibhialta, a thíolacadh. Is i gcásanna sonracha amháin ina bhfuil amhras réasúnach ann maidir le barántúlacht na ndoiciméad tacaíochta a tíolacadh, agus sna cásanna sin amháin a fhéadfar bunchóipeanna de na doiciméid tacaíochta a éileamh;
- (k) is ar shaoránaigh den Aontas agus ar náisiúnaigh den Ríocht Aontaithe, agus ar na daoine sin amháin, a fhéadfaidh an Stát óstach a cheangal na doiciméid tacaíochta a leanas dá dtagraítear in Airteagal 8(3) de Threoir 2004/38/CE a thíolacadh chomh maith leis na doiciméid tacaíochta dá dtagraítear i bpointe (i) den mhír seo:
- (i) i gcás ina mbeidh siad ina gcónaí sa Stát óstach i gcomhréir le pointe (a) d'Airteagal 7(1) de Threoir 2004/38/CE mar oibrithe nó féinfhostaithe, dearbhú ar fhostú ón bhfostóir nó deimhniú fostaíochta, nó cruthúnas go bhfuil siad féinfhostaithe;
- (ii) i gcás ina mbeidh siad ina gcónaí sa Stát óstach i gcomhréir le pointe (b) d'Airteagal 7(1) de Threoir 2004/38/CE mar dhaoine neamhghníomhacha ó thaobh na heacnamaíochta de, fianaise go bhfuil acmhainní leordhóthanacha acu dóibh féin agus dá mbaill teaghlaigh gan a bheith ina n-ualach ar chóras cúnamh shóisialta an Stáit óstaigh le linn a dtréimhse cónaithe agus go bhfuil clúdach cuimsitheach árachais breoiteachta acu sa Stát óstach; nó

(iii) i gcás ina mbeidh siad ina gcónaí sa Stát óstach i gcomhréir le pointe (c) d'Airteagal 7(1) de Threoir 2004/38/CE mar mhic léinn, cruthúnas ar chlárú le hinstitiúid atá creidiúnaithe nó maoinithe ag an Stát óstach ar bhonn a reachtaíochta nó a chleachtais riaracháin, cruthúnas ar chlúdach cuimsitheach árachais breoiteachta, agus dearbhú nó modh coibhéiseach cruthúnais, go bhfuil a ndóthain acmhainní acu dóibh féin agus dá mbaill teaghlaigh gan a bheith ina n-ualach ar chóras cúnamh shóisialta an Stáit óstaigh le linn a dtréimhse cónaithe. Féadfar nach gceanglóidh an Stát óstach na dearbhuithe sin tagairt a dhéanamh d'aon mhéid sonracha acmhainní.

Maidir le coinníoll acmhainní leordhóthanacha, beidh feidhm ag Airteagal 8(4) de Threoir 2004/38/CE;

- (l) is ar bhaill teaghlaigh a thagann faoi phointe (e)(i) d'Airteagal 10(1) nó Airteagal 10(2) nó (3) den Chomhaontú seo, ar baill teaghlaigh iad atá ina gcónaí sa Stát óstach i gcomhréir le pointe (d) d'Airteagal 7(1) nó Airteagal 7(2) de Threoir 2004/38/CE, agus ar na daoine sin amháin, a fhéadfaidh an Stát óstach a cheangal na doiciméid tacaíochta seo a leanas dá dtagraítear in Airteagal 8(5) nó in Airteagal 10(2) de Threoir 2004/38/CE a thíolacadh i dteannta na ndoiciméad aitheantais dá dtagraítear i bpointe (i) den mhír seo:
- (i) doiciméad a fhianaíonn go bhfuil gaol teaghlaigh nó comhpháirtíocht chláráithe ann;

- (ii) an deimhniú clárúcháin nó, in éagmais córas clárúcháin, aon chruthúnas eile go bhfuil saoránach den Aontas nó an náisiúnach den Ríocht Aontaithe lena bhfuil siad ina gcónaí, go bhfuil sé ina chónaí dáiríre sa Stát óstach;
- (iii) maidir le sliochtaigh dhíreacha atá faoi bhun 21 bhliain d'aois nó atá ina gcleithiúnaithe agus ina ngaolta díreacha cleithiúnacha sa líne shinsearach, agus sliochtaigh de chuid an chéile nó an pháirtí chláraithe, fianaise dhoiciméadach go gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar amach i bpointe (c) nó i bpointe (d) d'Airteagal 2(2) de Threoir 2004/38/CE;
- (iv) maidir leis na daoine dá dtagraítear in Airteagal 10(2) nó (3) den Chomhaontú seo, doiciméad arna eisiúint ag an údarás ábhartha sa Stát óstach i gcomhréir le hAirteagal 3(2) de Threoir 2004/38/CE.

Maidir leis an gcoinníoll acmhainní leordhóthanacha maidir le baill teaghlaigh ar saoránaigh den Aontas nó náisiúnaigh den Ríocht Aontaithe iad féin, beidh feidhm ag Airteagal 8(4) de Threoir 2004/38/CE;

(m) is ar bhailt teaghlaigh a thagann faoi phointe (e)(ii) d'Airteagal 10(1) nó Airteagal 10(4) den Chomhaontú seo, agus ar na daoine sin amháin, a fhéadfaidh an Stát óstach a cheangal na doiciméid tacaíochta seo a leanas dá dtagraítear in Airteagal 8(5) agus Airteagal 10(2) de Threoir 2004/38/CE a thíolacadh i dteannta na ndoiciméad aitheantais dá dtagraítear i bpointe (i) den mhír seo:

- (i) doiciméad a fhianaíonn go bhfuil gaol teaghlaigh nó comhpháirtíocht chláráithe ann;
- (ii) an deimhniú clárúcháin nó, in éagmais córas clárúcháin, aon chruthúnas eile go bhfuil saoránach den Aontas nó náisiúnaigh den Ríocht Aontaithe ina gcónaí sa Stát óstach a bhfuil siad ag teacht isteach sa Stát óstach i dteannta leo;
- (iii) do chéilí nó do pháirtithe cláráithe, doiciméad a fhianaíonn go raibh gaol teaghlaigh nó páirtíocht cláráithe ann roimh dheireadh na hidirthréimhse;
- (iv) maidir le sliochtaigh dhíreacha atá faoi bhun 21 bhliain d'aois nó atá ina gcleithiúnaithe agus ina ngaolta díreacha cleithiúnacha sa líne shinsearach, agus sliochtaigh de chuid an chéile nó an pháirtí chláráithe, fianaise dhoiciméadach go raibh siad gaolta le saoránaigh den Aontas nó le náisiúnaigh den Ríocht Aontaithe roimh dheireadh na hidirthréimhse agus go gcomhlíonann siad na coinníollacha a leagtar amach i bpointe (c) nó i bpointe (d) d'Airteagal 2(2) de Threoir 2004/38/CE maidir le haois nó spleáchas;

- (v) maidir leis na daoine dá dtagraítear in Airteagal 10(4) den Chomhaontú seo, cruthúnas go raibh caidreamh marthanach le saoránaigh den Aontas nó le náisiúnaigh den Ríocht Aontaithe ann roimh dheireadh na hidirthréimhse agus go bhfuil an caidreamh fós ann ó shin.

- (n) i gcásanna seachas iad siúd a leagtar amach i bpointe (k), pointe (l) agus pointe (m), ní cheanglóidh an Stát óstach ar iarrthóirí doiciméid tacaíochta a sholáthar a théann thar a bhfuil riachtanach agus comhréireach chun fianaise a sholáthar go bhfuil na coinníollacha a bhaineann leis an gceart chun cónaí faoin Teideal seo comhlíonta;

- (o) cabhróidh údaráis inniúla an Stáit óstaigh leis na hiarratasóirí a n-incháilitheacht a chruthú agus aon earráidí nó easnaimh a sheachaint ina n-iarratas; tabharfaidh siad deis do na hiarratasóirí fianaise fhorlíontach a sholáthar agus aon easnaimh, earráidí nó dearmaid a cheartú;

- (p) féadfar seiceálacha coiriúlachta agus slándála a dhéanamh go córasach ar iarratasóirí, agus é mar aidhm eisiach leo a fhíorú an bhféadfaidh na srianta a leagtar amach in Airteagal 20 den Chomhaontú seo a bheith infheidhme. Chun na críche sin, féadfar go gceanglófar ar iarrthóirí ciontuithe coiriúla a rinneadh orthu roimhe sin agus atá sonraithe ina dtaifead coiriúil i gcomhréir le dlí an Stáit a chiontaigh iad, na ciontuithe sin a dhearbhu tráth an iarratais. Féadfaidh an Stát óstach, má mheasann sé gur gá sin, an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 27(3) de Threoir 2004/38/CE a chur i bhfeidhm maidir le ceisteanna a cuireadh ar Stáit eile faoi thaifid choiriúla roimhe sin;

- (q) áireofar sa doiciméad cónaithe nua ráiteas gur eisíodh i gcomhréir leis an gComhaontú seo;
- (r) beidh rochtain ag an iarratasóir ar nósanna imeachta um shásamh breithiúnach agus, i gcás inarb iomchuí, nósanna imeachta um shásamh riaracháin sa Stát óstach in aghaidh aon chinneadh lenar diúltaíodh an stádas cónaitheora a dheonú. Ceadóidh na nósanna imeachta sásaimh scrúdú ar dhlíthiúlacht an chinnidh, chomh maith leis na fíricí agus na himthosca ar a bhfuil an cinneadh atá beartaithe bunaithe. Áiríteofar leis na nósanna imeachta sásaimh nach rud neamhréireach atá sa chinneadh.

2. Le linn na tréimhse dá dtagraítear i bpointe (b) de mhír 1 den Airteagal seo agus an síneadh bliana amháin is féidir a chur léi faoi phointe (c) den mhír sin, measfar go bhfuil feidhm ag gach ceart dá bhforáiltear sa Chuid seo maidir le saoránaigh den Aontas nó náisiúnaigh den Ríocht Aontaithe, a mbaill teaghlaigh féin, agus daoine eile atá ina gcónaí sa Stát óstach, i gcomhréir leis na coinníollacha agus faoi réir na srianta a leagtar amach in Airteagal 20.

3. Go dtí go ndéanfaidh na húdaráis inniúla cinneadh críochnaitheach maidir le haon iarratas dá dtagraítear i mír 1, agus go dtí go dtabharfar breithiúnas críochnaitheach i gcás sásamh breithiúnach a lorgaíodh i gcoinne aon diúltú iarratais den sórt sin ó na húdaráis inniúla riaracháin, measfar gur infheidhme cearta uile dá bhforáiltear sa Chuid seo maidir leis an iarratasóir, lena n-áirítear Airteagal 21 maidir le coimircí agus ceart achomhairc, faoi réir na gcoinníollacha a leagtar amach in Airteagal 20(4).

4. I gcás inar roghnaigh Stát óstach gan a cheangal ar shaoránaigh den Aontas nó ar náisiúnaigh den Ríocht Aontaithe, a mbaill teaghlaigh agus daoine eile atá ina gcónaí ina chríoch i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar amach sa Teideal seo, iarratas a dhéanamh ar an stádas nua cónaithe dá dtagraítear i mír 1 mar choinníoll le haghaidh cónaí dlíthiúil, beidh sé de cheart ag na daoine atá incháilithe do cheart chun cónaí faoin Teideal seo, doiciméad cónaithe a fháil, i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar amach i dTreoir 2004/38/CE, a d'fhéadfadh a bheith i bhfoirm dhigiteach, lena n-áirítear ráiteas gur eisíodh é i gcomhréir leis an gComhaontú seo.

AIRTEAGAL 19

Eisiúint doiciméad cónaithe le linn na hidirthréimhse

1. Le linn na hidirthréimhse, féadfaidh Stát óstach cead a thabhairt iarratais ar stádas cónaitheora nó ar dhoiciméad cónaithe dá dtagraítear in Airteagal 18(1) agus (4) a dhéanamh go deonach ó dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo.
2. Déanfar cinntí glacadh leis na hiarratais sin nó iad a dhiúltú i gcomhréir le hAirteagal 18(1) agus (4). Ní bheidh éifeacht ag cinntí faoi Airteagal 18(1) go dtí deireadh na hidirthréimhse.

3. Má ghlactar le hiarratas faoi Airteagal 18(1) roimh dheireadh na hidirthréimhse, ní fhéadfaidh an Stát óstach an cinneadh lenar tugadh an stádas cónaitheora a tharraingt siar roimh dheireadh na hidirthréimhse ar aon fhoras seachas na forais a leagtar amach i gCaibidil VI agus Airteagal 35 de Threoir 2004/38/CE.

4. Má dhiúltaítear iarratas roimh dheireadh na hidirthréimhse, féadfaidh an t-iarratasóir iarratas a dhéanamh athuair tráth ar bith roimh dhul in éag don tréimhse a leagtar amach i bpointe (b) d'Airteagal 18(1).

5. Gan dochar do mhír 4, beidh na nósanna imeachta sásaimh faoi phointe (r) d'Airteagal 18(1) ar fáil ó dháta diúltaithe iarratais dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo.

AIRTEAGAL 20

Srianta ar na cearta cónaithe agus teacht isteach

1. Déanfar iompar saoránach den Aontas nó náisiúnach den Ríocht Aontaithe, a mbaill teaghlaigh, agus daoine eile, a fheidhmíonn cearta faoin Teideal seo, i gcás inar tharla an t-iompar sin roimh dheireadh na hidirthréimhse, a mheas i gcomhréir le Caibidil VI de Threoir 2004/38/CE.

2. Féadfaidh iompar saoránach den Aontas nó náisiúnach den Ríocht Aontaithe, a mbaill teaghlaigh, agus daoine eile, a fheidhmíonn cearta faoin Teideal seo, i gcás inar tharla an t-iompar sin tar éis dheireadh na hidirthréimhse, a bheith ina bhforais ag an Stát óstach leis an gceart chun cónaí a shrianadh nó leis an gceart teacht isteach sa Stát oibre a shrianadh i gcomhréir leis an reachtaíocht náisiúnta.

3. Féadfaidh an Stát óstach nó an Stát oibre na bearta is gá a ghlacadh chun aon cheart a thugtar leis an Teideal seo a dhiúltú, a fhoirceannadh nó a tharraingt siar i gcás mhí-úsáid na gceart sin nó i gcás calaoise, mar a leagtar amach in Airteagal 35 de Threoir 2004/38/CE. Beidh na bearta sin faoi réir na gcoimircí nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 21 den Chomhaontú seo.

4. Féadfaidh an Stát óstach nó an Stát oibre iarrthóirí a rinne iarratais chaloiseacha nó mhí-úsáideacha a chur as a chríoch faoi na coinníollacha a leagtar amach i dTreoir 2004/38/CE, go háirithe Airteagal 31 agus Airteagal 35 de, fiú sula dtabharfar breithiúnas críochnaitheach i gcás sásamh breithiúnach a lorgaíodh i gcoinne diúltú aon iarratais den sórt sin.

AIRTEAGAL 21

Coimircí agus ceart achomhairc

Beidh feidhm ag na coimircí a leagtar amach in Airteagal 15 agus i gCaibidil VI de Threoir 2004/38/CE maidir le haon chinneadh ón Stát óstach a chuireann srian ar chearta cónaithe na ndaoine dá dtagraítear in Airteagal 10 den Chomhaontú seo.

AIRTEAGAL 22

Ceartha gaolmhara

I gcomhréir le hAirteagal 23 de Threoir 2004/38/CE, gan beann ar náisiúntacht, beidh sé de cheart ag baill teaghlaigh saoránach den Aontas nó náisiúnach den Ríocht Aontaithe a bhfuil ceart chun cónaí nó ceart buanchónaithe aige sa Stát óstach nó sa Stát oibre a bheith i dteideal dul i mbun fostaíochta nó féinfhostaíochta ann.

AIRTEAGAL 23

An chóir chomhionann

1. I gcomhréir le hAirteagal 24 de Threoir 2004/38/CE, faoi réir na bhforálacha sonracha dá bhforáiltear sa Teideal seo agus i dTeideal I agus Teideal IV den Chuid seo, beidh an chóir chomhionann ag saoránaigh uile an Aontais nó ag náisiúnaigh uile na Ríochta Aontaithe atá ina gcónaí ar bhonn an Chomhaontaithe seo i gcríoch an Stáit óstaigh le náisiúnaigh den Stát sin faoi chuimsiú na Coda seo. Déanfar leas an chirt seo a leathnú chuig baill teaghlaigh saoránach den Aontas nó náisiúnach den Ríocht Aontaithe a bhfuil an ceart chun cónaí nó an ceart buanchónaithe acu.

2. De mhaolú ar mhír 1, ní bheidh aon oibleagáid ar an Stát óstach teidlíocht a thabhairt ar chúnaimh sóisialta le linn tréimhsí cónaithe ar bhonn Airteagal 6 nó phointe (b) d'Airteagal 14(4) de Threoir 2004/38/CE, agus ní bheidh aon oibleagáid air, sula bhfaighidh duine an ceart buanchónaithe i gcomhréir le hAirteagal 15 den Chomhaontú seo, cúnaimh cothabhála a thabhairt le haghaidh staidéir, lena n-áirítear gairmoiliúint, i bhfoirm deontas mac léinn nó iasachtaí mac léinn do dhaoine seachas oibrithe, daoine féinfhostaithe, daoine a bhfuil an stádas sin coimeádta acu nó baill dá dteaghlaigh.

CAIBIDIL 2

CEARTA OIBRITHE AGUS DAOINE FÉINFHOSTAITHE

AIRTEAGAL 24

Cearta oibrithe

1. Faoi réir na dteorainneacha a leagtar amach in Airteagal 45(3) agus (4) CFAE, beidh na cearta a ráthaítear le hAirteagal 45 CFAE agus na cearta a thugtar le Rialachán (AE) Uimh. 492/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, beidh na cearta sin ag oibrithe sa Stát óstach agus ag oibrithe trasteorann sa Stát nó sna Stáit oibre¹. Áirítear ar na cearta sin:

- (a) an ceart nach ndéanfar idirdhealú ina n-aghaidh ar bhonn náisiúntachta maidir le fostaíocht, luach saothair agus coinníollacha eile oibre agus fostaíochta;
- (b) an ceart chun dul i mbun gníomhaíochta agus leanúint di i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme maidir le náisiúnaigh den Stát óstach nó den Stát oibre;
- (c) an ceart chun cúnamh a thugann oifigí fostaíochta an Stáit óstaigh nó an Stáit oibre mar a thairgtear dá náisiúnaigh féin;

¹ Rialachán (AE) Uimh. 492/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Aibreán 2011 maidir le sairse ghluaiseachta d'oibrithe laistigh den Aontas (IO L 141, 27.5.2011, lch. 1).

- (d) an ceart chun cóir chomhionann maidir le coinníollacha fostaíochta agus oibre, go háirithe maidir le luach saothair, dífhostú agus, i gcás dífhostaíochta, athchur sa phost nó athfhostú;
- (e) an ceart ar bhuntáistí cánach agus ar bhuntáistí sóisialta;
- (f) cearta comhchoiteanna;
- (g) na cearta agus na sochair a thugtar d'oibrithe náisiúnta i gcúrsaí tithíochta;
- (h) an ceart go ligfear a leanaí isteach sna cúrsaí ginearálta oideachais, printíseachta agus gairmoiliúna faoi na coinníollacha céanna a bhaineann le náisiúnaigh den Stát óstach nó den Stát oibre, má tá leanaí sin ina gcónaí sa chríoch ina bhfuil an t-oibrí ag obair.

2. I gcás ina mbeidh sliochtach díreach oibrí a scoir ó bheith ina chónaí sa Stát óstach san oideachas sa Stát sin, beidh sé de cheart ag cúramóir príomhúil an tsliochtaigh sin cónaí sa Stát sin go dtí go sroichfidh an sliochtach lán-aois, agus tar éis na lán-aoise má theastaíonn cúram an chúramóra phríomha fós ón sliochtach sin chun leanúint dá oideachas agus é a chur i gcrích.

3. Beidh sé de cheart ag oibrithe trasteorann atá fostaithe teacht isteach sa Stát oibre agus é a fhágáil i gcomhréir le hAirteagal 14 den Chomhaontú seo, agus fágfar acu na cearta a bhí acu le linn dóibh a bheith ina n-oibrithe ann, ar choinníoll go bhfuil siad le háireamh faoi cheann de na cúinsí a leagtar amach i bpointí (a), (b), (c) agus (d) d'Airteagal 7(3) de Threoir 2004/38/CE, fiú mura n-aistríonn siad a n-áit chónaithe chuig an Stát oibre.

AIRTEAGAL 25

Cearta daoine féinhostaithe

1. Faoi réir na dteorainneacha a leagtar amach in Airteagal 51 agus Airteagal 52 CFAE, beidh na cearta a ráthaítear le hAirteagal 49 agus Airteagal 55 CFAE ag daoine féinhostaithe sa Stát óstach agus ag oibrithe trasteorann féinhostaithe sa Stát nó sna Stáit oibre. Áirítear ar na cearta sin:

- (a) an ceart chun dul i mbun gníomhaíochtaí agus leanúint díobh mar dhaoine féinhostaithe agus gnóthais a bhunú agus a bhainistiú faoi na coinníollacha a leagtar síos ag an Stát óstach dá náisiúnaigh féin, mar a leagtar amach in Airteagal 49 CFAE;
- (b) na cearta mar a leagtar amach i bpointe (c) go pointe (h) d'Airteagal 24(1) den Chomhaontú seo.

2. Beidh feidhm ag Airteagal 24(2) maidir le sliocthaigh dhíreacha oibrithe féinhostaithe.

3. Beidh feidhm ag Airteagal 24(3) maidir le hoibrithe trasteorann féinhostaithe.

AIRTEAGAL 26

Doiciméad a aithníonn cearta oibrithe trasteorann a eisiúint

Féadfaidh an Stát oibre a cheangal ar shaoránaigh den Aontas agus ar náisiúnaigh den Ríocht Aontaithe a bhfuil cearta acu mar oibrithe trasteorann faoin Teideal seo iarratas a dhéanamh ar dhoiciméad lena ndeimhneofar go bhfuil na cearta sin acu faoin Teideal seo. Beidh sé de cheart ag na saoránaigh sin den Aontas agus ag na náisiúnaigh sin den Ríocht Aontaithe go n-eiseofar an doiciméad sin dóibh.

CAIBIDIL 3

CÁILÍOCHTAÍ GAIRMIÚLA

AIRTEAGAL 27

Cáilíochtaí gairmiúla aitheanta

1. An t-aitheantas a thug Stát óstach nó Stát oibre do cháilíochtaí gairmiúla, mar atá sainmhínithe i bpointe (b) d'Airteagal 3(1) de Threoir 2005/36/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹, saoránach den Aontas nó náisiúnach den Ríocht Aontaithe agus a mball teaghlaigh roimh dheireadh na hidirthréimhse, leanfar dá éifeachtaí sa Stát i gceist, lena n-áirítear an ceart leanúint dá ngairm faoi na coinníollacha céanna a bhaineann le náisiúnaigh den Stát, ar choinníoll gur tugadh an t-aitheantas sin i gcomhréir le haon cheann de na forálacha a leanas:

(a) Teideal III de Threoir 2005/36/CE maidir le cáilíochtaí gairmiúla a aithint i gcomhthéacs fheidhmiú na saoirse bunaíochta, cibé acu faoin gcóras ginearálta chun fianaise ar oiliúint a aithint, faoin gcóras chun aitheantas a thabhairt ar thaithí ghairmiúil nó faoin gcóras chun aitheantas a fháil ar bhonn chomhordú na gcoinníollacha oiliúna íosta a tháinig an t-aitheantas sin;

¹ Treoir 2005/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Meán Fómhair 2005 maidir le cáilíochtaí gairmiúla a aithint (IO L 255, 30.9.2005, lch. 22).

- (b) Airteagal 10(1) agus (3) de Threoir 98/5/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹ maidir le cead isteach a fháil chuig gairm an dlíodóra sa Bhallstát óstach nó sa Stát oibre;
- (c) Airteagal 14 de Threoir 2006/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle² i leith iniúcháirí reachtúla ó Bhallstát eile a cheadú;
- (d) Treoir 74/556/CEE ón gComhairle³ maidir le fianaise a ghlacadh ar an eolas agus ar an gcumas is gá chun dul i mbun gníomhaíochtaí daoine féinfhostaithe agus idirghabhálaithe i mbun trádála agus dáileadh táirgí nó gníomhaíochtaí a bhaineann le húsáid ghairmiúil táirgí tocsaineacha agus chun leanúint de na gníomhaíochtaí sin.

¹ Treoir 98/5/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 1998 chun cleachtas ghairm an dlíodóra a éascú ar bhonn buan i mBallstát eile seachas an Ballstát ina bhfuarthas an cháilíocht (IO L 77, 14.3.1998, lch. 36).

² Treoir 2006/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Bealtaine 2006 maidir le hiniúchtaí reachtacha ar chuntais bhliantúla agus ar chuntais chomhdhlúite a cheadú, lean leasaítear Treoir 78/660/CEE ón gComhairle agus Treoir 83/349/CEE, agus lena n-aisghairtear Treoir 84/253/CEE ón gComhairle (IO L 157, 09.06.2006, lch. 87).

³ Treoir 74/556/CEE ón gComhairle an 4 Meitheamh 1974 lena leagtar síos forálacha mionsonraithe maidir le bearta idirthréimhseacha a bhaineann le gníomhaíochtaí, trádáil agus dáileadh táirgí tocsaineacha agus gníomhaíochtaí lena mbaineann úsáid ghairmiúil na dtáirgí sin lena n-áirítear gníomhaíochtaí idirghabhálaithe (IO L 307, 18.11.1974, lch. 1).

2. Aireofar ar aitheantas na gcáilíochtaí gairmiúla chun críocha phointe (a) de mhír 1 den Airteagal seo:

- (a) aitheantas ar cháilíochtaí gairmiúla a bhain tairbhe as Airteagal 3(3) de Threoir 2005/36/CE;
- (b) cinntí a thugann rochtain pháirteach ar ghníomhaíocht ghairmiúil i gcomhréir le hAirteagal 4f de Threoir 2005/36/CE;
- (c) aitheantais ar cháilíochtaí gairmiúla chun críocha bunaíochta arna ndéanamh faoi Airteagal 4d de Threoir 2005/36/CE.

AIRTEAGAL 28

Nósanna imeachta leanúnacha maidir le cáilíochtaí gairmiúla a aithint

Airteagal 4, Airteagal 4d i leith aitheantas ar cháilíochtaí gairmiúla chun críocha bunáíochta, Airteagal 4f agus Teideal III de Threoir 2005/36/CE, Airteagal 10(1), (3) agus (4) de Threoir 98/5/CE, Airteagal 14 de Threoir 2006/43/CE agus Treoir 74/556/CEE, beidh feidhm acu maidir le húdarás inniúil an Stáit óstaigh nó an Stáit oibre scrúdú a dhéanamh ar aon iarratas ar aitheantas a thabhairt do cháilíochtaí gairmiúla a tugadh isteach roimh dheireadh na hidirthréimhse ag saoránaigh den Aontas nó náisiúnaigh den Ríocht Aontaithe agus maidir leis an gcinneadh ar aon iarratas den sórt sin.

Beidh feidhm ag Airteagal 4a, Airteagal 4b agus Airteagal 4e de Threoir 2005/36/CE freisin a mhéid is ábhartha chun na nósanna imeachta maidir le haitheantais cáilíochtaí gairmiúla a chur i gcrích chun críocha a mbunáíochta faoi Airteagal 4d den Treoir sin.

AIRTEAGAL 29

Comhar riaracháin maidir le haitheantas a thabhairt do cháilíochtaí gairmiúla

1. Maidir leis na hiarratais atá ar feitheamh dá dtagraítear in Airteagal 28, comhoibreoidh an Ríocht Aontaithe agus na Ballstáit chun cur i bhfeidhm Airteagal 28 a éascú. D'fhéadfadh sé go n-áireofaí ar an gcomhoibriú sin malartú faisnéise, lena n-áirítear faisnéis faoi ghníomhaíocht araíonachta nó smachtbhannaí coiriúla a fhorchuirfear nó aon imthoisc thromchúiseach agus shonrach eile a bhféadfadh iarmhairtí a bheith acu i leith leanúint de na gníomhaíochtaí a thagann faoi na Treoracha dá dtagraítear in Airteagal 28.
2. De mhaolú ar Airteagal 8, ar feadh tréimhse nach faide ná naoi mí ó dheireadh na hidirtréimhse, beidh an Ríocht Aontaithe i dteideal córas faisnéise inmheánach an mhargaidh a úsáid i leith iarratais dá dtagraítear in Airteagal 28 a mhéid a bhaineann siad le nósanna imeachta maidir le cáilíochtaí gairmiúla a aithint chun críocha a mbunaíochta faoi Airteagal 4d de Threoir 2005/36/CE.

TEIDEAL III

CÓRAS SLÁNDÁLA SÓISIALTA A CHOMHORDÚ

AIRTEAGAL 30

Daoine atá cumhdaithe

1. Beidh feidhm ag an Teideal seo maidir leis na daoine a leanas:
 - (a) saoránaigh den Aontas atá faoi réir reachtaíocht na Ríochta Aontaithe ag deireadh na hidirthréimhse, chomh maith lena mbaill teaghlaigh agus a marthanóirí;
 - (b) náisiúnaigh den Ríocht Aontaithe atá faoi réir reachtaíocht Ballstáit ag deireadh na hidirthréimhse, chomh maith lena mbaill teaghlaigh agus a marthanóirí;
 - (c) saoránaigh den Aontas atá ina gcónaí sa Ríocht Aontaithe agus atá faoi réir reachtaíocht Ballstáit ag deireadh na hidirthréimhse, chomh maith lena mbaill teaghlaigh agus a marthanóirí;

- (d) náisiúnaigh den Ríocht Aontaithe atá ina gcónaí i mBallstát, agus atá faoi réir reachtaíocht na Ríochta Aontaithe ag deireadh na hidirthréimhse, chomh maith lena mbaill teaghlaigh agus a marthanóirí;
- (e) daoine nach dtagann faoi phointe (a) go pointe (d) ach a mbaineann an méid a leanas leo:
- (i) saoránaigh den Aontas a leanann de ghníomhaíocht mar dhuine fostaithe nó féinfhostaithe sa Ríocht Aontaithe ag deireadh na hidirthréimhse, agus atá, ar bhonn Theideal II de Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹, faoi réir reachtaíocht Ballstáit, chomh maith lena mbaill teaghlaigh agus a marthanóirí; nó
 - (ii) náisiúnaigh den Ríocht Aontaithe a shaothraíonn gníomhaíocht mar dhuine fostaithe nó féinfhostaithe i mBallstát amháin nó níos mó ag deireadh na hidirthréimhse, agus atá, bunaithe ar Theideal II de Rialachán (CE) Uimh. 883/2004, faoi réir reachtaíocht na Ríochta Aontaithe, chomh maith lena mbaill teaghlaigh agus a marthanóirí;
- (f) daoine gan stát agus dídeanaithe, atá ina gcónaí i mBallstát nó sa Ríocht Aontaithe, atá i gceann de na cásanna a thuairiscítear i bpointe (a) go pointe (e), chomh maith lena mbaill teaghlaigh agus a marthanóirí;

¹ Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le comhordú córas slándála sóisialta (IO L 166, 30.4.2004, lch. 1).

- (g) náisiúnaigh tríú tíortha, chomh maith lena mbaill teaghlaigh agus a marthanóirí, atá i gceann de na cásanna a thuairiscítear i bpointe (a) go pointe (e), ar choinníoll go gcomhlíonann siad coinníollacha Rialachán (CE) Uimh. 859/2003 ón gComhairle¹.
2. Déanfar na daoine dá dtagraítear i mír 1 a chumhdach chomh fada agus a leanfaidh siad gan bhriseadh de bheith i gceann de na cásanna a leagtar amach sa mhír sin a bhaineann le Ballstát agus leis an Ríocht Aontaithe araon ag an am céanna.
3. Beidh an Teideal seo infheidhme chomh maith i gcás daoine nach bhfuil le háireamh faoi phointe (a) go pointe (e) de mhír 1 den Airteagal seo, nó daoine nach bhfuil le háireamh feasta faoi na pointí sin, ar daoine iad atá le háireamh, áfach, faoi Airteagal 10 den Chomhaontú seo, mar aon leis na baill teaghlaigh atá acu agus marthanóirí.
4. Maidir leis na daoine dá dtagraítear i mír 3, beidh siad faoi chumhdach fad agus nach mbainfear díobh an ceart chun cónaí sa Stát óstach faoi Airteagal 13 den Chomhaontú seo, nó an ceart chun obair a dhéanamh sa Stát oibre faoi Airteagal 24 nó Airteagal 25 den Chomhaontú seo.
5. Más rud é gur do bhaill teaghlaigh agus do mharthanóirí a thagraíonn an tAirteagal seo, ní chumhdófar na daoine sin leis an Teideal seo ach amháin a mhéid atá cearta ag dul dóibh, agus oibleagáidí sa cháil sin, faoi Rialachán (CE) Uimh. 883/2004.

¹ Rialachán (CE) Uimh. 859/2003 ón gComhairle an 14 Bealtaine 2003 ag leathnú forálacha Rialachán (CEE) Uimh. 1408/71 agus Rialachán (CEE) Uimh. 574/72 do náisiúnaigh tríú tír nach bhfuil cumhdaithe cheana leis na forálacha sin ar fhorais a náisiúntachta amháin (IO L 124, 20.5.2003, lch. 1).

AIRTEAGAL 31

Rialacha maidir le slándáil shóisialta a chomhordú

1. Beidh feidhm ag na rialacha agus na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 48 CFAE, Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 agus Rialachán (CE) Uimh. 987/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹, maidir leis na daoine a chumhdaítear leis an Teideal seo.

Tabharfaidh an tAontas agus an Ríocht Aontaithe aird iomchuí ar Chinntí agus ar Mholtaí an Choimisiúin Riaracháin maidir le Comhordú na gCóras Slándála Sóisialta a ghabhann leis an gCoimisiún Eorpach, arna mbunú faoi Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 (“an Coimisiún Riaracháin”) a liostaítear i gCuid I d’Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gComhaontú seo.

2. De mhaolú ar Airteagal 9 den Chomhaontú seo, chun críocha an Teidil seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe in Airteagal 1 de Rialachán (CE) Uimh. 883/2004.

¹ Rialachán (CE) Uimh. 987/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Meán Fómhair 2009 lena leagtar síos an nós imeachta chun Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 a chur chun feidhme maidir le comhordú na gcóras slándála sóisialta (IO L 284, 30.10.2009, lch. 1).

3. Maidir le náisiúnaigh tríú tír a chomhlíonann coinníollacha Rialachán (CE) Uimh. 859/2003, chomh maith lena mbaill teaghlaigh nó a marthanóirí faoi chuimsiú an Teidil seo, tuigfear go bhfuil na tagairtí do Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 agus Rialachán (CE) Uimh. 987/2009 sa Teideal seo ina dtagairtí do Rialachán (CEE) Uimh. 1408/71 ón gComhairle¹ agus Rialachán (CEE) Uimh. 574/72 ón gComhairle² faoi seach. Tuigfear go bhfuil tagairtí d'fhorálacha sonracha Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 agus Rialachán (CE) Uimh. 987/2009 ina dtagairtí do na forálacha comhfhreagracha de Rialachán (CEE) Uimh. 1408/71 agus Rialachán (CEE) Uimh. 574/72.

¹ Rialachán (CEE) Uimh. 1408/71 an 14 Meitheamh 1971 maidir le cur i bhfeidhm na scéimeanna slándála sóisialta do dhaoine fostaithe, do dhaoine féinfhostaithe agus do bhaill dá dteaghlach atá ag gluaiseacht laistigh den Chomhphobal (IO L 149, 5.7.1971, lch. 2).

² Rialachán (CEE) Uimh. 574/72 ón gComhairle an 21 Márta 1972 lena socraítear an nós imeachta maidir le Rialachán (CEE) Uimh. 1408/71 a chur chun feidhme maidir le cur i bhfeidhm na scéimeanna slándála sóisialta do dhaoine fostaithe agus dá dteaghlach atá ag gluaiseacht laistigh den Chomhphobal (IO L 74, 27.3.1972, lch. 1).

AIRTEAGAL 32

Cásanna speisialta atá cumhdaithe

1. Beidh feidhm ag na rialacha seo a leanas sna cásanna a seo leanas chomh fada agus a leagtar amach san Airteagal seo, a mhéid a bhaineann siad le daoine nach gcumhdaítear le hAirteagal 30 nó nach gcumhdaítear a thuilleadh le hAirteagal 30:

- (a) cumhdófar na daoine seo a leanas leis an Teideal seo chun críocha spleáchas ar thréimhsí árachais, fostaíochta, féinhostaíochta nó cónaithe, agus chun críocha a gcomhiomlánaithe, lena n-áirítear cearta agus oibleagáidí a eascraíonn as na tréimhsí sin i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 883/2004:
 - (i) saoránaigh den Aontas, chomh maith le daoine gan stát agus dídeanaithe atá ina gcónaí i mBallstát agus náisiúnaigh tríú tír a chomhlíonann coinníollacha Rialachán (CE) Uimh. 859/2003, a bhí faoi réir reachtaíocht na Ríochta Aontaithe roimh dheireadh na hidirthréimhse, chomh maith le baill teaghlaigh agus marthanóirí;
 - (ii) náisiúnaigh den Ríocht Aontaithe, chomh maith le daoine gan stát agus dídeanaithe atá ina gcónaí sa Ríocht Aontaithe agus náisiúnaigh tríú tír a chomhlíonann coinníollacha Rialachán (CE) Uimh. 859/2003, a bhí faoi réir reachtaíocht Ballstáit roimh dheireadh na hidirthréimhse, chomh maith lena mbaill teaghlaigh agus a marthanóirí;

chun críocha comhiomlánaithe tréimhsí, cuirfear san áireamh tréimhsí ar tháinig deireadh leo roimh agus tar éis dheireadh na hidirthréimhse i gcomhréir le Rialachán (CE)

Uimh. 883/2004;

- (b) beidh na rialacha a leagtar amach in Airteagal 20 agus in Airteagal 27 de Rialachán (CE)

Uimh. 883/2004 fós i bhfeidhm maidir le daoine a d'iarr údarú roimh dheireadh na

hidirthréimhse do chúrsa réamhbheartaithe i gcóireáil cúraim sláinte de bhun Rialachán (CE)

Uimh. 883/2004, go dtí deireadh na cóireála. Beidh feidhm ag na nósanna imeachta

aisíocaíochta comhfhreagracha fiú tar éis dheireadh na cóireála. Beidh sé de cheart ag na

daoine sin agus ag na daoine tionlacain teacht isteach i Stát na cóireála agus é a fhágáil i

gcomhréir le hAirteagal 14, *mutatis mutandis*;

- (c) beidh na rialacha a leagtar amach in Airteagal 19 agus in Airteagal 27 de Rialachán (CE)

Uimh. 883/2004 fós i bhfeidhm maidir le daoine a chumhdaítear le Rialachán (CE)

Uimh. 883/2004 agus atá ar thréimhse fanachta ag deireadh na hidirthréimhse i mBallstát nó

sa Ríocht Aontaithe, go dtí deireadh a dtréimhse fanachta. Beidh feidhm ag na nósanna

imeachta aisíocaíochta comhfhreagracha fiú tar éis na tréimhse fanachta nó tar éis dheireadh

na cóireála;

- (d) beidh na rialacha a leagtar amach in Airteagal 67, in Airteagal 68 agus in Airteagal 69 de Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 fós i bhfeidhm, fad a chomhlíonfar na coinníollacha, maidir le dámhachtainí sochar teaghlaigh a bhfuil teidlíocht ag na daoine a leanas orthu ag deireadh na hidirthréimhse:
- (i) saoránaigh den Aontas, daoine gan stát agus dídeanaithe atá ina gcónaí i mBallstát chomh maith le náisiúnaigh tríú tíortha a chomhlíonann coinníollacha Rialachán (CE) Uimh. 859/2003 agus atá ina gcónaí i mBallstát, atá faoi réir reachtaíocht Ballstáit agus baill teaghlaigh acu atá ina gcónaí sa Ríocht Aontaithe ag deireadh na hidirthréimhse;
 - (ii) náisiúnaigh den Ríocht Aontaithe, chomh maith le daoine gan stát agus dídeanaithe atá ina gcónaí sa Ríocht Aontaithe agus náisiúnaigh tríú tír a chomhlíonann coinníollacha Rialachán (CE) Uimh. 859/2003 agus atá ina gcónaí sa Ríocht Aontaithe, atá faoi réir reachtaíocht na Ríochta Aontaithe agus a bhfuil baill teaghlaigh acu ina gcónaí i mBallstát ag deireadh na hidirthréimhse.
- (e) sna cásanna a leagtar amach i bpointe (d)(i) agus (ii) den mhír seo, maidir le haon duine a bhfuil cearta aige mar bhall teaghlaigh ag deireadh na hidirthréimhse faoi Rialachán (CE) Uimh. 883/2004, amhail cearta díorthaithe ar shochair bhreuiteachta chomhchineáil, beidh an Rialachán sin agus na forálacha comhfhreagracha de Rialachán (CE) Uimh. 987/2009 fós i bhfeidhm fad a chomhlíonfar na coinníollacha dá bhforáiltear ann.

2. Beidh feidhm ag forálacha Chaibidil 1 de Theideal III de Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 maidir le sochair bhreiteachta maidir le daoine a fhaigheann sochair faoi phointe (a) de mhír 1 den Airteagal seo.

Beidh feidhm ag an mír seo *mutatis mutandis* maidir le sochair theaghlaigh atá bunaithe ar Airteagal 67, Airteagal 68 agus Airteagal 69 de Rialachán (CE) Uimh. 883/2004.

AIRTEAGAL 33

Náisiúnaigh de chuid na hÍoslainne, Lichtinstéin, na hIorua agus na hEilvéise

1. Maidir leis na forálacha sa Teideal seo a bhfuil feidhm leo maidir le saoránaigh an Aontais, beidh feidhm leo maidir le náisiúnaigh de chuid na hÍoslainne, Phrionsacht Lichtinstéin, Ríocht na hIorua, agus Chónaidhm na hEilvéise ar choinníoll:

- (a) go bhfuil comhaontuithe comhfhreagracha tugtha i gcrích agus curtha i bhfeidhm leis an Ríocht Aontaithe ag an Íoslainn, ag Prionsacht Lichtinstéin, ag Ríocht na hIorua, agus ag Cónaidhm na hEilvéise, de réir mar is infheidhme, comhaontuithe a bhfuil feidhm acu maidir le saoránaigh an Aontais; agus
- (b) go bhfuil comhaontuithe comhfhreagracha tugtha i gcrích agus curtha i bhfeidhm leis an Aontas ag an Íoslainn, ag Prionsacht Lichtinstéin, ag Ríocht na hIorua, agus ag Cónaidhm na hEilvéise, de réir mar is infheidhme, comhaontuithe a bhfuil feidhm acu maidir le náisiúnaigh de chuid na Ríochta Aontaithe.

2. Ar fhógra a fháil ón Ríocht Aontaithe agus ón Aontas maidir leis an dáta a thiocfaidh na comhaontuithe seo dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo i bhfeidhm, déanfaidh an Comhchoiste a bunaíodh le hAirteagal 164 (“an Comhchoiste”) an dáta a shocrú óna mbeidh feidhm ag forálacha an Teidil seo maidir le náisiúnaigh na hÍoslainne, Phrionsacht Lichtinstéin, Ríocht na hIorua, agus Chónaidhm na hEilvéise, de réir mar is infheidhme.

AIRTEAGAL 34

Comhar riaracháin

1. De mhaolú ar Airteagal 7 agus Airteagal 128(1), ó dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, beidh stádas breathnóra sa Choimisiún Riaracháin ag an Ríocht Aontaithe. Féadfaidh sí, i gcás ina mbainfidh na míreanna ar an gclár oibre a bhaineann leis an Teideal seo leis an Ríocht Aontaithe, ionadaí a chur, le bheith i láthair i gcáil chomhairleach, chuig cruinnithe an Choimisiúin Riaracháin agus chuig cruinnithe na gcomhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 73 agus Airteagal 74 de Rialachán (CE) Uimh. 883/2004, áit a ndéantar plé ar na míreanna sin.
2. De mhaolú ar Airteagal 8, beidh an Ríocht Aontaithe rannpháirteach i Malartú Leictreonach Faisnéise Slándála Sóisialta (EESSI) agus beidh sí freagrach as na costais a bhaineann leis sin.

AIRTEAGAL 35

Aisíocaíocht, aisghabháil agus fritháireamh

Maidir leis na forálacha atá i Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 agus Rialachán (CE) Uimh. 987/2009 maidir le haisíocaíocht, aisghabháil agus fritháireamh, is forálacha iad a leanfar dóibh de réir na dteagmhas, a mhéid a bhaineann siad le daoine nach gcumhdaítear le hAirteagal 30, ar teagmhais iad:

- (a) a tharla roimh dheireadh na hidirthréimhse; nó
- (b) a tharlaíonn tar éis dheireadh na hidirthréimhse agus a bhfuil baint acu le daoine a bhí cumhdaithe le hAirteagal 30 nó Airteagal 32 nuair a tharla an teagmhas.

AIRTEAGAL 36

Forbairt dlí agus oiriúnuithe ar ghníomhartha de chuid an Aontais

1. I gcás ina ndéanfar Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 agus Rialachán (CE) Uimh. 987/2009 a leasú nó a ionadú tar éis dheireadh na hidirthréimhse, tuigfear tagairtí do na Rialacháin sin sa Chomhaontú seo mar thagairtí do na Rialacháin sin arna leasú nó arna n-ionadú, i gcomhréir leis na gníomhartha a liostaítear i gCuid II d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gComhaontú seo.

Déanfaidh an Comhchoiste athbhreithniú ar Chuid II d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gComhaontú seo agus ailíneoidh sé é le haon ghníomh lena leasófar nó lena n-ionadófar Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 agus Rialachán (CE) Uimh. 987/2009 a luaithe a ghlacfaidh an tAontas an gníomh sin. Chun na críche sin, déanfaidh an tAontas, a luaithe is féidir tar éis a ghlactha, an Ríocht Aontaithe a chur ar an eolas laistigh den Chomhchoiste faoi aon ghníomh lena leasófar nó lena n-ionadófar na Rialacháin sin.

2. De mhaolú ar an dara fomhír de mhír 1, déanfaidh an Comhchoiste measúnú ar éifeachtaí gníomh lena leasófar nó lena n-ionadófar Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 agus Rialachán (CE) Uimh. 987/2009 i gcás ina ndéanfaidh an gníomh sin:

(a) na nithe a chumhdaítear le hAirteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 a leasú nó a ionadú; nó

- (b) sochair airgid do-onnmhairithe i gcás ina raibh an sochar airgid sin in-onnmhairithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 ag deireadh na hidirthréimhse, nó sochair airgid neamh-in-onnmhairithe, i gcás ina raibh an sochar airgid sin in-onnmhairithe ag deireadh na hidirthréimhse; nó
- (c) sochair airgid in-onnmhairithe ar feadh tréimhse ama neamhtheoranta, i gcás nach raibh an sochar airgid sin in-onnmhairithe ach ar feadh tréimhse ama theoranta faoi Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 ag deireadh na hidirthréimhse, nó sochair airgid nach féidir a onnmhairiú ach ar feadh tréimhse ama theoranta, i gcás ina raibh an sochar airgid sin in-onnmhairithe ar feadh tréimhse ama neamhtheoranta faoin Rialachán sin ag deireadh na hidirthréimhse.

Agus an measúnú á dhéanamh aige, measfaidh an Comhchoiste de mheon macánta scála na n-athruithe dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo, chomh maith leis an tábhacht a bhaineann le feidhmiú maith leanúnach Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 agus Rialachán (CE) Uimh. 987/2009 idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe agus an tábhacht a bhaineann le Stát inniúil a bheith ann maidir le daoine aonair faoi raon feidhme Rialachán (CE) Uimh. 883/2004.

Má chinneann an Comhchoiste sin a dhéanamh laistigh de shé mhí ón uair a fhaigheann sé an fhaisnéis a thugann an tAontas de bhun mhír 1, ní dhéanfar Cuid II d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gComhaontú seo a ailíniú leis an ngníomh dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo.

Chun críocha na míre seo:

- (a) ciallaíonn “in-onnmhairithe” iníoctha faoi Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 le duine nó maidir le duine atá ina chónaí i mBallstát seachas an ceann ina bhfuil an institiúid atá freagrach as an sochar a sholáthar suite; déanfar “do-onnmhairithe” a léirmhíniú dá réir sin; agus
- (b) ciallaíonn “in-onnmhairithe ar feadh tréimhse ama neamhtheoranta” in-onnmhairithe fad a chomhlíonfar na coinníollacha óna n-eascraíonn na teidlíochtaí.

3. Chun críocha an Chomhaontaithe seo, tuigfear gurb iad Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 agus Rialachán (CE) Uimh. 987/2009 na hoiriúnuithe a liostaítear i gCuid III d’Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gComhaontú seo. Déanfaidh an Ríocht Aontaithe, a luaithe is féidir tar éis a ghlactha, aon athrú ar fhorálacha intíre is ábhartha maidir le Cuid III d’Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gComhaontú seo a chur in iúl don Aontas.

4. Chun críocha an Chomhaontaithe seo, is éard a thuigfear le Cinntí agus Moltaí an Choimisiúin Riaracháin gurb iad na cinntí agus na moltaí atá liostaithe i gCuid I d’Iarscríbhinn I a chuimsítear iontu. Leasóidh an Comhchoiste Cuid I d’Iarscríbhinn I chun aon Chinneadh nó Moladh nua a ghlacann an Coimisiún Riaracháin a léiriú. Chun na críche sin, a luaithe agus is féidir tar éis ghlacadh chinntí agus mholtaí an Choimisiúin Riaracháin, cuirfidh an tAontas an Ríocht Aontaithe ar an eolas faoi sin laistigh den Chomhchoiste. Déanfaidh an Comhchoiste leasuithe na leasuithe sin ar mholadh ón Aontas nó ón Ríocht Aontaithe.

TEIDEAL IV

FORÁLACHA EILE

AIRTEAGAL 37

Poiblíocht

Scaipfidh na Ballstáit agus an Ríocht Aontaithe faisnéis faoi chearta agus oibleagáidí daoine a chumhdaítear leis an gCuid seo, go háirithe trí fheachtais ardaithe feasachta, de réir mar is iomchuí, trí na meáin náisiúnta agus áitiúla agus modhanna cumarsáide eile.

AIRTEAGAL 38

Forálacha níos fabhraí

1. Ní dhéanfaidh an Chuid seo difear d'aon dlí, rialachán ná foráil riaracháin is infheidhme i Stát óstach nó i Stát oibre a bheadh níos fabhraí do na daoine lena mbaineann. Ní bheidh feidhm ag an mír seo maidir le Teideal III.

2. Beidh Airteagal 12 agus Airteagal 23(1) gan dochar do shocruithe an Chomhlimistéir Taistil idir an Ríocht Aontaithe agus Éire maidir le cóir níos fabhraí a d'fhéadfadh éirí as na socruithe sin do na daoine lena mbaineann.

AIRTEAGAL 39

Cosaint ar feadh an tsaoil

Beidh na daoine a chumhdaítear leis an gCuid seo ag teachtadh na gceart dá bhforáiltear i dTeidil ábhartha na Coda seo ar feadh a saoil, mura scoirfidh siad de na coinníollacha a leagtar amach sna Teidil sin a chomhlíonadh.

CUID A TRÍ

FORÁLACHA IDIRSCARTHA

TEIDEAL I

MAIDIR LE hEARRAÍ A CHUIRTEAR AR AN MARGADH

AIRTEAGAL 40

Sainmhínithe

Chun críocha an Teidil seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe a leanas:

- (a) ciallaíonn “a chur ar fáil ar an margadh” aon earra a sholáthar lena dháileadh, lena thomhailt nó lena úsáid ar an margadh le linn gníomhaíocht tráchtála, cibé acu ar íocaíocht nó saor in aisce;
- (b) ciallaíonn “a chur ar an margadh” an chéad uair a chuirfear earra ar fáil ar an margadh san Aontas nó sa Ríocht Aontaithe;

- (c) ciallaíonn “earra a sholáthar lena dháileadh, lena thomhailt nó lena úsáid” go bhfuil earra atá ann cheana agus atá inaitheanta go leithleach, tar éis na céime monaróireachta, ina ábhar comhaontaithe i scríbhinn nó ó bhéal idir beirt daoine dhlítheanacha nó nádúrtha nó níos mó le haghaidh aistriú úinéireachta, aon cheart maoine eile, nó seilbh a bhaineann leis an earra atá i gceist, nó go bhfuil sé ina ábhar tairisceana do dhuine dlítheanach nó nádúrtha amháin nó níos mó chun an comhaontú sin a thabhairt i gcrích;
- (d) ciallaíonn “a chur i seirbhís” an chéad úsáid a bhaineann úsáideoir deiridh as earra laistigh den Aontas nó den Ríocht Aontaithe chun na gcríoch dá raibh sé beartaithe nó, i gcás trealamh muirí, a chur ar bord;
- (e) ciallaíonn “faireachas margaidh” na gníomhaíochtaí agus na bearta a dhéanann údarás um faireachas margaidh lena áirithiú go gcomhlíonfaidh earraí na ceanglais is infheidhme agus nach gcuirfidh siad sláinte, sábháilteacht nó aon ghné eile de chosaint leas an phobail i mbaol;
- (f) ciallaíonn “údarás um faireachas margaidh” údarás de chuid Ballstáit nó de chuid na Ríochta Aontaithe atá freagrach as faireachas margaidh a dhéanamh ina chríoch;

- (g) ciallaíonn “coinníollacha maidir le hearraí a mhargú” ceanglais maidir le saintréithe earraí amhail leibhéal cháilíochta, feidhmíocht, sábháilteacht nó toisí, lena n-áirítear comhdhéanamh na n-earraí sin nó an téarmaíocht, na siombailí, an tástáil agus na modhanna tástála, an pacáistiú, an mharcáil, an lipéadú agus na nósanna imeachta measúnaithe comhréireachta a úsáidtear maidir leis na hearraí sin; cuimsíonn an téarma ceanglais modhanna agus próisis táirgthe freisin, i gcás ina mbeidh tionchar acu sin ar shaintréithe táirge;
- (h) ciallaíonn “comhlacht um measúnú comhréireachta” comhlacht a dhéanann gníomhaíochtaí measúnaithe comhréireachta lena n-áirítear calabrú, tástáil, deimhniú agus cigireacht;
- (i) ciallaíonn “comhlacht dá dtugtar fógra” comhlacht um measúnú comhréireachta a dhéanann gníomhaíochtaí measúnaithe comhréireachta lena n-áirítear calabrú, tástáil, deimhniú agus cigireacht;
- (j) ciallaíonn “táirgí ainmhithe” táirgí de thionscnamh ainmhíoch, fotháirgí ainmhithe agus táirgí díorthaithe dá dtagraítear i bpointe (29), pointe (30) agus pointe (31) d’Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹ faoi seach, beatha de thionscnamh ainmhíoch, agus bia agus beatha ina bhfuil táirgí de thionscnamh ainmhíoch.

¹ Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse shláinte ainmhithe (“an Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe”) (IO L 84, 31.3.2016, lch. 1)

AIRTEAGAL 41

Saorchúrsaíocht leanúnach earraí a chuirtear ar an margadh

1. Féadfar aon earra a chuirtear ar an margadh go dlíthiúil san Aontas nó sa Ríocht Aontaithe roimh dheireadh na hidirthréimhse:
 - (a) a chur ar fáil a thuilleadh ar mhargadh an Aontais nó ar mhargadh na Ríochta Aontaithe agus a chur i saorchúrsaíocht idir an dá mhargadh sin go dtí go sroichfidh sé a úsáideoir deiridh;
 - (b) i gcás ina bhforáiltear sna forálacha is infheidhme i ndlí an Aontais, a chur i seirbhís san Aontas nó sa Ríocht Aontaithe.

2. Beidh feidhm ag na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 34 agus in Airteagal 35 CFAE agus i ndlí ábhartha an Aontais lena rialaítear margaíocht ar earraí, lena n-áirítear na coinníollacha maidir le margaíocht ar earraí, is infheidhme maidir leis na hearraí lena mbaineann, maidir leis na hearraí dá dtagraítear i mír 1.

3. Beidh feidhm ag mír 1 maidir leis na hearraí atá ann cheana féin agus atá inaitheanta go leithleach de réir bhrí Theideal II de Chuid a Trí CFAE, ach amháin i gcás shaorchúrsaíocht na n-earraí seo a leanas idir margadh an Aontais agus margadh na Ríochta Aontaithe nó vice versa:
 - (a) ainmhithe beo agus táirgí geirmeacha;
 - (b) táirgí ainmhithe.

4. Maidir le gluaiseacht ainmhithe beo nó táirgí geirmeacha idir Ballstát agus an Ríocht Aontaithe, nó *vice versa*, beidh feidhm ag na forálacha sin i ndlí an Aontais a liostaítear in Iarscríbhinn II, ar choinníoll gur imigh siad ar dháta roimh dheireadh na hidirthréimhse.
5. Beidh an tAirteagal seo gan dochar don deis don Ríocht Aontaithe, do Bhallstát nó don Aontas ar bhearta a dhéanamh chun cur ar fáil earra dá dtagraítear i mír 1 ar a mhargadh a thoirmeasc nó a shrianadh, nó catagóir earraí den sórt sin a chuirtear ar fáil ar a margadh, i gcás inar ceadmhach de réir dhlí an Aontais agus a mhéid is ceadmhach.
6. Beidh forálacha an Teidil seo gan dochar d'aon riail is infheidhme maidir le módúlachtaí a bhaineann le díol, maoin intleachtúil, nósanna imeachta custaim, taraifí agus cánacha.

AIRTEAGAL 42

Cruthúnas ar chur ar an margadh

I gcás ina mbeidh oibreoir eacnamaíoch ag brath ar Airteagal 41(1) maidir le hearra ar leith, beidh an dualgas cruthúnais ar an oibreoir sin a léiriú, ar bhonn aon doiciméad ábhartha, gur cuireadh an t-earra sin ar an margadh san Aontas nó sa Ríocht Aontaithe roimh dheireadh na hidirthréimhse.

AIRTEAGAL 43

Faireachas margaidh

1. Malartóidh údaráis um fhaireachas margaidh na mBallstát agus údaráis um fhaireachas margaidh na Ríochta Aontaithe gan mhoill aon fhaisnéis ábhartha arna bailiú faoi na hearraí dá dtagraítear in Airteagal 41(1) i gcomhthéacs a ngníomhaíochtaí faireachais margaidh féin. Déanfaidh siad, go háirithe, aon fhaisnéis a bhaineann leis na hearraí sin lena mbaineann riosca tromchúiseach, chomh maith le haon bheart a dhéanfar maidir le hearraí neamhchomhlíontacha a chur in iúl dá chéile, lena n-áirítear faisnéis ábhartha arna tarraingt as líonraí, córais faisnéise agus bunachair sonraí arna mbunú faoi dhlí an Aontais nó na Ríochta Aontaithe faoi na hearraí sin.
2. Tarchuirfidh na Ballstáit agus an Ríocht Aontaithe aon iarraidh ó údaráis um fhaireachas margaidh na Ríochta Aontaithe nó Ballstáit, faoi seach, chuig comhlacht um measúnú comhréireachta atá bunaithe ina gcríoch, i gcás ina mbaineann an iarraidh sin le measúnú comhréireachta arna dhéanamh ag an gcomhlacht sin ina cháil mar chomhlacht dá dtugtar fógra roimh dheireadh na hidirthréimhse. Áiritheoidh na Ballstáit agus an Ríocht Aontaithe go dtabharfaidh an comhlacht um measúnú comhréireachta aghaidh ar aon iarraidh den sórt sin go pras.

Comhaid agus doiciméid a bhaineann le nósanna imeachta leanúnacha a aistriú

Déanfaidh an Ríocht Aontaithe na comhaid nó na doiciméid ábhartha go léir maidir le measúnuithe, formheasanna agus údaruithe leanúnacha a aistriú gan mhoill chuig údarás inniúil Ballstáit arna ainmniú i gcomhréir leis na nósanna imeachta dá bhforáiltear i ndlí an Aontais is infheidhme an lá roimh dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo agus faoi stiúir údarás inniúil na Ríochta Aontaithe i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012¹, Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009², Treoir 2001/83/CE³ agus Treoir 2001/82/CE⁴ ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

¹ Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir le táirgí bithicéide a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid (IO L 167, 27.6.2012, lch. 1).

² Rialachán (AE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh (IO L 309, 24.11.2009, lch. 1).

³ Treoir 2001/83/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Samhain 2001 maidir leis an gcód Comhphobail a bhaineann le táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine (IO L 311, 28.11.2001, lch. 67).

⁴ Treoir 2001/82/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Samhain 2001 maidir leis an gcód Comhphobail a bhaineann le táirgí íocshláinte tréidliachta (IO L 311, 28.11.2001, lch. 1).

AIRTEAGAL 45

Faisnéis a chur ar fáil faoi nósanna imeachta údaraithe arna n-úsáid
maidir le táirgí íocshláinte

1. Déanfaidh an Ríocht Aontaithe, ar iarraidh réasúnaithe ó Bhallstát nó ón nGníomhaireacht Leigheasra Eorpach, an sainchomhad údaraithe margáíochta ar tháirge íocshláinte a bheidh údaraithe ag údarás inniúil na Ríochta Aontaithe a chur ar fáil gan mhoill roimh dheireadh na hidirthréimhse, nuair is gá an sainchomhad sin chun measúnú a dhéanamh ar iarratas ar údarú margáíochta i gcomhréir le hAirteagal 10 agus Airteagal 10a de Threoir 2001/83/CE nó Airteagal 13 agus Airteagal 13a de Threoir 2001/82/CE.
2. Déanfaidh Ballstát, ar iarratas réasúnaithe ón Ríocht Aontaithe, an sainchomhad údaraithe margáíochta ar tháirge íocshláinte arna údarú ag údarás inniúil an Bhallstáit sin roimh dheireadh na hidirthréimhse a chur ar fáil gan mhoill, más gá an sainchomhad sin chun measúnú a dhéanamh ar iarratas údaraithe margáíochta sa Ríocht Aontaithe i gcomhréir le ceanglais reachtacha na Ríochta Aontaithe, a mhéid a léiríonn na ceanglais reachtacha sin imthosca Airteagal 10 agus Airteagal 10a de Threoir 2001/83/CE nó Airteagal 13 agus Airteagal 13a de Threoir 2001/82/CE.

AIRTEAGAL 46

Faisnéis a chur ar fáil atá ina seilbh ag comhlachtaí dá dtugtar fógra atá bunaithe sa Ríocht Aontaithe nó i mBallstát

1. Áiritheoidh an Ríocht Aontaithe go ndéanfar faisnéis a shealbhaíonn comhlacht um measúnú comhréireachta atá bunaithe sa Ríocht Aontaithe faoina ghníomhaíochtaí mar chomhlacht dá dtugtar fógra faoi dhlí an Aontais roimh dheireadh na hidirthréimhse a chur ar fáil arna iarraidh sin ag sealbhóir an deimhnithe do chomhlacht dá dtugtar fógra atá bunaithe i mBallstát mar atá léirithe ag sealbhóir an deimhnithe.
2. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar faisnéis a shealbhaíonn comhlacht dá dtugtar fógra, atá bunaithe sa Bhallstát lena mbaineann, faoina ghníomhaíochtaí roimh dheireadh na hidirthréimhse a chur ar fáil arna iarraidh sin ag sealbhóir an deimhnithe, do chomhlacht um measúnú comhréireachta atá bunaithe sa Ríocht Aontaithe mar atá léirithe ag sealbhóir an deimhnithe.

TEIDEAL II

NÓSANNA IMEACHTA LEANÚNACHA CUSTAIM

AIRTEAGAL 47

Stádas earraí an Aontais

1. Beidh feidhm ag Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹ maidir le hearraí de chuid an Aontais dá dtagraítear i bpointe (23) d'Airteagal 5 den Rialachán sin, nuair a aistrefar na hearraí sin ó chríoch chustaim na Ríochta Aontaithe go críoch chustaim an Aontais, nó *vice versa*, ar choinníoll gur thosaigh an ghluaiseacht roimh dheireadh na hidirthréimhse agus gur tháinig deireadh léi dá éis sin. Déileálfar le gluaiseacht earraí a thosaigh roimh dheireadh na hidirthréimhse agus ar tháinig deireadh léi dá éis sin mar ghluaiseacht laistigh den Aontas ó thaobh ceanglais cheadúnúcháin maidir le hallmhairiú agus onnmhairiú i ndlí an Aontais.

¹ Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO L 269, 10.10.2013, lch. 1).

2. Chun críocha mhír 1, ní bheidh feidhm ag an toimhde maidir le stádas custaim earraí de chuid an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 153(1) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013. Ní mór stádas custaim na n-earraí sin mar earraí de chuid an Aontais, chomh maith leis an bhfíoras gur tosaíodh an ghluaiseacht dá dtagraítear i mír 1 roimh dheireadh na hidirthréimhse, a chruthú i leith gach gluaiseachta a dhéanfaidh an duine lena mbaineann ar aon cheann de na modhanna dá dtagraítear in Airteagal 199 de Rialachán cur chun feidhme (AE) 2015/2447 ón gCoimisiúin¹. Cuirfear cruthúnas thús na gluaiseachta ar fáil le doiciméad iompair a bhaineann leis na hearraí.

3. Ní bheidh feidhm ag mír 2 maidir le hearraí de chuid an Aontais a iomprófar d'aer agus a luchtáíodh nó a trasloingsíodh in aerfort i gcríoch chustaim na Ríochta Aontaithe lena gcoinsíniú go críoch chustaim an Aontais nó a luchtáíodh nó a trasloingsíodh in aerfort i gcríoch chustaim an Aontais lena gcoinsíniú go críoch chustaim na Ríochta Aontaithe, i gcás ina ndéanfar na hearraí sin a iompar faoi chumhdach doiciméad aonair iompair arna eisiúint i gceachtar de na críocha custaim lena mbaineann, ar choinníoll gur thosaigh an t-aeriompar roimh dheireadh na hidirthréimhse agus gur tháinig deireadh leis dá éis sin.

¹ Rialachán cur chun feidhme (AE) 2015/2447 ón gCoimisiúin an 24 Samhain 2015 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le forálacha áirithe de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO L 343, 29.12.2015, lch. 558).

4. Ní bheidh feidhm ag mír 2 maidir le hearraí de chuid an Aontais a iomrófar ar muir agus a sheolfar idir calafoirt i gcríoch chustaim na Ríochta Aontaithe agus calafoirt i gcríoch chustaim an Aontais trí sheirbhís rialta loingseoireachta, dá dtagraítear in Airteagal 120 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446 ón gCoimisiún¹, ar choinníoll:

- (a) gur thosaigh an turas a chuimsíonn na calafoirt i gcríoch chustaim na Ríochta Aontaithe agus na calafoirt i gcríoch chustaim an Aontais roimh dheireadh na hidirthréimhse agus gur tháinig deireadh leis dá éis sin; agus
- (b) go ndeachaigh an t-árthach seirbhíse rialta loingseoireachta i dtír i gcalafort amháin nó roinnt calafort i gcríoch chustaim na Ríochta Aontaithe nó i gcríoch chustaim an Aontais roimh dheireadh na hidirthréimhse.

5. Nuair a thiocfaidh an t-árthach seirbhíse rialta loingseoireachta i dtír i gcalafort amháin nó roinnt calafort i gcríoch chustaim na Ríochta Aontaithe le linn an turais dá dtagraítear i bpointe (a) de mhír 4 tar éis dheireadh na hidirthréimhse:

- (a) maidir le hearraí a luchtófar roimh dheireadh na hidirthréimhse agus a dhíluchtófar sna calafoirt sin, ní athrófar stádas custaim earraí de chuid an Aontais;

¹ Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446 an 28 Iúil 2015 ón gCoimisiún lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le rialacha mionsonraithe maidir le forálacha áirithe de Chód Custaim an Aontais (IO L 343, 29.12. 2015, lch. 1).

- (b) maidir le hearraí a luchtófar i gcalafoirt tar éis dheireadh na hidirthréimhse, ní athrófar stádas custaim earraí de chuid an Aontais ar choinníoll go mbeidh sé cruthaithe i gcomhréir le mír 2.

AIRTEAGAL 48

Dearbhú iontrála achomair agus dearbhú réamh-imeachta

1. Beidh feidhm ag Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 maidir le dearbhuithe iontrála achoimre a taisceadh in oifig chustaim an chéad teacht isteach i gcomhréir le Caibidil I de Theideal IV den Rialachán sin roimh dheireadh na hidirthréimhse, agus beidh na héifeachtaí dlíthiúla céanna ag na dearbhuithe sin i gcríoch chustaim an Aontais agus i gcríoch chustaim na Ríochta Aontaithe tar éis dheireadh na hidirthréimhse.
2. Beidh feidhm ag Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 maidir le dearbhuithe réamh-imeachta a taisceadh i gcomhréir le Caibidil I de Theideal VIII den Rialachán sin roimh dheireadh na hidirthréimhse agus, i gcás inarb infheidhme, i gcás earraí a scaoileadh i gcomhréir le hAirteagal 194 den Rialachán sin roimh dheireadh na hidirthréimhse. Beidh na héifeachtaí dlíthiúla céanna ag na dearbhuithe sin i gcríoch chustaim an Aontais agus i gcríoch chustaim na Ríochta Aontaithe tar éis dheireadh na hidirthréimhse.

AIRTEAGAL 49

Nósanna imeachta stórála sealadaí nó custaim a chríochnú

1. Beidh feidhm ag Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 maidir le hearraí neamh-Aontais a bhí i stóráil shealadach dá dtagraítear i bpointe (17) d'Airteagal 5 den Rialachán sin ag deireadh na hidirthréimhse, agus maidir le hearraí a bhí faoi aon cheann de na nósanna imeachta custaim dá dtagraítear i bpointe (16) d'Airteagal 5 den Rialachán sin i gcríoch chustaim na Ríochta Aontaithe ag deireadh na hidirthréimhse go dtí go mbeidh deireadh leis an stóráil shealadach sin, go dtí go mbeidh ceann de na nósanna imeachta speisialta custaim críochnaithe, go dtí go scaoilfear na hearraí le haghaidh saorchúrsaíochta, nó go dtí go nglacfar na hearraí as an gcríoch, ar choinníoll go dtarlóidh an teagmhas sin tar éis dheireadh na hidirthréimhse ach tráth nach déanaí ná deireadh na teorann comhfhreagraí ama dá dtagraítear in Iarscríbhinn III.

Ní bheidh feidhm, áfach, ag pointe (b) agus pointe (c) d'Airteagal 148(5) ná ag Airteagal 219 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 maidir le gluaiseachtaí earraí idir críoch chustaim na Ríochta Aontaithe agus críoch chustaim an Aontais a chríochnóidh tar éis dheireadh na hidirthréimhse.

2. Beidh feidhm ag Rialachán (AE) Uimh. 952/2013, Cinneadh 2014/335/AE, Euratom, ón gComhairle¹, Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 608/2014 ón gComhairle² agus Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 609/2014 ón gComhairle³ maidir le haon fhiacha custaim a thiocfaidh chun cinn tar éis dheireadh na hidirthréimhse ó dheireadh na stórála sealadaí nó an scaoilte chun saorchúrsaíochta dá dtagraítear i mír 1.

3. Beidh feidhm ag Roinn 1 de Chaibidil 1 de Theideal II de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 maidir le hiarrataí ar thairbhe a bhaint as cuótaí taraifí ar ghlac na húdaráis chustaim leo i gcríoch chustaim na Ríochta Aontaithe agus i gcás inar chuir na húdaráis chustaim i gcríoch chustaim na Ríochta Aontaithe na doiciméid tacaíochta riachtanacha ar fáil i gcomhréir le hAirteagal 50 den Rialachán sin roimh dheireadh na hidirthréimhse, agus beidh feidhm acu maidir le cealú iarrataí agus tuairisceán cainníochtaí na n-iarrataí sin a leithdháileadh nár úsáideadh.

¹ Cinneadh 2014/335/AE, Euratom ón gComhairle an 26 Bealtaine 2014 maidir le córas acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh (IO L 168, 7.6.2014, lch. 105).

² Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 608/2014 ón gComhairle an 26 Bealtaine 2014 lena leagtar síos bearta cur chun feidhme do chóras acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh (IO L 168, 7.6.2014, lch. 29).

³ Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 609/2014 ón gComhairle an 26 Bealtaine 2014 maidir leis na modhanna agus an nós imeachta chun acmhainní dílse traidisiúnta CBL agus acmhainní bunaithe ar an ollioncam náisiúnta a chur ar fáil agus maidir leis na bearta chun riachtanais airgid a chomhlíonadh (IO L 168, 7.6.2014, p. 39).

AIRTEAGAL 50

Rochtain ar líonraí ábhartha, córais faisnéise agus bunachair sonraí ábhartha

De mhaolú ar Airteagal 8, beidh rochtain ag an Ríocht Aontaithe, a mhéid is fíorghá d'fhonn a cuid oibleagáidí a chomhlíonadh faoin Teideal seo, ar na líonraí, na córais faisnéise agus na bunachair sonraí a liostaítear in Iarscríbhinn IV. Déanfaidh an Ríocht Aontaithe an tAontas a aisíoc i leith na gcostas iarbhír arna dtabhú ag an Aontas de thoradh an rochtain sin a éascú. Faoin 31 Márta gach bliain go dtí deireadh na tréimhse dá dtagraítear in Iarscríbhinn IV, cuirfidh an tAontas méid na gcostas sin in iúl don Ríocht Aontaithe. I gcás ina mbeidh difríocht mhór ann idir an méid a chuirtear in iúl de na costais iarbhír arna dtabhú agus na meastacháin ba chruinne a chuir an tAontas in iúl don Ríocht Aontaithe roimh shíniú an Chomhaontaithe seo, íocfaidh an Ríocht Aontaithe méid na meastachán ba chruinne leis an Aontas gan moill a dhéanamh, agus cinnfidh an Comhchoiste an chaoi a láimhseálfar an difríocht idir na costais iarbhír arna dtabhú agus méid na meastachán ba chruinne.

TEIDEAL III

CÚRSAÍ LEANÚNACHA MAIDIR LE CÁIN BHREISLUACHA AGUS DLEACHT MHÁIL

AIRTEAGAL 51

Cáin bhreisluacha (CBL)

1. Beidh feidhm ag Treoir 2006/112/CE ón gComhairle¹ maidir le hearraí a sheoladh nó a iompar ó chríoch na Ríochta Aontaithe go críoch Bhallstáit, agus *vice versa*, ar choinníoll gur thosaigh an seoladh nó an t-iompar roimh dheireadh na hidirthréimhse agus gur tháinig deireadh leis dá éis sin.
2. Beidh Treoir 2006/112/CE fós i bhfeidhm go dtí cúig bliana tar éis dheireadh na hidirthréimhse maidir le cearta agus oibleagáidí an duine inchánach maidir le hidirbhearta ag a bhfuil gné thrasteorann idir an Ríocht Aontaithe agus Ballstát a bhí ar bun roimh dheireadh na hidirthréimhse agus maidir le hidirbhearta a chumhdaítear le mír 1.

¹ Treoir 2006/112/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcóras comhchoiteann cánach breisluacha (IO L 347, 11.12.2006, lch. 1).

3. De mhaolú ar mhír 2 agus ar Airteagal 15 de Threoir 2008/9/CE ón gComhairle¹, déanfar iarratais aisíocaíochta a bhaineann le CBL a rinne duine inchánach bunaithe sa Ríocht Aontaithe a íoc i mBallstát nó a rinne duine inchánach bunaithe i mBallstát a íoc sa Ríocht Aontaithe, faoi choinníollacha na Treorach sin an 31 Márta 2021 ar a dhéanaí.

4. De mhaolú ar mhír 2 agus ar Airteagal 61(2) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 282/2011 ón gComhairle², leasuithe ar thuairisceáin CBL a tíolacadh i gcomhréir le hAirteagal 364 nó le hAirteagal 369f de Threoir 2006/112/CE sa Ríocht Aontaithe maidir le seirbhísí a soláthraíodh i mBallstáit tomhaltais roimh dheireadh na hidirthréimhse, nó i mBallstát maidir le seirbhísí a soláthraíodh sa Ríocht Aontaithe roimh dheireadh na hidirthréimhse, tíolacfar iad an 31 Nollaig 2021 ar a dhéanaí.

¹ Treoir 2008/9/CE ón gComhairle an 12 Feabhra 2008 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le haisíoc cánach breisluacha, dá bhforáiltear i dTreoir 2006/112/CE, do dhaoine inchánach nach bhfuil bunaithe sa Bhallstát aisíocaíochta ach atá bunaithe i mBallstát eile (IO L 44, 20.2.2008, lch. 23).

² Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 282/2011 ón gComhairle an 15 Márta 2011 lena leagtar síos bearta cur chun feidhme do Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcóras comhchoiteann cánach breisluacha (IO L 77, 23.3.2011, lch.1).

AIRTEAGAL 52

Earraí faoi réir dleacht mháil

Beidh feidhm ag Treoir 2008/118/CE ón gComhairle¹ maidir le gluaiseachtaí earraí faoi réir dleacht mháil faoi shocrú cur ar fionraí dleachtanna agus maidir le gluaiseachtaí táirgí faoi réir dleacht mháil tar éis iad a scaoileadh lena dtomhailt ó chríoch na Ríochta Aontaithe go críoch Bhallstáit, nó *vice versa*, ar choinníoll gur tosaíodh an ghluaiseacht roimh dheireadh na hidirthréimhse agus gur tháinig deireadh léi dá éis sin.

AIRTEAGAL 53

Rochtain ar líonraí ábhartha, córais faisnéise agus bunachair sonraí ábhartha

De mhaolú ar Airteagal 8, beidh rochtain ag an Ríocht Aontaithe, a mhéid is fíorghá d'fhonn a cuid oibleagáidí a chomhlíonadh faoin Teideal seo, ar na líonraí, na córais faisnéise agus na bunachair sonraí a liostaítear in Iarscríbhinn IV. Déanfaidh an Ríocht Aontaithe an tAontas a aisíoc i leith na gcostas iarbhír arna dtabhú ag an Aontas de thoradh an rochtain sin a éascú. Faoin 31 Márta gach bliain go dtí deireadh na tréimhse dá dtagraítear in Iarscríbhinn IV, cuirfidh an tAontas méid na gcostas sin in iúl don Ríocht Aontaithe. I gcás ina mbeidh difríocht mhór ann idir an méid a chuirtear in iúl de na costais iarbhír arna dtabhú agus na meastacháin ba chruinne a chuir an tAontas in iúl don Ríocht Aontaithe roimh shíniú an Chomhaontaithe seo, íocfaidh an Ríocht Aontaithe méid na meastachán ba chruinne leis an Aontas gan moill a dhéanamh, agus cinnfidh an Comhchoiste an chaoi a láimhseálfar an difríocht idir na costais iarbhír arna dtabhú agus méid na meastachán ba chruinne.

¹ Treoir 2008/118/CE ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir leis na socruithe ginearálta maidir le dleacht mháil agus lena n-aisghairtear Treoir 92/12/CEE (IO L 9, 14.1.2009, lch. 12).

TEIDEAL IV

MAOIN INTLEACHTÚIL

AIRTEAGAL 54

Cosaint leanúnach sa Ríocht Aontaithe ar chearta cláraithe nó deonaithe

1. Beidh sealbhóir aon cheann de na cearta maoin intleachtúla seo a leanas a cláraíodh nó a tugadh roimh dheireadh na hidirthréimhse ina shealbhóir cirt maoin intleachtúla cláraithe in-fhorfheidhmithe inchomparáide sa Ríocht Aontaithe faoi dhlí na Ríochta Aontaithe, gan aon athscrúdú:

- (a) beidh sealbhóir trádmailrc de chuid an Aontais Eorpaigh atá cláraithe i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹ ina shealbhóir trádmailrc sa Ríocht Aontaithe, déanta den chomhartha céanna, i gcás na n-earraí nó na seirbhísí céanna;

¹ Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2017 maidir leis an trádmailrc de chuid an Aontais Eorpaigh (IO L 154, 16.6.2017, lch. 1).

- (b) beidh sealbhóir dearaidh Comhphobail atá cláraithe agus, i gcás inarb infheidhme, a foilsíodh tar éis chur siar an fhoilsithe i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 6/2002 ón gComhairle¹ ina shealbhóir cirt dearaidh chláraithe sa Ríocht Aontaithe don dearadh céanna;
- (c) beidh sealbhóir cirt Comhphobail maidir le cineálacha plandaí a tugadh de bhun Rialachán (CE) Uimh. 2100/94 ón gComhairle² ina shealbhóir cirt maidir le cineálacha plandaí sa Ríocht Aontaithe don chineál céanna planda.

¹ Rialachán (CE) Uimh. 6/2002 ón gComhairle an 12 Nollaig 2001 maidir le dearáí Comhphobail (IO L 3, 5.1.2002, lch. 1).

² Rialachán (CE) Uimh. 2100/94 ón gComhairle an 27 Iúil 1994 maidir le cearta Comhphobail maidir le cineálacha plandaí (IO L 227, 1.9.1994, lch. 1).

2. I gcás ina mbeidh cosaint san Aontas ar lá deiridh na hidirthréimhse ar thásc geografach, ar shonrúchán tionscnaimh, nó ar shainearra traidisiúnta faoi ráthaíocht de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹, nó ar thásc geografach, ar shonrúchán tionscnaimh, nó ar théarma traidisiúnta ar fhíon de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle², nó ar thásc geografach de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 110/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle³, nó tásc geografach de réir bhrí Rialachán (CE) Uimh. 251/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁴, agus an chosaint sin ann de bhua na Rialachán sin, na daoine sin atá i dteideal tásc geografach a úsáid, nó an sonrúchán tionscnaimh, nó an sainearra traidisiúnta atá faoi ráthaíocht, nó an téarma traidisiúnta ar fhíon, is daoine iad a bheidh i dteideal, ó dheireadh na hidirthréimhse amach, gan aon athscrúdú, an tásc geografach a úsáid, nó an sonrúchán tionscnaimh, nó an sainearra traidisiúnta atá faoi ráthaíocht, nó an téarma traidisiúnta ar fhíon lena mbaineann sa Ríocht Aontaithe, rud a ndeonófar dó ar a laghad an leibhéal cosanta céanna faoi dhlí na Ríochta Aontaithe agus atá aige faoi na forálacha seo a leanas i ndlí an Aontais:

-
- ¹ Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Samhain 2012 maidir le scéimeanna cáilíochta i gcomhair táirgí talmhaíochta agus bia-earraí (IO L 343, 14.12.2012, lch. 1).
- ² Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 922/72 ón gComhairle, Rialachán (CEE) Uimh. 234/79 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 1037/2001 ón gComhairle, agus Rialachán (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 671).
- ³ Rialachán (CE) Uimh. 110/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Eanáir 2008 maidir le sainmhíniú, tuairisc, cur i láthair, lipéadú agus cosaint sonraí geografacha deochanna biotáille agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 1576/89 ón gComhairle (IO L 39, 13.2.2008, lch. 16).
- ⁴ Rialachán (AE) Uimh. 251/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le sainmhíniú, tuairisc, cur i láthair, lipéadú agus cosaint tásc geografach ar tháirgí fíona cumhraithe agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 1601/91 ón gComhairle (IO L 84, 20.3.2014, lch. 14).

- (a) Pointe (i), pointe (j) agus pointe (k) d'Airteagal 4(1) de Threoir (AE) 2015/2436 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹; agus
- (b) i dtaca leis an tásca geografach, an sonrúchán tionscnaimh, an sainearra traidisiúnta faoi ráthaíocht, nó an téarma traidisiúnta ar fhíon lena mbaineann, Airteagail 13, 14(1), 24, 36(3), 38 agus 44, agus pointe (b) d'Airteagal 45(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1151/2012; Airteagal 90(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle²; Airteagal 100(3), Airteagal 102(1), Airteagal 103 agus 113, agus pointe (c)(x) d'Airteagal 157(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013; Airteagal 62(3) agus (4) de Rialachán (CE) Uimh. 607/2009 ón gCoimisiún³; an chéad fhomhír d'Airteagal 15(3), Airteagal 16 agus Airteagal 23(1) de Rialachán (CE) Uimh. 110/2008 agus, sa mhéid go dtagann comhlíonadh fhorálacha an Rialacháin sin i gceist, Airteagal 24(1) den Rialachán sin; nó Airteagal 19(1) agus Airteagal (20) de Rialachán (AE) Uimh. 251/2014.

¹ Treoir (AE) 2015/2436 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2015 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le trádmharcanna (IO L 336, 23.12.2015, lch. 1).

² Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir le maoiniú, bainistiú agus faireachán an chomhbheartais talmhaíochta (IO L 347, 20.12.2013, lch. 549).

³ Rialachán (CE) Uimh. 607/2009 ón gCoimisiún an 14 Iúil 2009 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe áirithe maidir le cur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 479/2008 ón gComhairle maidir le sonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint agus tásca geografacha faoi chosaint, téarmaí traidisiúnta, lipéadú agus cur i láthair táirgí áirithe in earnáil an fhíona (IO L 193, 24.7.2009, lch. 60).

I gcás nach mbeidh cosaint ann san Aontas tar éis dheireadh na hidirthréimhse do thásc geografach, do shonrúchán tionscnaimh, do shainearra traidisiúnta faoi ráthaíocht ná do théarma traidisiúnta ar fhíon dá dtagraítear sa chéad fhomhír, ní bheidh feidhm feasta ag an gcéad fhomhír maidir leis an tásc geografach, an sonrúchán tionscnaimh, an sainearra traidisiúnta faoi ráthaíocht, ná an téarma traidisiúnta ar fhíon sin.

Ní bheidh feidhm leis an gcéad fhomhír i gcás ina n-eascraíonn cosaint san Aontas ó chomhaontuithe idirnáisiúnta a bhfuil páirt ag an Aontas iontu.

Beidh feidhm ag an mír seo ach amháin má thagann agus go dtí go dtagann comhaontú i bhfeidhm nó má bhíonn comhaontú infheidhme ann de réir mar a thagraítear dó in Airteagal 184, comhaontú a mbeidh tús áite aige thar an mír seo.

3. D'ainneoin mhír 1, i gcás ina ndearbhófar go bhfuil ceart maoine intleachtúla dá dtagraítear sna míreanna sin neamhbhailí nó cúlghairthe, nó, i gcás ina ndearbhófar go bhfuil ceart Comhphobail maidir le cineálacha plandaí ar neamhní go hiomlán nó i gcás ina gcuirfear ar ceal é san Aontas de bharr nós imeachta riaracháin nó breithiúnach a bheidh fós ar siúl ar lá deiridh na hidirthréimhse, dearbhófar go bhfuil an ceart comhfhreagrach sin sa Ríocht Aontaithe neamhbhailí nó cúlghairthe, nó ar neamhní go hiomlán, nó ar ceal chomh maith. An dáta a ngabhfaidh éifeacht leis an dearbhú nó leis an gcúlghairm nó leis an gcealú sa Ríocht Aontaithe, sin dáta na héifeachta sin san Aontas.

De mhaolú ar an gcéad fhomhír, ní bheidh sé d'oibleagáid ar an Ríocht Aontaithe a dhearbhu go bhfuil an ceart comhfhreagrach sa Ríocht Aontaithe neamhbhailí ná ní bheidh sé d'oibleagáid uirthi é a chúlghairm, i gcás nach mbeidh feidhm sa Ríocht Aontaithe ag an bhforas le neamhbhailíocht nó le cúlghairm an trádmhairc de chuid an Aontais Eorpaigh nó an dearaidh Comhphobail chláráithe.

4. Ceart trádmhairc nó ceart dearaidh cláráithe a thiofadh chun cinn sa Ríocht Aontaithe i gcomhréir le pointe (a) agus pointe (b) de mhír 1, beidh mar chéad dáta athnuachana aige an dáta a n-athnuafar an ceart maoiné intleachtúla comhfhreagrach arna chlárú i gcomhréir le dlí an Aontais.

5. Beidh feidhm ag an méid seo a leanas maidir leis na trádmharcanna sa Ríocht Aontaithe dá dtagraítear i bpointe (a) de mhír 1 den Airteagal seo:

- (a) beidh an dáta comhdúcháin céanna agus an dáta tosaíochta céanna ag an trádmharc agus atá ag trádmharc an Aontais Eorpaigh agus, i gcás inarb iomchuí, beidh an tsinsearachtrádmhairc de chuid na Ríochta Aontaithe aige a éilítear faoi Airteagal 39 nó Airteagal 40 de Rialachán (AE) 2017/1001;
- (b) ní dhlífean an trádmharc a chúlghairm ar an bhforas nach raibh fíorúsáid bainte as an trádmharc comhfhreagrach de chuid an Aontais Eorpaigh i gcrióch na Ríochta Aontaithe roimh dheireadh na hidirthréimhse;

(c) úinéir trádmhairc de chuid an Aontais Eorpaigh a bhfuil cáil faighte aige san Aontas, beidh sé i dteideal cearta atá comhionann leo sin dá bhforáiltear i bpointe (c) d'Airteagal 9(2) de Rialachán (AE) 2017/1001 agus i bpointe (a) d'Airteagal 5(3) de Threoir 2015/2436 maidir leis an trádmharc comhfhreagrach, beidh sé i dteideal na cearta sin a fheidhmiú sa Ríocht Aontaithe ar bhonn na cáile atá faighte aige san Aontas faoi dheireadh na hidirthréimhse agus, as sin amach, beidh cáil leanúnach an trádmhairc sin bunaithe ar úsáid an mhairc sa Ríocht Aontaithe.

6. Beidh feidhm ag an méid seo a leanas maidir le cearta dearaidh cláraithe agus cearta maidir le cineálacha plandaí sa Ríocht Aontaithe dá dtagraítear i bpointe (b) agus i bpointe (c) de mhír 1:

- (a) beidh an téarma cosanta faoi dhlí na Ríochta Aontaithe comhionann ar a laghad leis an méid den tréimhse chosanta atá fágtha faoi dhlí an Aontais ag an dearadh Comhphobail cláraithe comhfhreagrach nó ag an gceart Comhphobail comhfhreagrach maidir le cineálacha plandaí;
- (b) beidh an dáta comhdúcháin céanna agus an dáta tosaíochta céanna ag na cearta agus atá ag an dearadh Comhphobail cláraithe comhfhreagrach nó ag an gceart Comhphobail comhfhreagrach maidir le cineálacha plandaí.

AIRTEAGAL 55

An nós imeachta clárúcháin

1. Déanfaidh na heintitis ábhartha sa Ríocht Aontaithe an clárú, an deonú, nó an chosaint atá ann de bhun Airteagal 54(1) agus (2) den Chomhaontú seo a chur i gcrích saor in aisce, trí úsáid a bhaint as na sonraí atá ar fáil i gclárlanna Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh, na hOifige Comhphobail um Chineálacha Plandaí agus an Choimisiúin Eorpaigh. Measfar gur clárlann chun críche an Airteagail seo í Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 110/2008.
2. Chun críocha mhír 1, sealbhóirí na gceart maoine intleachtúla dá dtagraítear in Airteagal 54(1) agus iad sin atá i dteideal úsáid a bhaint as tásca geografach, sonrúchán tionscnaimh, sainearra traidisiúnta faoi ráthaíocht, nó téarma traidisiúnta ar fhíon dá dtagraítear in Airteagal 54(2), ní cheanglófar orthu iarratas a chur isteach ná tabhairt faoi aon nós imeachta riaracháin ar leith. Sealbhóirí na gceart maoine intleachtúla dá dtagraítear in Airteagal 54(1), ní bheidh de cheangal orthu seoladh comhfhreagrais a bheith acu sa Ríocht Aontaithe sna trí bliana a chaithfear tar éis dheireadh na hidirthréimhse.
3. An t-eolas atá ag teastáil i gcomhair an chláraithe, an deonaithe nó na cosanta sa Ríocht Aontaithe, is eolas é a chuirfidh Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh, an Oifig Comhphobail um Chineálacha Plandaí, agus an Coimisiún Eorpach ar fáil do na heintitis ábhartha sa Ríocht Aontaithe de bhun Airteagal 54(1) nó (2).

4. Beidh an tAirteagal seo gan dochar do tháillí athnuachana a bhféadfaidh feidhm a bheith acu tráth a dhéanfar na cearta a athnuachan, nó don fhéidearthacht atá ag na sealbhóirí lena mbaineann a gcearta maoinne intleachtúla a thabhairt suas sa Ríocht Aontaithe i gcomhréir leis an nós imeachta ábhartha i ndlí na Ríochta Aontaithe.

AIRTEAGAL 56

Cosaint leanúnach sa Ríocht Aontaithe do chlárúithe idirnáisiúnta lena n-ainmnítear an tAontas

Daoine nádúrtha nó dlítheanacha a mbeidh cosaint faighte acu roimh dheireadh na hidirthréimhse do thrádmharcanna atá cláraithe go hidirnáisiúnta nó do dhearaí lena n-ainmnítear an tAontas de bhun chóras Mhaidrid maidir le clárú idirnáisiúnta marcanna, nó de bhun chóras na Háige maidir le taisceadh idirnáisiúnta dearaí tionscail, déanfaidh an Ríocht Aontaithe bearta chun a áirithiú go mbeidh cosaint ag na daoine sin sa Ríocht Aontaithe dá dtrádmharcanna nó dá ndearaí tionscail i dtaca leis na clárúithe idirnáisiúnta sin.

AIRTEAGAL 57

Cosaint leanúnach sa Ríocht Aontaithe do dhearaí Comhphobail neamhchláraithe

Sealbhóir cirt i dtaca le dearadh Comhphobail neamhchláraithe a thiocfaidh chun cinn roimh dheireadh na hidirthréimhse i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 6/2002, beidh sé, *ipso iure*, i dtaca leis an dearadh Comhphobail neamhchláraithe sin, ina shealbhóir cirt maoiné intleachtúla infhorfheidhmithe sa Ríocht Aontaithe, faoi dhlí na Ríochta Aontaithe, ar ceart é a thugann an leibhéal céanna cosanta dá bhforáiltear i Rialachán (CE) Uimh. 6/2002. Beidh téarma cosanta an chirt sin faoi dhlí na Ríochta Aontaithe comhionann ar a laghad leis an méid den tréimhse chosanta atá fágtha ag an dearadh Comhphobail neamhchláraithe comhfhreagrach faoi Airteagal 11(1) den Rialachán sin.

AIRTEAGAL 58

Cosaint leanúnach do bhunachair sonraí

1. Sealbhóir cirt i dtaca le bunachar sonraí maidir leis an Ríocht Aontaithe i gcomhréir le hAirteagal 7 de Threoir 96/9/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹ a thiocfaidh chun cinn roimh dheireadh na hidirthréimhse, coinneoidh sé, i dtaca leis an mbunachar sonraí sin, ceart maoine intleachtúla in-fhorfheidhmithe sa Ríocht Aontaithe, faoi dhlí na Ríochta Aontaithe, ar ceart é a thugann an leibhéal céanna cosanta agus an méid dá bhforáiltear i dTreoir 96/9/CE, ar choinníoll go leanfaidh sealbhóir an chirt sin de cheanglais Airteagal 11 den Treoir sin a chomhlíonadh. Beidh téarma cosanta an chirt sin faoi dhlí na Ríochta Aontaithe comhionann ar a laghad leis an méid den tréimhse chosanta atá fágtha faoi Airteagal 10 de Threoir 96/9/CE.

2. Measfar go bhfuil ceanglais Airteagal 11 de Threoir 96/9/CE á gcomhlíonadh ag na daoine agus na gnóthais seo a leanas:

- (a) náisiúnaigh den Ríocht Aontaithe;
- (b) daoine nádúrtha ar a bhfuil gnáthchónaí sa Ríocht Aontaithe;

¹ Treoir 96/9/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 1996 maidir le cosaint dhlíthiúil bunachar sonraí (IO L 77, 27.3.1996, lch. 20).

- (c) gnóthais atá bunaithe sa Ríocht Aontaithe, ar choinníoll, i gcás nach gurb í a oifig chláraithe amháin atá ag an ngnóthas sa Ríocht Aontaithe, a bhfuil fiornasc ag a oibríochtaí ar bhonn leanúnach le geilleagar na Ríochta Aontaithe nó le geilleagar Ballstáit.

AIRTEAGAL 59

An ceart tosaíochta i dtaca le hiarratais ar feitheamh ar thrádmharcanna an Aontais Eorpaigh agus cearta Comhphobail maidir le cineálacha plandaí

1. I gcás ina mbeidh iarratas curtha isteach ag duine ar thrádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh nó ar dhearadh Comhphobail i gcomhréir le dlí an Aontais roimh dheireadh na hidirthréimhse agus i gcás ina mbeidh dáta comhdúcháin tugtha don iarratas sin, beidh an ceart ag an duine sin iarratas a chur isteach sa Ríocht Aontaithe, laistigh de naoi mí ó dheireadh na hidirthréimhse, ar an trádmharc céanna i dtaca le hearraí nó seirbhísí atá comhionann leo sin nó a áirítear orthu sin ar cuireadh an t-iarratas isteach ina leith, nó beidh an ceart aige iarratas a dhéanamh ar an dearadh céanna. Measfar go bhfuil an dáta comhdúcháin céanna agus an dáta tosaíochta céanna ag aon iarratas a rinneadh de bhun an Airteagail seo agus atá ag an iarratas comhfhreagrach a rinneadh san Aontas, agus, i gcás inarb iomchuí, beidh aige sinsearachtrádmhairc de chuid na Ríochta Aontaithe a éilítear faoi Airteagal 39 nó Airteagal 40 de Rialachán (AE) 2017/1001.

2. I gcás ina mbeidh iarratas curtha isteach ag duine ar cheart Comhphobail maidir le cineálacha plandaí i gcomhréir le dlí an Aontais roimh dheireadh na hidirthréimhse, beidh ceart tosaíochta ad hoc ag an duine sin sa Ríocht Aontaithe, chun críocha iarratas a chur isteach ar an gceart céanna maidir le cineálacha plandaí sa Ríocht Aontaithe, ar feadh sé mhí ó dheireadh na hidirthréimhse. Leis an gceart tosaíochta, measfar gurb é dáta tosaíochta an iarratais ar an gceart Comhphobail maidir le cineálacha plandaí dáta an iarratais ar cheart maidir le cineálacha plandaí sa Ríocht Aontaithe, chun sainiúlacht, úrnuacht agus teidlíocht ar an gceart a dhéanamh amach.

AIRTEAGAL 60

Iarratais atá ar feitheamh i gcomhair deimhnithe forlíontacha cosanta sa Ríocht Aontaithe

1. Beidh feidhm ag Rialachán (CE) Uimh. 1610/96¹ agus ag Rialachán Uimh. 469/2009² ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hiarratais ar dheimhnithe forlíontacha cosanta le haghaidh táirgí cosanta plandaí agus táirgí íocshláinte faoi seach, agus maidir le hiarratais ar shíneadh a chur le tréimhse bhailíochta na ndeimhnithe sin, i gcás ina dtíolacfar na hiarratais sin chuig údarás sa Ríocht Aontaithe roimh dheireadh na hidirthréimhse agus ina mbeidh an nós imeachta riaracháin maidir le deonú an deimhnithe lena mbaineann, nó le deonú an tsínidh le tréimhse bhailíochta an deimhnithe, fós ar siúl ag deireadh na hidirthréimhse.
2. Le haon deimhniú a dheonófar de bhun mhír 1, forálfar maidir leis an leibhéal céanna cosanta agus an méid dá bhforáiltear i Rialachán (CE) Uimh. 1610/96 nó Rialachán (CE) Uimh. 469/2009.

¹ Rialachán (CE) Uimh. 1610/96 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 1996 maidir le deimhniú forlíontach cosanta a chruthú le haghaidh táirgí cosanta plandaí (IO L 198, 8.8.1996, lch. 30).

² Rialachán (CE) Uimh. 469/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Bealtaine 2009 maidir leis an deimhniú forlíontach cosanta le haghaidh táirgí íocshláinte (IO L 152, 16.6.2009, lch. 1).

AIRTEAGAL 61

Ceartha a ídiú

Ceartha maoinne intleachtúla a bheidh ídithe san Aontas agus sa Ríocht Aontaithe araon roimh dheireadh na hidirthréimhse faoi na coinníollacha dá bhforáiltear le dlí an Aontais, leanfaidh siad de bheith ídithe san Aontas agus sa Ríocht Aontaithe araon.

TEIDEAL V

COMHAR PÓILÍNEACHTA AGUS BREITHIÚNACH ATÁ AR SIÚL IN ÁBHAIR CHOIRIÚLA

AIRTEAGAL 62

Imeachtaí comhair bhreithiúnaigh atá ar siúl in ábhair choiriúla

1. Sa Ríocht Aontaithe agus sna Ballstáit i gcásanna a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe, beidh feidhm mar a leanas ag na gníomhartha seo a leanas:
 - (a) an Coinbhinsiún ar Chúnadh Frithpháirteach in Ábhair Choiriúla idir Ballstáit an Aontais Eorpaigh, a bhunaigh an Chomhairle i gcomhréir le hAirteagal 34 den Chonradh ar an Aontas Eorpach¹, agus an Prótacal a ghabhann leis an gCoinbhinsiún ar Chúnadh Frithpháirteach in Ábhair Choiriúla idir Ballstáit an Aontais Eorpaigh, a bhunaigh an Chomhairle i gcomhréir le hAirteagal 34 den Chonradh ar an Aontas Eorpach², beidh feidhm acu maidir le hiarrataí ar chúnadh dlíthiúil frithpháirteach a gheobhaidh an t-údarás lárnach nó an t-údarás breithiúnach faoin ionstraim lena mbaineann roimh dheireadh na hidirthréimhse;

¹ IO C 197, 12.7.2000, lch. 3.

² IO C 326, 21.11.2001, lch. 2.

- (b) beidh feidhm ag Cinneadh Réime 2002/584/CGB ón gComhairle¹ maidir le barántais ghabhála Eorpacha i gcás inar gabhadh an duine iarrtha roimh dheireadh na hidirthréimhse chun críocha barántas ghabhála Eorpach a fhorghníomhú, gan beann ar an gcinneadh ón údarás forghníomhaitheach breithiúnach maidir lena gcoimeádfar an duine iarrtha faoi choinneáil nó maidir lena scaoilfear saor é go sealadach;
- (c) beidh feidhm ag Cinneadh Réime 2003/577/CGB ón gComhairle² maidir le horduithe calctha a bheidh faighte roimh dheireadh na hidirthréimhse ag an údarás lárnach nó ag an údarás breithiúnach inniúil lena bhforghníomhú, nó ag an údarás breithiúnach sa Stát forghníomhaitheach nach bhfuil dlínse aige ordú calctha a aithint nó a fhorghníomhú ach a tharchuireann an t-ordú calctha *ex officio* chuig an údarás breithiúnach inniúil lena fhorghníomhú;
- (d) beidh feidhm ag Cinneadh Réime 2005/214/CGB ón gComhairle³ maidir le cinntí a bheidh faighte roimh dheireadh na hidirthréimhse ag an údarás lárnach nó ag an údarás inniúil sa Stát forghníomhaitheach nó ag údarás de chuid an Stáit forghníomhaithigh nach bhfuil dlínse aige cinneadh a aithint nó a fhorghníomhú agus a tharchuireann an cinneadh *ex officio* chuig an údarás inniúil lena fhorghníomhú;

¹ Cinneadh Réime 2002/584/CGB ón gComhairle an 13 Meitheamh 2002 maidir leis an mbarántas ghabhála Eorpach agus na nósanna imeachta um thabhairt suas idir na Ballstáit (IO L 190, 18.7.2002 lch. 1).

² Cinneadh Réime 2003/577/CGB ón gComhairle an 22 Iúil 2003 maidir le horduithe a fhorghníomhú san Aontas Eorpach d'fhonn maoin nó fianaise a chalcadh (IO L 196, 2.8.2003, lch. 45).

³ Cinneadh Réime 2005/214/CGB ón gComhairle an 24 Feabhra 2005 maidir le prionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh a chur i bhfeidhm ar phionóis airgeadais (IO L 76, 22.3.2005, lch. 16).

- (e) beidh feidhm ag Cinneadh Réime 2006/783/CGB ón gComhairle¹ maidir le horduithe coigistíochta a bheidh faighte roimh dheireadh na hidirthréimhse ag an údarás lárnach nó ag an údarás inniúil de chuid an Stáit fhorghníomhaithigh nó ag údarás sa Stát fhorghníomhaitheach nach bhfuil dlínse aige ordú coigistíochta a aithint nó a fhorghníomhú agus a tharchuireann an t-ordú coigistíochta *ex officio* chuig an údarás inniúil lena fhorghníomhú;
- (f) beidh feidhm ag Cinneadh Réime 2008/909/CGB ón gComhairle²:
- (i) maidir le breithiúnais a bheidh faighte roimh dheireadh na hidirthréimhse ag údarás inniúil an Stáit fhorghníomhaithigh nó ag údarás de chuid an Stáit fhorghníomhaithigh nach bhfuil inniúlacht aige breithiúnas a aithint ná a fhorfheidhmiú agus a tharchuireann an breithiúnas *ex officio* chuig an údarás inniúil lena fhorghníomhú;
- (ii) chun críocha Airteagal 4(6) nó Airteagal 5(3) de Chinneadh Réime 2002/584/CGB, i gcás ina bhfuil feidhm ag an gCinneadh Réime sin de bhua phointe (b) den mhír seo.

¹ Cinneadh Réime 2006/783/CGB ón gComhairle an 7 Deireadh Fómhair 2006 maidir le prionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh a chur i bhfeidhm ar orduithe coigistíochta (IO L 328, 24.11.2006, lch. 54).

² Cinneadh Réime 2008/909/CGB ón gComhairle an 27 Samhain 2008 maidir le prionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh a chur i bhfeidhm ar bhreithiúnais in ábhair choiriúla lena bhforchuirtear pianbhreitheanna coimeáda nó bearta a bhaineann le cailleadh saoirse chun iad a fhorfheidhmiú san Aontas Eorpach (IO L 327, 5.12.2008, lch. 27).

- (g) beidh feidhm ag Cinneadh Réime 2008/675/CGB ón gComhairle¹ maidir le himeachtaí coiriúla nua de réir bhrí Airteagal 3 den Chinneadh Réime sin a thionscnaítear roimh dheireadh na hidirthréimhse;
- (h) beidh feidhm ag Cinneadh Réime 2009/315/CGB ón gComhairle² maidir le hiarrataí ar fhaisnéis faoi chiontú a bheidh faighte roimh dheireadh na hidirthréimhse ag an údarás lárnach; mar sin féin, tar éis dheireadh na hidirthréimhse, ní tharchuirfear freagraí ar iarrataí den sórt sin tríd an gCóras Faisnéise Eorpach um Thaifid Choiriúla a bunaíodh de bhun Chinneadh 2009/316/CGB ón gComhairle³;
- (i) beidh feidhm ag Cinneadh Réime 2009/829/CGB ón gComhairle⁴ maidir le bearta maoirseachta a bheidh faighte roimh dheireadh na hidirthréimhse ag an údarás lárnach nó ag an údarás inniúil sa Stát forghníomhaitheach nó ag údarás de cuid an Stáit fhorghníomhaithigh nach bhfuil inniúlacht aige cinneadh a aithint ach a chuireann ar aghaidh é *ex officio* chuig an údarás inniúil lena fhorghníomhú;

¹ Cinneadh Réime 2008/675/CGB ón gComhairle an 24 Iúil 2008 maidir le ciontuithe i mBallstáit an Aontais Eorpaigh a chur san áireamh le linn imeachtaí coiriúla nua (IO L 220, 15.8.2008, lch. 32).

² Cinneadh Réime 2009/315/CGB ón gComhairle an 26 Feabhra 2009 maidir le heagrú agus le hábhar an mhalartaithe faisnéise a bhaintear as an taifead coiriúil idir na Ballstáit (IO L 93, 7.4.2009, lch. 23).

³ Cinneadh 2009/316/CGB ón gComhairle an 6 Aibreán 2009 maidir le bunú an Chórais Faisnéise Eorpaigh um Thaifid Choiriúla (ECRIS) agus Airteagal 11 de Chinneadh Réime 2009/315/CGB á chur i bhfeidhm (IO L 93, 7.4.2009, lch. 33).

⁴ Cinneadh Réime 2009/829/CGB ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2009 maidir le prionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh a chur i bhfeidhm, idir Ballstáit an Aontais Eorpaigh, ar chinntí faoi bhearta maoirseachta mar rogha mhalartach ar choinneáil shealadach (OI L 294, 11.11.2009, lch. 20).

- (j) beidh feidhm ag Airteagal 10(3) de Threoir 2011/93/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹ maidir le hiarrataí ar fhaisnéis a fuair an t-údarás lárnach roimh dheireadh na hidirthréimhse; mar sin féin, tar éis dheireadh na hidirthréimhse, ní tharchuirfear freagraí ar iarrataí den sórt sin tríd an gCóras Faisnéise Eorpach um Thaifid Choiriúla a bunaíodh de bhun Chinneadh 2009/316/CGB;
- (k) beidh feidhm ag Treoir 2011/99/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle² maidir le horduithe cosanta Eorpacha a bheidh faighte roimh dheireadh na hidirthréimhse ag údarás lárnach nó ag údarás inniúil an Stáit fhorghníomhaithigh nó ag údarás de cuid an Stáit fhorghníomhaithigh nach bhfuil inniúlacht aige ordú cosanta Eorpach a aithint ach a chuireann ar aghaidh é *ex officio* chuig an údarás inniúil lena fhorghníomhú;
- (l) beidh feidhm ag Treoir 2014/41/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle³ maidir le hOrduithe Imscrúdaithe Eorpacha a bheidh faighte roimh dheireadh na hidirthréimhse ag an údarás lárnach nó ag an údarás forghníomhaitheach nó ag údarás sa Stát forghníomhaitheach nach bhfuil inniúlacht aige Ordú Imscrúdaithe Eorpach a aithint nó a fhorghníomhú agus a chuireann ar aghaidh é *ex officio* chuig an údarás inniúil lena fhorghníomhú;

¹ Treoir 2011/93/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2011 maidir le mí-úsáid ghnéasach agus teacht i dtír gnéasach ar leanaí agus pornagrafaíocht leanaí a chomhrac, agus a chuirtear in ionad Chinneadh Réime 2004/68/CGB ón gComhairle (IO L 335, 17.12.2011, lch 1).

² Treoir 2011/99/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2011 maidir leis an ordú cosanta Eorpach (IO L 338, 21.12.2011, lch. 2).

³ Treoir 2014/41/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Aibreán 2014 maidir leis an Ordú Imscrúdaithe Eorpach a úsáid in imeachtaí in ábhair choiriúla (IO L 130, 1.5.2014, lch. 1).

2. Féadfaidh údarais inniúla na Ríochta Aontaithe leanúint de bheith rannpháirteach sna foirne comhpháirteacha um imscrúdú ina raibh siad rannpháirteach roimh dheireadh na hidirthréimhse, i gcás inar bunaíodh na foirne um imscrúdú sin roimh dheireadh na hidirthréimhse i gcomhréir le hAirteagal 13 den Choinbhinsiún ar Chúnamh Frithpháirteach in Ábhair Choiriúla idir Ballstáit an Aontais Eorpaigh, a bhunaigh an Chomhairle i gcomhréir le hAirteagal 34 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, nó i gcomhréir Cinneadh Réime 2002/465/CGB¹.

De mhaolú ar Airteagal 8 den Chomhaontú seo, beidh an Ríocht Aontaithe i dteideal an Feidhmchlár Líonra um Malartú Slán Faisnéise (SIENA) a úsáid, ar feadh tréimhse nach faide ná bliain amháin tar éis dheireadh na hidirthréimhse, a mhéid is gá chun faisnéis a mhalartú laistigh de na foirne comhpháirteacha dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo. Na costais iarbhír arna dtabhú ag an Aontas de thoradh úsáid SIENA a éascú don Ríocht Aontaithe, is costais iad a dhéanfaidh an Ríocht Aontaithe a chúiteamh leis an Aontas. Cuirfidh an tAontas méid na gcostas sin in iúl don Ríocht Aontaithe faoin 31 Márta 2021. I gcás ina mbeidh difríocht mhór ann idir an méid a chuirtear in iúl de na costais iarbhír arna dtabhú agus na meastacháin ba chruinne a chuir an tAontas in iúl don Ríocht Aontaithe roimh shíniú an Chomhaontaithe seo, íocfaidh an Ríocht Aontaithe méid na meastachán ba chruinne leis an Aontas gan moill a dhéanamh, agus cinnfidh an Comhchoiste an chaoi a láimhseálfar an difríocht idir na costais iarbhír arna dtabhú agus méid na meastachán ba chruinne.

¹ Cinneadh Réime 2002/465/CGB ón gComhairle an 13 Meitheamh 2002 maidir le foirne comhpháirteacha um imscrúdú (IO L 162, 20.6.2002, lch. 1).

3. Arna iarraidh sin don Ríocht Aontaithe, agus sin faoi réir phointe (a) d'Airteagal 26a(7) agus Airteagal 27 de Chinneadh 2002/187/CGB ón gComhairle¹ a bheith á gcomhlíonadh, féadfaidh Eurojust faisnéis a sholáthar, lena n-áirítear faisnéis phearsanta, óna chóras Bainistithe Cásanna, más gá chun na nósanna imeachta a bheidh ar siúl dá dtagraítear i bpointí (a), (b), (c), (e) agus (l) de mhír 1 den Airteagal seo nó gníomhaíochtaí na bhfoirne comhpháirteacha dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo a thabhairt i gcrích. Féadfaidh údaráis inniúla na Ríochta Aontaithe, arna iarraidh sin orthu, faisnéis atá acu a sholáthar do Eurojust más gá chun na nósanna imeachta a bheidh ar siúl dá dtagraítear i bpointí (a), (b), (c), (e) agus (l) de mhír 1 den Airteagal seo nó gníomhaíochtaí na bhfoirne comhpháirteacha dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo a thabhairt i gcrích. I gcás ina mbeidh costais de chineál urghnách ann mar gheall ar chur i bhfeidhm na míre seo, cinnfidh an Comhchoiste an chaoi a dtabharfar aghaidh ar chostais den sórt sin.

¹ Cinneadh 2002/187/CGB ón gComhairle an 28 Feabhra 2002 lenar bunaíodh Eurojust d'fhonn an comhrac in aghaidh na coireachta tromchúisí a athneartú (IO L 63, 6.3.2002, lch. 1).

AIRTEAGAL 63

Imeachtaí comhair i bhforfheidhmiú an dlí,
comhar póilíneachta agus malartú faisnéise atá ar siúl

1. Sa Ríocht Aontaithe agus sna Ballstáit i gcásanna a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe, beidh feidhm mar a leanas ag na gníomhartha seo a leanas:

(a) Airteagal 39 agus Airteagal 40 den Choinbhinsiún lena ndéantar Comhaontú Schengen an 14 Meitheamh 1985 a chur chun feidhme (“Coinbhinsiún Cur Chun Feidhme Schengen”)¹, i gcomhar le hAirteagal 42 agus le hAirteagal 43 de, beidh feidhm acu maidir leis an méid seo a leanas:

(i) iarrataí i gcomhréir le hAirteagal 39 de Choinbhinsiún Cur Chun Feidhme Schengen a bheidh faighte roimh dheireadh na hidirthréimhse ag an gcomhlacht lárnach sa Pháirtí Conarthach atá freagrach as comhar idirnáisiúnta póilíneachta nó ag na húdaráis inniúla de chuid an Pháirtí iarrtha nó ag na húdaráis phóilíneachta iarrtha nach bhfuil an chumhacht acu déileáil leis an iarraidh agus a chuireann an iarraidh ar aghaidh chuig na húdaráis inniúla;

¹ an Coinbhinsiún lena ndéantar Comhaontú Schengen an 14 Meitheamh 1985 idir Rialtais Stáit Aontas Eacnamaíoch Benelux, Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine agus Phoblacht na Fraince maidir le seiceálacha ag a gcomhtheorainneacha a dhíothú de réir a chéile a chur chun feidhme (IO L 239, 22.9.2000, lch. 19).

- (ii) iarrataí ar chúnamh i gcomhréir le hAirteagal 40(1) de Choinbhinsiún Cur Chun Feidhme Schengen a bheidh faighte roimh dheireadh na hidirthréimhse ag údarás atá ainmnithe ag Páirtí Conarthach;
 - (iii) faireachas trasteorann a dhéantar gan réamhúdarú, i gcomhréir le hAirteagal 40(2) de Choinbhinsiún Cur Chun Feidhme Schengen i gcás inar thosaigh an faireachas sin roimh dheireadh na hidirthréimhse;
- (b) an Coinbhinsiún um chúnamh agus comhar frithpháirteach idir riaracháin chustaim¹, a tarraingíodh suas ar bhonn Airteagal K.3 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, beidh feidhm aige maidir leis an méid seo a leanas:
- (i) iarrataí ar fhaisnéis a bheidh faighte ag an údarás iarrtha roimh dheireadh na hidirthréimhse;
 - (ii) iarrataí ar fhaireachas a bheidh faighte ag an údarás iarrtha roimh dheireadh na hidirthréimhse;
 - (iii) iarrataí ar fhiosrúcháin a bheidh faighte ag an údarás iarrtha roimh dheireadh na hidirthréimhse;
 - (iv) iarrataí ar fhógra a bheidh faighte ag an údarás iarrtha roimh dheireadh na hidirthréimhse;

¹ IO C 24, 23.1.1998, lch. 2.

- (v) iarrataí ar fhaireachas trasteorann a údarú nó ar bhreathnóireacht a chur de chúram ar oifigigh an Bhallstáit ar ar a chríoch a dhéantar an bhreathnóireacht, a bheidh faighte roimh dheireadh na hidirthréimhse ag údarás atá ainmnithe ag Ballstát iarrtha a bhfuil an chumhacht aige an t-údarú iarrtha a dheonú nó an iarraidh a chur ar aghaidh;
 - (vi) faireachas trasteorann a dhéantar gan réamhúdarú, i gcomhréir le hAirteagal 40(2) de Choinbhinsiún Cur Chun Feidhme Schengen i gcás inar thosaigh an faireachas sin roimh dheireadh na hidirthréimhse;
 - (vii) iarrataí ar sheachadadh rialaithe a bheidh faighte ag an údarás iarrtha roimh dheireadh na hidirthréimhse;
 - (viii) iarrataí ar imscrúduithe folaitheacha a údarú a bheidh faighte ag an údarás iarrtha roimh dheireadh na hidirthréimhse;
 - (ix) foirne comhpháirteacha um imscrúdú a bhunaítear de bhun Airteagal 24 den Choinbhinsiún sin, roimh dheireadh na hidirthréimhse;
- (c) Cinneadh 2000/642/CGB ón gComhairle¹, beidh feidhm aige maidir le hiarrataí a bheidh faighte roimh dheireadh na hidirthréimhse ag an Aonad um Fhaisnéis Airgeadais iarrtha;

¹ Cinneadh 2000/642/CGB ón gComhairle an 17 Deireadh Fómhair 2000 maidir le socruithe le haghaidh comhar idir aonaid um fhaisnéis airgeadais na mBallstát i dtaca le faisnéis a mhalartú (IO L 271, 24.10.2000, lch. 4).

- (d) Cinneadh Réime 2006/960/CGB ón gComhairle¹, beidh feidhm aige maidir le hiarrataí a bheidh faighte roimh dheireadh na hidirthréimhse ag an údarás forfheidhmithe dlí inniúil iarrtha;
- (e) Cinneadh 2007/533/CGB ón gComhairle², beidh feidhm aige maidir leis an malartú faisnéise forlíontaí i gcás ina mbeidh, roimh dheireadh na hidirthréimhse, amas ar fholáireamh arna eisiúint i gCóras Faisnéise Schengen, ar choinníoll go mbeidh feidhm ag a chuid forálacha maidir leis an Ríocht Aontaithe ar an lá deireanach den idirthréimhse. De mhaolú ar Airteagal 8 den Chomhaontú seo, beidh an Ríocht Aontaithe i dteideal an Bonneagar Cumarsáide dá dtagraítear in Airteagal 8(1) de Chinneadh 2007/533/CGB a úsáid, ar feadh tréimhse nach faide ná 3 mhí ag deireadh na hidirthréimhse agus a mhéid is gá sin chun críocha faisnéis fhorlíontach den sórt sin a mhalartú. Maidir leis na costais iarbhir arna dtabhú ag an Aontas de thoradh úsáid an Bhonneagair Cumarsáide a éascú don Ríocht Aontaithe, is costais iad a dhéanfaidh an Ríocht Aontaithe a chúiteamh leis an Aontas. Cuirfidh an tAontas méid na gcostas sin in iúl don Ríocht Aontaithe faoin 31 Márta 2021. I gcás ina mbeidh difríocht mhór ann idir an méid a chuirtear in iúl de na costais iarbhir arna dtabhú agus na meastacháin ba chruinne a chuir an tAontas in iúl don Ríocht Aontaithe roimh shíniú an Chomhaontaithe seo, íocfaidh an Ríocht Aontaithe méid na meastachán ba chruinne leis an Aontas gan moill a dhéanamh, agus cinnfidh an Comhchoiste an chaoi a láimhseálfar an difríocht idir na costais iarbhir arna dtabhú agus méid na meastachán ba chruinne.

¹ Cinneadh Réime 2006/960/CGB ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 maidir le malartú eolais agus faisnéise idir údarais forghníomhaithe dlí Bhallstáit an Aontais Eorpaigh a shimpliú (IO L 386, 29.12.2006, lch. 89).

² Cinneadh 2007/533/CGB ón gComhairle an 12 Meitheamh 2007 maidir leis an dara glúin de Chóras Faisnéise Schengen (SIS II) a bhunú, a oibriú agus a úsáid (IO L 205, 7.8.2007, lch. 63).

- (f) Cinneadh 2007/845/CGB ón gComhairle¹, beidh feidhm aige maidir le hiarrataí a bheidh faighte roimh dheireadh na hidirthréimhse ag Oifig um Aisghabháil Sócmhainní;
- (g) Treoir (AE) 2016/681 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle², beidh feidhm aici maidir le hiarrataí a bheidh faighte roimh dheireadh na hidirthréimhse ag an aonad faisnéise faoi phaisinéirí i gcomhréir le hAirteagal 9 agus Airteagal 10 den Treoir sin.

2. De mhaolú ar Airteagal 8, beidh an Ríocht Aontaithe i dteideal an Feidhmchlár Líonra um Malartú Slán Faisnéise (SIENA) a úsáid, ar feadh tréimhse nach faide ná bliain amháin tar éis dheireadh na hidirthréimhse a mhéid is gá sin chun na nósanna imeachta a bheidh ar siúl dá dtagraítear i bpointí (c), (d), (f) agus (g) de mhír 1 den Airteagal seo a thabhairt i gcrích. Na costais iarbhír arna dtabhú ag an Aontas de thoradh úsáid SIENA a éascú don Ríocht Aontaithe, is costais iad a dhéanfaidh an Ríocht Aontaithe a chúiteamh leis an Aontas. Cuirfidh an tAontas méid na gcostas sin in iúl don Ríocht Aontaithe faoin 31 Márta 2021. I gcás ina mbeidh difríocht mhór ann idir an méid a chuirtear in iúl de na costais iarbhír arna dtabhú agus na meastacháin ba chruinne a chuir an tAontas in iúl don Ríocht Aontaithe roimh shíniú an Chomhaontaithe seo, íocfaidh an Ríocht Aontaithe méid na meastachán ba chruinne leis an Aontas gan moill a dhéanamh, agus cinnfidh an Comhchoiste an chaoi a láimhseálfar an difríocht idir na costais iarbhír arna dtabhú agus méid na meastachán ba chruinne.

¹ Cinneadh 2007/845/CGB an 6 Nollaig 2007 maidir le comhar idir Oifigí um Aisghabháil Sócmhainní na mBallstát sa réimse a bhaineann le fáltais ó choireacht, nó maoin eile a bhaineann le coireacht, a rianú agus a shainaithint (IO L 332, 18.12.2007, lch. 103).

² Treoir (AE) 2016/681 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le húsáid sonraí as an Taifead Ainmneacha Paisinéirí (PNR) chun cionta sceimhlitheoireachta agus coireacht thromchúiseach a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh (IO L 119, 4.5.2016, lch. 132).

AIRTEAGAL 64

Dearbhú fála nó gabhála

1. Féadfaidh an t-údarás inniúil eisiúna nó iarrthach a iarraidh go n-admhófar go bhfuarthas cinneadh nó iarraidh bhreithiúnach dá dtagraítear i bpointí (a), (c) go (e), (f)(i) agus (h) go (l) d'Airteagal 62(1) agus pointí (a)(i) agus (ii), pointí (b)(i) go (v) agus (vii), (viii) agus (ix), agus pointí (c), (d), (f) agus (g) d'Airteagal 63(1) laistigh de 10 lá tar éis dheireadh na hidirthréimhse i gcás ina mbeidh amhras air an bhfuair an t-údarás forghníomhaitheach nó iarrtha an cinneadh nó an iarraidh bhreithiúnach sin roimh dheireadh na hidirthréimhse.
2. Sna cásanna dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 62(1), i gcás ina mbeidh amhras ar an údarás inniúil eisiúna ar gabhadh an duine iarrtha de bhun Airteagal 11 de Chinneadh Réime 2002/584/CGB roimh dheireadh na hidirthréimhse, féadfaidh sé dearbhú na gabhála a iarraidh ar an údarás inniúil forghníomhaitheach breithiúnach laistigh de 10 lá tar éis dheireadh na hidirthréimhse.

3. Mura soláthrófar dearbhú de bhun na bhforálacha is infheidhme de dhlí an Aontais, tabharfaidh an t-údarás forghníomhaitheach nó iarrtha dá dtagraítear i mír 1 agus mír 2 freagra ar iarraidh ar an dearbhú fála nó gabhála laistigh de 10 lá tar éis dó an iarraidh a fháil.

AIRTEAGAL 65

Gníomhartha eile de chuid an Aontais is infheidhme

Beidh feidhm ag Treoir 2010/64/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹ agus ag Treoir 2012/13/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle² maidir leis na himeachtaí dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 62(1) den Chomhaontú seo.

¹ Treoir 2010/64/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Deireadh Fómhair 2010 maidir leis an gceart chun ateangaireachta agus chun aistriúcháin in imeachtaí coiriúla (IO L 280, 26.10.2010, lch. 1).

² Treoir 2012/13/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir leis an gceart chun faisnéise in imeachtaí coiriúla (IO L 142, 1.6.2012, lch. 1).

TEIDEAL VI

COMHAR BREITHIÚNACH ATÁ AR SIÚL IN ÁBHAIR SHIBHIALTA AGUS THRÁCHTÁLA

AIRTEAGAL 66

An dlí is infheidhme maidir le hoibleagáidí conarthacha agus neamhchonarthacha

Sa Ríocht Aontaithe, beidh feidhm mar a leanas ag na gníomhartha seo a leanas:

- (a) Rialachán (CE) Uimh. 593/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹, beidh feidhm aige maidir le conarthaí a tugadh i gcrích roimh dheireadh na hidirthréimhse;
- (b) Rialachán (CE) Uimh. 864/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle², beidh feidhm aige maidir le teagmhais as a n-éireoidh damáiste, i gcás inar tharla na teagmhais sin roimh dheireadh na hidirthréimhse.

¹ Rialachán (CE) Uimh. 593/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Meitheamh 2008 maidir leis an dlí is infheidhme ar oibleagáidí conarthacha (An Róimh I) (IO L 177, 4.7.2008, lch. 6).

² Rialachán (CE) Uimh. 864/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Iúil 2007 maidir leis an dlí is infheidhme maidir le hoibleagáidí neamhchonarthacha (An Róimh II) (IO L 199, 31.7.2007, lch. 40).

AIRTEAGAL 67

Dlínse, aithint agus forfheidhmiú cinntí breithiúnacha,
agus comhar ábhartha idir údaráis lárnaigh

1. Sa Ríocht Aontaithe agus sna Ballstáit i gcásanna a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe, beidh feidhm ag na gníomhartha nó na forálacha seo a leanas maidir le himeachtaí dlíthiúla a tionscnaíodh roimh dheireadh na hidirthrémhse agus maidir le himeachtaí agus gníomhaíochtaí a bhaineann leis na himeachtaí dlíthiúla sin de bhun Airteagal 29, Airteagal 30 agus Airteagal 31 de Rialachán (AE) Uimh. 1215/2012 ó Parlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹, Airteagal 19 de Rialachán (CE) Uimh. 2201/2003 nó Airteagal 12 agus Airteagal 13 de Rialachán (CE) Uimh. 4/2009 ón gComhairle²:

(a) na forálacha maidir le dlínse i Rialachán (AE) Uimh. 1215/2012;

¹ Rialachán (AE) Uimh. 1215/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2012 maidir le dlínse agus le haithint agus forghníomhú breithiúnas i leith ábhair sibhialta agus thráchtála (IO L 351, 20.12.2012, lch. 1).

² Rialachán (CE) Uimh. 4/2009 ón gComhairle an 18 Nollaig 2008 maidir le dlínse, an dlí is infheidhme, breitheanna a shainaithint agus a fhorfheidhmiú agus comhar in ábhair a bhaineann le hoibleagáidí cothabhála (IO L 7, 10.1.2009, lch. 1).

- (b) na forálacha maidir le dlínse i Rialachán (AE) 2017/1001, Rialachán (CE) Uimh. 6/2002, Rialachán (CE) Uimh. 2100/94, Rialachán (AE) 2016/679 ó Parlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹ agus Treoir 96/71/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle²;
- (c) na forálacha maidir le dlínse i Rialachán (CE) Uimh. 2201/2003;
- (d) na forálacha maidir le dlínse i Rialachán (CE) Uimh. 4/2009.

2. Sa Ríocht Aontaithe agus sna Ballstáit i gcásanna a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe, beidh feidhm mar a leanas ag na gníomhartha agus na forálacha seo a leanas maidir le haithint agus forfheidhmiú breithiúnas, cinntí, ionstraimí barántúla, socraíochtaí cúirte agus comhaontuithe:

- (a) Rialachán (AE) Uimh. 1215/2012, beidh feidhm aige maidir le haithint agus forfheidhmiú breithiúnas a tugadh in imeachtaí dlíthiúla a tionscnaíodh roimh dheireadh na hidirthréimhse, agus maidir le hionstraimí barántúla a dréachtaíodh nó a cláraíodh go foirmiúil agus maidir le socraíochtaí cúirte a fhorpheasfar nó a thabharfar i gcric roimh dheireadh na hidirthréimhse;

¹ Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).

² Treoir 96/71/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 1996 maidir le hoibrithe a phostú faoi chuimsiú seirbhísí a sholáthar (IO L 18, 21.1.1997, lch. 1).

- (b) na forálacha maidir le haithint agus forfheidhmiú i Rialachán (AE) Uimh. 2201/2003, beidh feidhm acu maidir le breithiúnais a tugadh in imeachtaí dlíthiúla a tionscnaíodh roimh dheireadh na hidirthréimhse, agus maidir le doiciméid a dréachtaíodh nó a cláraíodh go foirmiúil mar ionstraimí barántúla, agus maidir le comhaontuithe a thabharfar i gcrích roimh dheireadh na hidirthréimhse;
- (c) na forálacha maidir le haithint agus forfheidhmiú i Rialachán (AE) Uimh. 4/2009, beidh feidhm acu maidir le cinntí a thabharfar in imeachtaí dlíthiúla a tionscnaíodh roimh dheireadh na hidirthréimhse, agus maidir le socraíochtaí cúirte a formheasadh nó a tugadh i gcrích, agus maidir le hionstraimí barántúla a bunaíodh roimh dheireadh na hidirthréimhse;
- (d) Rialachán (CE) Uimh. 805/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹, beidh feidhm aige maidir le breithiúnais a tabharfar in imeachtaí dlíthiúla a tionscnaíodh roimh dheireadh na hidirthréimhse, agus maidir le socraíochtaí cúirte a formheasadh nó a tugadh i gcrích, agus maidir le hionstraimí barántúla a dhréachtófar roimh dheireadh na hidirthréimhse, ar choinníoll go mbeidh an t-iarratas ar dheimhniúchán mar Ordú Forfheidhmiúcháin Eorpach curtha isteach roimh dheireadh na hidirthréimhse.

¹ Rialachán (CE) Uimh. 805/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Aibreán 2004 lena gcruthaítear Ordú Forfheidhmiúcháin Eorpach d'éilimh neamhchospóidithe (IO L 143, 30.4.2004, lch. 15).

3. Sa Ríocht Aontaithe agus sna Ballstáit i gcásanna a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe, beidh feidhm mar a leanas ag na forálacha seo a leanas:

- (a) Caibidil IV de Rialachán (CE) Uimh. 2201/2003, beidh feidhm aici maidir le hiarrataí agus iarratais a fuair an t-údarás lárnach nó údarás inniúil eile de chuid an Stáit iarrtha roimh dheireadh na hidirthréimhse;
- (b) Caibidil VII de Rialachán (CE) Uimh. 4/2009, beidh feidhm aici maidir le hiarratais ar aithint nó ar fhorfheidhmiú dá dtagraítear i bpointe (c) de mhír 2 den Airteagal seo agus maidir le hiarrataí a fuair an t-údarás lárnach an Stáit iarrtha roimh dheireadh na hidirthréimhse;
- (c) Rialachán (AE) 2015/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹, beidh feidhm aige maidir le himeachtaí dócmhainneachta, agus maidir leis na gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 6(1) den Rialachán sin, ar choinníoll gur tionscnaíodh na príomhimeachtaí roimh dheireadh na hidirthréimhse;

¹ Rialachán (AE) 2015/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2015 maidir le himeachtaí dócmhainneachta (IO L 141, 5.6.2015, lch. 19).

- (d) Rialachán (CE) Uimh. 1896/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹, beidh feidhm aige maidir le horduithe íocaíochta Eorpacha a ndearnadh iarratais ina leith roimh dheireadh na hidirthréimhse; i gcás, tar éis iarratas den chineál sin, ina n-aistrefar imeachtaí de réir Airteagal 17(1) den Rialachán sin, measfar gur tionscnaíodh na himeachtaí roimh dheireadh na hidirthréimhse;
- (e) Rialachán (CE) Uimh. 861/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle², beidh feidhm aige maidir le nósanna imeachta um éilimh bheaga a mbeidh na hiarratais ina leith déanta roimh dheireadh na hidirthréimhse;
- (f) Rialachán (AE) Uimh. 606/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle³, beidh feidhm aige maidir le deimhnithe a eisíodh roimh dheireadh na hidirthréimhse.

¹ Rialachán (CE) Uimh. 1896/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2006 lena gcruthaítear ordú Eorpach maidir le nós imeachta íocaíochta (IO L 399, 30.12.2006, lch. 1).

² Rialachán (CE) Uimh. 861/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Iúil 2007 lena mbunaítear Nós Imeachta Eorpach um Éilimh Bheaga (IO L 199, 31.7.2007, lch. 1).

³ Rialachán (AE) Uimh. 606/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Meitheamh 2013 maidir le haitheantas frithpháirteach do bhearta cosanta in ábhair shibhialta (IO L 181, 29.6.2013, lch. 4).

AIRTEAGAL 68

Nósanna imeachta maidir le comhar breithiúnach a bheidh ar siúl

Sa Ríocht Aontaithe agus sna Ballstáit i gcásanna a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe, beidh feidhm mar a leanas ag na gníomhartha seo a leanas:

- (a) Rialachán (CE) Uimh. 1393/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹, beidh feidhm aige maidir le doiciméid bhreithiúnacha agus sheachbhreithiúnacha a fuair ceann acu seo a leanas chun críocha seirbheála roimh dheireadh na hidirthréimhse:
 - (i) gníomhaireacht fála;
 - (ii) comhlacht lárnach de chuid an Stáit ina ndéanfar an tseirbheáil; nó
 - (iii) gníomhairí taidhleoireachta nó consalacha, seirbhísí postála nó oifigigh bhreithiúnacha, oifigigh nó daoine inniúla eile de chuid an Stáit a ndírítear air, dá dtagraítear in Airteagal 13, Airteagal 14 agus Airteagal 15 den Rialachán sin;

¹ Rialachán (CE) Uimh. 1393/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Samhain 2007 maidir le doiciméid bhreithiúnacha agus doiciméid sheachbhreithiúnacha in ábhair shibhialta nó in ábhair tráchtála a sheirbheáil sna Ballstáit ('doiciméid a sheirbheáil'), agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1348/2000 ón gComhairle (IO L 324, 10.12.2007, lch. 79).

- (b) Rialachán (CE) Uimh. 1206/2001 ón gComhairle¹, beidh feidhm aige maidir le hiarrataí a fuair ceann acu seo a leanas roimh dheireadh na hidirthréimhse:
- (i) cúirt iarrtha;
 - (ii) comhlacht lárnach de chuid an Stáit inar iarradh fianaise a ghlacadh; nó
 - (iii) comhlacht lárnach nó údarás inniúil dá dtagraítear in Airteagal 17(1) den Rialachán sin;
- (c) Cinneadh 2001/470/CE ón gComhairle², beidh feidhm aige maidir le hiarrataí a fuarthas roimh dheireadh na hidirthréimhse; féadfaidh an pointe teagmhála iarrthach admháil fála a iarraidh laistigh de sheacht lá ó dheireadh na hidirthréimhse i gcás ina mbeidh amhras air an bhfuarthas an iarraidh roimh dheireadh na hidirthréimhse.

¹ Rialachán (CE) Uimh. 1206/2001 ón gComhairle an 28 Bealtaine 2001 maidir le comhar idir cúirteanna na mBallstát i dtaca le fianaise a ghlacadh in ábhair shibhialta agus thráchtála (IO L 174, 27.6.2001, lch. 1).

² Cinneadh 2001/470/CE ón gComhairle an 28 Bealtaine 2001 lena mbunaítear Gréasán Breithiúnach Eorpach in ábhair shibhialta agus thráchtála (IO L 174, 27.6.2001, lch. 25).

AIRTEAGAL 69

Forálacha eile is infheidhme

1. Sa Ríocht Aontaithe agus sna Ballstáit i gcásanna a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe, beidh feidhm mar a leanas ag na gníomhartha seo a leanas:

- (a) Treoir 2003/8/CE ón gComhairle¹, beidh feidhm aici maidir le hiarratais ar chúnamh dlí a fuair an t-údarás fála roimh dheireadh na hidirthréimhse. Féadfaidh an t-údarás iarrthach admháil fála a iarraidh laistigh de sheacht lá ó dheireadh na hidirthréimhse i gcás ina mbeidh amhras air an bhfuarthas an iarraidh roimh an dáta sin;
- (b) Treoir 2008/52/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle², beidh feidhm aici sna cásanna seo a leanas, más rud é go dtarlaíonn siad roimh dheireadh na hidirthréimhse:
 - (i) i gcás ina gcomhaontóidh na páirtithe ar leas a bhaint as idirghabháil tar éis don díospóid teacht chun cinn;

¹ Treoir 2003/8/CE ón gComhairle an 27 Eanáir 2003 maidir leis an rochtain ar an gceartas i ndíospóidí trasteorann a fheabhsú trí rialacha coiteanna íosta a leagan síos a bhaineann le cúnamh dlíthiúil a chur ar fáil do na díospóidí sin (IO L 26, 31.1.2003, lch. 41).

² Treoir 2008/52/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Bealtaine 2008 maidir le gnéithe áirithe den idirghabháil in ábhair shibhialta agus thráchtála (IO L 136, 24.5.2008, lch. 3).

- (ii) i gcás ina mbeidh idirghabháil ordaithe ag an gcúirt; nó
 - (iii) i gcás ina mbeidh cuireadh tugtha ag an gcúirt do na páirtithe leas a bhaint as idirghabháil;
- (c) Treoir 2004/80/CE ón gComhairle¹, beidh feidhm aici maidir le hiarratais a fuair an t-údarás breithiúnach roimh dheireadh na hidirthréimhse.
2. Pointe (a) de mhír 1, pointe (a) de mhír 2 agus pointe (a) de mhír 3 d'Airteagal 67 den Chomhaontú seo, beidh feidhm acu sin freisin maidir le forálacha Rialachán (AE) Uimh. 1215/2012 de réir mar is infheidhme de bhua an chomhaontaithe idir an Comhphobal Eorpach agus Ríocht na Danmhairge maidir le dlínse agus aithint agus forghníomhú breithiúnas in ábhair shibhialta agus thráchtála².
3. Pointe (a) d'Airteagal 68 den Chomhaontú seo, beidh feidhm aige freisin maidir le forálacha Rialachán (CE) Uimh. 1393/2007 de réir mar is infheidhme de bhua an chomhaontaithe idir an Comhphobal Eorpach agus Ríocht na Danmhairge maidir le doiciméid bhreithiúnacha agus sheachbhreithiúnacha a sheirbheáil in ábhair shibhialta agus thráchtála³.

¹ Treoir 2004/80/CE ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le cúiteamh d'íospartaigh na coireachta (IO L 261, 6.8.2004, lch. 15).

² IO L 299, 16.11.2005, lch. 62.

³ IO L 300, 17.11.2005, lch. 55.

TEIDEAL VII

SONRAÍ AGUS FAISNÉIS A PRÓISEÁLADH NÓ A FUARTHAS ROIMH DHEIREADH NA hIDIRTHRÉIMHSE, NÓ AR BHONN AN CHOMHAONTAITHE SEO

AIRTEAGAL 70

Sainmhíniú

Chun críocha an Teidil seo, ciallaíonn “dlí an Aontais maidir le cosaint sonraí pearsanta”:

- (a) Rialachán (AE) 2016/679, cé is moite de Chaibidil VII de;
- (b) Treoir (AE) 2016/680 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹;

¹ Treoir (AE) 2016/680 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 i ndáil le cosaint daoine nádúrtha maidir le próiseáil sonraí pearsanta ag údaráis inniúla chun cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó a ionchúiseamh nó chun pionóis choiriúla a fhorghníomhú, agus saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Cinneadh Réime 2008/977/CGB ón gComhairle (IO L 119, 4.5.2016, lch. 89).

- (c) Treoir 2002/58/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹;
- (d) agus aon fhorálacha eile de dhlí an Aontais lena rialaítear cosaint sonraí pearsanta.

AIRTEAGAL 71

Sonraí pearsanta a chosaint

1. Beidh feidhm ag dlí an Aontais maidir le cosaint sonraí pearsanta sa Ríocht Aontaithe i dtaca le sonraí pearsanta ábhar sonraí lasmuigh den Ríocht Aontaithe a phróiseáil, ar choinníoll:
 - (a) gur próiseáladh na sonraí pearsanta faoi dhlí an Aontais sa Ríocht Aontaithe roimh dheireadh na hidirthréimhse; nó
 - (b) go bpróiseálfar na sonraí pearsanta sa Ríocht Aontaithe tar éis dheireadh na hidirthréimhse ar bhonn an Chomhaontaithe seo.

¹ Treoir 2002/58/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Iúil 2002 maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le cosaint príobháideachais san earnáil cumarsáide leictreonaí (Treoir um príobháideachas agus cumarsáid leictreonach) (IO L 201, 31.7.2002, lch. 37).

2. Ní bheidh feidhm ag mír 1 a mhéid atá próiseáil na sonraí pearsanta dá dtagraítear inti faoi réir leibhéal leordhóthanach cosanta mar a bhunaítear i gcinntí is infheidhme i gcomhréir le hAirteagal 45(3) de Rialachán (AE) 2016/679 nó Airteagal 36(3) de Threoir (AE) 2016/680.

3. A mhéid nach mbeidh feidhm níos mó ag cinneadh dá dtagraítear i mír 2, áiritheoidh an Ríocht Aontaithe leibhéal cosanta do shonraí pearsanta arb ionann é go bunúsach agus an leibhéal cosanta do shonraí pearsanta atá ann faoi dhlí an Aontais i dtaca le sonraí pearsanta ábhar sonraí a phróiseáil dá dtagraítear i mír 1.

AIRTEAGAL 72

Cóireáil rúnda agus úsáid shrianta sonraí agus faisnéise sa Ríocht Aontaithe

Na forálacha i ndlí an Aontais i dtaca le cóireáil rúnda, srian ar úsáid, teorainn stórála agus an ceanglas sonraí a scriosadh, beidh feidhm acu, gan dochar d'Airteagal 71 agus sa bhreis ar dhlí an Aontais maidir le cosaint sonraí pearsanta, maidir le sonraí agus faisnéis a bheidh faighte ag údaráis nó ag comhlachtaí oifigiúla de chuid na Ríochta Aontaithe nó istigh inti nó eintitis chonartha, mar a shainmhínítear in Airteagal 4 de Threoir 2014/25/SE ó Parlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹, ar de chuid na Ríochta Aontaithe iad nó atá sa Ríocht Aontaithe:

(a) roimh dheireadh na hidirthréimhse; nó

¹ Treoir 2014/25/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar a dhéanann eintitis a oibríonn in earnálacha an uisce, an fhuinnimh, an iompair agus na seirbhísí poist agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/17/CE, IO L 94, 28.3.2014, lch. 243.

(b) ar bhonn an Chomhaontaithe seo.

AIRTEAGAL 73

Cóireáil sonraí agus faisnéise a fhaightear ón Ríocht Aontaithe

Ní chaithfidh an tAontas le sonraí ná le faisnéis a fhaightear ón Ríocht Aontaithe roimh dheireadh na hidirthréimhse, nó a fhaightear tar éis dheireadh na hidirthréimhse ar bhonn an Chomhaontaithe seo, ar bhealach éagsúil leis na sonraí agus an fhaisnéis a fhaightear ó Bhallstát, gan d'fhoras leis acu gur tharraing an Ríocht Aontaithe siar as an Aontas.

AIRTEAGAL 74

Slándáil faisnéise

1. Na forálacha i ndlí an Aontais i dtaca le faisnéis rúnaicmithe an Aontais agus faisnéis rúnaicmithe Euratom a chosaint, beidh feidhm acu maidir leis an bhfaisnéis rúnaicmithe a gheobhaidh an Ríocht Aontaithe nó a gheobhaidh an tAontas nó Ballstát ón Ríocht Aontaithe roimh dheireadh na hidirthréimhse nó ar bhonn an Chomhaontaithe seo nó a gheobhaidh an tAontas nó Ballstát ón Ríocht Aontaithe roimh dheireadh na hidirthréimhse nó ar bhonn an Chomhaontaithe seo.
2. Na hoibleagáidí a eascraíonn ó dhlí an Aontais i dtaca le slándáil thionsclaíoch, beidh feidhm acu maidir leis an Ríocht Aontaithe i gcásanna inar seoladh an nós imeachta tairisceana, an nós imeachta conarthach nó an nós imeachta um dhámhachtain deontas le haghaidh an chonartha rúnaicmithe, an fhochonartha rúnaicmithe nó an chomhaontaithe deontas rúnaicmithe roimh dheireadh na hidirthréimhse.
3. Áiritheoidh an Ríocht Aontaithe nach n-aistreofar chuig tríú tír táirgí cripteagrafacha a úsáideann algartaim chripteagrafacha rúnaicmithe a forbraíodh faoi rialú Údarás um Fhormheas Cripteagrafach de chuid Ballstáit nó de chuid na Ríochta Aontaithe, agus ar mheas agus ar fhormheas an tÚdarás um Fhormheas Cripteagrafach sin iad, atá formheasta ag an Aontas faoi dheireadh na hidirthréimhse agus atá sa Ríocht Aontaithe.
4. Beidh feidhm maidir leis na táirgí sin ag aon cheanglas, aon teorainn agus aon choinníoll a leagtar amach i bhformheas an Aontais ar tháirgí cripteagrafacha.

TEIDEAL VIII

NÓSANNA IMEACHTA SOLÁTHAIR PHOIBLÍ AGUS NÓSANNA IMEACHTA
COMHCHOSÚLA ATÁ AR SIÚL

AIRTEAGAL 75

Sainmhíniú

Chun críocha an Teidil seo, ciallaíonn “rialacha ábhartha” prionsabail ghinearálta dhlí an Aontais is infheidhme maidir le dámhachtain conarthaí poiblí, Treoracha 2009/81/CE¹, 2014/23/AE², 2014/24/AE³ agus 2014/25/AE⁴ ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 2195/2002⁵ agus Rialachán (CE) Uimh. 1370/2007⁶ ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Airteagal 4 de Rialachán (CEE) Uimh. 3577/92 ón gComhairle⁷, Airteagal 11 agus Airteagal 12 de Threoir 96/67/CE ón gComhairle⁸, Airteagal 16, Airteagal 17 agus Airteagal 18 de Rialachán (CE) 1008/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁹, Airteagal 6 agus Airteagal 7 de Rialachán (AE) 2017/352 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹⁰, agus aon fhorálacha sonracha eile i ndlí an Aontais lena rialaítear nósanna imeachta um sholáthar poiblí.

-
- ¹ Treoir 2009/81/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir leis na nósanna imeachta um dhámhachtain conarthaí áirithe oibreacha, conarthaí soláthair agus conarthaí seirbhíse ag údarais chonartha nó ag eintitis i réimsí na cosanta agus na slándála a chomhordú, agus lena leasaítear Treoir 2004/17/CE agus Treoir 2004/18/CE (IO L 216, 20.8.2009, lch. 76).
- ² Treoir 2014/23/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le conarthaí lamhátais a dhámhachtain (IO L 94, 28.3.2014, lch. 1).
- ³ Treoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar poiblí agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/18/CE (IO L 94, 28.3.2014, lch. 65).
- ⁴ Treoir 2014/25/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar a dhéanann eintitis a oibríonn in earnálacha an uisce, an fhuinnimh, an iompair agus na seirbhísí poist agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/17/CE (IO L 94, 28.3.2014, lch. 243).
- ⁵ Rialachán (CE) Uimh. 2195/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Samhain 2002 maidir le Stór Focal Comhchoiteann um Sholáthar (CPV) (IO L 340, 16.12.2002, lch. 1).
- ⁶ Rialachán (AE) Uimh. 1370/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2007 maidir le seirbhísí iompair phoiblí do phaisinéirí d'iarnród agus de bhóthar agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 1191/69 agus Rialachán (CEE) Uimh. 1107/70 (IO L 315, 3.12.2007, lch. 1).
- ⁷ Rialachán (CEE) Uimh. 3577/92 ón gComhairle an 7 Nollaig 1992 lena ndéantar prionsabal na saoirse chun seirbhísí a sholáthar a chur i bhfeidhm ar iompar muirí laistigh de na Ballstáit (cabatáiste muirí) (IO L 364, 12.12.1992, lch. 7).
- ⁸ Treoir 96/67/CE ón gComhairle an 15 Deireadh Fómhair 1996 maidir le rochtain ar an margadh láimhsithe ar talamh ag aerfoirt Chomhphobail (IO L 272, 25.10.1996, lch. 36).
- ⁹ Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meán Fómhair 2008 maidir le rialacha comhchoiteanna le haghaidh oibriú aersheirbhísí sa Chomhphobal (IO L 293, 31.10.2008, lch. 3).
- ¹⁰ Rialachán (AE) 2017/352 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Feabhra 2017 lena mbunaítear creat maidir le seirbhísí calafoirt a sholáthar agus rialacha comhchoiteanna maidir le trédhearcacht airgeadais na gcalafoirt (IO L 57, 3.3.2017, lch. 1).

AIRTEAGAL 76

Rialacha is infheidhme maidir le nósanna imeachta leanúnacha

1. Beidh feidhm ag na rialacha ábhartha:
 - (a) gan dochar do phointe (b), maidir le nósanna imeachta arna seoladh ag údaráis chonarhacha nó eintitis chonarhacha ó na Ballstáit nó ón Ríocht Aontaithe faoi na rialacha sin roimh dheireadh na hidirthréimhse agus nach bhfuil críochnaithe fós ar lá deiridh na hidirthréimhse, lena n-áirítear nósanna imeachta a úsáideann córais dhinimiciúla ceannaigh chomh maith le nósanna imeachta a bhfuil an glao ar iomaíocht i bhfoirm fógra réamhfhaisnéise nó fógra táscach tréimhsiúil nó fógra maidir le córas cáilíochta; agus
 - (b) maidir leis na nósanna imeachta dá dtagraítear in Airteagal 29(2), (3) agus (4) de Threoir 2009/81/CE, Airteagal 33(2) go (5) de Threoir 2014/24/CE agus Airteagal 51(2) de Threoir 2014/25/CE a bhaineann le feidhmiú na gcreat-chomhaontuithe a leanas arna dtabhairt i gcrích ag údaráis chonarhacha nó eintitis chonarhacha ó na Ballstáit nó ón Ríocht Aontaithe, lena n-áirítear dámhachtain conarthaí bunaithe ar na creat-chomhaontuithe sin:
 - (i) creat-chomhaontuithe arna dtabhairt i gcrích roimh dheireadh na hidirthréimhse agus nach ndeachaigh in éag ná nár foirceannadh ar lá deiridh na hidirthréimhse; nó

- (ii) creat-chomhaontuithe arna dtabhairt i gcrích tar éis dheireadh na hidirthréimhse i gcomhréir le nós imeachta a thagann faoi phointe (a) den mhír seo.

2. Gan dochar d'aon srian a chur i bhfeidhm i gcomhréir le dlí an Aontais, comhlíonfaidh údaráis chonartha agus eintitis chonartha prionsabal an neamh-idirdhealaithe maidir le tairgeoirí nó, de réir mar is infheidhme, daoine atá i dteideal, ar bhealach eile, iarratais a thíolacadh, ó na Ballstáit agus ón Ríocht Aontaithe maidir leis na nósanna imeachta dá dtagraítear i mír 1.

3. Measfar go bhfuil nós imeachta dá dtagraítear i mír 1 seolta nuair a bheidh glao ar iomaíocht nó aon chuireadh eile iarratais a thíolacadh déanta i gcomhréir leis na rialacha ábhartha. I gcás ina gceadaíonn na rialacha ábhartha nósanna imeachta a úsáid nach gá, dá réir, glao ar iomaíocht nó cuirí eile a úsáid chun iarratais a thíolacadh, measfar gur seoladh an nós imeachta tar éis don údarás conarthach nó don eintiteas conarthach teagmháil a dhéanamh le hoibreoirí eacnamaíocha maidir leis an nós imeachta sonrath.

4. Measfar go bhfuil nós imeachta dá dtagraítear i mír 1 curtha i gcrích:

- (a) tar éis fógra dámhachtana conartha a fhoilsiú i gcomhréir leis na rialacha ábhartha nó, i gcás nach n-éilíonn na rialacha sin fógra dámhachtana conartha a fhoilsiú, tar éis an conradh iomchuí a thabhairt i gcrích; nó

(b) tar éis a chur in iúl do thairgeoirí nó do dhaoine eile atá i dteideal iarratais a thíolacadh, de réir mar a bheidh, maidir leis na fáthanna nach ndearnadh an Conradh a dhámhachtain, má chinn an t-údarás conarthach nó an t-eintiteas conarthach gan Conradh a dhámhachtain.

5. Ní dhéanfaidh an tAirteagal seo difear do rialacha an Aontais nó don Ríocht Aontaithe maidir le custam, gluaiseacht earraí, seirbhísí a sholáthar, cáilíochtaí gairmiúla nó maoin intleachtúil a aithint.

AIRTEAGAL 77

Nósanna imeachta athbhreithnithe

Beidh feidhm ag Treoir 89/665/CEE¹ agus Treoir 92/13/CEE² ón gComhairle maidir leis na nósanna imeachta um sholáthar poiblí dá dtagraítear in Airteagal 76 den Chomhaontú seo a thagann faoi raon feidhme na dTreacha sin.

¹ Treoir 89/665/CEE ón gComhairle an 21 Nollaig 1989 maidir le comhordú na ndlíthe, na rialachán agus na bhforálacha riaracháin a bhaineann le cur i bhfeidhm nósanna imeachta athbhreithnithe chun conarthaí soláthair phoiblí agus oibreacha poiblí a dhámhachtain (IO L 395, 30.12.1989, lch. 33).

² Treoir 92/13/CEE ón gComhairle an 25 Feabhra 1992 lena gcomhordaítear na dlíthe, na rialacháin agus na forálacha riaracháin a bhaineann le rialacha an Chomhphobail a chur i bhfeidhm maidir le nósanna imeachta soláthair eintiteas a oibríonn in earnálacha an uisce, an fhuinnimh, an iompair agus na teileachumarsáide (IO L 76, 23.3.1992, lch. 14).

AIRTEAGAL 78

Comhar

De mhaolú ar Airteagal 8 den Chomhaontú seo, beidh feidhm ag Airteagal 61(2) de Threoir 2014/24/AE ar feadh tréimhse nach faide ná naoi mí ó dheireadh na hidirthréimhse i leith na nósanna imeachta faoin Treoir sin a sheol údaráis chonarthaacha ón Ríocht Aontaithe roimh dheireadh na hidirthréimhse agus nár tugadh chun críche fós ar an lá deiridh den idirthréimhse.

TEIDEAL IX

SAINCHEISTEANNA A BHAINNEANN LE EURATOM

AIRTEAGAL 79

Sainmhínithe

Chun críocha an Teidil seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe a leanas:

- (a) ciallaíonn “an Comhphobal” an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach;
- (b) ciallaíonn “coimircí” gníomhaíochtaí chun a fhíorú nach ndéantar ábhar agus trealamh núicléach a atreorú ón úsáid atá beartaithe dóibh mar a dhearbhaigh na húsáideoirí agus na gníomhaíochtaí chun a fhíorú go ndéantar oibleagáidí idirnáisiúnta dlíthiúla chun ábhar agus trealamh núicléach a úsáid chun críocha síochánta a urramú;
- (c) ciallaíonn “ábhair inscoilte speisialta” ábhair inscoilte speisialta mar a shainmhínítear i bpointe (1) d’Airteagal 197 de Chonradh Euratom;
- (d) ciallaíonn “mianaigh” mianaigh mar a shainmhínítear i bpointe (4) d’Airteagal 197 de Chonradh Euratom;

- (e) ciallaíonn “bunábhair” bunábhair mar a shainmhínítear i bpointe (3) d’Airteagal 197 de Chonradh Euratom;
- (f) ciallaíonn “ábhar núicléach” mianaigh, bunábhair agus ábhair inscailte speisialta;
- (g) ciallaíonn “breosla spionta” agus “dramhaíl radaighníomhach” breosla spionta agus dramhaíl radaighníomhach mar a shainmhínítear i bpointe (7) agus pointe (11) d’Airteagal 3 de Threoir 2011/70/Euratom ón gComhairle¹.

AIRTEAGAL 80

Deireadh le freagracht an Chomhphobail maidir le hábhair a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe

1. Beidh an fhreagracht iomlán ar an Ríocht Aontaithe as a áirithiú go ndéanfar na mianaigh, na bunábhair agus na hábhair inscailte speisialta ar fad atá cumhdaithe le Conradh Euratom agus atá i láthair ar chríoch na Ríochta Aontaithe ag deireadh na hidirthréimhse a láimhseáil i gcomhréir leis na conarthaí agus na coinbhinsiúin idirnáisiúnta ábhartha is infheidhme, lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta dóibh, conarthaí agus coinbhinsiúin idirnáisiúnta maidir le sábháilteacht núicléach, coimirce, neamhleathadh agus cosaint fhisiciúil ábhar núicléach, agus conarthaí agus coinbhinsiúin idirnáisiúnta maidir le sábháilteacht i mbainistiú breosla spionta agus i mbainistiú dramhaíola radaighníomhaí.

¹ Treoir 2011/70/Euratom ón gComhairle an 19 Iúil 2011 lena mbunaítear creat Comhphobail maidir le bainistiú freagrach agus sábháilte ar bhreosla spionta agus ar dhramhaíl radaighníomhach (IO L 199, 2.8.2011, lch. 48).

2. Beidh an Ríocht Aontaithe freagrach go hiomlán as a áirithiú go gcomhlíonfaidh sí na hoibleagáidí idirnáisiúnta a eascraíonn mar thoradh ar bheith ina comhalta den Ghníomhaireacht Idirnáisiúnta do Fhuinneamh Adamhach nó de dhroim an Chonartha maidir le Neamhleathadh Arm Núicléach nó aon chonarthaí nó coinbhinsiúin idirnáisiúnta ábhartha eile ina bhfuil an Ríocht Aontaithe rannpháirteach.

AIRTEAGAL 81

Coimircí

Cuirfidh an Ríocht Aontaithe córas coimircí i bhfeidhm. Cuirfidh an réimeas coimircí sin córas i bhfeidhm a thairgeann éifeachtúlacht agus cumhdach comhionann mar a sholáthraíonn an Comhphobal i gcríoch na Ríochta Aontaithe i gcomhréir leis an gComhaontú idir Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus an Ghníomhaireacht Idirnáisiúnta do Fhuinneamh Adamhach maidir le cur chun feidhme coimircí i Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann maidir leis an gConradh ar Neamhleathadh Arm Núicléach [INFCIRC/263], arna leasú.

AIRTEAGAL 82

Oibleagáidí sonracha faoi chomhaontuithe idirnáisiúnta

Áiritheoidh an Ríocht Aontaithe go gcomhlíonfar aon oibleagáidí sonracha faoi chomhaontuithe arna dtabhairt i gcrích ag an gComhphobal le tríú tíortha nó le heagraíochtaí idirnáisiúnta maidir le haon trealamh núicléach, aon ábhar núicléach, nó aon mhíreanna núicléacha eile atá i láthair ar chríoch na Ríochta Aontaithe ag deireadh na hidirthréimhse, nó socruithe iomchuí a shainaitheint ar shlí eile i gcomhaontú leis an tríú tír nó leis an eagraíocht idirnáisiúnta lena mbaineann.

AIRTEAGAL 83

Úinéireacht agus cearta úsáide agus tomhaltais ábhar inscoilte speisialta sa Ríocht Aontaithe

1. Maidir le hábhair inscoilte speisialta ar chríoch na Ríochta Aontaithe a mbeidh feidhm ag Airteagal 86 de Chonradh Euratom ina leith go deireadh na hidirthréimhse, scoirfidh siad de bheith i seilbh an Chomhphobail ag deireadh na hidirthréimhse.
2. Beidh na hábhair inscoilte speisialta dá dtagraítear i mír 1 i seilbh na ndaoine nó na ngnóthas a raibh ceart úsáide agus tomhaltais neamhtheoranta na n-ábhar sin acu ag deireadh na hidirthréimhse i gcomhréir le hAirteagal 87 de Chonradh Euratom.

3. I gcás ina mbeidh ceart úsáide agus tomhaltais ábhar inscailte speisialta dá dtagraítear i mír 2 (“ábhair lena mbaineann”) ag Ballstát, nó ag daoine nó gnóthais atá bunaithe ar chríoch Bhallstáit, chun sláine an bheartais comhsholáthair a bunaíodh faoi Chaibidil 6 de Theideal II de Chonradh Euratom agus den chómhargadh núicléach a bunaíodh faoi Chaibidil 9 den Teideal sin a chosaint, lena n-áirítear maidir le leibhéal na gcoimircí is infheidhme maidir leis na hábhair lena mbaineann, beidh feidhm ag na nithe a leanas:

- (a) ag féachaint d’Airteagal 5 den Chomhaontú seo, beidh an ceart ag an gComhphobal a cheangal go dtaiscfear na hábhair lena mbaineann leis an nGníomhaireacht arna bunú faoi phointe (b) d’Airteagal 52(2) de Chonradh Euratom nó i stórais eile atá á maoirsiú ag an gCoimisiún Eorpach nó ar féidir leis an gCoimisiún Eorpach iad a mhaoirsiú;
- (b) beidh an ceart ag an gComhphobal conarthaí a thabhairt i gcrích a bhaineann le soláthar na n-ábhar lena mbaineann d’aon duine nó d’aon ghnóthas a bunaíodh i gcríoch na Ríochta Aontaithe nó i dtríú tír i gcomhréir le hAirteagal 52(2) de Chonradh Euratom;
- (c) beidh feidhm ag Airteagal 20 de Rialachán (Euratom) Uimh. 302/2005 ón gCoimisiún¹, cé is moite de phointe (b) agus de phointe (c) de mhír 1, maidir leis na hábhair lena mbaineann;

¹ Rialachán (Euratom) Uimh. 302/2005 ón gCoimisiún an 8 Feabhra 2005 maidir le cur i bhfeidhm choimircí Euratom (IO L 54, 28.2.2005, lch. 1).

- (d) is iad údaráis inniúla an Bhallstáit a bhfuil an duine nó an gnóthas a bhfuil an ceart aige na hábhair lena mbaineann a úsáid agus a thomhailt bunaithe ann a údaróidh onnmhairiú na n-earraí lena mbaineann chuig tríú tír i gcomhréir le hAirteagal 9(2) de Rialachán (CE) Uimh. 428/2009 ón gComhairle¹;
- (e) maidir leis na hábhair lena mbaineann, beidh an ceart ag an gComhphobal aon chearta eile a fheidhmiú a eascraíonn, faoi Chonradh Euratom, ó úinéireacht de bhun Airteagal 86 den Chonradh sin.
4. Na Ballstáit, na daoine nó na gnóthais a bhfuil ceart neamhtheoranta úsáide agus tomhaltais ábhar inscailte speisialta atá i láthair ar chríoch na Ríochta Aontaithe acu ag deireadh na hidirthréimhse, coimeádfaidh siad an ceart sin.

¹ Rialachán (CE) Uimh. 428/2009 ón gComhairle an 5 Bealtaine 2009 lena mbunaítear córas Comhphobail chun onnmhairí, aistriú, bróicéireacht agus idirthuras earraí dé-úsáide a rialú (IO L 134, 29.5.2009, lch. 1).

AIRTEAGAL 84

Trealamh agus maoin eile a bhaineann le coimircí a sholáthar

1. Beidh an Ríocht Aontaithe ina húinéir ar threalamh an Chomhphobail agus maoin eile a bhaineann le coimircí a sholáthar faoi Chonradh Euratom atá suite sa Ríocht Aontaithe ag deireadh na hidirthréimhse, mar a leagtar amach in Iarscríbhinn V. Déanfaidh an Ríocht Aontaithe luach an trealamh sin agus na maoin eile a aisíoc leis an Aontas, agus beidh a ríomh bunaithe ar an luach a shanntar don trealamh sin agus do mhaoin eile sna cuntais chomhdhlúite don bhliain 2020.
2. Glacfaidh an Ríocht Aontaithe gach ceann de chearta, dliteanais agus oibleagáidí an Chomhphobail a bhaineann leis an trealamh agus leis an maoin eile dá dtagraítear i mír 1.

AIRTEAGAL 85

Breosla spíonta agus dramhaíl radaighníomhach

Beidh feidhm ag Airteagal 4(1) agus (2) agus an chéad fhomhír d'Airteagal 4(4) de Threoir 2011/70/Euratom maidir le freagracht deiridh na Ríochta Aontaithe as breosla spíonta agus dramhaíl radaighníomhach a gineadh sa Ríocht Aontaithe agus atá i láthair ar chríoch Bhallstáit ag deireadh na hidirthréimhse.

TEIDEAL X

NÓSANNA IMEACHTA BREITHIÚNACHA AGUS RIARACHÁIN AN AONTAIS

CAIBIDIL 1

NÓSANNA IMEACHTA BREITHIÚNACHA

AIRTEAGAL 86

Cásanna os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh atá ar feitheamh

1. Beidh dlínse fós ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh in aon imeachtaí arna dtionscnamh ag an Ríocht Aontaithe nó i gcoinne na Ríochta Aontaithe roimh dheireadh na hidirthréimhse. Beidh feidhm ag an dlínse sin maidir le gach céim de na himeachtaí, lena n-áirítear imeachtaí achomhairc os comhair na Cúirte Breithiúnais agus imeachtaí os comhair na Cúirte Ginearálta má tharchuirtear an cás ar ais go dtí an Chúirt Ghinearálta.
2. Beidh dlínse fós ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh réamhrialuithe a thabhairt ar iarrataí ó chúirteanna agus ó bhinsí de chuid na Ríochta Aontaithe a rinneadh roimh dheireadh na hidirthréimhse.

3. Chun críocha na Caibidle seo, measfar imeachtaí a bheith tugtha os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, agus iarrataí ar réamhrialuithe a bheith déanta, an tráth a bheidh an doiciméad lena dtionscnaítear na himeachtaí cláraithe ag clárlann na Cúirte Breithiúnais nó na Cúirte Ginearálta, de réir mar a bheidh.

AIRTEAGAL 87

Cásanna nua os comhair na Cúirte Breithiúnais

1. Má mheasann an Coimisiún Eorpach gur mhainnigh an Ríocht Aontaithe oibleagáid a chomhlíonadh faoi na Conarthaí nó faoi Chuid a Ceathair den Chomhaontú seo roimh dheireadh na hidirthréimhse, féadfaidh an Coimisiún Eorpach, laistigh de 4 bliana tar éis dheireadh na hidirthréimhse, an t-ábhar a thabhairt os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 258 CFAE nó leis an dara fomhír d'Airteagal 108(2) CFAE, de réir mar a bheidh. Beidh dlínse ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh i leith na gcásanna sin.

2. I gcás nach gcomhlíonfaidh an Ríocht Aontaithe cinneadh dá dtagraítear in Airteagal 95(1) den Chomhaontú seo, nó ina mainneoidh sí éifeacht dhlíthiúil a thabhairt i ndlíchóras na Ríochta Aontaithe do chinneadh, dá dtagraítear san fhoráil sin, lenar díriodh ar dhuine nádúrtha nó dlítheanach atá ina chónaí nó atá bunaithe sa Ríocht Aontaithe, féadfaidh an Coimisiún Eorpach, laistigh de 4 bliana ó dháta an chinnidh lena mbaineann, an t-ábhar a chur faoi bhráid Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh i gcomhréir leis na ceanglais nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 258 CFAE nó leis an dara fomhír d'Airteagal 108(2) CFAE, de réir mar a bheidh. Beidh dlínse ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh i leith na gcásanna sin.

3. Trína chinneadh ábhair a thionscnamh faoin Airteagal seo, féadfaidh an Coimisiún Eorpach na prionsabail chéanna agus a chuirtear i bhfeidhm maidir le Ballstát a chur i bhfeidhm maidir leis an Ríocht Aontaithe.

AIRTEAGAL 88

Rialacha nós imeachta

Na forálacha i ndlí an Aontais lena rialaítear an nós imeachta os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, beidh feidhm acu maidir leis na himeachtaí agus na hiarrataí ar réamhrialuithe dá dtagraítear sa Teideal seo.

AIRTEAGAL 89

Brí cheangailteach agus in-fhorfheidhmitheacht breithiúnas agus orduithe

1. Breithiúnais agus orduithe ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh a thugtar roimh dheireadh na hidirthréimhse, chomh maith leis na breithiúnais agus na horduithe sin a thugtar tar éis dheireadh na hidirthréimhse, sna himeachtaí dá dtagraítear in Airteagal 86 agus Airteagal 87, beidh brí cheangailteach acu ina n-iomláine maidir leis an Ríocht Aontaithe agus sa Ríocht Aontaithe.
2. Más rud é, i mbreithiúnas dá dtagraítear i mír 1, go suífidh Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh gur mhainnigh an Ríocht Aontaithe oibleagáid faoi na Conarthaí nó faoin gComhaontú seo a chomhlíonadh, déanfaidh an Ríocht Aontaithe na bearta is gá chun an breithiúnas sin a chomhlíonadh.
3. Beidh feidhm ag Airteagal 280 agus Airteagal 299 CFAE sa Ríocht Aontaithe maidir le forfheidhmiú na mbreithiúnas agus na n-orduithe ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo.

AIRTEAGAL 90

An ceart idirghabháil a dhéanamh agus páirt a ghlacadh sa nós imeachta

Go dtí gur breithiúnais chríochnaitheacha agus orduithe críochnaitheacha iad na breithiúnais agus na horduithe ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh i ngach imeacht agus i ngach iarraidh ar réamhrialú dá dtagraítear in Airteagal 86, féadfaidh an Ríocht Aontaithe idirghabháil a dhéanamh ar an gcaoi chéanna le Ballstát nó, i gcásanna a thionscnaítear os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh i gcomhréir le hAirteagal 267 CFAE, páirt a ghlacadh sa nós imeachta os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh ar an gcaoi chéanna agus a nglacann Ballstát páirt ann. Le linn na tréimhse sin, tabharfaidh Cláráitheoir Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh fógra don Ríocht Aontaithe, an tráth céanna agus ar an gcaoi chéanna a thabharfar fógra do na Ballstáit, faoi aon chás a bheidh tarchurtha ag cúirt nó binse de chuid Ballstáit chuig Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh le réamhrialú a fháil.

Féadfaidh an Ríocht Aontaithe idirghabháil a dhéanamh ar an gcaoi chéanna le Ballstát nó páirt a ghlacadh sa nós imeachta os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh ar an gcaoi chéanna agus a nglacann Ballstát páirt ann:

- (a) maidir le cásanna a bhaineann le mainneachtain oibleagáidí faoi na Conarthaí a chomhlíonadh, i gcás ina raibh an Ríocht Aontaithe faoi réir na n-oibleagáidí céanna roimh dheireadh na hidirthréimhse, agus i gcás inar tugadh na cásanna sin os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh i gcomhréir le hAirteagal 258 CFAE roimh dheireadh na tréimhse dá dtagraítear in Airteagal 87(1) nó, de réir mar a bheidh, go dtí an tráth, nó tar éis dheireadh na tréimhse sin, a ndearnadh breithiúnas nó ordú críochnaitheach ar bhonn Airteagal 87(1) den bhreithniúnas nó den ordú deiridh a thug Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh;

- (b) maidir le cásanna a bhaineann le gníomhartha nó forálacha de dhlí an Aontais is infheidhme roimh dheireadh na hidirthréimhse maidir leis an Ríocht Aontaithe agus sa Ríocht Aontaithe agus a tugadh os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh i gcomhréir le hAirteagal 267 CFAE roimh dheireadh na tréimhse dá dtagraítear in Airteagal 87(1) nó, de réir mar a bheidh, go dtí an tráth, nó tar éis dheireadh na tréimhse sin, a ndearnadh breithiúnas nó ordú críochnaitheach ar bhonn Airteagal 87(1) den bhreithiúnas nó den ordú deiridh a thug an Chúirt Bhreithiúnais; agus
- (c) maidir leis na cásanna dá dtagraítear in Airteagal 95(3).

AIRTEAGAL 91

Ionadaíocht os comhair na Cúirte

1. Gan dochar d'Airteagal 88, más rud é, roimh dheireadh na hidirthréimhse, go ndearna dlíodóir atá údaraithe chun cleachtadh os comhair chúirteanna nó bhinsí na Ríochta Aontaithe ionadaíocht ar pháirtí, nó más rud é gur thug sé cúnaimh do pháirtí, in imeachtaí os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh nó maidir le hiarrataí ar réamhrialuithe a rinneadh roimh dheireadh na hidirthréimhse, féadfaidh an dlíodóir sin leanúint de bheith ag déanamh ionadaíocht ar an bpáirtí sin, nó ag tabhairt cúnaimh don pháirtí sin, sna himeachtaí sin nó maidir leis na hiarrataí sin. Beidh feidhm ag an gceart sin maidir le gach céim de na himeachtaí, lena n-áirítear imeachtaí achomhairc os comhair na Cúirte Breithiúnais agus imeachtaí os comhair na Cúirte Ginearálta má tharchuirtear an cás ar ais go dtí an Chúirt Ghinearálta.

2. Gan dochar d' Airteagal 88, féadfaidh dlíodóirí atá údaraithe chun cleachtadh os comhair chúirteanna nó bhinsí na Ríochta Aontaithe ionadaíocht a dhéanamh ar pháirtí, nó cúnamh a thabhairt do pháirtí, os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh sna cásanna dá dtagraítear in Airteagal 87 agus Airteagal 95(3). Dlíodóirí atá údaraithe cleachtadh os comhair chúirteanna nó bhinsí na Ríochta Aontaithe, féadfaidh siad ionadaíocht a dhéanamh ar an Ríocht Aontaithe, nó cúnamh a thabhairt di, in imeachtaí a chumhdaítear faoi Airteagal 90 ina bhfuil cinneadh déanta ag an Ríocht Aontaithe idirghabháil a dhéanamh nó páirt a ghlacadh sa nós imeachta.

3. Le linn do dhlíodóirí atá údaraithe cleachtadh os comhair chúirteanna agus bhinsí na Ríochta Aontaithe ionadaíocht a dhéanamh ar pháirtí, nó cúnamh a thabhairt do pháirtí, os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh sna cásanna dá dtagraítear i mír 1 agus mír 2, caithfear leo i ngach slí mar dhlíodóirí atá údaraithe cleachtadh os comhair chúirteanna nó bhinsí na mBallstát agus atá ag déanamh ionadaíocht ar pháirtí, nó atá ag tabhairt cúnamh do pháirtí, os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.

CAIBIDIL 2

NÓSANNA IMEACHTA RIARACHÁIN

AIRTEAGAL 92

Nósanna imeachta riaracháin atá ar siúl

1. Leanfaidh institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais de bheith inniúil maidir le nósanna imeachta riaracháin a tionscnaíodh roimh dheireadh na hidirthréimhse agus a bhaineann leis an méid seo a leanas:

- (a) dlí an Aontais a bheith á chomhlíonadh ag an Ríocht Aontaithe, nó ag daoine nádúrtha nó dlítheanacha atá ina gcónaí nó atá bunaithe sa Ríocht Aontaithe; nó
- (b) dlí an Aontais a bhaineann le hiomaíocht a bheith á chomhlíonadh sa Ríocht Aontaithe.

2. Gan dochar do mhír 3, measfar, chun críocha na Caibidle seo, nós imeachta riaracháin a bheith tionscanta an tráth a bheidh sé cláraithe go foirmiúil le hinstitiúid, comhlacht, oifig nó gníomhaireacht de chuid an Aontais.

3. Chun críocha na Caibidle seo:

- (a) measfar nós imeachta riaracháin maidir le státchabhair arna rialú le Rialachán (AE) 2015/1589 ón gComhairle¹ a bheith tionscanta an tráth a bheidh cásuimhir sannta don nós imeachta;
- (b) measfar imeachtaí maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 101 nó Airteagal 102 CFAE arna seoladh ag an gCoimisiún Eorpach faoi Rialachán (CE) Uimh. 1/2003 ón gComhairle² a bheith tionscanta an tráth a bheidh cinneadh déanta ag an gCoimisiún Eorpach imeachtaí a thionscnamh i gcomhréir le hAirteagal 2(1) de Rialachán (CE) Uimh. 773/2004 ón gCoimisiún³;

¹ Rialachán (CE) Uimh. 2015/1589 ón gComhairle an 13 Iúil 2015 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le hAirteagal 108 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a chur i bhfeidhm (IO L 248, 24.9.2015, lch. 9).

² Rialachán (CE) Uimh. 1/2003 ón gComhairle an 16 Nollaig 2002 maidir le cur chun feidhme na rialacha iomaíochta atá leagtha síos in Airteagal 81 agus in Airteagal 82 den Chonradh (IO L 1, 4.1.2003, lch. 1).

³ Rialachán (CE) Uimh. 773/2004 ón gCoimisiún an 7 Aibreán 2004 maidir leis an gCoimisiún imeachtaí a sheoladh de bhun Airteagal 81 agus Airteagal 82 de Chonradh CE (IO L 123, 27.4.2004, lch. 18).

- (c) measfar imeachtaí maidir le rialú comhchruinnithe idir gnóthais arna rialú le Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle¹ a bheith tionscanta an tráth:
- (i) a bheidh fógra faoi chomhchruinniú a bhfuil gné Aontais ag baint leis tugtha don Choimisiún i gcomhréir le hAirteagal 1, Airteagal 3 agus Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004;
 - (ii) a bheidh an teorainn ama 15 lá oibre dá dtagraítear in Airteagal 4(5) de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ídithe gan easaontas maidir leis an iarraidh an cás a tharchur chuig an gCoimisiún Eorpach a bheith curtha in iúl ag aon cheann de na Ballstáit atá inniúil ar an gcomhchruinniú a scrúdú faoina ndlí náisiúnta iomaíochta; nó
 - (iii) a bheidh cinneadh déanta ag an gCoimisiún Eorpach, nó a mheasfar cinneadh a bheith déanta aige, an comhchruinniú a scrúdú i gcomhréir le hAirteagal 22(3) de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004;

¹ Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle an 20 Eanáir 2004 maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais (IO L 24, 29.1.2004, lch. 1).

(d) a mheasfar imscrúdú de chuid an Údaráis Eorpaigh um Urrúis agus Margáí ar shárú líomhnaithe a liostaítear in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1060/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹ nó in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle² a bheith tionscanta an tráth a bheidh oifigeach neamhspleách imscrúdúcháin ceaptha ag an Údarás sin i gcomhréir le hAirteagal 23e(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1060/2009 nó Airteagal 64(1) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012.

4. Déanfaidh an tAontas liosta de na nósanna imeachta riaracháin uile atá ar siúl agus a thagann faoi raon feidhme mhír 1 a chur ar fáil don Ríocht Aontaithe laistigh de 3 mhí tar éis dheireadh na hidirthréimhse. De mhaolú ar an gcéad abairt, i gcás nósanna imeachta riaracháin atá ar siúl ag an Údarás Baincéireachta Eorpach, ag an Údarás Eorpach um Urrúis agus Margáí agus ag an Údarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde, déanfaidh an tAontas liosta de na nósanna imeachta riaracháin sin a chur ar fáil don Ríocht Aontaithe laistigh d'aon mhí amháin tar éis dheireadh na hidirthréimhse.

¹ Rialachán (AE) Uimh. 1060/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Meán Fómhair 2009 maidir le gníomhaireachtaí rátála creidmheasa (IO L 302, 17.11.2009, lch. 1).

² Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2012 maidir le díorthaigh thar an gcuntar, contrapháirtithe lárnaigh agus stórtha trádála (IO L 201, 27.7.2012, lch. 1).

5. I nós imeachta riaracháin maidir le státchabhair arna rialú le Rialachán (AE) 2015/1589, beidh an cásdlí agus na dea-chleachtais is infheidhme de cheangal ar an gCoimisiún Eorpach maidir leis an Ríocht Aontaithe, amhail is gur Ballstát fós í an Ríocht Aontaithe. Déanfaidh an Coimisiún Eorpach, go háirithe, laistigh de thréimhse ama réasúnach, ceann de na cinní seo a leanas a ghlacadh:

- (a) cinneadh lena suitear nach cabhair de bhun Airteagal 4(2) de Rialachán (AE) 2015/1589 atá sa bheart;
- (b) cinneadh gan agóidí a dhéanamh de bhun Airteagal 4(3) de Rialachán (AE) 2015/1589;
- (c) cinneadh imeachtaí foirmiúla imscrúdúcháin a thionscnamh de bhun Airteagal 4(4) de Rialachán (AE) 2015/1589.

AIRTEAGAL 93

Nósanna imeachta nua maidir le státchabhair agus maidir leis an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise

1. Maidir le cabhair a dheonaítear roimh dheireadh na hidirthréimhse, go ceann tréimhse ceithre bliana tar éis dheireadh na hidirthréimhse, beidh an Coimisiún Eorpach inniúil, a fhad a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe, ar nósanna imeachta riaracháin nua a thionscnamh maidir le státchabhair arna rialú le Rialachán (AE) 2015/1589.

Leanfaidh an Coimisiún Eorpach de bheith inniúil tar dheireadh na tréimhse ceithre bliana maidir le nósanna imeachta a thionscnaítear roimh dheireadh na tréimhse sin.

Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag Airteagal 92(5) den Chomhaontú seo.

Cuirfidh an Coimisiún Eorpach an Ríocht Aontaithe ar an eolas faoi aon imeachtaí nua riaracháin maidir le státchabhair a thionscnofar faoin gcéad fhómhír den mhír seo laistigh de 3 mhí ón imeacht sin a thionscnamh.

2. Gan dochar d'Airteagal 136 agus d'Airteagal 138 den Chomhaontú seo, beidh an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) inniúil, ar feadh tréimhse ceithre bliana tar éis dheireadh na hidirthréimhse, ar imscrúduithe nua arna rialú le Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹ a thionscnamh maidir leis an méid seo a leanas:

- (a) fíorais a tharla roimh dheireadh na hidirthréimhse; nó
- (b) aon fhiachas custaim a tháinig chun cinn roimh dheireadh na hidirthréimhse de dhroim na nósanna imeachta maidir le hurscaoileadh dá dtagraítear in Airteagal 49(1) den Chomhaontú seo.

¹ Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Meán Fómhair 2013 maidir le himscrúduithe arna ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1073/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (Euratom) Uimh. 1074/1999 ón gComhairle (IO L 248, 18.9.2013, lch. 1).

Leanfaidh OLAF de bheith inniúil tar éis dheireadh na tréimhse ceithre bliana ar nósanna imeachta a thionscnaítear roimh dheireadh na tréimhse sin.

Cuirfidh OLAF an Ríocht Aontaithe ar an eolas faoi aon imscrúdú nua a thionscnófar faoin gcéad fhómhír den mhír seo laistigh de 3 mhí ón imscrúdú sin a thionscnamh.

AIRTEAGAL 94

Rialacha nós imeachta

1. Maidir leis na forálacha i ndlí an Aontais lena rialaítear na cineálacha éagsúla nósanna imeachta riaracháin a chumhdaítear sa Chaibidil seo, beidh feidhm acu maidir leis na nósanna imeachta dá dtagraítear in Airteagal 92, Airteagal 93 agus Airteagal 96.
2. Le linn do dhlíodóirí atá údaraithe cleachtadh os comhair chúirteanna agus bhinsí na Ríochta Aontaithe ionadaíocht a dhéanamh ar pháirtí, nó cúnamh a thabhairt do pháirtí, maidir leis na nósanna imeachta riaracháin dá dtagraítear in Airteagal 92 agus Airteagal 93, caithfear leo i ngach slí mar dhlíodóirí atá údaraithe cleachtadh os comhair chúirteanna nó bhinsí na mBallstát agus atá ag déanamh ionadaíocht ar pháirtí, nó atá ag tabhairt cúnamh do pháirtí, maidir leis na nósanna imeachta riaracháin sin.
3. Beidh feidhm ag Airteagal 128(5) a mhéid is gá, tar éis dheireadh na hidirthréimhse, maidir le nósanna imeachta dá dtagraítear in Airteagal 92 agus Airteagal 93.

AIRTEAGAL 95

Brí cheangailteach agus in-fhorfheidhmitheacht cinntí

1. Maidir le cinntí a ghlacann institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais roimh dheireadh na hidirthréimhse, nó a ghlactar tar éis dheireadh na hidirthréimhse sna nósanna imeachta dá dtagraítear in Airteagal 92 agus Airteagal 93, agus ina ndírítear ar an Ríocht Aontaithe nó ar dhaoine nádúrtha agus dlítheanacha atá ina gcónaí nó atá bunaithe sa Ríocht Aontaithe, beidh siad ina gceangal ar an Ríocht Aontaithe agus sa Ríocht Aontaithe.
2. Mura gcomhaontaítear a mhalairt idir an Coimisiún Eorpach agus an t-údarás iomaíochta náisiúnta a d'ainmnigh an Ríocht Aontaithe, leanfaidh an Coimisiún Eorpach de bheith inniúil ar fhaireachán a dhéanamh ar ghealltanais a tugadh nó leigheasanna a forchuireadh sa Ríocht Aontaithe, nó maidir leis an Ríocht Aontaithe, agus ar na gealltanais nó na leigheasanna sin a fhorfheidhmiú, maidir le haon imeachtaí a bhaineann le cur i bhfeidhm Airteagal 101 nó Airteagal 102 CFAE arna seoladh ag an gCoimisiún Eorpach faoi Rialachán (CE) Uimh. 1/2003 nó le haon imeachtaí arna seoladh ag an gCoimisiún Eorpach faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 maidir le comhchruinnithe idir gnóthais a rialú. Más rud é go gcomhaontaíonn an Coimisiún Eorpach agus an t-údarás iomaíochta náisiúnta a d'ainmnigh an Ríocht Aontaithe amhlaidh, déanfaidh an Coimisiún Eorpach faireachán agus forfheidhmiú na ngealltanais nó na leigheasanna sin sa Ríocht Aontaithe a aistriú chuig an údarás iomaíochta náisiúnta a d'ainmnigh an Ríocht Aontaithe.
3. Is í Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh amháin a dhéanfaidh athbhreithniú i gcomhréir le hAirteagal 263 CFAE ar dhlíthiúlacht cinnidh dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo.

4. Beidh feidhm ag Airteagal 299 CFAE sa Ríocht Aontaithe maidir le forfheidhmiú na gcinntí dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo lena bhforchuirtear oibleagáidí airgeadais ar dhaoine nádúrtha nó dlítheanacha atá ina gcónaí nó atá bunaithe sa Ríocht Aontaithe.

AIRTEAGAL 96

Nósanna imeachta agus oibleagáidí tuairiscithe eile atá ar siúl

1. Scrúduithe teicniúla a rinne Oifig Scrúduithe na Ríochta Aontaithe i gcomhréir leis an Oifig Chomhphobail um Chineálacha Plandaí de bhun Rialachán (CE) Uimh. 2100/94 a bhí ar siúl ar an lá roimh dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, leanfaidh na scrúduithe teicniúla sin ar aghaidh agus tabharfar i gcrích iad i gcomhréir leis an Rialachán sin.

2. Airteagal 12(2a) agus (3) agus Airteagal 14, Airteagal 15 agus Airteagal 16 de Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹, beidh feidhm acu maidir leis an Ríocht Aontaithe agus sa Ríocht Aontaithe i ndáil le gáis cheaptha teasa a astaítear le linn na bliana deiridh den idirthréimhse.

3. Airteagal 19 de Rialachán (AE) Uimh. 517/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle² agus Airteagal 26 agus Airteagal 27 de Rialachán (CE) Uimh. 1005/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle³, beidh feidhm acu maidir leis an Ríocht Aontaithe agus sa Ríocht Aontaithe i ndáil le sonraí a thuairisciú maidir leis an mbliain deiridh den idirthréimhse.

¹ Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2003 lena mbunaítear córas i ndáil le trádáil lamháltas i gcomhair astaíochtaí gás ceaptha teasa laistigh den Aontas agus lena leasaítear Treoir 96/61/CE ón gComhairle (IO L 275, 25.10.2003, lch. 32).

² Rialachán (AE) Uimh. 517/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 maidir le gáis cheaptha teasa fhluarínithe agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 842/2006 (IO L 150, 20.5.2014, lch. 195).

³ Rialachán (CE) Uimh. 1005/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Meán Fómhair 2009 maidir le substaintí a ídíonn an ciseal ózóin (IO L 286, 31.10.2009, lch. 1).

4. Airteagal 8(1), (2), (3) agus (7) de Rialachán (CE) 443/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹, agus arscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán sin, agus ag Airteagal 8(1), (2), (3), (8) agus (10) de Rialachán (AE) 510/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle², agus Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán sin, agus ag Airteagal 2 go hAirteagal 5, Airteagal 7 agus Airteagal 8(2) agus (3) de Rialachán (AE) Uimh. 1014/2010 ón gCoimisiún agus Airteagal 3 go hAirteagal 6 agus Airteagal 8 agus Airteagal 9(2) agus (3) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 293/2012 ón gCoimisiún³, beidh feidhm acu maidir leis an Ríocht Aontaithe agus sa Ríocht Aontaithe i ndáil le faireachán agus tuairisciú astaíochtaí ábhartha de charbón dé-ocsaíde feithicle le linn na bliana deiridh den idirthréimhse.

¹ Rialachán (CE) Uimh. 443/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 lena socraítear na caighdeáin feidhmíochta maidir le hastaíochtaí do ghluaisteáin nua phaisinéirí mar chuid de chur chuige comhtháite an Chomhphobail chun astaíochtaí CO₂ ó fheithiclí saothair éadroim a laghdú (IO L 140, 5.6.2009, lch. 1).

² Rialachán (AE) Uimh. 510/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2011 lena socraítear na caighdeáin feidhmíochta d'astaíochtaí ó fheithiclí tráchtála éadroma nua mar chuid de chur chuige comhtháite an Aontais chun astaíochtaí CO₂ ó fheithiclí saothair éadroim a laghdú (IO L 145, 31.5.2011, lch. 1).

³ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 293/2012 ón gCoimisiún an 3 Aibreán 2012 maidir le faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar shonraí a bhaineann le clárú feithiclí nua tráchtála éadroma de bhun Rialachán (AE) Uimh. 510/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 98, 4.4.2012, lch. 1).

5. Beidh feidhm maidir leis an Ríocht Aontaithe i ndáil le gáis cheaptha teasa a astófar in 2019 agus 2020 ag Airteagail 5, 7, 9 agus 10, Airteagal 11(3), pointe (a) agus pointe (d) d'Airteagal 17(1), agus Airteagal 19, Airteagal 22 agus Airteagal 23 de Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹ agus ag Airteagal 3, Airteagal 7 agus Airteagal 11 de Chinneadh Uimh. 406/2009/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle², agus beidh feidhm maidir leis an Ríocht Aontaithe ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 389/2013 ón gCoimisiún³ go dtí go dtiocfaidh deireadh leis an dara tréimhse gealltanais de chuid Phrótacal Kyoto.

¹ Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Bealtaine 2013 maidir le sásra chun faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa agus chun faisnéis eile atá ábhartha don athrú aeráide a thuairisciú ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 280/2004/CE (IO L 165, 18.6.2013, lch. 13).

² Cinneadh Uimh. 406/2009/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 maidir le hiarrachtaí na mBallstát chun a gcuid astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú chun gealltanais laghdaithe an Chomhphobail i ndáil le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a chomhlíonadh go 2020 (IO L 140, 5.6.2009, lch. 136).

³ Rialachán (AE) Uimh. 389/2013 ón gCoimisiún an 2 Bealtaine 2013 lena mbunaítear Clárlann de chuid an Aontais de bhun Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Cinneadh Uimh. 280/2004/CE agus Cinneadh Uimh. 406/2009/CE ó Pharlaimint na Eorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 920/2010 agus Rialachán Uimh. 1193/2011 ón gCoimisiún (IO L 122, 3.5.2013, lch. 1).

6. De mhaolú ar Airteagal 8 den Chomhaontú seo:

- (a) a mhéid is gá chun mír 2, mír 4 agus mír 5 den Airteagal seo a chomhlíonadh, beidh rochtain ag an Ríocht Aontaithe agus ag oibreoirí sa Ríocht Aontaithe orthu seo a leanas:
- (i) clárlann an Aontais agus Clárlann na Ríochta Aontaithe maidir le Prótacal Kyoto a bunaíodh le Rialachán (AE) Uimh. 389/2013; agus
 - (ii) stór Sonraí Lárnach na Gníomhaireachta Eorpaí Comhshaoil dá bhforáiltear le Rialachán (AE) Uimh. 1014/2010, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 293/2012 agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 749/2014 ón gCoimisiún¹;

¹ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 749/2014 ón gCoimisiún an 30 Meitheamh 2014 maidir le struchtúr, formáid, próisis tíolactha agus athbhreithniú na faisnéise arna tuairisciú ag na Ballstáit de bhun Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 203, 11.7.2014, lch. 23).

- (b) a mhéid is gá chun mír 3 den Airteagal seo a chomhlíonadh, beidh rochtain ag gnóthais sa Ríocht Aontaithe orthu seo a leanas:
- (i) an uirlis tuairiscithe atá bunaithe ar an bhformáid a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1191/2014 ón gCoimisiún¹ chun críocha gáis cheaptha teasa fhluaíonithe a bhainistiú agus a thuairisciú; agus
 - (ii) an Stór Sonraí Gnó arna úsáid ag gnóthais chun tuairisciú a dhéanamh faoi Airteagal 27 de Rialachán (CE) Uimh. 1005/2009.

Ar iarratas na Ríochta Aontaithe, ar feadh tréimhse dar críoch bliain amháin tar éis dheireadh na hidirtréimhse, cuirfidh an tAontas an fhaisnéis is gá ar fáil don Ríocht Aontaithe le go bhféadfaidh sí:

- (a) a hoibleagáidí tuairiscithe a chomhlíonadh faoi Airteagal 7 de Phrótacal Montréal um Shubstaintí a Ídíonn an Ciseal Ózón; agus
- (b) pionóis a chur i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 25 de Rialachán (AE) Uimh. 517/2014 agus Airteagal 29 de Rialachán (CE) Uimh. 1005/2009.

¹ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1191/2014 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2014 lena leagtar síos an fhormáid agus an modh ina dtíolacfar an tuarascáil dá dtagraítear in Airteagal 19 de Rialachán (AE) Uimh. 517/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le gáis cheaptha teasa fhluaíonithe (IO L 318, 5.11.2014, lch. 5).

AIRTEAGAL 97

Ionadaíocht in imeachtaí atá ar siúl os comhair Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh

Más rud é, roimh dheireadh na hidirthréimhse, i gcás duine atá údaraithe ionadaíocht a dhéanamh i gcomhréir le dlí an Aontais ar dhuine nádúrtha nó dlítheanach os comhair Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh, go raibh an duine sin ag déanamh ionadaíocht ar pháirtí i nós imeachta a tugadh os comhair na hOifige sin, féadfaidh an t-ionadaí sin leanúint de bheith ag déanamh ionadaíocht ar an bpáirtí sin sa nós imeachta sin. Beidh feidhm ag an gceart seo maidir le gach céim den nós imeachta os comhair na hOifige sin.

Agus ionadaíocht á déanamh ar pháirtí os comhair Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh sna himeachtaí dá dtagraítear sa chéad fhomhír, caithfear le hionadaí den sórt sin i ngach slí mar ionadaí gairmiúil atá údaraithe ionadaíocht a dhéanamh ar dhuine nádúrtha nó dlítheanach os comhair Oifige Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh i gcomhréir le dlí an Aontais.

TEIDEAL XI

NÓSANNA IMEACHTA UM CHOMHAR RIARACHÁIN IDIR NA BALLSTÁIT AGUS AN RÍOCHT AONTAITHE

AIRTEAGAL 98

Comhar riaracháin maidir le custam

1. Maidir le nósanna imeachta um chomhar riaracháin idir Ballstát agus an Ríocht Aontaithe a leagtar amach in Iarscríbhinn VI agus a seoladh i gcomhréir le dlí an Aontais roimh dheireadh na hidirthréimhse, tabharfaidh an Ballstát sin agus an Ríocht Aontaithe i gcrích iad i gcomhréir leis na forálacha ábhartha i ndlí an Aontais.
2. Maidir le nósanna imeachta um chomhar riaracháin idir Ballstát agus an Ríocht Aontaithe a leagtar amach in Iarscríbhinn VI agus a seoladh laistigh de 3 bliana tar éis dheireadh na hidirthréimhse ach a bhaineann le fíorais a tharla roimh dheireadh na hidirthréimhse, tabharfaidh an Ballstát sin agus an Ríocht Aontaithe i gcrích iad i gcomhréir leis na forálacha ábhartha i ndlí an Aontais.

AIRTEAGAL 99

Comhar riaracháin maidir le hábhair a bhaineann le cáin indíreach

1. Beidh feidhm ag Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 ón gComhairle¹ go dtí ceithre bliana tar éis dheireadh na hidirthréimhse maidir leis an gcomhar idir na húdaráis inniúla atá freagrach as cur i bhfeidhm na reachtaíochta maidir le CBL sna Ballstáit agus sa Ríocht Aontaithe i ndáil le hidirbhearta a rinneadh roimh dheireadh na hidirthréimhse agus i ndáil leis na hidirbhearta a chumhdaítear le hAirteagal 51(1) den Chomhaontú seo.
2. Beidh feidhm ag Rialachán (AE) Uimh. 389/2012 ón gComhairle² go dtí ceithre bliana tar éis dheireadh na hidirthréimhse maidir leis an gcomhar idir na húdaráis inniúla atá freagrach as cur i bhfeidhm na reachtaíochta maidir le dleachtanna máil sna Ballstáit agus sa Ríocht Aontaithe i ndáil le gluaiseachtaí earraí máil a rinneadh roimh dheireadh na hidirthréimhse agus i ndáil le gluaiseachtaí earraí máil a chumhdaítear le hAirteagal 52 den Chomhaontú seo.

¹ Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 ón gComhairle an 7 Deireadh Fómhair 2010 maidir le comhar riaracháin agus maidir leis an gcomhrac in aghaidh na calaoise i réimse na cánach breisluacha (IO L 268, 12.10.2010, lch. 1).

² Rialachán (AE) Uimh. 389/2012 ón gComhairle an 2 Bealtaine 2012 maidir le comhar riaracháin i réimse na ndleachtanna máil agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2073/2004 (IO L 121, 8.5.2012, lch. 1).

3. De mhaolú ar Airteagal 8, beidh rochtain ag an Ríocht Aontaithe, a mhéid is fíorghá d'fhonn a cearta a fheidhmiú agus a cuid oibleagáidí a chomhlíonadh faoin Airteagal seo, ar na líonraí, na córais faisnéise agus na bunachair sonraí atá liostaithe in Iarscríbhinn IV. Na costais iarbhír arna dtabhú ag an Aontas de thoradh an rochtain sin a éascú don Ríocht Aontaithe, is costais iad a dhéanfaidh an Ríocht Aontaithe a chúiteamh leis an Aontas. Faoin 31 Márta gach bliain go dtí deireadh na tréimhse dá dtagraítear in Iarscríbhinn IV, cuirfidh an tAontas méid na gcostas sin in iúl don Ríocht Aontaithe. I gcás ina mbeidh difríocht mhór ann idir an méid a chuirtear in iúl de na costais iarbhír arna dtabhú agus na meastacháin ba chruinne a chuir an tAontas in iúl don Ríocht Aontaithe roimh shíniú an Chomhaontaithe seo, íocfaidh an Ríocht Aontaithe méid na meastachán ba chruinne leis an Aontas gan moill a dhéanamh, agus cinnfidh an Comhchoiste an chaoi a láimhseálfar an difríocht idir na costais iarbhír arna dtabhú agus méid na meastachán ba chruinne.

AIRTEAGAL 100

Cúnamh frithpháirteach chun éilimh a bhaineann le cánacha, dleachtanna agus bearta eile a aisghabháil

1. Beidh feidhm ag Treoir 2010/24/AE¹ go dtí cúig bliana tar éis dheireadh na hidirthréimhse idir na Ballstáit agus an Ríocht Aontaithe maidir le héilimh a bhaineann le méideanna a bhí dlite roimh dheireadh na hidirthréimhse, éilimh a bhaineann le hidirbhearta a rinneadh roimh dheireadh na hidirthréimhse ach a bhí dlite tar éis na tréimhse sin, agus éilimh maidir le hidirbhearta a chumhdaítear le hAirteagal 51(1) den Chomhaontú seo nó gluaiseachtaí earraí máil a chumhdaítear le hAirteagal 52 den Chomhaontú seo.
2. De mhaolú ar Airteagal 8, beidh rochtain ag an Ríocht Aontaithe, a mhéid is fíorghá d'fhonn a cearta a fheidhmiú agus a cuid oibleagáidí a chomhlíonadh faoin Airteagal seo, ar na líonraí, na córais faisnéise agus na bunachair sonraí atá liostaithe in Iarscríbhinn IV. Na costais iarbhír arna dtabhú ag an Aontas de thoradh an rochtain sin a éascú don Ríocht Aontaithe, is costais iad a dhéanfaidh an Ríocht Aontaithe a chúiteamh leis an Aontas. Faoin 31 Márta gach bliain go dtí deireadh na tréimhse dá dtagraítear in Iarscríbhinn IV, cuirfidh an tAontas méid na gcostas sin in iúl don Ríocht Aontaithe. I gcás ina mbeidh difríocht mhór ann idir an méid a chuirtear in iúl de na costais iarbhír arna dtabhú agus na meastacháin ba chruinne a chuir an tAontas in iúl don Ríocht Aontaithe roimh shíniú an Chomhaontaithe seo, íocfaidh an Ríocht Aontaithe méid na meastachán ba chruinne leis an Aontas gan moill a dhéanamh, agus cinnfidh an Comhchoiste an chaoi a láimhseálfar an difríocht idir na costais iarbhír arna dtabhú agus méid na meastachán ba chruinne.

¹ Treoir 2010/24/AE ón gComhairle an 16 Márta 2010 maidir le cúnamh frithpháirteach chun éilimh a bhaineann le cánacha, dleachtanna agus bearta eile a ghnóthú (IO L 84, 31.3.2010, lch. 1).

TEIDEAL XII

PRIBHLÉIDÍ AGUS DÍOLÚINTÍ

AIRTEAGAL 101

Sainmhínte

1. Chun críocha an Teidil seo, ciallaíonn “comhaltaí na n-institiúidí”, gan beann ar a náisiúntacht, Uachtarán na Comhairle Eorpaí, comhaltaí an Choimisiúin Eorpaigh, Breithiúna, Abhcóidí Ginearálta, Cláraritheoirí agus Rapóirtéirí Cúnta Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, comhaltaí na Cúirte Iniúchóirí, comhaltaí orgáin an Bhainc Ceannais Eorpaigh, comhaltaí orgáin an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta, chomh maith le gach duine eile atá comhshamlaithe le haon cheann de na catagóirí daoine sin faoi dhlí an Aontais chun críocha Phrótacal (Uimh. 7) ar Phribhléidí agus Díolúintí an Aontais Eorpaigh (“an Prótacal ar Phribhléidí agus Díolúintí”). Ní chuimsíonn an téarma “comhaltaí na n-institiúidí” comhaltaí Pharlaimint na hEorpa.

2. Beidh Rialachán (EURATOM, CEGC, CEE) Uimh. 549/69 ón gComhairle¹ infheidhme maidir le catagóirí oifigeach agus seirbhíseach eile a chumhdaítear le hAirteagal 110 go hAirteagal 113 den Chomhaontú seo a chinneadh.

CAIBIDIL 1

MAOIN, CISTÍ, SÓCMHAINNÍ AGUS OIBRÍOCHTAÍ AN AONTAIS

AIRTEAGAL 102

Dosháraitheacht

Beidh feidhm ag Airteagal 1 den Phrótacal ar Phribhléidí agus Díolúintí maidir le háitreabh, foirgnimh, maoin agus sócmhainní an Aontais sa Ríocht Aontaithe a úsáideann an tAontas roimh dheireadh na hidirthréimhse, go dtí nach mbeidh siad á n-úsáid go hoifigiúil a thuilleadh nó gur baineadh amach iad as an Ríocht Aontaithe. Tabharfaidh an tAontas fógra don Ríocht Aontaithe nuair nach mbeidh a háitreabh, a foirgnimh, a maoin nó a sócmhainní á n-úsáid a thuilleadh nó nuair a bhainfear amach as an Ríocht Aontaithe iad.

¹ Rialachán (EURATOM, CEGC, CEE) Uimh. 549/69 ón gComhairle an 25 Márta 1969 lena gcinntear na catagóirí oifigeach agus seirbhíseach eile de chuid na gComhphobal Eorpach a bhfuil forálacha Airteagal 12, an dara mír d'Airteagal 13 agus Airteagal 14 den Phrótacal ar Phribhléidí agus Díolúintí na gComhphobal infheidhme maidir leo (IO L 74, 27.3.1969, lch. 1).

AIRTEAGAL 103

Carlanna

Beidh feidhm ag Airteagal 2 den Phrótacal ar Phribhléidí agus Díolúintí maidir le gach cartlann de chuid an Aontais sa Ríocht Aontaithe ag deireadh na hidirthréimhse, go dtí go mbainfear amach as an Ríocht Aontaithe iad. Tabharfaidh an tAontas fógra don Ríocht Aontaithe faoi aon cheann dá cartlanna a bhaintear amach as an Ríocht Aontaithe.

AIRTEAGAL 104

Cánachas

Beidh feidhm ag Airteagal 3 den Phrótacal ar Phribhléidí agus Díolúintí i leith shócmhainní, ioncam agus maoin eile an Aontais sa Ríocht Aontaithe ag deireadh na hidirthréimhse, go dtí nach mbeidh siad á n-úsáid go hoifigiúil a thuilleadh nó go dtí go mbainfear amach as an Ríocht Aontaithe iad.

CAIBIDIL 2

CUMARSÁID

AIRTEAGAL 105

Cumarsáid

Beidh feidhm ag Airteagal 5 den Phrótacal ar Phribhléidí agus Díolúintí sa Ríocht Aontaithe maidir leis na cumarsáidí oifigiúla, an comhfhreagras oifigiúil, agus maidir le doiciméid a tharchur i ndáil le gníomhaíochtaí an Aontais de bhun an Chomhaontaithe seo.

CAIBIDIL 3

COMHALTAÍ PHARLAIMINT NA hEORPA

AIRTEAGAL 106

Díolúine do chomhaltaí Pharlaimint na hEorpa

Beidh feidhm ag Airteagal 8 den Phrótacal ar Phribhléidí agus Díolúintí sa Ríocht Aontaithe i leith na dtuairimí arna gcur in iúl nó na vótaí arna gcaitheamh roimh dheireadh na hidirthréimhse ag comhaltaí Pharlaimint na hEorpa, lena n-áirítear iarchomhaltaí, gan beann ar a náisiúntacht, i gcomhlíonadh a ndualgas.

AIRTEAGAL 107

Slándáil shóisialta

Beidh iarchomhaltaí Pharlaimint na hEorpa, gan beann ar a náisiúntacht, a tharraingíonn pinsean sa cháil sin, chomh maith le daoine atá i dteideal pinsean marthanóra mar mharthanóirí de chuid iarchomhaltaí, gan beann ar a náisiúntacht, díolmhaithe ó chleamhnacht éigeantach agus ó íocaíocht isteach sna córais náisiúnta slándála sóisialta sa Ríocht Aontaithe, faoi na coinníollacha céanna a bhí infheidhme ar an lá deiridh den idirthréimhse, ar choinníoll go raibh iarchomhaltaí Pharlaimint na hEorpa ina gcomhaltaí de Pharlaimint na hEorpa roimh dheireadh na hidirthréimhse.

AIRTEAGAL 108

Cánachas dúbailte a sheachaint ar phinsin agus ar liúntais idirthréimhseacha

Beidh feidhm ag Airteagal 12, Airteagal 13 agus Airteagal 14 de Chinneadh 2005/684/CE, Euratom ó Pharlaimint na hEorpa¹ sa Ríocht Aontaithe maidir le pinsin agus liúntais idirthréimhseacha a íoctar le hiarchomhaltaí Pharlaimint na hEorpa, gan beann ar a náisiúntacht, agus beidh feidhm ag Airteagal 17 den Chinneadh sin maidir le daoine atá i dteideal pinsean marthanóra mar mharthanóirí iarchomhaltaí, gan beann ar a náisiúntacht, a mhéid a tuilleadh an teidlíocht ar phinsean nó ar liúntas idirthréimhseach roimh dheireadh na hidirthréimhse.

¹ Cinneadh 2005/684/CE, Euratom ó Pharlaimint na hEorpa an 28 Meán Fómhair 2005 lena nglactar Reacht Chomhaltaí Pharlaimint na hEorpa (IO L 262, 7.10.2005, lch. 1).

CAIBIDIL 4

IONADAITHE AR NA BALLSTÁIT AGUS AR AN RÍOCHT AONTAITHE A GHLACANN PÁIRT IN OBAIR INSTITIÚIDÍ AN AONTAIS

AIRTEAGAL 109

Pribhléidí, díolúintí agus saoráidí

1. Beidh feidhm ag Airteagal 10 den Phrótacal ar Phribhléidí agus Díolúintí sa Ríocht Aontaithe maidir le hionadaithe ar na Ballstáit agus ar an Ríocht Aontaithe a ghlacann páirt in obair institiúidí, chomhlachtaí, oifigí agus ghníomhaireachtaí an Aontais, a gcuid comhairleoirí agus saineolaithe teicniúla, agus comhaltaí de chomhlachtaí comhairleacha an Aontais, gan beann ar a náisiúntacht, maidir lena rannpháirtíocht san obair sin:

- (a) a tharla roimh dheireadh na hidirthréimhse;
- (b) a tharlaíonn tar éis dheireadh na hidirthréimhse maidir le gníomhaíochtaí an Aontais de bhun an Chomhaontaithe seo.

2. Beidh feidhm ag Airteagal 10 den Phrótacal ar Phribhléidí agus Díolúintí san Aontas maidir le hionadaithe ar an Ríocht Aontaithe a ghlacann páirt in obair institiúidí, chomhlachtaí, oifigí agus ghníomhaireachtaí an Aontais, agus a gcuid comhairleoirí agus saineolaithe teicniúla, maidir lena rannpháirtíocht san obair sin:

- (a) a tharla roimh dheireadh na hidirthréimhse;
- (b) a tharlaíonn tar éis dheireadh na hidirthréimhse maidir le gníomhaíochtaí an Aontais de bhun an Chomhaontaithe seo.

CAIBIDIL 5

COMHALTAÍ NA nINSTITIÚIDÍ, OIFIGIGH AGUS SEIRBHÍSIGH EILE

AIRTEAGAL 110

Pribhléidí agus Díolúintí

1. Beidh feidhm ag Airteagal 11(a) den Phrótacal ar Phribhléidí agus Díolúintí sa Ríocht Aontaithe maidir le gníomhaíochtaí a dhéantar, lena n-áirítear i leith na bhfocal a deir nó a scríobhann comhaltaí na n-institiúidí, oifigigh agus seirbhísigh eile an Aontais, lena n-áirítear iarchomhaltaí, iaroifigigh agus iarsheirbhísigh eile, d'aon náisiúntacht, ina gcáil oifigiúil:

- (a) roimh dheireadh na hidirthréimhse;
- (b) tar éis dheireadh na hidirthréimhse maidir le gníomhaíochtaí an Aontais de bhun an Chomhaontaithe seo.

2. Beidh feidhm ag an gcéad mhír, an dara mír agus an tríú mír d'Airteagal 3 de Phrótacal (Uimh. 3) ar Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh sa Ríocht Aontaithe maidir le Breithiúna Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh agus na hAbhcóidí Ginearálta go dtí go mbeidh cinntí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh i ngach imeacht agus iarratas ar réamhrialuithe dá dtagraítear in Airteagal 86 agus in Airteagal 87 den Chomhaontú seo ina gcinntí críochnaitheacha, agus beidh feidhm acu dá éis sin, lena n-áirítear maidir le hiarBhreithiúna agus iarAbhcóidí Ginearálta, maidir leis na gníomhaíochtaí go léir a dhéanann siad ina gcáil oifigiúil, lena n-áirítear focail labhartha nó scríofa, roimh dheireadh na hidirthréimhse nó i ndáil leis na himeachtaí dá dtagraítear in Airteagal 86 agus in Airteagal 87.

3. Beidh feidhm ag Airteagal 11(b) go (e) den Phrótacal ar Phribhléidí agus Díolúintí sa Ríocht Aontaithe i leith oifigigh agus sheirbhísigh eile an Aontais d'aon náisiúntacht, chomh maith lena gcéile agus baill chleithiúnacha dá dteaghlaigh, gan beann ar a náisiúntacht, más rud é go ndeachaigh na hoifigigh sin nó seirbhísigh eile isteach i seirbhís an Aontais roimh dheireadh na hidirthréimhse, go dtí go mbeidh na daoine sin tar éis a n-athlonnú chuig an Aontas a chur i gcrích.

AIRTEAGAL 111

Cánachas

Beidh feidhm ag Airteagal 12 den Phrótacal ar Phribhléidí agus Díolúintí sa Ríocht Aontaithe i leith chomhaltaí na n-institiúidí, oifigigh agus sheirbhísigh eile an Aontais d'aon náisiúntacht, lena n-áirítear iarchomhaltaí, iaroifigigh agus iarsheirbhísigh eile, i gcás ina ndeachaigh na comhaltaí, na hoifigigh nó na seirbhísigh eile sin isteach i seirbhís an Aontais roimh dheireadh na hidirthréimhse, ar choinníoll go bhfuil na daoine lena mbaineann dlite cáin a íoc chun tairbhe an Aontais ar na tuarastail, an pá, na díolaíochtaí agus na pinsin a íocann an tAontas leo.

AIRTEAGAL 112

Sainchónaí chun críocha cánach

1. Beidh feidhm ag Airteagal 13 den Phrótacal ar Phribhléidí agus Díolúintí maidir le comhaltaí na n-institiúidí, oifigigh agus seirbhísigh eile an Aontais d'aon náisiúntacht, a chuaigh isteach i seirbhís an Aontais roimh dheireadh na hidirthréimhse, agus gan beann ar a náisiúntacht, maidir le céilí nach bhfuil ag gabháil go leithleach do phost sochrach agus leanaí atá cleithiúnach ar na comhaltaí, na hoifigigh nó na seirbhísigh eile sin agus faoina gcúram.

2. Ní bheidh feidhm ag mír 1 ach amháin maidir le daoine a bhunaigh a n-áit chónaithe i mBallstát de bhíthin chomhlíonadh a gcuid dualgas i seirbhís an Aontais amháin agus a raibh a sainchónaí sa Ríocht Aontaithe chun críocha cánach le linn dóibh dul isteach i seirbhís an Aontais, agus maidir le daoine a bhunaigh a n-áit chónaithe sa Ríocht Aontaithe amháin de bhíthin chomhlíonadh a gcuid dualgas i seirbhís an Aontais amháin agus a raibh a sainchónaí i mBallstát chun críocha cánach le linn dóibh dul isteach i seirbhís an Aontais.

AIRTEAGAL 113

Ranníocaíochtaí slándála sóisialta

Beidh comhaltaí na n-institiúidí, oifigigh agus seirbhísigh eile an Aontais d'aon náisiúntacht, lena n-áirítear iarchomhaltaí, iaroifigigh agus iarsheirbhísigh eile, a chuaigh isteach i seirbhís an Aontais roimh dheireadh na hidirthréimhse agus atá ina gcónaí sa Ríocht Aontaithe, agus, gan beann ar a náisiúntacht, céilí nach bhfuil ag gabháil go leithleach do phost shochrach agus leanaí atá cleithiúnach ar na comhaltaí, na hoifigigh nó na seirbhísigh eile sin agus faoina gcúram, beidh siad díolmhaithe ó chleamhnú éigeantach agus íocaíocht isteach i gcórais slándála sóisialta náisiúnta sa Ríocht Aontaithe, faoi na coinníollacha céanna ab infheidhme ar an lá deiridh den idirthréimhse, ar choinníoll go bhfuil na daoine lena mbaineann cleamhnaithe le scéim slándála sóisialta an Aontais.

AIRTEAGAL 114

Ceartha pinsin a aistriú

Maidir le hoifigigh agus seirbhísigh eile an Aontais d'aon náisiúntacht, lena n-áirítear iaroifigigh agus iarsheirbhísigh eile, a tháinig isteach i seirbhís an Aontais roimh dheireadh na hidirthréimhse agus a iarrann ceartha pinsin a aistriú as an Ríocht Aontaithe nó isteach sa Ríocht Aontaithe de bhun Airteagal 11(1), (2) nó (3) agus Airteagal 12 d'Iarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh¹ nó Airteagal 39, Airteagal 109 agus Airteagal 135 de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh, is ionann oibleagáidí na Ríochta Aontaithe agus na hoibleagáidí atá ann cheana roimh dheireadh na hidirthréimhse.

¹ Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh mar a leagtar síos i Rialachán (CEE, Euratom, CEGC) Uimh. 259/68 ón gComhairle an 29 Feabhra 1968 lena leagtar síos Rialacháin Foirne Oifigigh na gComhphobal Eorpach agus Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile na gComhphobal Eorpach agus lena dtionscnaítear bearta speisialta is infheidhme ar bhonn sealadach maidir le hoifigigh an Choimisiúin (IO L 56, 4.3.1968, lch. 1).

AIRTEAGAL 115

Árachas dífhostaíochta

Beidh feidhm ag Airteagal 28a, Airteagal 96, agus Airteagal 136 de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh maidir le seirbhísigh eile an Aontais d'aon náisiúntacht, lena n-áirítear iarsheirbhísigh eile, a rinne ranníocaíochtaí i scéim dífhostaíochta an Aontais roimh dheireadh na hidirthréimhse má tá siad ina gcónaí sa Ríocht Aontaithe agus má tá siad cláraithe le húdarais dífhostaíochta na Ríochta Aontaithe tar éis dheireadh na hidirthréimhse.

CAIBIDIL 6

FORÁLACHA EILE

AIRTEAGAL 116

Tarscaoileadh díolúintí agus comhar

1. Beidh feidhm ag Airteagal 17 agus Airteagal 18 den Phrótacal ar Phribhléidí agus Díolúintí i leith pribhléidí, díolúintí agus saoráidí a thabharfar leis an Teideal seo.

2. Agus cinneadh á dhéanamh faoi Airteagal 17 den Phrótocal ar Phribhléidí agus Díolúintí maidir le díolúine a tharscaoileadh arna iarraidh sin d’údaráis na Ríochta Aontaithe, déanfaidh an tAontas an iarraidh sin a mheas ar an gcaoi chéanna agus a dhéanann sé iarrataí ó údaráis na mBallstát i gcásanna inchomparáide a mheas.

3. Arna iarraidh sin d’údaráis na Ríochta Aontaithe, tabharfaidh an tAontas fógra do na húdaráis sin faoi stádas aon duine atá ábhartha maidir le teidlíocht an duine sin ar phribhléid nó díolúine faoin Teideal seo.

AIRTEAGAL 117

An Banc Ceannais Eorpach

1. Beidh feidhm ag an Teideal seo maidir leis an mBanc Ceannais Eorpach (“BCE”), comhaltáí a orgán, foireann BCE, agus ionadaithe na mbanc ceannais náisiúnta sa Chóras Eorpach Banc Ceannais (“CEBC”) a ghlacann páirt i ngníomhaíochtaí BCE.

2. Beidh feidhm ag an dara mír d'Airteagal 22 den Phrótacal ar Phribhléidí agus Díolúintí maidir le BCE, comhaltaí a orgán, foireann BCE, ionadaithe na mbanc ceannais náisiúnta in CEBC a ghlacann páirt i ngníomhaíochtaí BCE, agus aon mhaoin, sócmhainní agus oibríochtaí de chuid BCE sa Ríocht Aontaithe a bheidh á sealbhú, á mbainistiú nó á ndéanamh de bhun Phrótacal (Uimh. 4) ar Reacht an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais agus an Bhainc Ceannais Eorpaigh.

3. Beidh feidhm ag mír 2 freisin maidir leis an méid seo a leanas:

- (a) maoin agus sócmhainní de chuid BCE a shealbhófar sa Ríocht Aontaithe ag deireadh na hidirthréimhse; agus
- (b) oibríochtaí de chuid BCE sa Ríocht Aontaithe nó oibríochtaí a dhéantar le macasamhlacha BCE sa Ríocht Aontaithe, agus gníomhaíochtaí coimhdeacha a bhaineann leo, a bhí ar siúl ag deireadh na hidirthréimhse, nó a thionscnófar tar éis dheireadh na hidirthréimhse mar chuid dá ghníomhaíochtaí chun oibríochtaí a bhí ar siúl ag deireadh na hidirthréimhse a choinneáil ar bun go tráth a n-aibíochta deiridh, a ndiúscartha nó a gcríochnaithe.

AIRTEAGAL 118

An Banc Eorpach Infheistíochta

1. Beidh feidhm ag an Teideal seo maidir leis an mBanc Eorpach Infheistíochta (“BEI”), comhaltaí a orgán, foireann BEI agus ionadaithe na mBallstát a ghlacann páirt ina chuid gníomhaíochtaí, chomh maith le haon fhochuideachtaí nó eintitis eile arna mbunú ag BEI roimh dheireadh na hidirthréimhse i gcomhréir le hAirteagal 28(1) de Phrótacal (Uimh. 5) ar Reacht an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta, go háirithe an Ciste Eorpach Infheistíochta.
2. Beidh feidhm ag an dara mír d’Airteagal 21 den Phrótacal ar Phribhléidí agus Díolúintí maidir le BEI, comhaltaí a orgán, foireann BEI agus ionadaithe na mBallstát a ghlacann páirt i ngníomhaíochtaí BEI, chomh maith le haon fhochuideachtaí nó aon eintiteas eile a bhunaigh BEI roimh dheireadh na hidirthréimhse i gcomhréir le hAirteagal 28(1) de Phrótacal (Uimh. 5) ar Reacht an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta, go háirithe an Ciste Eorpach Infheistíochta.
3. Beidh feidhm ag mír 2 freisin maidir leis an méid seo a leanas:
 - (a) maoin agus sócmhainní de chuid BEI nó d’aon fhochuideachtaí agus eintitis eile a bhunaigh BEI roimh dheireadh na hidirthréimhse i gcomhréir le hAirteagal 28(1) de Phrótacal (Uimh. 5) ar Reacht an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta, go háirithe an Ciste Eorpach Infheistíochta, a bheidh á sealbhú sa Ríocht Aontaithe ag deireadh na hidirthréimhse; agus

- (b) oibríochtaí iasachta, maoinithe, ráthaíochta, infheistíochta, cistíochta agus cúnaimh theicniúil BEI agus aon fhochuideachtaí agus eintitis eile a bhunaigh BEI roimh dheireadh na hidirthréimhse i gcomhréir le hAirteagal 28(1) de Phrótacal (Uimh. 5) ar Reacht an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta, go háirithe an Ciste Eorpach Infheistíochta, sa Ríocht Aontaithe nó le macasamhlacha BEI sa Ríocht Aontaithe, agus gníomhaíochtaí coimhdeacha a bhaineann leo, a bhí ar siúl ag deireadh na hidirthréimhse nó a thionscnófar tar éis dheireadh na hidirthréimhse, mar chuid dá ngníomhaíochtaí chun oibríochtaí a bhí ar siúl ag deireadh na hidirthréimhse a choinneáil ar bun go tráth a n-aibíochta deiridh, a ndiúscartha nó a gcríochnaithe.

AIRTEAGAL 119

Comhaontuithe maidir le hóstú

Beidh feidhm maidir leis an Údarás Baincéireachta Eorpach, leis an nGníomhaireacht Leigheasra Eorpach agus le hIonad Faireacháin Slándála Galileo, faoi seach, ag an gComhaontú Ceanncheathrún idir an Ríocht Aontaithe agus an tÚdarás Baincéireachta Eorpach an 8 Bealtaine 2012, an Malartú Litreacha a bhaineann le cur i bhfeidhm an Phrótacail sa Ríocht Aontaithe ar Phribhléidí agus Díolúintí na gComhphobal Eorpach chuig an nGníomhaireacht Leigheasra Eorpach an 24 Meitheamh 1996, agus an Comhaontú maidir le hóstú Ionad Faireacháin Slándála Galileo an 17 Iúil 2013, go dtí go mbeidh athlonnú na n-eintiteas sin chuig Ballstát curtha i gcrích. Is ionann dáta an fhógra ón Aontas maidir le dáta críochnaithe an athlonnaithe agus dáta foirceanta na gcomhaontuithe sin maidir le hóstú.

TEIDEAL VIII

SAINCHEISTEANNA EILE A BHAINNEANN LE FEIDHMIÚ INSTITIÚIDÍ, CHOMHLACHTAÍ, OIFIGÍ AGUS GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS

AIRTEAGAL 120

Oibleagáid maidir le rúndacht ghairmiúil

Beidh feidhm ag Airteagal 339 CFAE agus forálacha eile de dhlí an Aontais a fhorchuireann oibleagáid maidir le rúndacht ghairmiúil ar dhaoine aonair agus ar institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí áirithe de chuid an Aontais sa Ríocht Aontaithe i leith aon fhaisnéis den chineál a chumhdaítear faoi oibleagáidí maidir le rúndacht ghairmiúil a fuarthas roimh dheireadh na hidirthréimhse nó a fuarthas tar éis dheireadh na hidirthréimhse maidir le gníomhaíochtaí an Aontais de bhun an Chomhaontaithe seo. Urramóidh an Ríocht Aontaithe cibé oibleagáidí atá ar dhaoine aonair agus institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí agus áiritheoidh siad go gcomhlíonfar iad laistigh dá críoch.

AIRTEAGAL 121

Oibleagáid maidir le discríd ghairmiúil

Beidh feidhm ag Airteagal 19 de Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh agus forálacha eile de dhlí an Aontais a fhorchuireann oibleagáid maidir le discríd ghairmiúil ar dhaoine áirithe sa Ríocht Aontaithe i leith aon fhaisnéis a fuarthas roimh dheireadh na hidirthréimhse nó tar éis dheireadh na hidirthréimhse i dtaca le gníomhaíochtaí an Aontais de bhun an Chomhaontaithe seo. Urramóidh an Ríocht Aontaithe cibé oibleagáidí atá ar dhaoine aonair agus áiritheoidh sí go gcomhlíonfar iad laistigh dá críoch.

AIRTEAGAL 122

Rochtain ar dhoiciméid

1. Chun críocha na bhforálacha ábhartha i ndlí an Aontais maidir le rochtain ar dhoiciméid institiúidí, chomhlachtaí, oifigí agus ghníomhaireachtaí an Aontais, tuigfear faoi gach tagairt do na Ballstáit agus dá n-údaráis go bhfuil an Ríocht Aontaithe agus a húdaráis san áireamh inti i leith doiciméid arna dtarraingt suas nó arna bhfáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais:

- (a) roimh dheireadh na hidirthréimhse; nó
- (b) tar éis dheireadh na hidirthréimhse maidir le gníomhaíochtaí an Aontais de bhun an Chomhaontaithe seo.

2. Beidh feidhm ag Airteagal 5 agus Airteagal 9(5) de Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹ agus Airteagal 5 de Chinneadh BCE/2004/3 ón mBanc Ceannais Eorpach² sa Ríocht Aontaithe maidir leis na doiciméid go léir a thagann faoi raon feidhme na bhforálacha sin agus a gheobhaidh an Ríocht Aontaithe:

- (a) roimh dheireadh na hidirthréimhse; nó
- (b) tar éis dheireadh na hidirthréimhse maidir le gníomhaíochtaí an Aontais de bhun an Chomhaontaithe seo.

¹ Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2001 maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid de chuid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin (IO L 145, 31.5.2001, lch. 43).

² Cinneadh ón mBanc Ceannais Eorpach an 4 Márta 2004 maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid an Bhainc Ceannais Eorpaigh (BCE/2004/3) (2004/258/CE) (IO L 80, 18.3.2004, lch. 42).

AIRTEAGAL 123

An Banc Ceannais Eorpach

1. Beidh feidhm ag Airteagail 9.1, 17, 35.1, 35.2, agus 35.4 de Phrótacal (Uimh. 4) ar Reacht an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais agus an Bhainc Ceannais Eorpaigh maidir le BCE, comhaltaí a orgán, foireann BCE, ionadaithe na mbanc ceannais náisiúnta in CEBC a ghlacann páirt i ngníomhaíochtaí BCE, agus aon mhaoín, sócmhainní agus oibríochtaí de chuid BCE sa Ríocht Aontaithe arna sealbhú, arna mbainistiú nó arna seoladh de bhun an Phrótacail sin. Beidh BCE díolmhaithe ó cheanglais clárú sa Ríocht Aontaithe nó aon chineál ceadúnais, ceada nó údaraithe nó aon chineál ceada eile a fháil ón Ríocht Aontaithe chun a chuid oibríochtaí a dhéanamh.
2. Beidh feidhm ag mír 1 freisin maidir leis an méid seo a leanas:
 - (a) maoin agus sócmhainní de chuid BCE a shealbhófar sa Ríocht Aontaithe ag deireadh na hidirthréimhse; agus
 - (b) oibríochtaí de chuid BCE sa Ríocht Aontaithe nó oibríochtaí a dhéantar le macasamhlacha BCE sa Ríocht Aontaithe, agus gníomhaíochtaí coimhdeacha a bhaineann leo, a bhí ar siúl ag deireadh na hidirthréimhse, nó a thionscnófar tar éis dheireadh na hidirthréimhse mar chuid dá ghníomhaíochtaí chun oibríochtaí a bhí ar siúl ag deireadh na hidirthréimhse a choinneáil ar bun go tráth a n-aibíochta deiridh, a ndiúscartha nó a gcríochnaithe.

AIRTEAGAL 124

An Banc Eorpach Infheistíochta

1. Beidh feidhm ag Airteagail 13, 20(2), 23(1), 23(4) agus 26 agus ag an gcéad mhír d'Airteagal 27 de Phrótacal (Uimh. 5) ar Reacht an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta maidir le BEI, comhaltaí a orgán, foireann BEI agus ionadaithe ó na Ballstáit a ghlacann páirt ina ghníomhaíochtaí, chomh maith le haon fhochuideachtaí nó eintitis eile arna mbunú ag BEI roimh dheireadh na hidirthréimhse i gcomhréir le hAirteagal 28(1) den Phrótacal sin, go háirithe an Ciste Eorpach Infheistíochta. Beidh BEI agus an Ciste Eorpach Infheistíochta díolmhaithe ó cheanglais i leith clárú sa Ríocht Aontaithe nó aon chineál ceadúnais, ceada nó údaraithe nó aon chineál ceada eile a fháil ón Ríocht Aontaithe chun a gcuid oibríochtaí a dhéanamh. Fanfaidh airgeadra na Ríochta Aontaithe inaistrithe agus inmhalartaithe gan srian, i gcomhréir le hAirteagal 23(2) de Phrótacal (Uimh. 5) ar Reacht an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta maidir le hinmhalartacht airgeadra na Ríochta Aontaithe go hairgeadra stáit nach Ballstát é, chun críocha na n-oibríochtaí sin.
2. Beidh feidhm ag mír 1 freisin maidir leis an méid seo a leanas:
 - (a) maoin agus sócmhainní de chuid BEI nó d'aon fhochuideachtaí agus eintitis eile a bhunaigh BEI roimh dheireadh na hidirthréimhse i gcomhréir le hAirteagal 28(1) de Phrótacal (Uimh. 5) ar Reacht an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta, go háirithe an Ciste Eorpach Infheistíochta, a bheidh á sealbhú sa Ríocht Aontaithe ag deireadh na hidirthréimhse; agus

- (b) oibríochtaí iasachtaíochta, maoinithe, ráthaíochta, infheistíochta, cistíochta agus cúnaimh theicniúil BEI nó aon fhochuideachtaí agus eintitis eile arna mbunú ag BEI roimh dheireadh na hidirthréimhse i gcomhréir le hAirteagal 28(1) de Phrótocal (Uimh. 5) ar Reacht an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta, go háirithe an Ciste Eorpach Infheistíochta, sa Ríocht Aontaithe nó le macasamhlacha BEI sa Ríocht Aontaithe, agus gníomhaíochtaí coimhdeacha a bhaineann leo, a bhí ar siúl ag deireadh na hidirthréimhse nó a tionscnaíodh tar éis dheireadh na hidirthréimhse, mar chuid dá ngníomhaíochtaí chun oibríochtaí a bhí ar siúl ag deireadh na hidirthréimhse a choinneáil ar bun go tráth a n-aibíochta deiridh, a ndiúscartha nó a gcríochnaithe.

AIRTEAGAL 125

Scoileanna Eorpacha

1. Beidh an Ríocht Aontaithe faoi cheangal ag an gCoinbhinsiún lena sainmhínítear Reacht na Scoileanna Eorpacha¹, chomh maith leis na Rialacháin maidir le Scoileanna Eorpacha Creidiúnaithe arna nglacadh ag Bord Gobharnóirí na Scoileanna Eorpacha, go dtí deireadh na scoilbhliana atá ar siúl ag deireadh na hidirthréimhse.
2. Áiritheoidh an Ríocht Aontaithe, maidir le daltaí a fuair Baccalaureate Eorpach roimh an 31 Lúnasa 2021 agus maidir le daltaí atá cláraithe i dtimthriall staidéir meánscoile i Scoil Eorpach roimh an 31 Lúnasa 2021 agus a gheobhaidh Baccalaureate Eorpach tar éis an dáta sin, go dteachtfaidh na daltaí sin na cearta dá bhforáiltear in Airteagal 5(2) den Choinbhinsiún lena sainmhínítear Reacht na Scoileanna Eorpacha.

¹ IO L 212, 17.8.1994, lch. 3.

CUID A CEATHAIR

IDIRTHRÉIMHSE

AIRTEAGAL 126

Idirthréimhse

Beidh idirthréimhse nó tréimhse cur chun feidhme ann, a thosóidh ar dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo agus a chríochnóidh an 31 Nollaig 2020.

AIRTEAGAL 127

Raon feidhme na hidirthréimhse

1. Mura bhforáiltear a mhalairt sa Chomhaontú seo, beidh dlí an Aontais infheidhme maidir leis an Ríocht Aontaithe agus sa Ríocht Aontaithe le linn na hidirthréimhse.

Mar sin féin, ní bheidh na forálacha seo a leanas de chuid na gConarthaí, agus gníomhartha arna nglacadh ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí nó gníomhaireachtaí an Aontais infheidhme maidir leis an Ríocht Aontaithe agus sa Ríocht Aontaithe le linn na hidirthréimhse:

- (a) forálacha na gConarthaí agus gníomhartha atá, de bhun Phrótacal (Uimh. 15) maidir le forálacha áirithe a bhaineann le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, Phrótacal (Uimh. 19) maidir le *acquis* Schengen arna lánpháirtiú i gcreat an Aontais Eorpaigh nó Phrótacal (Uimh. 21) maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais, nó de bhun fhorálacha na gConarthaí maidir le comhar feabhsaithe, nach raibh ina gceangal ar an Ríocht Aontaithe agus sa Ríocht Aontaithe roimh dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, chomh maith le gníomhaíochtaí lena leasaítear na gníomhaíochtaí sin;
- (b) Airteagal 11(4) CAE, pointe (b) d'Airteagal 20(2), Airteagal 22 agus an chéad mhír d'Airteagal 24 CFAE, Airteagal 39 agus Airteagal 40 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, agus na gníomhartha arna nglacadh ar bhonn na bhforálacha sin.

2. I gcás ina dtiocfaidh an tAontas agus an Ríocht Aontaithe ar chomhaontú lena rialófar a gcuidreamh sa todhchaí i réimsí an Chomhbheartais Eachtraigh agus Slándála agus an Chomhbheartais Slándála agus Cosanta a thagann chun bheith infheidhme le linn na hidirthréimhse, scoirfidh Caibidil 2 de Theideal V CAE agus na gníomhartha arna nglacadh ar bhonn na bhforálacha sin d'fheidhm a bheith acu maidir leis an Ríocht Aontaithe ó dháta chur i bhfeidhm an chomhaontaithe sin.

3. Le linn na hidirthréimhse, beidh ag dlí an Aontais is infheidhme de bhun mhír 1 na héifeachtaí dlíthiúla céanna maidir leis an Ríocht Aontaithe agus sa Ríocht Aontaithe leo siúd a bhíonn aige laistigh den Aontas agus a Bhallstáit, agus déanfar na héifeachtaí sin a léirmhíniú agus a chur i bhfeidhm i gcomhréir leis na modhanna agus na prionsabail ghinearálta céanna is infheidhme laistigh den Aontas.

4. Ní ghlacfaidh an Ríocht Aontaithe páirt in aon chomhar feabhsaithe:

- (a) maidir lena ndeonófar údarú ina leith tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo; nó
- (b) laistigh den chreat nár glacadh aon ghníomhartha roimh dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo.

5. Le linn na hidirthréimhse, maidir le bearta lena leasófar, lena n-ionadófar nó lena gcuirfear le beart atá ann cheana a glacadh de bhun Theideal V de Chuid a Trí CFAE lena gceanglaítear an Ríocht Aontaithe roimh dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, beidh feidhm fós ag Airteagal 5 de Phrótacal (Uimh. 19) maidir le *acquis* Schengen arna lánpháirtiú i gcreat an Aontais Eorpaigh agus Airteagal 4a de Phrótacal (Uimh. 21) maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann maidir leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais de bheith i bhfeidhm *mutatis mutandis*. Ní bheidh an ceart ag an Ríocht Aontaithe, áfach, fógra a thabhairt gur mian léi a bheith rannpháirteach i gcur i bhfeidhm beart nua de bhun Theideal V de Chuid a Trí CFAE cé is moite de na bearta dá dtagraítear in Airteagal 4a de Phrótacal Uimh. 21.

Chun tacú le comhar leanúnach idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe, faoi na coinníollacha a leagtar amach le haghaidh comhar le tríú tíortha sna bearta ábhartha, féadfaidh an tAontas cuireadh a thabhairt don Ríocht Aontaithe a bheith ag obair i gcomhar leis maidir le bearta nua arna nglacadh faoi Theideal V de Chuid III CFAE.

6. Mura bhforáiltear a mhalairt sa Chomhaontú seo, le linn na hidirthréimhse, tuigfear go bhfuil an Ríocht Aontaithe san áireamh in aon tagairt do Bhallstáit i ndlí an Aontais is infheidhme de bhun mhír 1, lena n-áirítear mar a chuirfidh na Ballstáit chun feidhme iad agus a mar a chuirfidh na Ballstáit i bhfeidhm iad.

7. De mhaolú ar mhír 6:

(a) chun críocha Airteagal 42(6) agus Airteagal 46 CAE agus de Phrótacal (Uimh. 10) maidir leis an mbuanchomhar struchtúrtha arna bhunú le hAirteagal 42 CAE, tuigfear i gcás aon tagairtí do Bhallstáit, nach bhfuil an Ríocht Aontaithe san áireamh iontu. Ní chuirfidh sin as an áireamh an fhéidearthacht go dtabharfar cuireadh don Ríocht Aontaithe páirt a ghlacadh mar thríú tír i dtionscadail aonair faoi na coinníollacha a leagtar amach i gCinneadh (CBES) 2017/2315 ón gComhairle¹ ar bhonn eisceachtúil, nó in aon fhoirm eile comhair a mhéid a cheadaítear agus faoi na coinníollacha a bheidh leagtha amach i ngníomhartha an Aontais sa todhchaí arna nglacadh ar bhonn Airteagal 42(6) agus Airteagal 46 CAE;

¹ Cinneadh (CBES) 2017/2315 ón gComhairle an 11 Nollaig 2017 lena mbunaítear buanchomhar struchtúrtha (PESCO) agus lena gcinntear liosta na mBallstát rannpháirteach (IO L 331, 14.12.2017, lch. 57).

- (b) i gcás ina bhfuil i ngníomhartha an Aontais foráil maidir le Ballstáit, náisiúnaigh Ballstát nó daoine nádúrtha nó dlítheanacha atá ina gcónaí nó atá bunaithe i mBallstát a bheith rannpháirteach i malartú faisnéise, i nós imeachta nó i gclár a leantar dá chur chun feidhme nó a thosaíonn tar éis dheireadh na hidirthréimhse, agus i gcás ina dtabharfadh an rannpháirtíocht sin rochtain ar fhaisnéis íogair a bhaineann le slándáil nach bhfuil ach Ballstáit, náisiúnaigh na mBallstát nó daoine nádúrtha nó dlítheanacha atá ina gcónaí nó atá bunaithe i mBallstát le bheith ar an eolas fúithi, sna himthosca eisceachtúla sin tuigfear nach n-áirítear an Ríocht Aontaithe sna tagairtí sin do ghníomhartha an Aontais. Tabharfaidh an tAontas fógra don Ríocht Aontaithe maidir le cur i bhfeidhm an mhaolaithe sin;
- (c) chun críocha oifigigh agus seirbhísigh eile institiúidí, chomhlachtaí, oifigí nó ghníomhaireachtaí an Aontais a earcú, tuigfear nach n-áireofar an Ríocht Aontaithe in aon tagairtí do Bhallstáit in Airteagal 27 agus Airteagal 28(a) de na Rialacháin Foirne agus in Airteagal 1 d'Iarscríbhinn X a ghabhann leo agus in Airteagal 12, Airteagal 82 agus Airteagal 128 de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh, nó sna forálacha ábhartha de na rialacha foirne eile is infheidhme maidir leis na hinstiúidí, na comhlachtaí, na hoifigí nó na ghníomhaireachtaí sin.

AIRTEAGAL 128

Socruithe institiúideacha

1. D'ainneoin Airteagal 127, beidh feidhm ag Airteagal 7 i rith na hidirthréimhse.
2. Chun críocha na gConarthaí, le linn na hidirthréimhse, ní mheasfar gur parlaimint náisiúnta Ballstáit í parlaimint na Ríochta Aontaithe, ach amháin maidir le hAirteagal 1 de Phrótacal (Uimh. 1) maidir le ról na bparlaimintí náisiúnta san Aontas Eorpach agus, maidir le tograí atá san fhearann poiblí, Airteagal 2 den Phrótacal sin.
3. Le linn na hidirthréimhse, tuigfear nach n-áireofar an Ríocht Aontaithe i bhforálacha na gConarthaí lena dtugtar cearta institiúideacha do na Ballstáit lenar féidir leo tograí, tionscnaimh nó iarratais a thíolacadh chuig na hinstitiúidí¹.
4. Chun críocha rannpháirtíochta sna socruithe institiúideacha a leagtar síos in Airteagal 282 agus Airteagal 283 CFAE agus i bPrótacal (Uimh. 4) ar Reacht an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais agus an Bhainc Ceannais Eorpaigh, seachas Airteagal 21(2) den Phrótacal sin, ní mheasfar, le linn na hidirthréimhse, gur banc ceannais náisiúnta Ballstáit é Banc Shasana.

¹ Ba cheart go mbainfeadh sin go háirithe le hAirteagail 7, 30, 42(4), 48(2) - (6) agus 49 CAE agus le hAirteagail 25, 76(b), 82(3), 83(3), 86(1), 87(3), 135, 218(8), 223(1), 262, 311 agus 341 CFAE.

5. De mhaolú ar mhír 1 den Airteagal seo agus Airteagal 7, le linn na hidirthréimhse, féadfaidh ionadaithe nó saineolaithe na Ríochta Aontaithe, nó saineolaithe arna n-ainmniú ag an Ríocht Aontaithe, arna iarraidh sin orthu, freastal go heisceachtúil ar chruinnithe nó codanna de chruinnithe de na coistí dá dtagraítear in Airteagal 3(2) de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011, cruinnithe nó codanna de chruinnithe de shaineolaithe an Choimisiúin, cruinnithe nó codanna de chruinnithe d'eintitis eile den chineál céanna, agus cruinnithe nó codanna de chruinnithe comhlachtaí, oifigí nó gníomhaireachtaí, nuair a ghlacfaidh ionadaithe nó saineolaithe na mBallstát nó saineolaithe arna n-ainmniú ag na Ballstáit páirt iontu, ar choinníoll go gcomhlíonfar ceann de na coinníollacha a leanas:

- (a) go mbaineann an plé le gníomhaíochtaí aonair atá le díriú le linn na hidirthréimhse chuig an Ríocht Aontaithe nó chuig daoine nádúrtha nó dlítheanacha atá ina gcónaí nó atá bunaithe sa Ríocht Aontaithe;
- (b) gur gá an Ríocht Aontaithe a bheith ann agus gurb é leas an Aontais í a bheith ann, go háirithe chun dlí an Aontais a chur chun feidhme go héifeachtach le linn na hidirthréimhse.

Le linn na gcruinnithe sin nó na gcodanna de na cruinnithe sin, ní bheidh aon chearta vótála ag ionadaithe ná saineolaithe na Ríochta Aontaithe ná saineolaithe arna n-ainmniú ag an Ríocht Aontaithe agus beidh a láithreacht teoranta do na míreanna sonracha ar an gelár oibre a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach i bpointe (a) nó i bpointe (b).

6. Le linn na hidirthréimhse, ní ghníomhóidh an Ríocht Aontaithe mar phríomhúdarás le haghaidh measúnuithe riosca, scrúduithe, ceaduithe nó údaruithe ar leibhéal an Aontais nó ar leibhéal na mBallstát ag gníomhú go comhpháirteach dóibh, dá dtagraítear sna gníomhartha agus sna forálacha a liostaítear in Iarscríbhinn VII.

7. Le linn na hidirthréimhse, i gcás ina sainaitheofar nó ina dtagrófar go díreach i ndrúachtghníomhartha an Aontais d'údaráis, nósanna imeachta nó doiciméid shonracha de chuid na mBallstát, rachaidh an tAontas i gcomhairle leis an Ríocht Aontaithe maidir leis na dréachtaí sin, d'fhonn cur chun feidhme agus cur i bhfeidhm ceart na ngníomhartha sin ag an Ríocht Aontaithe agus sa Ríocht Aontaithe a áirithiú.

AIRTEAGAL 129

Socrúithe sonracha a bhaineann le gníomhaíocht sheachtrach an Aontais

1. Gan dochar d'Airteagal 127(2), le linn na hidirthréimhse, beidh an Ríocht Aontaithe faoi cheangal ag na hoibleagáidí a eascraíonn ó na comhaontuithe idirnáisiúnta arna dtabhairt i gcrích ag an Aontas, ag na Ballstáit atá ag gníomhú thar a cheann nó ag an Aontas agus a Bhallstáit ag gníomhú go comhpháirteach dóibh, dá dtagraítear i bpointe (a)(iv) d'Airteagal 2*.

* Tabharfaidh an tAontas fógra do na páirtithe eile sna comhaontuithe sin go gcaithfear leis an Ríocht Aontaithe mar Bhallstát le linn na hidirthréimhse chun críocha na gcomhaontuithe seo.

2. Le linn na hidirthréimhse, ní ghlacfaidh ionadaithe ón Ríocht Aontaithe páirt in obair aon chomhlachtaí arna mbunú ag comhaontuithe idirnáisiúnta arna dtabhairt i gcrích ag an Aontas, nó ag na Ballstáit atá ag gníomhú thar a cheann, nó ag an Aontas agus a Bhallstáit ag gníomhú go comhpháirteach dóibh, mura rud é:

- (a) go bhfuil an Ríocht Aontaithe rannpháirteach ina ceart féin; nó
- (b) gur iarr an tAontas go heisceachtúil ar an Ríocht Aontaithe freastal ar chruinnithe nó ar chodanna de chruinnithe na gcomhlachtaí sin, mar chuid de thoscaireacht an Aontais, i gcás ina measfaidh an tAontas gur gá an Ríocht Aontaithe a bheith ann agus gurb é leas an Aontais í a bheith ann, go háirithe chun na comhaontuithe sin a chur chun feidhme go héifeachtach le linn na hidirthréimhse; ní cheadófar an láithreacht sin ach amháin i gcás ina gceadófar rannpháirtíocht na mBallstát faoi na comhaontuithe is infheidhme.

3. I gcomhréir le prionsabal an chomhair dhílis, staonfaidh an Ríocht Aontaithe, le linn na hidirthréimhse, ó aon ghníomhaíocht nó tionscnamh a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do leasanna an Aontais, go háirithe faoi chuimsiú aon eagraíocht, aon ghníomhaireacht, aon chomhdháil nó aon fhóram idirnáisiúnta ina bhfuil an Ríocht Aontaithe ina páirtí ina ceart féin.

4. D'ainneoin mhír 3, le linn na hidirthréimhse, féadfaidh an Ríocht Aontaithe idirbheartaíocht a dhéanamh, comhaontuithe idirnáisiúnta a shíniú agus a dhaingniú ina cáil féin i réimsí ina bhfuil inniúlacht eisiach ag an Aontas, ar choinníoll nach dtiocfaidh na comhaontuithe sin i bhfeidhm ná nach gcuirfear i bhfeidhm iad le linn na hidirthréimhse, mura rud é a d'údaraigh an tAontas amhlaidh.

5. Gan dochar d'Airteagal 127(2), nuair is gá comhordú a dhéanamh, féadfar dul i gcomhairle leis an Ríocht Aontaithe, de réir an cháis.

6. Tar éis cinneadh ón gComhairle a thagann faoi Chaibidil 2 de Theideal V CAE, féadfaidh an Ríocht Aontaithe dearbhú foirmiúil a dhéanamh d'Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála lena léirítear, ar chúiseanna ríthábhachtacha agus sonraithe de bheartas náisiúnta, nach gcuirfidh sé an cinneadh i bhfeidhm sna cásanna eisceachtúla sin. Staonfaidh an Ríocht Aontaithe, de mheon dlúthpháirtíochta frithpháirtí, ó aon gníomhaíocht ar dóigh di a bheith ar neamhréir le gníomhaíocht an Aontais a bheidh bunaithe ar an gcinneadh sin nó gníomhaíocht sin an Aontais a bhac agus urramóidh na Ballstáit eile seasamh na Ríochta Aontaithe.

7. Le linn na hidirthréimhse, ní sholáthróidh an Ríocht Aontaithe ceannairí oibríochtaí sibhialta, ceannairí misin, ceannairí oibríochta ná ceannairí fórsa i gcomhair misin nó oibríochtaí a dhéanfar faoi Airteagal 42, Airteagal 43 agus Airteagal 44 CAE, ná ní sholáthróidh sí ceanncheathrú oibriúcháin do mhisin nó d'oibríochtaí den chineál sin, nó fónamh mar chreatnáisiún do chathghrúpaí an Aontais. Le linn na hidirthréimhse, ní sholáthróidh an Ríocht Aontaithe ceann gníomhaíochtaí oibriúcháin faoi Airteagal 28 CAE.

AIRTEAGAL 130

Socruithe sonracha a bhaineann le deiseanna iascaireachta

1. Maidir le deiseanna iascaireachta a shocrú de réir bhrí Airteagal 43(3) CFAE maidir le haon tréimhse a thagann faoin idirthréimhse, rachfar i gcomhairle leis an Ríocht Aontaithe maidir leis na deiseanna iascaireachta a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe, lena n-áirítear i gcomhthéacs comhairliúcháin agus caibidlíochtaí idirnáisiúnta ábhartha a ullmhú.
2. Chun críocha mhír 1, tabharfaidh an tAontas an deis don Ríocht Aontaithe tuairimí a thabhairt faoin Teachtaireacht Bhliantúil ón gCoimisiún Eorpach maidir le deiseanna iascaireachta, faoin gcomhairle eolaíoch ó na comhlachtaí eolaíochta ábhartha agus faoi na tograí ón gCoimisiún Eorpach maidir le deiseanna iascaireachta le haghaidh aon tréimhse a thagann faoin idirthréimhse.
3. D'ainneoin phointe (b) d'Airteagal 129(2), d'fhonn a cheadú don Ríocht Aontaithe a comhaltas i bhfóraim idirnáisiúnta ábhartha sa todhchaí a ullmhú, féadfaidh an tAontas cuireadh a thabhairt don Ríocht Aontaithe go heisceachtúil freastal, mar chuid de thoscaireacht an Aontais, ar chomhairliúcháin agus ar idirbheartaíochtaí idirnáisiúnta ábhartha dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, a mhéid a cheadófar do na Ballstáit agus a cheadófar leis an bhfóram sonrach.

4. Gan dochar d'Airteagal 127(1), coimeádfar na scálaí cobhsaíochta coibhneasta maidir le leithdháileadh deiseanna iascaireachta dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo.

AIRTEAGAL 131

Maoirsiú agus forfheidhmiú

Le linn na hidirthréimhse, beidh na cumhachtaí a tugadh dóibh le dlí an Aontais i ndáil leis an Ríocht Aontaithe agus le daoine nádúrtha agus dlítheanacha atá ina gcónaí nó atá bunaithe sa Ríocht Aontaithe ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais. Go háirithe, beidh an dlínse dá bhforáiltear sna Conarthaí ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.

Beidh feidhm ag an gcéad mhír freisin le linn na hidirthréimhse maidir le léiriú agus cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo.

AIRTEAGAL 132

Síneadh a chur leis an idirthréimhse

1. D'ainneoin Airteagal 126, féadfaidh an Comhchoiste, roimh an 1 Iúil 2020, aon chinneadh amháin a ghlacadh lena gcuirtear síneadh leis an idirthréimhse go ceann tréimhse suas le bliain amháin nó dhá bhliain.*

* I gcás ina gcuirtear síneadh leis, tabharfaidh an tAontas fógra faoi do pháirtithe eile i gcomhaontuithe idirnáisiúnta.

2. I gcás ina nglacfaidh an Comhchiste cinneadh faoi mhír 1, beidh feidhm ag an méid seo a leanas:

- (a) de mhaolú ar Airteagal 127(6), measfar an Ríocht Aontaithe a bheith ina tríú tír chun críocha chur chun feidhme chláir agus ghníomhaíochtaí an Aontais a gealladh faoin gcreat airgeadais ilbhliantúil agus sin á chur i bhfeidhm ó 2021 ar aghaidh;
- (b) de mhaolú ar Airteagal 127(1) agus gan dochar do Chuid a Cúig den Chomhaontú seo, dlí an Aontais is infheidhme i dtaca le hacmhainní dílse an Aontais a bhaineann leis na blianta airgeadais **a chumhdaítear leis an síneadh**, ní beidh feidhm aige maidir leis an Ríocht Aontaithe tar éis an 31 Nollaig 2020;
- (c) de mhaolú ar Airteagal 127(1) den Chomhaontú seo, ní bheidh feidhm ag Airteagal 107, Airteagal 108 agus Airteagal 109 CFAE maidir le bearta de chuid údaráis na Ríochta Aontaithe, lena n-áirítear i ndáil leis an bhforbairt tuaithe, lena dtacaítear le déanamh agus trádáil táirgí talmhaíochta sa Ríocht Aontaithe suas go leibhéal bliantúil tacaíochta nach mó ná méid iomlán an chaiteachais arna thabhtú sa Ríocht Aontaithe faoin gComhbheartas Talmhaíochta in 2019, agus ar choinníoll go mbeidh céatadán íosta den tacaíocht dhíolmhaithe sin i gcomhréir le forálacha Iarscríbhinn 2 a ghabhann le Comhaontú na hEagraíochta Domhanda Trádála ar Thalmhaíocht. Déanfar an céatadán íosta sin a chinneadh ar bhonn an chéatadáin dheireanaigh atá ar fáil trína raibh an caiteachas foriomlán faoin gComhbheartas Talmhaíochta san Aontas i gcomhréir le forálacha Iarscríbhinn 2 a ghabhann le Comhaontú na hEagraíochta Domhanda Trádála ar Thalmhaíocht. I gcás nach iolrú ar dhá mhí dhéag an tréimhse lena gcuirtear síneadh leis an idirthréimhse, déanfar uasleibhéal bliantúil na tacaíochta díolmhaithe a laghdú ar bhonn pro rata sa bhliain nach dhá mhí dhéag atá i gceist leis an idirthréimhse ar cuireadh síneadh léi;
- (d) don tréimhse ón 1 Eanáir 2021 go deireadh na hidirthréimhse, déanfaidh an Ríocht Aontaithe ranníocaíocht le buiséad an Aontais, arna cinneadh i gcomhréir le mír 3;

(e) faoi réir phointe (d) de mhír 3, ní dhéanfar difear do chuid a Cúig den Chomhaontú seo.

3. Le cinneadh ón gComhchiste faoi mhír 1, déanfar an méid seo a leanas:

(a) méid iomchuí ranníocaíocht na Ríochta Aontaithe le buiséad an Aontais don tréimhse ón 1 Eanáir 2021 go deireadh na hidirthréimhse a bhunú, agus stádas na Ríochta Aontaithe le linn na tréimhse sin á chur san áireamh, chomh maith leis na módúlachtaí íocaíochta a bhaineann leis an méid sin;

(b) uasleibhéal na tacaíochta díolmhaithe a shonrú, chomh maith leis an gcéatadán íosta di lena gcomhlíonfar forálacha Iarscríbhinn 2 a ghabhann le Comhaontú na hEagraíochta Domhanda Trádála ar Thalmhaíocht, dá dtagraítear i bpointe (c) de mhír 2;

(c) aon bheart eile is gá a leagan síos le haghaidh chur chun feidhme mhír 2;

(d) na dátaí nó na tréimhsí dá dtagraítear in Airteagail 51, 62, 63, 84, 96, 125, 141, 156, 157 agus in Iarscríbhinn IV agus in Iarscríbhinn V a oiriúnú chun an síneadh leis an idirthréimhse a léiriú.

CUID A CÚIG

FORÁLACHA AIRGEADAIS

CAIBIDIL 1

FORÁLACHA GINEARÁLTA

AIRTEAGAL 133

Airgeadra le húsáid idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe

Gan dochar do dhlí an Aontais is infheidhme maidir le hacmhainní dílse an Aontais, déanfar gach méid, dliteanas, ríomh, cuntas agus íocaíocht dá dtagraítear sa Chuid seo a tharraingt suas agus a chur chun feidhme in euro.

AIRTEAGAL 134

Saoráid a thairgfear d'iniúcháirí i ndáil leis na forálacha airgeadais

Cuirfidh an Ríocht Aontaithe an tAontas ar an eolas faoi na heintitis a gcuirfidh sí de chúram orthu iniúchadh a dhéanamh ar chur chun feidhme na bhforálacha airgeadais a chumhdaítear leis an gCuid seo.

Ar iarraidh na Ríochta Aontaithe, déanfaidh an tAontas aon fhaisnéis a d'fhéadfaí a iarraidh air go réasúnach maidir le cearta agus oibleagáidí na Ríochta Aontaithe faoin gCuid seo a sholáthar do na heintitis a gcuirfear an cúram sin orthu agus soláthróidh sé cúnamh leordhóthanach dóibh chun ligean dóibh a gcúram a chur i gcrích. Agus faisnéis agus cúnamh á soláthar nó á sholáthar faoin Airteagal seo, gníomhóidh an tAontas i gcomhréir leis an dlí is infheidhme de chuid an Aontais, go háirithe le rialacha an Aontais maidir le cosaint sonraí.

Féadfaidh údaráis na Ríochta Aontaithe agus an Aontais comhaontú ar shocruithe riaracháin iomchuí chun cur i bhfeidhm na chéad mhíre agus an dara mír a éascú.

CAIBIDIL 2

RANNÍOCAÍOCHT AGUS RANNPHÁIRTÍOCHT NA RÍOCHTA AONTAITHE MAIDIR LE BUISÉAD AN AONTAIS

AIRTEAGAL 135

Ranníocaíocht agus rannpháirtíocht na Ríochta Aontaithe
i gcur chun feidhme bhuiséid an Aontais do na blianta 2019 agus 2020

1. I gcás na mblianta 2019 agus 2020, i gcomhréir le Cuid a Ceathair, rannchuideoidh an Ríocht Aontaithe le buiséid an Aontais a chur chun feidhme agus beidh sí rannpháirteach ann.
2. De mhaolú ar Chuid a Ceathair, ní bheidh feidhm ag leasuithe ar Rialachán (AE, Euratom) 1311/2013 ón gComhairle¹ nó Cinneadh 2014/335/AE, Euratom a ghlacfar ar dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo nó dá éis sin maidir leis an Ríocht Aontaithe a mhéid a bheidh tionchar ag na leasuithe sin ar oibleagáidí airgeadais na Ríochta Aontaithe.

¹ Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1311/2013 ón gComhairle an 2 Nollaig 2013 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2014-2020 (IO L 347, 20.12.2013, lch. 884).

AIRTEAGAL 136

Forálacha is infheidhme tar éis an 31 Nollaig 2020 maidir le hacmhainní dílse

1. Leanfaidh an dlí is infheidhme de chuid an Aontais maidir le hacmhainní dílse an Aontais a bhaineann le blianta airgeadais go dtí 2020 d'fheidhm a bheith aige maidir leis an Ríocht Aontaithe tar éis an 31 Nollaig 2020, lena n-áirítear i gcás ina gcuirfear ar fáil na hacmhainní dílse lena mbaineann, arna cheartú coigeartuithe nó faoina réir tar éis an dáta sin.
2. Gan dochar d'Airteagal 135(2), áireofar le dlí an Aontais dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo go háirithe na gníomhartha agus na forálacha seo a leanas, lena n-áirítear aon leasú orthu, gan beann ar dháta glactha, dáta theacht i bhfeidhm nó dáta chur i bhfeidhm an leasaithe:
 - (a) Cinneadh 2014/335/AE, Euratom;
 - (b) Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 609/2014, agus go háirithe Airteagal 12 den Rialachán sin maidir leis an ús ar mhéideanna a chuirfear ar fáil go déanach agus Airteagal 11 den Rialachán sin maidir le láimhseáil an diúltaithe;
 - (c) Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 608/2014 agus go háirithe Airteagal 1 den Rialachán sin maidir le ríomh an iarmhéid agus Airteagal 2 go hAirteagal 8 maidir leis na bearta cur chun feidhme do chóras na n-acmhainní dílse;

- (d) Rialachán (CEE, Euratom) Uimh. 1553/89 ón gComhairle¹;
- (e) Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1287/2003 ón gComhairle²;
- (f) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE, Euratom) 2018/195 ón gCoimisiún³;
- (g) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE, Euratom) 2018/194 ón gCoimisiún⁴;

¹ Rialachán (CEE, Euratom) Uimh. 1553/89 ón gComhairle an 29 Bealtaine 1989 maidir le socruithe aonfhoirmeacha cinntitheacha chun acmhainní dílse a fhabhraíonn ó cháin bhreisluacha a bhailiú (IO L 155, 7.6.1989, lch. 9).

² Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1287/2003 ón gComhairle an 15 Iúil 2003 maidir le comhchuibhiú ollioncaim náisiúnta ag praghsanna an mhargaidh (Rialachán OIN) (IO L 181, 19.7.2003, lch. 1).

³ Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE, Euratom) 2018/195 ón gCoimisiún an 8 Feabhra 2018 lena mbunaítear foirmeacha le haghaidh tuairisciú ar chalois agus neamhrialtachtaí a dhéanann difear do theidlíochtaí ar acmhainní dílse traidisiúnta agus ar chigireachtaí a bhaineann le hacmhainní dílse traidisiúnta de bhun Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 608/2014 ón gComhairle (IO L 36, 9.2.2018, lch. 33).

⁴ Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE, Euratom) 2018/194 ón gCoimisiún an 8 Feabhra 2018 lena mbunaítear samhlacha le haghaidh ráitis chuntais maidir le teidlíochtaí ar acmhainní dílse agus foirm le haghaidh tuarascálacha ar mhéideanna neamh-inghnóthaithe a fhreagraíonn do na teidlíochtaí ar acmhainní dílse de bhun Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 609/2014 ón gComhairle (IO L 36, 9.2.2018, lch. 20).

- (h) Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹ (an “Rialachán Airgeadais”);
- (i) Airteagal 287 CFAE maidir le ról na Cúirte Iniúchóirí chomh maith le rialacha eile maidir leis an institiúid sin;
- (j) Airteagal 325 CFAE maidir le calaois a chomhrac agus gníomhartha gaolmhara, go háirithe Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle² agus Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 2988/95 ón gComhairle³;
- (k) na buiséid bhliantúla do na blianta airgeadais go dtí 2020 nó, i gcás nár glacadh an buiséad bliantúil, na rialacha is infheidhme i gcomhréir le hAirteagal 315 CFAE.

¹ Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

² Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Meán Fómhair 2013 maidir le himscrúduithe arna ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1073/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (Euratom) Uimh. 1074/1999 ón gComhairle (IO L 248, 18.9.2013, lch. 1).

³ Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 2988/95 ón gComhairle an 18 Nollaig 1995 maidir le leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint (IO L 312, 23.12.1995, lch. 1).

3. De mhaolú ar mhír 1 agus ar mhír 2, beidh feidhm ag na rialacha a leanas maidir leis an Ríocht Aontaithe tar éis an 31 Nollaig 2020:

- (a) beidh aon mhéideanna a d'eascair, i leith na Ríochta Aontaithe, ó choigeartuithe d'acmhainní dílse a chuirtear isteach sa bhuiséad agus ó choigeartuithe a bhaineann leis an mbarrachas nó an easnamh, maidir le maoiniú bhuiséid an Aontais go dtí 2020 i gcomhréir le dlí an Aontais dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2, dlite ag an Ríocht Aontaithe nó dlite don Ríocht Aontaithe;
- (b) más rud é, de réir dhlí an Aontais is infheidhme maidir le hacmhainní dílse an Aontais, go bhfuil an dáta ar a mbeidh na hacmhainní dílse le cur ar fáil ann tar éis an 28 Feabhra 2021, déanfar an íocaíocht ar an dáta is luaithe dá dtagraítear in Airteagal 148(1) tar éis an dáta a mbeidh na hacmhainní dílse le cur ar fáil;
- (c) chun críche íocaíochta acmhainní dílse traidisiúnta ag an Ríocht Aontaithe tar éis an 28 Feabhra 2021, déanfar méid na dteidlíochtaí a bunaíodh i gcomhréir le hAirteagal 2 de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 609/2014 tar éis laghdú na gcostas bailithe i gcomhréir le hAirteagal 2(3) agus le hAirteagal 10(3) de Chinneadh 2014/335/AE, Euratom, a laghdú faoi sciar na Ríochta Aontaithe den mhéid sin;

- (d) de mhaolú ar Airteagal 7 den Chomhaontú seo, féadfaidh ionadaithe nó saineolaithe na Ríochta Aontaithe, nó saineolaithe arna n-ainmniú ag an Ríocht Aontaithe, arna iarraidh sin orthu, freastal go heisceachtúil, gan cearta vótála, ar chruinnithe aon choiste arna bhunú ag an dlí is infheidhme de chuid an Aontais dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2 den Airteagal seo, amhail cruinnithe an Choiste Chomhairligh ar Acmhainní Dílse arna bhunú le hAirteagal 7 de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 608/2014 nó cruinnithe an Choiste OIN arna bhunú le hAirteagal 4 de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1287/2003, a mhéid a bhaineann obair na gcoistí sin leis na blianta airgeadais go dtí 2020;
- (e) ní dhéanfar aon cheartú ná coigeartú ar na hacmhainní dílse atá bunaithe ar CBL agus ar ollioncam náisiúnta mura ndéanfar na bearta ábhartha de bhun na bhforálacha dá dtagraítear I mír 1 agus mír 2 a shocrú tráth nach déanaí ná an 31 Nollaig 2028;
- (f) déanfar an cuntas ar leith d'acmhainní dílse traidisiúnta dá dtagraítear sa dara fómhír d'Airteagal 6(3) de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 609/2014 a leachtú go hiomlán faoin 31 Nollaig 2025. Roimh an 20 Feabhra 2026, cuirfear ar fáil sciar de na méideanna atá fós sa chuntas sin ar an 31 Nollaig 2025 agus gan a bheith faoi réir thorthaí cigireachta an Choimisiúin Eorpaigh a cuireadh in iúl roimh an dáta sin faoi reachtaíocht na n-acmhainní dílse do bhuiséad an Aontais a fhreagraíonn don sciar de na méideanna a cuireadh ar fáil don Aontas ar na suimeanna arna dtuairisciú don Ríocht Aontaithe chuig an gCoimisiún Eorpach faoi chuimsiú an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 13 de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 609/2014 le linn na tréimhse idir an 1 Eanáir 2014 agus an 31 Nollaig 2020.

AIRTEAGAL 137

Rannpháirtíocht na Ríochta Aontaithe i gcur chun feidhme chláir agus ghníomhaíochtaí an Aontais in 2019 agus 2020

1. De réir Chuid a Ceathair, cuirfear chun feidhme cláir agus gníomhaíochtaí an Aontais a gealladh faoin gcreat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2014-2020 (“CAI 2014-2020”) nó faoi pheirspictíochtaí airgeadais roimhe sin in 2019 agus 2020 maidir leis an Ríocht Aontaithe ar bhonn an dlí is infheidhme de chuid an Aontais.

Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹ de réir mar is infheidhme sa bhliain 2020, ní bheidh feidhm aige sa Ríocht Aontaithe don bhliain éilimh 2020. Mar sin féin, beidh feidhm ag Airteagal 13 den Rialachán sin maidir le scéim íocaíochtaí díreacha na Ríochta Aontaithe don bhliain éilimh 2020, ar choinníoll gurb ionann scéim den sórt sin agus scéim Rialachán (AE) 1307/2013, de réir mar is infheidhme sa bhliain 2020.

¹ Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear rialacha le haghaidh íocaíochtaí díreacha d’fheirmeoirí faoi scéimeanna tacaíochta faoi chuimsiú an chomhbheartais talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 637/2008 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 73/2009 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 608).

2. De mhaolú ar Chuid a Ceathair, ní bheidh an Ríocht Aontaithe agus tionscadail atá lonnaithe sa Ríocht Aontaithe incháilithe ach amháin le haghaidh oibríochtaí airgeadais a dhéantar laistigh d'ionstraimí airgeadais a bhainistítear go díreach nó go hindíreach faoi Theideal X den Rialachán Airgeadais nó oibríochtaí airgeadais arna ráthú ag buiséad an Aontais faoin gCiste Eorpach le haghaidh Infheistíochtaí Straitéiseacha (CEIS) arna bhunú le Rialachán (AE) 2015/1017 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹ agus an Ciste Eorpach um Fhorbairt Inbhuanaithe (CEFI) arna bhunú le Rialachán (AE) 2017/1601 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle², ar choinníoll gur cheadaigh na heintitis agus na comhlachtaí sin na hoibríochtaí airgeadais sin, lena n-áirítear BEI agus an Ciste Eorpach Infheistíochta (“CEI”), nó ag daoine ar cuireadh de chúram orthu cuid de na gníomhaíochtaí sin a chur chun feidhme roimh dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, fiú má síníodh na hoibríochtaí airgeadais sin tar éis an dáta sin. Maidir leis na hoibríochtaí airgeadais sin arna gceadú tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, déileálfar le heintitis atá bunaithe sa Ríocht Aontaithe mar eintitis atá lonnaithe lasmuigh den Aontas.

¹ Rialachán (AE) 2015/1017 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Meitheamh 2015 maidir leis an gCiste Eorpach le haghaidh Infheistíochtaí Straitéiseacha, an Mol Comhairleach Eorpach maidir le hInfheistíocht agus an Tairseach Eorpach de Thionscadail Infheistíochta agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1291/2013 agus Rialachán (AE) Uimh. 1316/2013 — an Ciste Eorpach le haghaidh Infheistíochtaí Straitéiseacha (IO L 169, 1.7.2015, lch. 1).

² Rialachán (AE) 2017/1601 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meán Fómhair 2017 lena mbunaítear an Ciste Eorpach um Fhorbairt Inbhuanaithe (CEFI), Ráthaíocht CEFI agus Ciste Ráthaíochta CEFI (IO L 249, 27.9.2017, lch. 1).

AIRTEAGAL 138

Dlí an Aontais is infheidhme tar éis an 31 Nollaig 2020
i ndáil le rannpháirtíocht na Ríochta Aontaithe
i gcur chun feidhme chláir agus ghníomhaíochtaí an Aontais
a gealladh faoi CAI 2014-2020 nó faoi pheirspictíochtaí airgeadais roimhe sin

1. Maidir le cur chun feidhme chláir agus ghníomhaíochtaí an Aontais a gealladh faoi CAI 2014-2020 nó faoi pheirspictíochtaí airgeadais roimhe sin, leanfaidh an dlí is infheidhme de chuid an Aontais, lena n-áirítear na rialacha maidir le ceartuithe airgeadais agus imréiteach cuntas, d'fheidhm a bheith aige maidir leis an Ríocht Aontaithe tar éis an 31 Nollaig 2020 go dtí go ndúnfar na cláir agus na ghníomhaíochtaí sin de chuid an Aontais.
2. Áireofar leis an dlí is infheidhme de chuid an Aontais dá dtagraítear i mír 1 go háirithe na forálacha a leanas, lena n-áirítear aon leasuithe ar na forálacha sin, gan beann ar dháta glactha, dáta theacht i bhfeidhm nó dáta chur i bhfeidhm an leasaithe:
 - (a) an Rialachán Airgeadais;
 - (b) na gníomhartha bunúsacha, de réir bhrí phointe (4) d'Airteagal 2 den Rialachán Airgeadais, lena mbunaítear cláir nó ghníomhaíochtaí de chuid an Aontais dá dtagraítear sna nótaí tráchta buiséid maidir le teidil, caibidlí, airteagail nó míreanna faoinar gealladh na leithreasuithe;

- (c) Airteagal 299 CFAE maidir le hin-fhorfheidhmitheacht oibleagáidí airgid;
- (d) Airteagal 287 CFAE maidir le ról na Cúirte Iniúchóirí chomh maith le rialacha eile maidir leis an institiúid sin;
- (e) Airteagal 325 CFAE maidir le calaois a chomhrac agus gníomhartha gaolmhara, go háirithe Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 agus Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 2988/95.

3. De mhaolú ar Airteagal 7, féadfaidh ionadaithe nó saineolaithe na Ríochta Aontaithe, nó saineolaithe arna n-ainmniú ag an Ríocht Aontaithe, arna iarraidh sin orthu, freastal go heisceachtúil, gan cearta vótála, ar chruinnithe na gcoistí a chabhraíonn leis an gCoimisiún Eorpach i gcur chun feidhme agus bainistiú na gclár arna mbunú leis an dlí de chuid an Aontais dá dtagraítear i mír 1 nó arna mbunú ag an gCoimisiún Eorpach i leith chur chun feidhme an dlí sin, a mhéid a bhaineann a gcuid oibre leis na blianta airgeadais go dtí 2020.

4. De mhaolú ar Airteagal 8, beidh rochtain ag an Ríocht Aontaithe, a mhéid is fíorghá chun na cláir agus na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i bpointe (b) de mhír 2 a chur chun feidhme, ar na líonraí, na córais faisnéise agus na bunachair sonraí a bunaíodh faoi na bunghníomhartha ábhartha nó na rialacha cur chun feidhme gaolmhara a thagann as na bunghníomhartha sin.

5. Ar mholadh ón gCoiste maidir leis na forálacha airgeadais dá dtagraítear i bpointe (f) d'Airteagal 165(1), féadfaidh an Comhchoiste bearta teicniúla a ghlacadh, i gcomhréir leis na rialacha a bunaíodh in Airteagal 166, chun dúnadh na gclár agus na ngníomhaíochtaí dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo a éascú nó chun an Ríocht Aontaithe a dhíolmhú ó oibleagáidí gníomhartha a dhéanamh, le linn dhúnadh na na gclár agus na ngníomhaíochtaí sin nó dá éis sin, nach bhfuil ábhartha d'iar-Bhallstát, ar choinníoll nach mbeidh na bearta teicniúla sin ag teacht salach ar phrionsabal na bainistíochta fóna airgeadais agus nach mbeadh buntáiste dá bharr ag an Ríocht Aontaithe ná ag tairbhíthe na Ríochta Aontaithe ar na Ballstáit ná na tríú tíortha a ghlacann páirt sna cláir agus sna ngníomhaíochtaí céanna a mhaoinítear le buiséad an Aontais.

AIRTEAGAL 139

Sciar na Ríochta Aontaithe

Beidh sciar na Ríochta Aontaithe dá dtagraítear i bpointe (a) agus i bpointe (c) d'Airteagal 136(3), agus in Airteagal 140 go hAirteagal 147 ina chéatadán a ríomhfar mar an cóimheas idir na hacmhainní dílse a chuir an Ríocht Aontaithe ar fáil sna blianta 2014 go 2020 agus na hacmhainní dílse a chuir na Ballstáit uile agus an Ríocht Aontaithe ar fáil le linn na tréimhse sin arna choigeartú de réir an mhéid a cuireadh in iúl do na Ballstáit roimh an 1 Feabhra 2022 i gcomhréir le hAirteagal 10b(5) de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 609/2014.

AIRTEAGAL 140

Gealltanais gan íoc

1. Mura bhforáiltear a mhalairt sa Chomhaontú seo, beidh an Ríocht Aontaithe faoi dhliteanas i leith an Aontais maidir le sciar na Ríochta Aontaithe de ghealltanais bhuiséadacha bhuiséad an Aontais agus de bhuiséid ghníomhaireachtaí díláraithe an Aontais nár comhlíonadh an 31 Nollaig 2020 agus beidh an Ríocht Aontaithe faoi dhliteanas sciar na Ríochta Aontaithe de na gealltanais a rinneadh i 2021 maidir le tabhairt anonn leithreasáí faoi chomhair oibleagáidí ón mbuiséad do 2020.

Ní bheidh feidhm ag an gcéad fhomhír maidir leis na gealltanais a bheidh gan íoc ar an 31 Nollaig 2020:

- (a) na gealltanais sin a bhaineann leis na cláir agus na comhlachtaí lena mbaineann Airteagal 11 de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 609/2014 maidir leis an Ríocht Aontaithe;
- (b) na gealltanais sin a mhaoinítear le hioncam sannta i mbuiséad an Aontais.

Maidir le gníomhaireachtaí díláraithe an Aontais, ní dhéanfar méid a ngealltanais dá dtagraítear sa chéad fhomhír a chur san áireamh ach amháin i gcomhréir leis an sciar de ranníocaíochtaí ó bhuiséad an Aontais ina n-ioncam foriomlán don tréimhse 2014-2020.

2. Ríomhfaidh an tAontas méid na ngealltanais dá dtagraítear i mír 1 an 31 Nollaig 2020. Cuirfidh sé an méid sin in iúl don Ríocht Aontaithe faoin 31 Márta 2021 agus cuirfidh sé liosta leis ar a mbeidh eochair thagartha de gach gealltanais, na línte buiséid a ghabhann leo, agus an méid a bhaineann le gach líne buiséid.

3. Déanfaidh an tAontas, faoin 31 Márta gach bliain, ag tosú in 2022, maidir leis na gealltanais dá dtagraítear i mír 1, an méid seo a leanas a chur in iúl don Ríocht Aontaithe:
 - (a) faisnéis faoi mhéid na ngealltanais nár comhlíonadh 31 Nollaig na bliana roimhe sin agus maidir leis na híocaíochtaí agus na saoraí a rinneadh an bhliain roimhe sin, lena n-áirítear nuashonrú ar an liosta dá dtagraítear i mír 2;
 - (b) meastachán ar na híocaíochtaí ionchais sa bhliain reatha bunaithe ar leibhéal na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí sa bhuiséad;
 - (c) meastachán ar ranníocaíocht ionchasach na Ríochta Aontaithe ar íocaíochtaí dá dtagraítear i bpointe (b); agus
 - (d) faisnéis eile, amhail réamhaisnéis íocaíochta mheántéarmach.

4. Déanfar an méid bliantúil is iníoctha a ríomh mar sciar na Ríochta Aontaithe den mheastachán dá dtagraítear i bpointe (b) de mhír 3 arna choigeartú de réir na difríochta idir na híocaíochtaí a rinne an Ríocht Aontaithe sa bhliain roimhe sin agus sciar na Ríochta Aontaithe de na híocaíochtaí a rinne an tAontas an bhliain roimhe sin maidir leis na gealltanais gan íoc dá dtagraítear i mír 1, arna laghdú de réir ghlanmhéid na gceartuithe airgeadais maidir le cláir agus gníomhaíochtaí a mhaoinítear faoi CAI 2014-2020 nó faoi pheirspictíochtaí airgeadais roimhe sin agus arna laghdú ag na fáltais ó aon nósanna imeachta sáraithe a bhaineann le Ballstáit gan acmhainní dílse a chur ar fáil a bhaineann le blianta airgeadais go dtí 2020, ar choinníoll go bhfuarthas na méideanna sin sa bhuiséad an bhliain roimhe sin agus go bhfuil siad cinntitheach. Ní choigeartófar an méid bliantúil is iníoctha ag an Ríocht Aontaithe an bhliain áirithe sin.

In 2021, laghdófar an méid bliantúil is iníoctha ag an Ríocht Aontaithe faoi sciar na Ríochta Aontaithe i maoiniú an bhuiséid don bhliain 2020 maidir le méid na leithreasuithe íocaíochta a thabharfar anonn ó 2020 go 2021 i gcomhréir le hAirteagal 12 agus le hAirteagal 13 den Rialachán Airgeadais agus faoi sciar na Ríochta Aontaithe de mhéid iomlán na n-acmhainní dílse traidisiúnta a chuirfear ar fáil don Aontas i mí Eanáir agus i mí Feabhra 2021 ar bunaíodh teidlíochtaí an Aontais ina leith i gcomhréir le hAirteagal 2 de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 609/2014 i mí na Samhna agus i mí na Nollag 2020. Ina theannta sin, déanfaidh an tAontas sciar na Ríochta Aontaithe de mhéid iomlán na n-acmhainní dílse traidisiúnta a chuir na Ballstáit ar fáil tar éis an 31 Nollaig 2020 a aisíoc leis an Ríocht Aontaithe le haghaidh earraí a scaoileadh i saorchúrsaíocht i leith nósanna imeachta stórála sealadaí nó custaim, dá dtagraítear in Airteagal 49(2) a thosaigh roimh nó ar an dáta seo, a chríochnú nó a scaoileadh.

5. Arna iarraidh sin ag an Ríocht Aontaithe tar éis an 31 Nollaig 2028 ar a luaithe, déanfaidh an tAontas meastachán ar na méideanna atá fágtha le hÍoc ag an Ríocht Aontaithe faoin Airteagal seo, ar bhonn rialach, agus méid na ngealltanais nár comhlíonadh ag deireadh na bliana agus meastachán ar aon saoraí ar na gealltanais sin nár comhlíonadh, aon cheartuithe airgeadais agus aon fháltais ó na nósanna imeachta sáraithe tar éis dheireadh na bliana á gcur san áireamh aige. Tar éis don Ríocht Aontaithe a dheimhniú gur ghlac sí leis an togra chuig an gCoiste maidir leis na forálacha airgeadais dá dtagraítear i bpointe (f) d'Airteagal 165(1) agus an Comhchoiste, íocfaidh an Ríocht Aontaithe an méid measta, arna choigeartú i gcomhréir le mír 4 den Airteagal seo, i ndáil leis na híocaíochtaí a rinne an Ríocht Aontaithe an bhliain roimhe sin. Déanfar íocaíocht na méideanna dá dtagraítear sa mhír seo na hoibleagáidí atá fágtha ag an Ríocht Aontaithe nó ag an Aontas faoin Airteagal seo a mhúchadh.

AIRTEAGAL 141

Fíneálacha arna gcinneadh roimh nó ar an 31 Nollaig 2020

1. Maidir le fíneáil a shocróidh an tAontas roimh an 31 Nollaig 2020 nó dá éis sin a d'éirigh cinntitheach agus nach ionann í agus ioncam sannta, aisíocfaidh an tAontas a sciar de mhéid na fíneála a bhailigh an tAontas leis an Ríocht Aontaithe, mura rud é go bhfuil an méid sin tairfeadta cheana mar ioncam an bhuiséid i mbuiséad an Aontais an 31 Nollaig 2020 nó roimhe sin.
2. Maidir le fíneáil a shocróidh an tAontas tar éis an 31 Nollaig 2020 i nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 92(1), aisíocfaidh an tAontas leis an Ríocht Aontaithe a sciar de mhéid na fíneála a bhailigh an tAontas chomh luath agus a éiríonn an fhíneáil sin cinntitheach.

AIRTEAGAL 142

Dliteanais an Aontais faoi dheireadh 2020

1. Beidh an Ríocht Aontaithe faoi dhliteanas maidir leis an Aontas as a sciar de mhaoiniú dhliteanais an Aontais a thabhófar go dtí an 31 Nollaig 2020, cé is moite de na nithe a leanas:

- (a) dliteanais ag a bhfuil sócmhainní comhfhreagracha, lena n-áirítear: sócmhainní iasachta chúnamh airgeadais an Aontais agus na dliteanais a bhaineann leis an gclár comhardaithe, sócmhainní a fhreagraíonn do réadmhaoin, gléasra agus trealamh agus forálacha a bhaineann le díchoimeáil suíomhanna núicléacha an Airmheáin Chomhpháirtigh Taighde, agus na hoibleagáidí uile a bhaineann le léasanna, sócmhainní doláimhsithe agus fardail, aon sócmhainní agus dliteanais a bhaineann le bainistiú riosca airgeadra eachtraigh, ioncam fabhraithe agus ioncam iarchurtha agus gach foráil cé is moite d'fhorálacha maidir le fineálacha, imeachtaí dlíthiúla agus dliteanais ráthaíochta airgeadais; agus
- (b) dliteanais agus sócmhainní a bhaineann le hoibriú an bhuiséid agus le bainistiú acmhainní dílse, lena n-áirítear airleacain réamh-mhaoinithe gan íoc, infháltais, airgead, suimeanna iníochta, agus muirir fhabhraithe, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann leis an gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta nó a áirítear cheana féin sna gealltanais gan íoc (RAL).

2. Go háirithe, beidh an Ríocht Aontaithe faoi dhliteanas maidir lena sciar de dhliteanas an Aontais maidir le cearta pinsin agus cearta chun sochair eile a fhabhrófar an 31 Nollaig 2020 nó roimhe sin. Déanfar íocaíochtaí a bhaineann leis an dliteanas sin i gcomhréir le mír 5 agus mír 6.

3. Cuirfidh an tAontas in iúl don Ríocht Aontaithe faoin 31 Márta gach bliain, ag tosú in 2022, na híocaíochtaí a rinneadh le linn na bliana roimhe sin a fhreagraíonn do na dliteanais a bhí gan íoc an 31 Nollaig 2020 agus méid ranníocaíocht na Ríochta Aontaithe leis na híocaíochtaí sin.
4. Faoin 31 Márta gach bliain, ag tosú in 2022, cuirfidh an tAontas doiciméad ar leith maidir le pinsin a bhaineann leis an staid an 31 Nollaig den bhliain roimhe sin maidir leis an dliteanas dá dtagraítear i mír 2 a chur in iúl don Ríocht Aontaithe, agus cuirfear an méid a leanas ar fáil ann:
- (a) na méideanna atá fágtha fós le híoc maidir leis na dliteanais a thuairiscítear i mír 5;
 - (b) na ríomhanna a rinneadh agus na sonraí agus na toimhdí a úsáideadh chun an méid a íocfaidh an Ríocht Aontaithe a shocrú, faoin 30 Meitheamh den bhliain reatha, maidir le híocaíochtaí pinsin foirne agus ranníocaíochtaí as buiséad an Aontais leis an gComhscéim Árachais Breoiteachta (JSIS) a rinneadh sa bhliain roimhe sin i gcomhréir le mír 6 agus meastachán ar na méideanna sin don bhliain reatha;
 - (c) maidir leis an daonra an 31 Nollaig 2020, faisnéis faoi líon na dtairbhíthe iarbhír agus líon na dtairbhíthe measta sa todhchaí de scéimeanna pinsin na foirne agus de scéimeanna árachais breoiteachta ag deireadh na bliana roimhe sin agus a gcearta iarfhostaíochta carntha ag an am sin; agus

- (d) dliteanais gan íoc na Ríochta Aontaithe arna ríomh le luachálacha achtúireacha arna ndéanamh i gcomhréir le Caighdeáin Idirnáisiúnta Chuntasaíochta na hEarnála Poiblí agus míniú ar éabhlóid an dliteanais sin i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin.

Féadfar an doiciméad sin a nuashonrú faoin 30 Meán Fómhair an bhliain chéanna chun na figiúirí cinntitheacha don bhliain roimhe sin a léiriú.

5. Maidir le dliteanas na Ríochta Aontaithe maidir leis na cearta pinsin agus na cearta a bhaineann le sochair eile a bhaineann le fostaíocht dá dtagraítear i mír 2 maidir le pinsin na gComhaltaí agus le pinsin shealbhóirí oifige poiblí ardleibhéil an Aontais a chumhdaítear le Rialachán 422/67/CEE ón gComhairle, 5/67/Euratom¹, Cinneadh 2005/684/CE, Euratom ó Pharlaimint na hEorpa² agus Rialachán (AE) 2016/300 ón gComhairle³, ranníocfaidh an Ríocht Aontaithe leis na dliteanais mar a thairfeadtar iad i gcuntais chomhdhlúite an Aontais don bhliain airgeadais 2020 in 10 dtráthchuid ag tosú an 31 Deireadh Fómhair 2021.

¹ Rialachán Uimh. 422/67/CEE, 5/67/ Euratom ón gComhairle an 25 Iúil 1967 lena socraítear díolaíochtaí an Uachtaráin agus comhaltaí an Choimisiúin agus an Uachtaráin, Breithiúna, Abhcóidí Ginearálta agus Chláraitheoir na Cúirte Breithiúnais (IO P 187, 8.8.1967, lch. 1).

² Cinneadh 2005/684/CE, Euratom ó Pharlaimint na hEorpa an 28 Meán Fómhair 2005 lena nglactar Reacht Chomhaltaí Pharlaimint na hEorpa (IO L 262, 7.10.2005, lch. 1).

³ Rialachán (AE) 2016/300 ón gComhairle an 29 Feabhra 2016 lena socraítear díolaíochtaí shealbhóirí oifige poiblí ardleibhéil AE (IO L 58, 4.3.2016, lch. 1).

6. Maidir le dliteanas na Ríochta Aontaithe maidir le cearta pinsin agus cearta chun sochair eile a bhaineann le fostaíocht dá dtagraítear i mír 2 maidir le pinsin oifigigh an Aontais a bunaíodh i gcomhréir le hAirteagal 77 go hAirteagal 84 de Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh agus maidir le pinsin comhaltaí foirne sealadaí, comhaltaí foirne ar conradh agus cúntóirí parlaiminte arna mbunú i gcomhréir le hAirteagal 33 go 40, Airteagal 101 go 114 agus Airteagal 135, faoi seach, faoi Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh, ranníocfaidh an Ríocht Aontaithe go bliantúil leis na glan-íocaíochtaí a dhéanfar as buiséad an Aontais do gach tairbhí agus leis an ranníocaíocht ghaolta as buiséad an Aontais le JSIS do gach tairbhí nó duine a thairbhíonn trí thairbhí. Tosófar ar an ranníocaíocht sin a dhéanamh an 30 Meitheamh 2022.

Maidir leis na pinsin dá dtagraítear sa chéad fhomhír, is éard a bheidh san íocaíocht ón Ríocht Aontaithe, suim na nglan-íocaíochtaí arna ndéanamh as buiséad an Aontais an bhliain roimhe sin do gach tairbhí, arna iolrú faoi sciar na Ríochta Aontaithe agus faoi chéatadán a bheidh sonrath i gcás gach tairbhí (“céatadán sonrath”). Is é seo a leanas an céatadán sonrath:

- (a) i gcás pinsean a fhaigheann tairbhí an 1 Eanáir 2021, is é an céatadán sonrath 100 %;
- (b) i gcás aon tairbhí eile ar pinsean, ríomhfar an céatadán sonrath mar an cóimheas idir na cearta pinsin a fuarthas i gcomhréir le Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh agus go háirithe in Iarscríbhinn VIII a ghabhann leis an 31 Nollaig 2020 nó roimhe sin, lena n-áirítear cearta pinsin a aistrefar isteach ar an dáta sin, agus na cearta pinsin a fuarthas ar dháta an scoir, nó an bháis más luaithe sin, nó an dáta a bhfágfaidh an duine an scéim;

- (c) chun críocha ranníocaíocht an bhuiséid le JSIS, déanfar an céatadán sonrath a ríomh mar an cóimheas idir an líon blianta inar ranníoc an tairbhí leis an scéim pinsin go dtí an 31 Nollaig 2020 agus an líon iomlán blianta ar an dáta scoir inar ranníoc an tairbhí, nó an duine a chumhdaítear le Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh, atá ina bhunús do na cearta faoi JSIS, leis an scéim pinsin.

I gcás tairbhí de phinsean marthanóra nó de phinsean dílleachta a bunaíodh i gcomhréir le Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh, déanfar an ríomh ar bhonn ghairm an duine a chumhdaítear leis na Rialacháin Foirne sin, arb é sin an bonn leis an bpinsean marthanóra nó an leis an bpinsean dílleachta.

Fad nach ndéanfar an dliteanas maidir leis an mír seo a mhúchadh, in aon bhliain ar leith (“bliain N”) féadfaidh an Ríocht Aontaithe iarraidh a sheoladh chuig an Aontas roimh an 1 Márta de bhliain N chun an dliteanas gan íoc a íoc an 31 Nollaig de bhliain N. Bunóidh an tAontas méid an dliteanais gan íoc maidir leis na buntáistí iarfhostaíochta pinsin agus JSIS, trí úsáid a bhaint as an modheolaíocht chéanna a úsáidtear i bpointe (d) de mhír 4. Má aontaíonn an Ríocht Aontaithe, íocfaidh sé an méid sin i gcúig thráthchuid, agus an chéad íocaíocht á déanamh sa bhliain N+1. Cumhdóidh an Ríocht Aontaithe freisin a dhliteanas i leith na bliana N de réir an nós imeachta a leagtar amach sa mhír seo. Tar éis an íocaíochta sin a bheith críochnaithe, agus ar choinníoll go mbeidh na híocaíochtaí dá dtagraítear i mír 5 curtha i gcrích, déanfar na hoibleagáidí atá fágtha faoin Airteagal seo a mhúchadh. Cuirfear an Coiste um na forálacha airgeadais dá dtagraítear i bpointe (f) d’Airteagal 165(1) agus an Comhchoiste ar an eolas faoin gcás sin.

AIRTEAGAL 143

Dlíteanais airgeadais theagmhasacha a bhaineann le hiasachtaí le haghaidh cúnamh airgeadais, CEIS, CEFI agus an tsainordaithe iasachtaithe sheachtraigh.

1. Beidh an Ríocht Aontaithe faoi dhlíteanas maidir leis an Aontas as a sciar de dhlíteanais airgeadais theagmhasacha an Aontais a eascraíonn ó oibríochtaí airgeadais a bhí:
 - (a) socraithe ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle nó ag an gCoimisiún Eorpach roimh dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, i gcás ina mbaineann na hoibríochtaí airgeadais sin le hiasachtaí i leith cúnamh airgeadais arna socrú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 407/2010 ón gComhairle¹, Rialachán (CE) Uimh. 332/2002 ón gComhairle², nó na cinntí ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a sholáthraíonn cúnamh macra-airgeadais do thíortha éagsúla ar bhonn soláthar i gcomhréir le Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 480/2009 ón gComhairle³ nó Rialachán (CE, Euratom) 2728/94 ón gComhairle⁴;

¹ Rialachán (CE) Uimh. 407/2010 ón gComhairle an 11 Bealtaine 2010 lena mbunaítear an Sásra Cobhsaíochta Airgeadais Eorpach (IO L 118, 12.5.2010, lch. 1).

² Rialachán (CE) Uimh. 332/2002 ón gComhairle an 18 Feabhra 2002 lena mbunaítear saoráid trína soláthraítear cúnamh airgeadais meántéarmach faoi chomhair chomhardú íocaíochtaí na mBallstát (IO L 53, 23.2.2002, lch. 1).

³ Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 480/2009 ón gComhairle an 25 Bealtaine 2009 lena mbunaítear Ciste Ráthaíochta le haghaidh gníomhaíochtaí seachtracha (IO L 145, 10.6.2009, lch. 10).

⁴ Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 2728/94 ón gComhairle an 31 Deireadh Fómhair 1994 lena mbunaítear Ciste Ráthaíochta le haghaidh gníomhaíochtaí seachtracha (IO L 293, 12.11.1994, lch. 1).

- (b) formheasta roimh dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo ag na comhlachtaí, na heintitis nó na daoine ar cuireadh de chúram orthu go díreach cur chun feidhme na n-oibríochtaí airgeadais maidir le ráthaíochtaí buiséadacha a tugadh i bhfabhar BEI trí CEIS i gcomhréir le Rialachán (AE) 2015/1017 nó tríd an sainordú iasachtaithe sheachtraigh i gcomhréir le Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 480/2009 nó Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 2728/94 agus Cinneadh Uimh. 466/2014/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹ nó Cinneadh Uimh. 1080/2011/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle², nó a tugadh i bhfabhar macasamhlacha incháilithe (CEFI).

An 31 Iúil 2019, cuirfidh an tAontas tuarascáil ar leith ar fáil don Ríocht Aontaithe maidir leis na hoibríochtaí airgeadais sin, agus soláthróidh sé, maidir le gach cineál ionstraim, faisnéis faoin méid seo a leanas:

- (a) na dliteanais airgeadais a eascraíonn ó na hoibríochtaí airgeadais sin ar dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo;

¹ Cinneadh Uimh. 466/2014 / AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 lena dtugtar ráthaíocht ón Aontas Eorpach don Bhanc Eorpach Infheistíochta in aghaidh cailteanas de thoradh oibríochtaí um maoiniú a thacaíonn le tionscadail infheistíochta lasmuigh den Aontas (IO L 135, 8.5.2014, lch. 1).

² Cinneadh Uimh 1080/2011/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2011 lena dtugtar ráthaíocht ó AE don Bhanc Eorpach Infheistíochta in aghaidh cailteanas faoi iasachtaí agus faoi ráthaíochtaí iasachta le haghaidh tograí lasmuigh den Aontas agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 633/2009 (IO L 280, 27.10.2011, lch.1).

- (b) i gcás inarb infheidhme, an soláthar a shealbhófar ar dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo sna cistí ráthaíochta faoi seach nó i gcuntais mhuinéacha chun na dliteanais airgeadais dá dtagraítear i bpointe (a) agus an soláthar faoi seach a gealladh agus nár íocadh fós a íoc.

I gcuntais chomhdhlúite an Aontais a bhaineann leis na blianta 2019 agus 2020, nochtfar na híocaíochtaí a dhéanfar as an soláthar dá dtagraítear i bpointe (b) den dara fomhír ó dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo go dtí an 31 Nollaig 2019 agus 2020, faoi seach, maidir leis na hoibríochtaí airgeadais céanna dá dtagraítear sa mhír seo ach a shocrófar ar dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo nó dá éis sin.

Ní dhéanfaidh athstruchtúru na n-oibríochtaí airgeadais sin difear do dhliteanas na Ríochta Aontaithe don Aontas maidir leis na hoibríochtaí airgeadais dá dtagraítear sa mhír seo. Go háirithe, ní mhéadóidh neamhchosaint airgeadais na Ríochta Aontaithe, i dtéarmaí ainmniúla, i gcomparáid leis an gcás díreach roimh an athstruchtúru.

2. Maidir leis na hoibríochtaí airgeadais dá dtagraítear i mír 1, beidh an tAontas faoi dhliteanas i leith na Ríochta Aontaithe as a sciar de:

- (a) aon mhéideanna a ghnóthaigh an tAontas ó fhéichiúnaithe mainneachtana nó a bhaineann le híocaíochtaí neamhdhlite; agus

- (b) aon ghlanioncam a eascraíonn ón difríocht idir ioncam airgeadais agus oibríochta agus costais airgeadais agus oibríochta, arna iontráil mar ioncam, go ginearálta nó sannta, i mbuiséad an Aontais.

Maidir le hioncam ó bhainistiú sócmhainní soláthar ionstraimí a bhfuil foráil á dhéanamh acu, déanfaidh an tAontas céatadán ioncaim a ríomh mar an cóimheas idir glanioncam bhainistíocht sócmhainní na bliana roimhe sin agus an soláthar iomlán atá ann cheana ag deireadh na bliana roimhe sin. Is é méid an dliteanais i dtreo na Ríochta Aontaithe as ioncam ó bhainistiú sócmhainní an tsoláthair an méid a gheofar trí sholáthar reatha na Ríochta Aontaithe dá dtagraítear i mír 5 a iolrú faoin gcéatadán ioncaim sin.

3. Faoin 31 Márta 2021, i gcás gach ionstraime dá dtagraítear i mír 1 a fhoráiltear maidir le soláthar ó bhuiséad an Aontais, cuirfidh an tAontas in iúl don Ríocht Aontaithe:

- (a) a sholáthar tosaigh, arna ríomh mar sciar na Ríochta Aontaithe de shuim na nithe a leanas:
- (i) an soláthar a rinneadh sa chiste ráthaíochta comhfhreagrach faoin 31 Nollaig 2020;
 - (ii) méid an tsoláthair a rinneadh agus nár íocadh fós faoin 31 Nollaig 2020; agus

(iii) bhain na híocaíochtaí a rinneadh ó dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo go dtí an 31 Nollaig 2020 le hoibríochtaí airgeadais a chinnfear ar dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo nó dá éis sin; agus

(b) a ráta mainneachtana soláthair, arna ríomh mar an cóimheas idir soláthar tosaigh na Ríochta Aontaithe don ionstraim sin agus méid na n-oibríochtaí airgeadais dá dtagraítear i mír 1 amhail an 31 Nollaig 2020 a chinnfear roimh dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo.

4. An 31 Márta gach bliain, ag tosú in 2021, go dtí amúchadh, dul in éag nó foirceannadh na n-oibríochtaí airgeadais dá dtagraítear i mír 1, tabharfaidh an tAontas faisnéis don Ríocht Aontaithe a bhaineann leis na hoibríochtaí airgeadais sin. Beidh an méid a leanas san fhaisnéis, maidir le gach cineál ionstraime:

(a) na dliteanais theagmhasacha a bhí gan íoc an 31 Nollaig den bhliain roimhe sin;

(b) na híocaíochtaí a rinne an tAontas an bhliain roimhe sin maidir leis na hoibríochtaí airgeadais sin agus méideanna na n-íocaíochtaí sin a mbeidh carntha tar éis an 31 Nollaig 2020;

(c) soláthar reatha na Ríochta Aontaithe agus a ráta soláthair reatha mar a leagtar amach i mír 5;

- (d) na haisíocaíochtaí a rinneadh leis an Ríocht Aontaithe an bhliain roimhe sin de réir phointe (a) de mhír 6 agus méideanna na n-aisíocaíochtaí sin a bheidh carntha tar éis an 31 Nollaig 2020;
- (e) na méideanna a fuarthas agus na glanioncaim arna n-iontráil i mbuiséad an Aontais dá dtagraítear i mír 2 don bhliain roimhe sin;
- (f) más gá, aon fhaisnéis úsáideach eile maidir leis na hoibríochtaí airgeadais an bhliain roimhe sin.

5. Faoin 31 Márta gach bliain, i gcás gach ionstraime dá dtagraítear i mír 1, i gcás ina mbunaíonn an bunghníomh soláthar ó bhuiséad an Aontais, déanfaidh an tAontas:

- (a) soláthar reatha na Ríochta Aontaithe a ríomh, arna shainiú mar an méid de sholáthar tosaigh na Ríochta Aontaithe agus an méid seo bainte as:
 - (i) sciar na Ríochta Aontaithe de na híocaíochtaí carntha dá dtagraítear i bpointe (b) de mhír 4 a rinneadh ó bhuiséad an Aontais tar éis an 31 Nollaig 2020 maidir le hoibríochtaí airgeadais a chinnfear roimh dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo;

- (ii) sciar na Ríochta Aontaithe de mhéid na saoraí a rinneadh sna blianta roimhe seo maidir leis na gealltanais gan íoc dá dtagraítear i bpointe (a)(ii) de mhír 3 den Airteagal seo, mar a cuireadh in iúl de bhun Airteagal 140(3);
 - (iii) an leibhéal carntha aisíocaíochtaí a rinneadh leis an Ríocht Aontaithe ón 1 Eanáir 2021, dá dtagraítear i bpointe (d) de mhír 4;
- (b) an ráta soláthair reatha a shainítear mar an cóimheas idir soláthar reatha na Ríochta Aontaithe agus méid na n-oibríochtaí airgeadais dá dtagraítear i bpointe (a) de mhír 4 a chur in iúl don Ríocht Aontaithe.
6. Gach bliain ón 2022 ar aghaidh:
- (a) má bhíonn ráta soláthair reatha na Ríochta Aontaithe maidir le hionstraim níos mó ná a ráta mainneachtana soláthair don ionstraim sin, beidh an tAontas faoi dhliteanas maidir leis an Ríocht Aontaithe don ionstraim sin don mhéid a fuarthas trí mhéid na ndliteanas airgeadais dá dtagraítear i bpointe (a) de mhír 4 a iolrú faoin difríocht idir an ráta soláthair reatha agus an ráta mainneachtana soláthair. Ní rachaidh dliteanas an Aontais thar sholáthar reatha na Ríochta Aontaithe mar a ríomhadh é i mír 5;

(b) más rud é, i mbliain áirithe, go dtiocfaidh ráta soláthair reatha na Ríochta Aontaithe maidir le hionstraim chun bheith diúltach, beidh an Ríocht Aontaithe faoi dhliteanas i leith an Aontais maidir leis an ionstraim sin as méid an tsoláthair dhiúltaigh reatha. Sna blianta tar éis sin, beidh an Ríocht Aontaithe faoi dhliteanas i leith an Aontais maidir leis an ionstraim sin as a sciar de na híocaíochtaí arna ndéanamh mar a cuireadh in iúl i gcomhréir le pointe (b) de mhír 4 den Airteagal seo agus sciar na Ríochta Aontaithe de mhéid na saoraí a rinneadh sa bhliain roimhe sin maidir leis na gealltanais gan íoc dá dtagraítear i bpointe (a)(ii) de mhír 3 den Airteagal seo, mar a chuirtear in iúl de bhun Airteagal 140(3).

7. Má bhíonn soláthar reatha na Ríochta Aontaithe dearfach nuair a bheidh oibríochtaí airgeadais an Aontais bainteach le hionstraim dá dtagraítear i mír 1, beidh an tAontas faoi dhliteanas i leith na Ríochta Aontaithe maidir le méid soláthair reatha na Ríochta Aontaithe arna ríomh i gcomhréir le mír 5.

8. Tar éis an 31 Nollaig 2020, má dhéantar íocaíochtaí as buiséad an Aontais maidir leis na hoibríochtaí airgeadais dá dtagraítear i mír 1 maidir le hionstraim nach mbunaíonn an bunghníomh foráil ina leith, beidh an Ríocht Aontaithe faoi dhliteanas an Aontais i leith na hionstraime sin as a sciar de na híocaíochtaí arna ndéanamh mar a cuireadh in iúl i gcomhréir le pointe (b) de mhír 4.

9. Chun críocha an Airteagail seo, i gcás ina mbaineann dliteanais airgeadais, íocaíochtaí, aisghabhálacha nó méideanna eile le hoibríochtaí airgeadais dá dtagraítear i mír 1 ach nach féidir a chinneadh go díreach cé acu is de thoradh frithpháirtiú riosca nó de thoradh sásraí fo-ordúcháin a chur i bhfeidhm a eascraíonn siad ó oibríocht airgeadais áirithe, déanfar na dliteanais airgeadais ábhartha, íocaíochtaí, aisghabhálacha nó méideanna eile a cheanglaítear a shocrú chun an tAirteagal seo a chur i bhfeidhm a ríomh ar bhonn pro rata bunaithe ar an gcóimheas idir méid na n-oibríochtaí airgeadais a shocrófar nó a cheadófar roimh dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo an 31 Nollaig an bhliain sula ndearnadh an ríomh agus méid iomlán na n-oibríochtaí airgeadais ar dháta an ríomha.

10. I gcás inarb oibríochtaí airgeadais gan amúchadh iad na hoibríochtaí airgeadais dá dtagraítear i mír 1, measfar tar éis 10 mbliana go bhfuil na hoibríochtaí airgeadais sin amúchta i gcomhréir le hamúchadh na n-oibríochtaí amúchta atá fágtha.

AIRTEAGAL 144

Ionstraimí airgeadais faoi chur chun feidhme díreach nó indíreach
a mhaoinítear le cláir CAI 2014-2020
nó faoi pheirspictíochtaí airgeadais roimhe sin

1. Ó dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo go dtí go mbeidh amúchadh iomlán ar na hoibríochtaí airgeadais dá dtagraítear i bpointe (a) den fhomhír seo, déanfaidh an tAontas na hoibríochtaí airgeadais seo a leanas a shaináithint:
 - (a) na hoibríochtaí sin ar chinn an Coimisiún Eorpach go ndéanfaí iad roimh dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo agus, más gá, a d'fhormheas na hinstiúidí airgeadais ar chuir an Coimisiún Eorpach de chúram orthu ionstraim airgeadais a chur chun feidhme faoi chlár de chuid CAI 2014-2020 nó faoi pheirspictíochtaí airgeadais níos luaithe faoi chur i bhfeidhm díreach nó indíreach; agus
 - (b) na hoibríochtaí sin ar cinneadh go ndéanfaí iad agus, nuair is gá, a formheasadh ar dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo nó dá éis sin.

An 31 Iúil 2019, sa tuarascáil dá dtagraítear sa dara fomhír d'Airteagal 143(1), cuirfidh an tAontas an fhaisnéis seo a leanas ar fáil maidir leis na hionstraimí airgeadais, faoi chur chun feidhme díreach nó indíreach, a mhaoinítear le cláir CAI 2014-2020 nó faoi pheirspictíochtaí airgeadais roimhe sin:

- (a) na dliteanais airgeadais a eascróidh, roimh dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, ó na hoibríochtaí ar chinn an Coimisiún Eorpach nó an t-eintiteas ar chuir an Coimisiún Eorpach de chúram air an ionstraim airgeadais a chur chun feidhme, ar chinn sé go ndéanfaí iad; agus
- (b) na híocaíochtaí arna ndéanamh ag an gCoimisiún Eorpach maidir leis na hionstraimí airgeadais agus na suimeanna a gealladh le haghaidh na n-ionstraimí airgeadais nár íocadh fós ar an dáta sin.

Ní dhéanfaidh athstruchtúrú na n-oibríochtaí airgeadais sin difear do dhliteanas an Aontais don Ríocht Aontaithe maidir leis na hoibríochtaí airgeadais dá dtagraítear sa mhír seo, sa mhéid nach méadóidh an t-athstruchtúrú sin an neamhchosaint airgeadais don chontrapháirtí, i dtéarmaí ainmniúla, mar a bhí sé díreach roimh an athstruchtúrú.

2. An 31 Márta gach bliain, ag tosú in 2021, go dtí go ndéanfar amúchadh, dul in éag nó foirceannadh, i leith gach ionstraim airgeadais dá dtagraítear i mír 1, cuirfidh an tAontas in iúl don Ríocht Aontaithe an fhaisnéis atá ar fáil maidir leis na hoibríochtaí airgeadais dá dtagraítear i mír 1 a cinneadh nó a ceadáíodh roimh dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo agus na cinn a cinneadh nó a ceadáíodh ar an dáta sin nó dá éis sin. I ngach ionstraim, beidh san fhaisnéis:

- (a) na dliteanais airgeadais amhail an 31 Nollaig den bhliain roimhe sin a eascraíonn ó na hoibríochtaí airgeadais a chinn an Coimisiún Eorpach, nó a cheadaigh an t-eintiteas ar chuir an Coimisiún Eorpach de chúram air an ionstraim airgeadais a chur chun feidhme, roimh dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo;
- (b) na dliteanais airgeadais iomlána amhail an 31 Nollaig den bhliain roimhe sin a eascraíonn ó na hoibríochtaí airgeadais a chinn an Coimisiún Eorpach, nó a shocraigh an t-eintiteas ar chuir an Coimisiún Eorpach de chúram air an ionstraim airgeadais a chur chun feidhme;
- (c) an cóimheas idir na méideanna dá dtagraítear i bpointe (a) agus i bpointe (b);
- (d) na híocaíochtaí a dhéanfar as an gciste soláthair nó as cuntais mhuiníneacha leis na heintitis a gcuirfear cúram orthu, i gcás ina mbaineann na híocaíochtaí sin le hoibríochtaí airgeadais a chinn an Coimisiún Eorpach nó gur cheadaigh an t-eintiteas ar chuir an Coimisiún Eorpach de chúram air an ionstraim airgeadais a chur chun feidhme, tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo;

- (e) an chuid de na méideanna a íocfar ar ais leis an Aontas i gcomhréir le hAirteagal 209(3) den Rialachán Airgeadais, cé is moite de na tuairisceáin dá bhforáiltear i bpointe (f) den mhír seo, a bhaineann le hoibríochtaí airgeadais a chinnfear nó a ceadaíodh roimh dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo;
- (f) tuairisceáin ar acmhainní na hionstraime airgeadais sa chiste soláthair nó i gcuntais mhuiníneacha;
- (g) an chuid de mhéid an chiste soláthair nó na gcuntas muiníneach nár eisíodh agus a ghnóthaigh an Coimisiún Eorpach;
- (h) más gá, aon fhaisnéis úsáideach eile maidir leis na hoibríochtaí airgeadais an bhliain roimhe sin.

3. Beidh an tAontas faoi dhliteanas i leith na Ríochta Aontaithe maidir le sciar na Ríochta Aontaithe d'aon mhéid dá dtagraítear i bpointe (d) go pointe (g) de mhír 2.

4. Chun críocha an Airteagail seo, i gcás ina mbaineann dliteanas airgeadais, íocaíochtaí, aisghabhálacha nó méideanna eile le hoibríochtaí airgeadais dá dtagraítear i mír 1 ach nach féidir a shocrú go díreach cé acu is de thoradh frithpháirtiú riosca nó de thoradh sásraí fo-ordúcháin a chur i bhfeidhm a eascraíonn siad, déanfar na dliteanas airgeadais ábhartha, na híocaíochtaí, na haisghabhálacha nó méideanna eile a cheanglaítear a shocrú chun an tAirteagal seo a chur i bhfeidhm a ríomh ar bhonn pro rata, bunaithe ar an gcóimheas dá dtagraítear i bpointe (c) de mhír 2.

AIRTEAGAL 145

An Comhphobal Eorpach do Ghual agus Cruach

Beidh an tAontas faoi dhliteanas maidir leis an Ríocht Aontaithe as a sciar de ghlansócmhainní an Chomhphobail Eorpaigh do Ghual agus Cruach i leachtú an 31 Nollaig 2020.

Aisíocfaidh an tAontas leis an Ríocht Aontaithe i leith an mhéid iomchuí i gcúig thráthchuid bhliantúla chomhionanna an 30 Meitheamh gach bliain, ag tosú an 30 Meitheamh 2021.

AIRTEAGAL 146

Infheistíocht an Aontais in CEI

Beidh an tAontas faoi dhliteanas maidir leis an Ríocht Aontaithe as a sciar d'infheistíocht an Aontais i gcaipiteal íoctha CEI an 31 Nollaig 2020.

Aisíocfaidh an tAontas leis an Ríocht Aontaithe i leith an mhéid iomchuí i gcúig thráthchuid bhliantúla chomhionanna ar an 30 Meitheamh gach bliain dar tosach an 30 Meitheamh 2021.

AIRTEAGAL 147

Dliteanais theagmhasacha a bhaineann le cásanna dlí

1. Beidh an Ríocht Aontaithe faoi dhliteanas as a sciar de na híocaíochtaí is gá chun dliteanais theagmhasacha an Aontais a urscaoileadh a bheidh dlite i ndáil le cásanna dlí a bhaineann le leasanna airgeadais an Aontais maidir leis an mbuiséad agus, go háirithe, maidir le Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 2988/95 nó maidir le cásanna dlí a eascraíonn ó chlár agus beartais an Aontais a fhorghníomhú, ar choinníoll gur tharla na fíorais a chuimsíonn ábhar na gcásanna sin tráth nach déanaí ná an 31 Nollaig 2020.

Beidh an tAontas faoi dhliteanas i leith na Ríochta Aontaithe as a sciar d'aon mhéid aisghabhálacha dá éis sin a bhaineann leis na híocaíochtaí dá dtagraítear sa chéad fhomhír.

2. Cuirfidh an tAontas na méideanna dá dtagraítear i mír 1 in iúl don Ríocht Aontaithe faoin 31 Márta gach bliain.

AIRTEAGAL 148

Íocaíochtaí tar éis 2020

1. Is iad an 30 Meitheamh agus an 31 Deireadh Fómhair gach bliain na dátaí tagartha do na híocaíochtaí ón Ríocht Aontaithe leis an Aontas nó ón Aontas leis an Ríocht Aontaithe a dhéanfar tar éis an 31 Nollaig 2020 maidir leis na méideanna:
 - (a) dá dtagraítear in Airteagal 49(2), in Airteagal 50 agus in Airteagal 53, in Airteagal 62(2), i bpointe (e) d'Airteagal 63(1), agus in Airteagal 63(2), in Airteagal 99(3) agus in Airteagal 100(2);
 - (b) dá dtagraítear in Airteagal 84(1);
 - (c) dá dtagraítear i bpointí (a), (b), (c), (e) agus (f) d'Airteagal 136(3) faoin gcéad dáta tagartha eile tar éis dháta an choigeartaithe nó an cheartaithe;
 - (d) a eascraíonn ó bhearta ceartaitheacha atá le déanamh ag an Ríocht Aontaithe maidir le hacmhainní dílse dlite maidir leis na blianta airgeadais go dtí 2020 mar thoradh ar na rialuithe a rinneadh faoi Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 608/2014 nó Rialachán (CEE, Euratom) Uimh. 1553/89 nó ar aon chúis, faoin gcéad dáta tagartha eile tar éis dháta an bhirt cheartaithigh;
 - (e) dá dtagraítear in Airteagal 140(4), in dhá thráthchuid ar na dátaí tagartha d'íocaíochtaí, an chéad tráthchuid arb ionann í agus leath den dara ceann;

- (f) dá dtagraítear in Airteagal 140(5), an 30 Meitheamh tar éis don Ríocht Aontaithe a dhearbhu go nglacfaí leis an togra ón Aontas chuig an gCoiste maidir leis na forálacha airgeadais dá dtagraítear i bpointe (f) d'Airteagal 165(1) agus an Comhchoiste;
- (g) dá dtagraítear in Airteagal 141, faoin gcéad dáta tagartha eile tar éis na hacmhainní dílse do na Ballstáit a choigeartú mar thoradh ar iontráil chinntitheach na fineála i mbuiséad an Aontais;
- (h) dá dtagraítear in Airteagal 142(1) faoin gcéad dáta tagartha eile tar éis dháta na cumarsáide dá dtagraítear i mír 3;
- (i) dá dtagraítear in Airteagal 142(5) agus sa cheathrú fómhír d'Airteagal 142(6), an 31 Deireadh Fómhair gach bliain;
- (j) dá dtagraítear sa chéad fhomhír d'Airteagal 142(6), an 30 Meitheamh gach bliain;
- (k) dá dtagraítear in Airteagal 143 agus Airteagal 144, faoin gcéad dáta tagartha eile tar éis dháta na cumarsáide dá dtagraítear in Airteagal 143(4) agus Airteagal 144(2);
- (l) dá dtagraítear in Airteagal 145 agus Airteagal 146;

- (m) dá dtagraítear in Airteagal 147(2), faoin gcéad dáta tagartha eile tar éis dháta na cumarsáide dá dtagraítear ann;
- (n) dá dtagraítear i mír 3 mar ús fabhráithe féideartha.

Déanfar íocaíochtaí i gceithre thráthchuid mhíosúla chomhionanna le haghaidh íocaíochtaí a bhfuil an 30 Meitheamh mar dháta tagartha acu agus in ocht dthráthchuid mhíosúla chomhionanna le haghaidh íocaíochtaí a bhfuil an 31 Deireadh Fómhair mar dháta tagartha acu. Déanfar gach íocaíocht faoin lá oibre deireanach gach mí, ag tosú ar an dáta tagartha nó nuair nach lá oibre é an dáta tagartha ar an lá oibre deireanach roimh an dáta tagartha.

2. Fad a bheidh íocaíochtaí fós le déanamh ag an Aontas leis an Ríocht Aontaithe nó ag an Ríocht Aontaithe leis an Aontas, cuirfidh an tAontas doiciméad ar fáil don Ríocht Aontaithe an 16 Aibreán agus an 16 Meán Fómhair gach bliain ina sonrú na méideanna ábhartha atá le híoc, arna sloinneadh in euro agus i bpoint na Breataine, bunaithe ar an ráta comhshó a bhí i bhfeidhm ag an mBanc Ceannais Eorpach ar an gcéad lá oibre den mhí. Íocfaidh an tAontas nó an Ríocht Aontaithe na glanmhéideanna faoi na dátaí dá dtagraítear i mír 1.

3. Beidh aon mhoill ar íocaíochtaí ón Ríocht Aontaithe leis an Aontas nó ón Aontas leis an Ríocht Aontaithe faoi réir ús a íoc i gcomhréir le hAirteagal 12 de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 609/2014.

CAIBIDIL 3

AN BANC CEANNAIS EORPACH

AIRTEAGAL 149

Aisíocaíocht an chaipitil íoctha

Déanfaidh an Banc Ceannais Eorpach, thar ceann an Aontais, aisíocaíocht le Banc Shasana as an gcaipiteal íoctha arna sholáthar ag Banc Shasana. Bunófar dáta na haisíocaíochta agus socruithe praiticiúla eile i gcomhréir le Prótacal (Uimh. 4) maidir le Reacht an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais agus an Bhainc Ceannais Eorpaigh.

CAIBIDIL 4

AN BANC EORPACH INFHEISTÍOCHTA

AIRTEAGAL 150

Dliteanas leanúnach na Ríochta Aontaithe agus aisíoc an chaipitil íochta

1. Beidh an Ríocht Aontaithe faoi dhliteanas, mar a leagtar amach san Airteagal seo, maidir leis na hoibríochtaí airgeadais a cheadaigh BEI roimh dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, de réir na sonruithe breise i mír 2 (“oibríochtaí airgeadais BEI”), fiú má ghlactar leis an neamhchosaint airgeadais ar dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo nó dá éis sin, agus beidh sé faoi dhliteanas i leith rioscaí eile a ghlacann BEI mar a leagtar amach sa dara fomhír.

Bainfidh dliteanas na Ríochta Aontaithe le hoibríochtaí airgeadais BEI agus le rioscaí bainistíochta sócmhainní agus dliteanas agus le rioscaí oibríúcháin atá inchurtha i leith oibríochtaí airgeadais BEI, i gcomhréir le mír 6. Maidir le rioscaí eile den sórt sin nach mbaineann le hoibríochtaí airgeadais sonracha agus nár tháinig as stoc na n-oibríochtaí airgeadais a tógadh tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, beidh méid dhliteanas na Ríochta Aontaithe comhréireach leis an gcóimheas idir an neamhchosaint atá fágtha de bharr oibríochtaí airgeadais BEI agus méid iomlán na n-oibríochtaí airgeadais tráth a ghníomhachtófar dliteanas na Ríochta Aontaithe i gcomhréir le mír 6.

Ní chumhdaíonn raon feidhme an Airteagail seo cur chun feidhme aon straitéise de chuid BEI i leith fáis tar éis an tarraingt siar.

2. Áireofar ar oibríochtaí airgeadais BEI iasachtaí, ráthaíochtaí, infheistíochtaí ciste, infheistíochtaí cothromais, bannaí agus táirgí eile in ionad iasachta, agus aon oibríochtaí maoinithe eile, le contrapháirtithe nó maidir le tionscadail laistigh agus lasmuigh de chríoch na mBallstát, lena n-áirítear oibríochtaí arna ráthú ag tríú páirtithe lena n-áirítear na Ballstáit nó an tAontas.

Beidh dliteanas na Ríochta Aontaithe maidir le hoibríochtaí airgeadais BEI i bhfeidhm i gcás ina mbeidh neamhchosaint airgeadais BEI:

- (a) bunaithe ar cheadú ó Bhord Stiúrthóirí BEI a tugadh roimh dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, nó bunaithe ar chinneadh arna ghlacadh ar bhonn tarmligean a rinne Bord Stiúrthóirí a tugadh roimh dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo;
- (b) ag eascairt ó athstruchtúrú oibríocht airgeadais BEI, sa mhéid nach méadóidh an t-athstruchtúrú sin an neamhchosaint airgeadais don chontrapháirtí, i dtéarmaí ainmniúla, mar a bhí sé díreach roimh an athstruchtúrú;
- (c) ag eascairt ó athrú ar oibríocht airgeadais BEI, i gcás inar fhorhneas Bord Stiúrthóirí BEI an t-athrú ar dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo nó dá éis sin, a mhéid nach méadóidh an t-athrú sin an neamhchosaint airgeadais don chontrapháirtí mar a bhí sé díreach roimh an athrú; nó

- (d) ag eascairt ó rannpháirtíocht institiúideach BEI i gcaipiteal CEI agus an Bhainc Eorpaigh Athfhoirgníochta agus Forbraíochta, mar a bhí sé díreach roimh dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo.

Chun críocha na teorainneacha maidir le dliteanas na Ríochta Aontaithe a bhunú de bhun mhír 3 agus mír 5, measfar i dtaobh neamhchosaint BEI mar gheall ar oibríochtaí airgeadais BEI nach bhfuil, mar gheall ar a gcineál, faoi réir amúchta, go háirithe infheistíochtaí amhail infheistíochtaí cothromais, sainorduithe imrothlacha a deonaíodh do CEI, agus rannpháirtíocht i gcaipiteal CEI agus an Bhainc Eorpach Athfhoirgníochta agus Forbartha, measfar go n-amúchfaidh an neamhchosaint sin mar a leanas: ar feadh tréimhse 10 mbliana ó theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, measfar gurb ionann méid na neamhchosanta neamh-amúchta faoi oibríocht airgeadais BEI agus an méid a cheadaigh BEI roimh theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, arna laghdú ag aon diúscairt a rinne BEI ón dáta seo i leith. Tar éis na tréimhse sin, déileálfar leis an méid mar laghdú i gcomhréir le hamúchadh neamhchosaint an amúchta atá fágtha de bharr oibríochtaí airgeadais BEI.

3. Chun críocha mhír 1, beidh an Ríocht Aontaithe faoi dhliteanas as a sciar de chaipiteal suibscríofa neamhghlaoite BEI mar a bhí sé díreach roimh dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo. Déanfaidh an Ríocht Aontaithe íocaíochtaí le BEI, suas le méid a dliteanais de bhun na míre seo, nuair a ghníomhachtófar a dliteanas i gcomhréir le mír 6.

Ní bheidh an dliteanas iomlán sin, tráth ar bith, de bhun na míre seo níos mó ná méid sciar na Ríochta Aontaithe de chaipiteal suibscríofa neamhghlaoite BEI mar a bhí sé díreach roimh dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo.

Nuair is lú méid na neamhchosanta de chuid BEI atá fágtha faoi oibríochtaí airgeadais BEI dá dtagraítear i mír 1 ná méid iomlán chaipiteal suibscríofa BEI mar a bhí sé díreach roimh dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, beidh méid dhliteanas na Ríochta Aontaithe de bhun na míre seo, tráth ar bith, teoranta don mhéid a fuarthas tríd an gcóimheas idir caipiteal suibscríofa BEI agus méid iomlán chaipiteal suibscríofa BEI mar a bhí siad díreach roimh dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo (“sciar na Ríochta Aontaithe den chaipiteal suibscríofa”) a chur i bhfeidhm ar an difríocht idir méid na neamhchosanta sin fágtha ag an am sin, agus iomlán chaipiteal suibscríofa íoctha BEI mar a bhí sé díreach roimh dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo.

4. Íocfaidh BEI leis an Ríocht Aontaithe thar ceann an Aontais méid atá cothrom le sciar na Ríochta Aontaithe de chaipiteal suibscríofa íoctha BEI mar a bhí sé díreach roimh dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo. Déanfar an íocaíocht sin i gcomhréir le Prótacal (Uimh. 5) ar Reacht an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta. Déanfar í in 12 thráthchuid bhliantúla. Beidh na chéad 11 thráthchuid, gach ceann acu cothrom le EUR 300 000 000, dlite an 15 Nollaig gach bliain ag tosú in 2019. Beidh an t-iarmhéid EUR 195 903 950 dlite an 15 Nollaig 2030. Ní dhéanfaidh na híocaíochtaí arna ndéanamh i gcomhréir leis an mír seo an Ríocht Aontaithe a scaoileadh óna dliteanas faoi mhír 5.

5. De bhreis ar a dliteanas faoi mhír 3, chun críocha mhír 1, beidh an Ríocht Aontaithe faoi dhliteanas as a caipiteal suibscríofa íoctha de chuid BEI mar a bhí sé díreach roimh dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo. Déanfaidh an Ríocht Aontaithe íocaíochtaí le BEI, suas le méid a dliteanais, i gcomhréir leis an mír seo, nuair a ghníomhachtófar a dliteanas faoi mhír 6.

Ní bheidh an dliteanas iomlán sin, tráth ar bith, de bhun na míre seo níos mó ná méid an chaipitil shuibscríofa íoctha de chuid na Ríochta Aontaithe i BEI mar a bhí sé díreach roimh dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo.

Nuair is lú méid na neamhchosanta de chuid BEI atá fágtha mar gheall ar oibríochtaí airgeadais BEI dá dtagraítear i mír 1 ná iomlán chaipiteal suibscríofa íoctha BEI mar a bhí sé díreach roimh dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, beidh méid dhliteanas na Ríochta Aontaithe de bhun na míre seo, ag aon am ar bith, teoranta don mhéid a fhaightear ón gcóimheas idir sciar na Ríochta Aontaithe den chaipiteal suibscríofa a chur i bhfeidhm ar mhéid na neamhchosanta sin atá fágtha ag an am sin.

6. Gníomhachtófar dliteanas na Ríochta Aontaithe i gcomhréir leis an Airteagal seo, ar bhonn *pari passu* i gcás na mBallstát, i gcás ina n-éileoidh BEI ar na Ballstáit íocaíochtaí a dhéanamh mar gheall ar a gcaipiteal suibscríofa neamhghlaoite nó nuair a úsáidtear caipiteal suibscríofa íoctha na mBallstát.

Nuair a ghníomhachtófar dliteanas na Ríochta Aontaithe de bhun mhír 3, íocfaidh an Ríocht Aontaithe an méid atá dlite do BEI faoi na coinníollacha céanna a bhaineann leis na Ballstáit (lena n-áirítear uainiú agus téarmaí na híocaíochta), mar a chinnfidh Bord Stiúrthóirí BEI ag an am iomchuí. Féadfaidh cinneadh BEI lena n-éileofar ar na Ballstáit íocaíochtaí a dhéanamh mar gheall ar a gcaipiteal suibscríofa neamhghlaoite, go háirithe, a bheith bainteach le cineál na rioscaí teagmhais is bun leo agus staid airgeadais BEI i bhfianaise a oibleagáidí íocaíochta, staid a shócmhainní agus a dhliteanas, a sheasamh i margaí caipitil, agus forálacha maidir lena phleanáil theagmhasach agus aisghabhála de réir mar is infheidhme ag an am iomchuí.

Nuair a ghníomhachtófar dliteanas na Ríochta Aontaithe de bhun mhír 5, íocfaidh an Ríocht Aontaithe an méid atá dlite do BEI, in euro, laistigh de 30 lá ón gcéad éileamh ó BEI, agus faoi réir an cheathrú fómhír den mhír seo.

Comhlíonfar dliteanas na Ríochta Aontaithe arna ghníomhachtú i gcomhréir le mír 5 ó sciar na Ríochta Aontaithe de chaipiteal suibscríofa íochta BEI mar a bhí sé díreach roimh dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo suas go dtí an méid nach bhfuil íochta fós leis an Ríocht Aontaithe i gcomhréir le mír 4. Déanfar méid na dtráthchodanna bliantúla dá dtagraítear i mír 4 a laghdú dá réir sin. Más rud é nach féidir dliteanas na Ríochta Aontaithe a chomhlíonadh go hiomlán i gcomhréir leis an modh seo, íocfaidh an Ríocht Aontaithe an méid eile atá dlite le BEI.

Déanfaidh BEI amach, thar ceann an Aontais, i ngach cás, cé na teagmhais ba chúis le dliteanas na Ríochta Aontaithe a ghníomhachtú chuig an stoc ábhartha oibríochtaí airgeadais nó rioscaí agus an méid a bhfuil oibleagáid ar an Ríocht Aontaithe a íoc le BEI mar a leanas:

- (a) a mhéid gurb oibríochtaí airgeadais BEI is cúis le teagmhais fholuite, nó gur riosca bainistíochta sócmhainne agus dliteanas nó riosca oibríocháin a bhaineann leis is cúis leo, íocfaidh an Ríocht Aontaithe le BEI méid atá cothrom le sciar na Ríochta Aontaithe de chaipiteal suibscríofa na suime iomláine a cheanglaítear ar na Ballstáit a íoc, nó méid atá cothrom le sciar na Ríochta Aontaithe de chaipiteal suibscríofa na suime iomláine lena n-úsáidtear caipiteal suibscríofa na mBallstát atá íoctha isteach, faoi seach;
- (b) a mhéid gur rioscaí eile is cúis le teagmhais fholuite, agus nach aon oibríocht airgeadais shonrach nó nach é an stoc oibríochtaí airgeadais a tógadh tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo is cúis leo, íocfaidh an Ríocht Aontaithe le BEI an méid a eascraíonn ó phointe (a) arna iolrú faoi chóimheas na neamhchosanta atá fágtha de bharr oibríochtaí airgeadais BEI ar mhéid iomlán na n-oibríochtaí airgeadais tráth a ghníomhachtófar dliteanas na Ríochta Aontaithe.

7. Ach amháin i gcás na n-íocaíochtaí dá bhforáiltear i mír 4, ní bheidh d'oibleagáid ar BEI aon íocaíocht, tuairisceán nó luach saothair eile a dhéanamh mar gheall ar fhoirceannadh chomhaltas na Ríochta Aontaithe sa BEI nó mar gheall ar choinneáil na Ríochta Aontaithe de dhliteanas i gcomhréir leis an Airteagal seo.

8. An 31 Iúil 2019, cuirfidh BEI neamhchosaint na Ríochta Aontaithe faoi oibríochtaí airgeadais BEI in iúl don Ríocht Aontaithe, agus an teorainn ar dhliteanas na Ríochta Aontaithe i gcomhréir le mír 3 agus mír 5, ar dhóigh a léireoidh staid airgeadais BEI agus dliteanas na Ríochta Aontaithe ar dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo.

An 31 Márta gach bliain, ag tosú in 2020, go dtí go dtarlóidh múchadh dliteanais na Ríochta Aontaithe i gcomhréir leis an Airteagal seo, cuirfidh BEI in iúl don Ríocht Aontaithe an neamhchosaint atá fágtha ag an Ríocht Aontaithe faoi oibríochtaí airgeadais BEI, agus an teorainn ar dhliteanas na Ríochta Aontaithe i gcomhréir le mír 3 agus mír 5, rud a léiríonn staid airgeadais BEI agus dliteanas na Ríochta Aontaithe amhail an 31 Nollaig den bhliain roimhe sin. Nochtfar sa tuarascáil freisin aon athruithe ábhartha a imríonn tionchar ábhartha, i dtuairim BEI, ar dhliteanas na Ríochta Aontaithe. Cuirfidh BEI faisnéis thráthúil ar fáil freisin má tharlaíonn na hathruithe sin i gcaitheamh na bliana.

Cuirfidh BEI faisnéis thráthúil ar fáil don Ríocht Aontaithe maidir le haon ghníomhachtú ar dhliteanas na Ríochta Aontaithe atá le teacht de bhun an Airteagail seo, i gcomhréir leis an bhfaisnéis a chuirtear ar fáil do na Ballstáit. Áireofar san fhaisnéis sin faisnéis faoi chineál an teagmhais gníomhachtúcháin agus ríomh na méideanna atá le híoc. Déileálfaidh an Ríocht Aontaithe leis an bhfaisnéis sin faoi rún daingean go dtí go dtógfaidh BEI an rúndacht nó go dtí go ngníomhachtófar dliteanas na Ríochta Aontaithe, cibé acu a dhéanfar ar dtús.

AIRTEAGAL 151

Rannpháirtíocht na Ríochta Aontaithe i ngrúpa BEI tar éis dháta an tarraingt siar

Ó dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, ní bheidh an Ríocht Aontaithe ná tionscadail atá bunaithe sa Ríocht Aontaithe incháilithe d'oibríochtaí airgeadais nua ón ngrúpa BEI atá in áirithe do na Ballstáit, lena n-áirítear iad siúd faoi shainorduithe an Aontais. Déileálfar le heintitis a bunaíodh sa Ríocht Aontaithe mar eintitis atá lonnaithe lasmuigh den Aontas.

Féadfar síniú na n-oibríochtaí airgeadais a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe, le heintitis na Ríochta Aontaithe, nó le tionscadail na Ríochta Aontaithe arna gceadú ag grúpa BEI roimh dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, a dhéanamh tar éis an dáta sin ar an mbonn céanna ar ar ceadaíodh iad ar dtús.

CAIBIDIL 5

AN CISTE EORPACH FORBRAÍOCHTA AGUS RÁTHAÍOCHT NA RÍOCHTA AONTAITHE FAOI CHOMHAONTUITHE INMHEÁNACHA CEF

Rannpháirtíocht sa Chiste Eorpach Forbraíochta

1. Beidh an Ríocht Aontaithe rannpháirteach fós sa Chiste Eorpach Forbraíochta (“CEF”) go dúnadh an 11ú CEF agus gach CEF gan dúnadh roimhe sin, agus, maidir leis sin, glacfaidh sí na hoibleagáidí céanna a ghlacfaidh na Ballstáit faoin gComhaontú Inmheánach trínar bunaíodh é (“an 11ú Comhaontú Inmheánach CEF”)¹, agus glacfaidh sí na hoibleagáidí a eascraíonn ó CEFanna roimhe seo go dtí go ndúnfar iad, lena n-áirítear aon oibleagáidí den sórt sin faoi Rialachán (AE) 2015/322 ón gComhairle² agus Rialachán (AE) 2015/323 ón gComhairle³, faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos sa Chomhaontú seo. Beidh an Ríocht Aontaithe faoi cheangal ag cinntí na Comhairle lena leagtar amach ranníocaíochtaí bliantúla na mBallstát mar a glacadh faoi Airteagal 21 de Rialachán (AE) 2015/323. Fanfaidh tairbhíthe na Ríochta Aontaithe incháilithe páirt a ghlacadh i dtionscadail faoin 11ú CEF agus CEFanna roimhe seo faoi na coinníollacha céanna a bhí ann roimh dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo.

-
- ¹ Comhaontú Inmheánach idir Ionadaithe Rialtais Bhallstáit an Aontais Eorpaigh, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, maidir le cúnamh a mhaoiniú ón Aontas Eorpach faoin gcreat airgeadais ilbhliantúil don tréimhse 2014 go 2020, i gcomhréir le Comhaontú Comhpháirtíochta ACC-AE, agus maidir le cúnamh airgeadais a leithdháileadh do na Tíortha agus Críocha Thar Lear a bhfuil feidhm ag Cuid a Ceathair den Chomhaontú ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh maidir leo (IO L 210, 6.8.2013, lch. 1).
- ² Rialachán (AE) Uimh. 2015/322 ón gComhairle an 2 Márta 2015 maidir le cur chun feidhme an 11ú Chiste Eorpaigh Forbraíochta (IO L 58, 3.3.2015, lch. 1).
- ³ Rialachán (AE) Uimh. 2015/323 ón gComhairle an 2 Márta 2015 maidir leis an rialachán airgeadais is infheidhme maidir leis an 11ú Ciste Eorpach Forbraíochta (IO L 58, 3.3.2015, lch. 17).

2. De mhaolú ar Airteagal 7 den Chomhaontú seo, féadfaidh an Ríocht Aontaithe páirt a ghlacadh, mar bhreathnóir gan cearta vótála, sa Choiste CEF mar a bunaíodh i gcomhréir le hAirteagal 8 den 11ú Chomhaontú Inmheánach CEF agus sa Choiste um an tSaoráid Infheistíochta arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 9 den 11ú Chomhaontú Inmheánach CEF.
3. Bainfidh na tíortha agus na críocha thar lear dá dtagraítear i bpointe (e) d'Airteagal 3(1) tairbhe as an 11ú CEF go dtí go ndúnfar é agus ó CEFanna roimhe sin go dtí go ndúnfar iad.
4. Déanfar sciar na Ríochta Aontaithe den tSaoráid Infheistíochta CEF ó thréimhsí leanúnacha CEF a aisíoc leis an Ríocht Aontaithe de réir mar a aibeoídh an infheistíocht. Úsáidfear an modh a leagtar amach in Airteagal 144 chun an aisíocaíocht seo a dhéanamh. Mura gcomhaontófar a mhalairt, ní dhéanfar sciar caipitil na Ríochta Aontaithe a ghealladh arís thar dheireadh na 11ú tréimhse gealltanais CEF ná a rolladh isteach i dtréimhsí ina dhiaidh sin.

AIRTEAGAL 153

Athúsáid na saoraí

I gcás nár gealladh na méideanna ó thionscadail faoin 10ú CEF nó na méideanna ó CEFanna roimhe seo i gcomhréir le hAirteagal 1(3) den 11ú Chomhaontú Inmheánach CEF, nó go ndearnadh iad a shaoradh i gcomhréir le hAirteagal 1(4) den 11ú Chomhaontú Inmheánach CEF ar dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, ní dhéanfar sciar na Ríochta Aontaithe de na méideanna sin a athúsáid.

Beidh feidhm ag an gcéad mhír maidir le sciar na gcistí de chuid na Ríochta Aontaithe nár gealladh nó nár saoradh faoin 11ú EDF tar éis an 31 Nollaig 2020.

AIRTEAGAL 154

Ráthaíocht na Ríochta Aontaithe faoi Chomhaontuithe Inmheánacha éagsúla CEF

Beidh an Ríocht Aontaithe faoi dhliteanas i leith na ráthaíochtaí a thug sí faoi Airteagal 9 den 4ú Comhaontú Inmheánach CEF¹, Airteagal 8 den 5ú², den 6ú³, den 7ú⁴ agus den 8ú Comhaontú Inmheánach CEF⁵, Airteagal 6 den 9ú Comhaontú Inmheánach CEF⁶ agus Airteagal 4 den 10ú⁷ agus den 11ú Comhaontú Inmheánach CEF.

Beidh an Ríocht Aontaithe i dteideal a sciar féin d'aon mhéideanna a aisghabhálfar faoi théarmaí ráthaíochtaí na mBallstát agus i dteideal chomhardú an Chuntais Glao atá aici mar Bhallstát. Sciar na Ríochta Aontaithe dá dtagraítear san fhomhír seo, beidh sé i gcomhréir lena rannpháirtíocht i ngach comhaontú ráthaíochta faoi seach.

¹ IO L 25, 30.1.1976, lch. 168.

² IO L 347, 22.12.1980, lch. 210.

³ IO L 86, 31.3.1986, lch. 210.

⁴ IO L 229, 17.8.1991, lch. 288.

⁵ IO L 156, 29.5.1998, lch. 108.

⁶ IO L 317, 15.12.2000, lch. 355.

⁷ IO L 247, 9.9.2006, lch. 32.

CAIBIDIL 6

NA CISTÍ IONTAOBHAIS AGUS AN tSAORÁID DO DHÍDEANAITHE SA TUIRC

AIRTEAGAL 155

Gealltanais i leith na gCistí Iontaobhais agus na Saoráide do Dhídeanaithe sa Tuirc

1. Comhlíonfaidh an Ríocht Aontaithe na gealltanais a thug sí roimh dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo do Chiste Iontaobhais Éigeandála an Aontais Eorpaigh don chobhsaíocht agus lena dtugtar aghaidh ar na cúiseanna bunúsacha leis an imirce neamhrialta agus daoine easáitithe san Afraic, a bunaíodh le Cinneadh ón gCoimisiún an 20 Deireadh Fómhair 2015¹, gealltanais d'aon Chiste Iontaobhais de chuid an Aontais Eorpaigh a chruthófar roimh theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, agus don tSaoráid do Dhídeanaithe sa Tuirc, a bunaíodh le Cinneadh ón gCoimisiún an 24 Samhain 2015² agus aon leasú air a ghlacfar roimh theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo.

¹ Cinneadh ón gCoimisiún an 20 Deireadh Fómhair 2015 maidir le bunú Ciste Iontaobhais Éigeandála de chuid an Aontais Eorpaigh don chobhsaíocht agus lena dtugtar aghaidh ar na cúiseanna bunúsacha leis an imirce neamhrialta agus daoine easáitithe san Afraic (C(2015) 7293).

² Cinneadh ón gCoimisiún an 24 Samhain 2015 maidir le gníomhaireachtaí an Aontais agus na mBallstát a chomhordú trí shásra comhordaithe — an tSaoráid do Dhídeanaithe sa Tuirc (IO C 407, 8.12.2015, lch. 8).

2. Féadfaidh an Ríocht Aontaithe páirt a ghlacadh sna comhlachtaí ábhartha a bhaineann leis an tSaoráid do Dhídeanaithe sa Tuirc, de réir na rialacha atá leagtha síos maidir le deontóirí i gcomhréir le hAirteagal 234(4) den Rialachán Airgeadais.

CAIBIDIL 7

GNÍOMHAIREACHTAÍ NA COMHAIRLE AGUS OIBRÍOCHTAÍ AN CHOMHBHEARTAIS SLÁNDÁLA AGUS COSANTA

AIRTEAGAL 156

Oibleagáidí na Ríochta Aontaithe ó dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo

Go dtí an 31 Nollaig 2020, déanfaidh an Ríocht Aontaithe ranníocaíochtaí le maoiniú na Gníomhaireachta Eorpaí um Chosaint, Institiúid an Aontais Eorpaigh um Staidéar Slándála, agus Lárionad Satailítí an Aontais Eorpaigh, mar aon leis na costais a bhaineann le hoibríochtaí an Chomhbheartais Slándála agus Cosanta, ar bhonn na scálaí ranníocaíochta a leagtar amach i bpointe (a) d'Airteagal 14(9) de Chinneadh (AE) 2016/1353 ón gComhairle¹, in Airteagal 10(3) de Chinneadh 2014/75/CBES ón gComhairle², in Airteagal 10(3) de Chinneadh 2014/401/CBES ón gComhairle³ agus sa dara fomhír d'Airteagal 41(2) den Chonradh ar an Aontas Eorpach, faoi seach, agus i gcomhréir le hAirteagal 5 den Chomhaontú seo.

-
- ¹ Cinneadh (AE) 2016/1353 ón gComhairle an 4 Lúnasa 2016 maidir le rialacha airgeadais na Gníomhaireachta Eorpaí um Chosaint agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2007/643/CBES (IO L 219, 12.8.2016, lch. 98).
 - ² Cinneadh 2014/75/CBES ón gComhairle an 10 Feabhra 2014 maidir le hInstitiúid an Aontais Eorpaigh um Staidéar Slándála (IO L 41, 12.2.2014, lch. 13).
 - ³ Cinneadh 2014/401/CBES ón gComhairle an 26 Meitheamh 2014 maidir le Lárionad Satailítí an Aontais Eorpaigh agus lena n-aisghairtear Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2001/555/CBES maidir le Lárionad Satailítí an Aontais Eorpaigh a bhunú (IO L 188, 27.6.2014, lch. 73).

AIRTEAGAL 157

Oibleagáidí na Ríochta Aontaithe tar éis an 31 Nollaig 2020

1. Bunaithe ar chuntais na ngníomhaireachtaí, a mhéid nár soláthraíodh na dliteanais ábhartha an 31 Nollaig 2020, íocfaidh an Ríocht Aontaithe a sciar de na dliteanais seo a leanas i gcomhréir lena scála ranníocaíochta maidir le gach ceann de na gníomhaireachtaí ar bhonn a gcuid cuntas iniúchta an 31 Nollaig 2020:
 - (a) na dliteanais phinsin i leith phearsanra na Gníomhaireachta Eorpaí um Chosaint, Institiúid an Aontais Eorpaigh um Staidéar Slándála, agus Lárionad Satailítí an Aontais Eorpaigh;
 - (b) aon dliteanais a thagann as leachtú Aontas Iarthar na hEorpa.
2. Is faoin 30 Meitheamh 2021 a dhéanfar na híocaíochtaí maidir leis na dliteanais dá dtagraítear i mír 1.

CUID A SÉ

FORÁLACHA INSTITIÚIDEACHA AGUS CRÍOCHNAITHEACHA

TEIDEAL I

LÉIRMHÍNIÚ AGUS CUR I bhFEIDHM LEANÚNACH

AIRTEAGAL 158

Tagairtí do Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh maidir le Cuid a Dó

1. Más rud é, le linn cás ar cuireadh tús leis ag an gcéad chéim laistigh d'ocht mbliana ó dheireadh na hidirthréimhse os comhair cúirt nó binse sa Ríocht Aontaithe, go dtarraingítear anuas ceist a bhaineann le léirmhíniú Chuid a Dó den Chomhaontú seo, agus go bhfuil an chúirt nó an binse sin den tuairim gur gá cinneadh a dhéanamh faoin gceist sin le go bhféadfaidh sí nó sé breithiúnas a thabhairt sa chás sin, féadfaidh an chúirt nó an binse sin a iarraidh ar Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh réamhrialú a thabhairt i leith na ceiste sin.

Mar sin féin, más rud é gur cinneadh maidir le hiarratas a rinneadh de bhun Airteagal 18(1) nó (4) nó de bhun Airteagal 19 is ábhar do chás os comhair na cúirte nó an bhinse sa Ríocht Aontaithe, ní fhéadfar réamhrialú a iarraidh ach amháin má cuireadh tús leis an gcás ag an gcéad chéim laistigh de thréimhse 8 mbliana ón dáta óna raibh feidhm ag Airteagal 19.

2. Beidh dlínse ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh réamhrialú a thabhairt i leith iarrataí de bhun mhír 1. Is ionann na héifeachtaí dlíthiúla a bheidh leis na réamhrialuithe sin sa Ríocht Aontaithe agus na héifeachtaí dlíthiúla a bheidh leis na réamhrialuithe de bhun Airteagal 267 CFAE san Aontas agus sna Ballstáit.

3. I gcás ina nglacfaidh an Comhchoiste cinneadh faoi Airteagal 132(1), cuirfear síneadh go huathoibríoch leis an tréimhse ocht mbliana dá dtagraítear sa dara fohír de mhír 1 de réir líon comhfhreagrach na míonna lena gcuirtear síneadh leis an idirthréimhse.

AIRTEAGAL 159

Faireachán ar chur chun feidhme agus ar chur i bhfeidhm Chuid a Dó

1. Sa Ríocht Aontaithe, déanfaidh údarás neamhspleách (“an tÚdarás”) faireachán ar chur chun feidhme agus cur i bhfeidhm Chuid a Dó agus beidh cumhachtaí aige a bheidh coibhéiseach leis na cumhachtaí atá ag an gCoimisiún Eorpach agus é ag gníomhú faoi na Conarthaí chun fiosrúcháin a dhéanamh ar a thionscnamh féin maidir leis na sáruithe a líomhnaíodh a rinne údaráis riaracháin na Ríochta Aontaithe ar Chuid a Dó agus chun gearáin a fháil ó shaoránaigh den Aontas agus a mbaill teaghlaigh chun na fiosrúcháin sin a dhéanamh. Beidh an ceart ag an Údarás freisin, tar éis na ngearán sin, caingean dlí a thabhairt os comhair cúirt nó binse inniúil sa Ríocht Aontaithe i nós imeachta breithiúnach iomchuí d’fhonn leigheas oiriúnach a lorg.
2. Cuirfidh an Coimisiún Eorpach agus an tÚdarás araon an Coiste speisialaithe ar an eolas faoi chearta na saoránach dá dtagraítear i bpointe (a) d’Airteagal 165(1) maidir le cur chun feidhme agus cur i bhfeidhm Chuid a Dó san Aontas agus sa Ríocht Aontaithe, faoi seach. Cumhdóidh an fhaisnéis a thabharfar, go háirithe, na bearta a dhéanfar chun Cuid a Dó a chur chun feidhme nó a chomhlíonadh agus líon agus cineál na ngearán a fuarthas.
3. Tráth nach luaithe ná ocht mbliana tar éis dheireadh na hidirthréimhse, déanfaidh an Coiste Comhpháirteach feidhmiú an Údaráis a mheas. Tar éis an mheasúnaithe sin, féadfaidh sé a chinneadh, de mheon macánta, de bhun pointe (f) d’Airteagal 164(4) agus Airteagal 166, go bhféadfaidh an Ríocht Aontaithe deireadh a chur leis an Údarás.

AIRTEAGAL 160

Dlínse Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh maidir le forálacha áirithe de Chuid a Cúig

Gan dochar d'Airteagal 87 den Chomhaontú seo, beidh feidhm ag Airteagal 258, Airteagal 260 agus ag Airteagal 267 CFAE maidir le léirmhíniú agus cur i bhfeidhm dhlí an Aontais is infheidhme dá dtagraítear in Airteagal 136 agus Airteagal 138(1) nó (2) den Chomhaontú seo. Chuige sin, tuigfear go n-áireofar an Ríocht Aontaithe in aon tagairt a dhéantar do Bhallstát in Airteagal 258, Airteagal 260 agus in Airteagal 267 CFAE.

AIRTEAGAL 161

Nósanna imeachta os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh

1. I gcás ina gcuirfidh cúirt nó binse Ballstáit ceist a bhaineann le léirmhíniú an Chomhaontaithe seo faoi bhráid Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh le haghaidh réamhrialú, cuirfear cinneadh na cúirte nó an bhinse náisiúnta sin faoin gceist in iúl don Ríocht Aontaithe.
2. Maidir leis na forálacha i ndlí an Aontais lena rialaítear nósanna imeachta a thionscnaítear os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh i gcomhréir le hAirteagal 267 CFAE, beidh feidhm acu *mutatis mutandis* maidir le hiarrataí ar rialú ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh arna ndéanamh de bhun Airteagal 158 den Chomhaontú seo.

Maidir leis na forálacha i ndlí an Aontais lena rialaítear an nós imeachta os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, beidh feidhm acu maidir leis na himeachtaí os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh agus na hiarrataí ar réamhrialú arna ndéanamh i gcomhréir le hAirteagal 160 den Chomhaontú seo.

3. Sna cásanna a thionscnaítear os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh i gcomhréir le mír 1, Airteagal 158 agus Airteagal 160 den Chomhaontú seo, agus Airteagal 12 den Phrótocal maidir leis na Limistéir Bhunáite Fhlaitheasacha:

- (a) féadfaidh an Ríocht Aontaithe páirt a ghlacadh sna himeachtaí os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh ar an gcaoi chéanna a nglacann na Ballstáit páirt ann;
- (b) na dlíodóirí atá údaraithe chun cleachtadh os comhair chúirteanna agus bhinsí na Ríochta Aontaithe, beidh siad i dteideal ionadaíocht a dhéanamh ar pháirtithe nó cúnamh a thabhairt dóibh in imeachtaí den sórt sin os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh; i gcásanna den sórt sin, caithfear leis na dlíodóirí sin i ngach slí mar dhlíodóirí atá údaraithe cleachtadh os comhair chúirteanna na mBallstát chun ionadaíocht a dhéanamh ar pháirtí nó chun cúnamh a thabhairt dó os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.

AIRTEAGAL 162

Rannpháirtíocht an Choimisiúin Eorpaigh i gcásanna atá ar feitheamh sa Ríocht Aontaithe

I gcás inar gá é de bharr léirmhíniú agus chur i bhfeidhm comhsheasmhach an Chomhaontaithe seo, féadfaidh an Coimisiún Eorpach barúlacha i scríbhinn a chur faoi bhráid chúirteanna agus bhinsí na Ríochta Aontaithe i gcásanna atá ar feitheamh a bhfuil baint acu le léirmhíniú an Chomhaontaithe. Féadfaidh an Coimisiún Eorpach, le cead na cúirte nó an bhinse lena mbaineann, barúlacha a thabhairt ó bhéal freisin. Sula gcuirfidh an Coimisiún Eorpach barúlacha den sórt sin isteach go foirmiúil, cuirfidh sé in iúl don Ríocht Aontaithe go bhfuil sé ar intinn aige sin a dhéanamh.

AIRTEAGAL 163

Idirphlé tráthrialta agus malartú faisnéise

Chun léirmhíniú comhsheasmhach an Chomhaontaithe seo a éascú, agus le lánurraim do neamhspleáchas na gcúirteanna, déanfaidh Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh agus na cúirteanna is airde sa Ríocht Aontaithe idirphlé tráthrialta a bheidh analógach leis an idirphlé a dhéantar idir Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh agus na cúirteanna is airde sna Ballstáit.

TEIDEAL II

FORÁLACHA INSTITIÚIDEACHA

AIRTEAGAL 164

Comhchoiste

1. Bunaítear leis seo Comhchoiste ar a mbeidh ionadaithe ón Aontas agus ón Ríocht Aontaithe. Beidh an tAontas agus an Ríocht Aontaithe ina gcomhchathaoirligh ar an gComhchoiste.
2. Tiocfaidh an Comhchoiste le chéile ar iarratas ón Aontas nó ón Ríocht Aontaithe, agus i gcás ar bith uair sa bhliain ar a laghad. Is de chomhthoilíú a shocróidh an Comhchoiste sceideal na gcrúinnithe agus clár na gcrúinnithe. Beidh obair an Chomhchoiste faoi rialú ag na rialacha níos imeachta atá leagtha amach in Iarscríbhinn VIII a ghabhann leis an gComhaontú seo.
3. Beidh an Comhchoiste freagrach as cur chun feidhme agus cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo. Féadfaidh an tAontas agus an Ríocht Aontaithe, araon, aon saincheist a bhaineann le cur chun feidhme, cur i bhfeidhm agus léirmhíniú an Chomhaontaithe seo a chur faoi bhráid an Chomhchoiste.

4. Déanfaidh an Comhchoiste:

- (a) cur chun feidhme agus cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo a mhaoirsiú agus a éascú;
- (b) na cúraimí a bheidh ar na coistí speisialaithe a shocrú agus a gcuid oibre a mhaoirsiú;
- (c) slite agus modhanna oiriúnacha a lorg chun fadhbanna a d'fhéadfadh teacht chun cinn i réimsí a chumhdaítear faoin gComhaontú seo a sheachaint nó chun díospóidí a d'fhéadfadh teacht chun cinn maidir le léirmhíniú agus cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo a réiteach;
- (d) aon ábhar leasa a bhaineann le réimse a chumhdaítear leis an gComhaontú seo a mheas;
- (e) cinntí a ghlacadh agus moltaí a dhéanamh mar a leagtar amach in Airteagal 166; agus
- (f) leasuithe ar an gComhaontú seo a ghlacadh sna cásanna dá bhforáiltear sa Chomhaontú seo.

5. Féadfaidh an Comhchoiste:

- (a) freagrachtaí a tharmligean chuig coistí speisialaithe, ach amháin na freagrachtaí sin dá dtagraítear i bpointí (b), (e) agus (f) de mhír 4;

- (b) coistí speisialaithe a bhunú seachas na coistí sin a bunaíodh le hAirteagal 165, d'fhonn cabhrú leis an gComhchoiste a chúraimí a dhéanamh;
 - (c) na cúraimí a cuireadh ar choistí speisialaithe a athrú agus aon cheann de na coistí sin a dhíscaoileadh;
 - (d) cinntí a ghlacadh, seachas maidir le Cuid a hAon, Cuid a Ceathair agus Cuid a Sé, go dtí deireadh an cheathrú bliain tar éis na hidirthréimhse, cinntí lena ndéantar an Comhaontú seo a leasú, ar choinníoll gur gá leasuithe den sórt sin chun earráidí a cheartú, chun aghaidh a thabhairt ar neamhghníomhartha nó ar easnaimh eile, nó chun aghaidh a thabhairt ar chásanna nach raibh coinne leo nuair a síníodh an Comhaontú seo, agus ar choinníoll nach bhféadfaidh cinntí den sórt sin eilimintí ríthábhachtacha an Chomhaontaithe seo a leasú.
 - (e) leasuithe ar rialacha nós imeachta a ghlacadh atá leagtha amach in Iarscríbhinn VIII; agus
 - (f) aon bhearta eile i bhfeidhmiú a fheidhmeanna a dhéanamh de réir mar a chinnfidh an tAontas agus an Ríocht Aontaithe.
6. Eiseoidh an Comhchoiste tuarascáil bhliantúil ar fheidhmiú an Chomhaontaithe seo.

AIRTEAGAL 165

Coistí speisialaithe

1. Bunaítear leis seo na coistí speisialaithe seo a leanas:
 - (a) an Coiste um chearta na saoránach;
 - (b) an Coiste um fhorálacha idirscartha eile;
 - (c) an Coiste um shaincheisteanna a bhaineann le cur chun feidhme an Phrótacail maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann;
 - (d) an Coiste um shaincheisteanna a bhaineann le cur chun feidhme an Phrótacail maidir leis na Limistéir Bhunáite Fhlaitheasacha sa Chipir;
 - (e) an Coiste um shaincheisteanna a bhaineann le cur chun feidhme an Phrótacail maidir le Giobráltar; agus
 - (f) an Coiste um fhorálacha airgeadais.

Ar na coistí speisialaithe sin beidh ionadaithe ón Aontas agus ionadaithe ón Ríocht Aontaithe.

2. Beidh obair na gcoistí speisialaithe faoi rialú ag na rialacha nós imeachta atá leagtha amach in Iarscríbhinn VIII a ghabhann leis an gComhaontú seo.

Mura bhforáiltear a mhalairt sa Chomhaontú seo, nó mura gcinnfidh na comhchathaoirligh a mhalairt, tiocfaidh na coistí speisialaithe le chéile uair amháin sa bhliain ar a laghad. Féadfar cruinnithe breise a thionól ar iarratas ón Aontas, ón Ríocht Aontaithe, nó ón gComhchoiste. Beidh ionadaithe ón Aontas agus ón Ríocht Aontaithe ina gcomhchathaoirligh ar na cruinnithe sin. Is de chomhthoiliú a shocróidh na coistí speisialaithe sceideal na gcrúinnithe agus clár na gcrúinnithe. Féadfaidh na coistí speisialaithe dréachtchinntí agus dréachtmholtaí a tharraingt suas agus iad a chur faoi bhráid an Chomhchoiste lena nglacadh.

3. Áiritheoidh an tAontas agus an Ríocht Aontaithe go mbeidh an saineolas iomchuí maidir leis na saincheisteanna a bheidh faoi chaibidil ag a n-ionadaithe faoi seach a bheidh ar na coistí speisialaithe.

4. Cuirfidh na coistí speisialaithe an Comhchoiste ar an eolas faoi sceidil agus clár a gcrúinnithe luath go leor roimh na cruinnithe sin, agus cuirfidh siad tuairisc faoi bhráid an Chomhchoiste ar thorthaí agus ar chonclúidí gach ceann de na cruinnithe sin. Ní fhágfaidh coiste speisialaithe a cruthaíodh nó atá ann nach féidir leis an Aontas féin nó leis an Ríocht Aontaithe féin ábhar ar bith a chur faoi bhráid an Chomhchoiste.

AIRTEAGAL 166

Cinntí agus moltaí

1. Chun críocha an Chomhaontaithe seo, beidh sé de chumhacht ag an gComhchoiste cinntí a ghlacadh maidir leis na ábhair uile dá bhforáiltear sa Chomhaontú seo agus moltaí iomchuí a chur chuig an Aontas agus an Ríocht Aontaithe.
2. Maidir leis na cinntí a ghlacfaidh an Comhchoiste, beidh siad ina gceangal ar an Aontas agus ar an Ríocht Aontaithe, agus cuirfidh an tAontas agus an Ríocht Aontaithe na cinntí sin chun feidhme. Beidh an éifeacht dhlíthiúil chéanna acu agus atá ag an gComhaontú seo.
3. Is de chomhthoilíú a ghlacfaidh an Comhchoiste a chinntí agus a dhéanfaidh sé moltaí.

TEIDEAL III

DÍOSPÓIDÍ A RÉITEACH

AIRTEAGAL 167

Comhar

Féachfaidh an tAontas agus an Ríocht Aontaithe i gcónaí le teacht ar chomhaontú faoi léirmhíniú agus cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, agus déanfaidh siad gach iarracht le comhar agus le comhairliúcháin teacht ar réiteach atá sásúil don dá pháirtí ar aon ábhar a d'fhéadfadh difear a dhéanamh d'oibriú an Chomhaontaithe seo.

AIRTEAGAL 168

Eisiachas

Maidir le haon díospóid idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe a thiocfaidh chun cinn faoin gComhaontú seo, ní bheidh ar fáil don Aontas agus don Ríocht Aontaithe ach na nósanna imeachta dá bhforáiltear sa Chomhaontú seo.

AIRTEAGAL 169

Comhairliúcháin agus cumarsáidí laistigh den Chomhchoiste

1. Féachfaidh an tAontas agus an Ríocht Aontaithe le haon díospóid a réiteach maidir le tuiscint agus cur i bhfeidhm fhorálacha an Chomhaontaithe seo trí dhul i mbun comhairliúcháin sa Chomhchoiste de mheon macánta, agus é mar aidhm acu teacht ar réiteach aontaithe ar bhonn comhpháirteach. Aon pháirtí ar mian leis dul i mbun comhairliúchán, tabharfaidh sé fógra faoi i scríbhinn don Chomhchoiste.
2. Aon chumarsáid nó aon fhógra idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe dá bhforáiltear sa Teideal seo, déanfar é laistigh den Chomhchoiste.

AIRTEAGAL 170

An nós imeachta eadrána a thionscnamh

1. Gan dochar d'Airteagal 160, mura dtagtar ar réiteach comhaontaithe laistigh de thrí mhí tar éis fógra a thabhairt i scríbhinn don Chomhchoiste i gcomhréir le hAirteagal 169(1), féadfaidh an tAontas nó an Ríocht Aontaithe a iarraidh go mbunófar painéal eadrána. Déanfar iarraidh den sórt sin i scríbhinn chuig an bpáirtí eile agus chuig Biúro Idirnáisiúnta na Buanchúirte Eadrána. San iarraidh sin, sainithneofar ábhar na díospóide a thionscnófar os comhair an phainéil eadrána agus achoimre na n-argóintí dlí a thacaíonn leis an iarraidh.

2. Féadfaidh an tAontas agus an Ríocht Aontaithe a chomhaontú go bhféadfar bunú painéil eadrána a iarraidh sula dtéann an teorainn ama atá leagtha síos i mír 1 in éag.

AIRTEAGAL 171

Bunú an phainéil eadrána

1. Ar dháta nach déanaí ná deireadh na hidirthréimhse, bunóidh an Comhchoiste liosta de 25 dhuine a bheidh toilteanach agus in ann a bheith ina gcomhaltaí ar phainéal eadrána. Chuige sin, cuirfear deichniúr ón Aontas agus deichniúr ón Ríocht Aontaithe chun tosaigh. Cuirfidh an tAontas agus an Ríocht Aontaithe cúigear chun tosaigh go comhphárteach chun bheith ag feidhmiú mar chathaoirleach an phainéil eadrána. Áiritheoidh an Comhchoiste go ndéanfaidh an liosta na ceanglais sin a chomhlíonadh tráth ar bith.
2. An liosta a bhunaítear de bhun mhír 1, ní bheidh air ach daoine nach bhfuil a neamhspleáchas inchurtha in amhras, daoine ag a bhfuil na cáilíochtaí is gá chun iad a cheapadh sna hoifigí breithiúnacha is airde ina dtíortha féin nó daoine ar dlí-eolaithe iad a n-aithnítear a n-inniúlacht, agus a bhfuil eolas nó taithí speisialaithe ar dhlí an Aontais agus ar dhlí idirnáisiúnta poiblí acu. Ar an liosta sin, ní bheidh daoine atá ina gcomhaltaí, ina n-oifigigh nó ina seirbhísigh eile d'institiúidí an Aontais, de rialtas Ballstáit nó de rialtas na Ríochta Aontaithe.
3. Ar phainéal eadrána beidh cúig chomhalta.

4. Laistigh de 15 lá ón dáta iarrata i gcomhréir le hAirteagal 170, bunófar an painéal i gcomhréir le mír 5 agus mír 6.

5. Déanfaidh an tAontas agus an Ríocht aontaithe faoi seach dhá chomhalta a ainmniú as measc na ndaoine ar an liosta a bhunaítear faoi mhír 1. Roghnóidh comhaltaí an phainéil an cathaoirleach de chomhthoil as measc na ndaoine arna n-ainmniú go comhpháirteach ag an Aontas agus ag an Ríocht Aontaithe chun bheith mar chathaoirleach.

I gcás nach mbeidh comhaltaí an phainéil in ann teacht ar chomhaontú maidir leis an gcathaoirleach a roghnú laistigh den teorainn ama atá leagtha síos i mír 4, féadfaidh an tAontas nó an Ríocht Aontaithe iarraidh ar Ardrúnaí na Buanchúirte Eadrána an cathaoirleach a roghnú trína chur ar crainn as measc na ndaoine a chuir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe chun tosaigh go comhpháirteach chun feidhmiú mar chathaoirleach.

6. Déanfaidh Ardrúnaí na Buanchúirte Eadrána an roghnú dá dtagraítear sa dara fomhír de mhír 5 laistigh de chúig lá tar éis an iarraidh dá dtagraítear i mír 5 a fháil. Beidh ionadaithe an Aontais agus na Ríochta Aontaithe i dteideal a bheith i láthair ag an roghnú.

7. Tabharfar an nós imeachta um roghnú i gcrích ar an dáta a bhunófar an painéal eadrána.

8. I gcás nach mbunófar an liosta dá dtagraítear i mír 1 faoin am a théann an teorainn ama atá leagtha síos i mír 4 in éag, déanfaidh an tAontas agus an Ríocht Aontaithe faoi seach beirt a ainmniú laistigh de chúig lá chun bheith ina gcomhaltaí ar an painéal. Más rud é gur cuireadh daoine chun tosaigh faoi mhír 1, déanfar na hainmniúcháin sin as measc na ndaoine sin. Ansin, ceapfar an cathaoirleach i gcomhréir leis an nós imeachta atá leagtha amach i mír 5. I gcás nach ndéanfaidh an tAontas agus an Ríocht Aontaithe, laistigh de chúig lá breise, duine amháin ar a laghad a chur chun tosaigh go comhpháirteach chun bheith ina chathaoirleach, cuirfidh Ardrúnaí na Buanchúirte Eadrána, laistigh de chúig lá agus tar éis dó dul i gcomhairle leis an Aontas agus leis an Ríocht Aontaithe, cathaoirleach chun tosaigh a chomhlíonann ceanglais mhír 2. Más rud é go gcuireann an tAontas nó an Ríocht Aontaithe i gcoinne an mholta sin laistigh de chúig lá, ceapfar an duine a chuir Ardrúnaí na Buanchúirte Eadrána chun tosaigh.

9. I gcás nach n-éireoidh leo painéal eadrána a bhunú laistigh de thrí mhí ón dáta a rinneadh an iarraidh de bhun Airteagal 170, déanfaidh Ardrúnaí na Buanchúirte Eadrána, ar iarraidh ón Aontas nó ón Ríocht Aontaithe, laistigh de 15 lá ón am a fhaightear iarraidh den sórt sin agus tar éis dó dul i gcomhairle leis an Aontas agus leis an Ríocht Aontaithe, daoine a cheapadh a chomhlíonann ceanglais mhír 2 den Airteagal seo chun an painéal eadrána a dhéanamh.

AIRTEAGAL 172

Rialacha nós imeachta

Beidh na nósanna imeachta maidir le díospóidí a réiteach atá leagtha amach sa Teideal seo faoi rialú ag na rialacha nós imeachta atá leagtha amach i gCuid A d'Iarscríbhinn IX (“Rialacha Nós Imeachta”), déanfaidh an Comhchoiste athbhreithniú leanúnach ar fheidhmiú na nósanna imeachta maidir le díospóidí a réiteach agus féadfaidh sé na Rialacha Nós Imeachta a leasú.

AIRTEAGAL 173

Teorainn ama an nós imeachta os comhair an phainéil eadrána

1. Tabharfaidh an painéal eadrána fógra don Aontas agus don Ríocht Aontaithe faoina rialú laistigh de 12 mhí ón dáta a bhunófar an painéal eadrána. I gcás ina measfaidh an painéal eadrána nach féidir leis an méid sin a chomhlíonadh laistigh den teorainn ama sin, tabharfaidh a chathaoirleach fógra don Aontas agus don Ríocht Aontaithe i scríbhinn, agus luafar ann na fáthanna leis an moill agus an dáta ar a mbeidh sé ar intinn ag an bpainéal an obair sin a thabhairt i gcrích.
2. Laistigh de 10 lá ón dáta a bhunófar an painéal eadrána, féadfaidh an tAontas nó an Ríocht Aontaithe iarraidh réasúnaithe a thíolacadh ina léirítear go bhfuil práinn leis an gcás. Sa chás sin, tabharfaidh an painéal eadrána rialú maidir leis an bpráinn laistigh de 15 lá ón dáta a fhaightear iarraidh den sórt sin. Más rud é go mbeidh cinneadh déanta maidir le práinn an cháis, déanfaidh an painéal eadrána gach iarracht fógra faoina rialú a thabhairt don Aontas agus don Ríocht Aontaithe laistigh de shé mhí ó dháta a bhunaithe.

AIRTEAGAL 174

Díospóidí as a dtagann ceisteanna maidir le dlí an Aontais

1. I gcás ina n-ardóidh díospóid a cuireadh faoi eadráin i gcomhréir leis an Teideal seo ceist maidir le léirmhíniú coincheapa de dhlí an Aontais, ceist maidir le léirmhíniú forála de dhlí an Aontais dá dtagraítear sa Chomhaontú seo nó ceist ar chomhlíon an Ríocht Aontaithe a cuid oibleagáidí faoi Airteagal 89(2), ní dhéanfaidh an painéal eadrána aon chinneadh maidir le haon cheist den sórt sin. I gcás dá shórt, iarrfaidh sé ar Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh rialú a thabhairt. Beidh dlínse ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh maidir le rialú den sórt sin, rialú a bheidh ina cheangal ar an bpainéal eadrána.

Tar éis dó éisteacht leis na páirtithe, déanfaidh an painéal eadrána an iarraidh dá dtagraítear sa chéad fhomhír.

2. Gan dochar don chéad abairt sa chéad fhomhír de mhír 1, má mheasann an tAontas nó an Ríocht Aontaithe go ndéanfar iarraidh i gcomhréir le mír 1, féadfaidh ceachtar díobh aighneachtaí a chur faoi bhráid an phainéil eadrána chuige sin. I gcás dá shórt, déanfaidh an painéal eadrána an iarraidh a thíolacadh i gcomhréir le mír 1, mura rud é nach bhfuil baint ag an gceist le léirmhíniú coincheapa de dhlí an Aontais, léirmhíniú forála de dhlí an Aontais dá dtagraítear sa Chomhaontú seo, nó nach mbaineann sé le cé acu a chomhlíon nó nár chomhlíon an Ríocht Aontaithe a cuid oibleagáidí faoi Airteagal 89(2). Tabharfaidh an painéal eadrána fáthanna lena mheasúnú. Laistigh de 10 lá tar éis an mheasúnaithe, féadfaidh ceachtar den dá pháirtí iarraidh ar an bpainéal eadrána a mheasúnú a athbhreithniú, agus eagrófar éisteacht laistigh de 15 lá tar éis iarraidh a fháil ar éisteacht idir na páirtithe ar an ábhar. Tabharfaidh an painéal eadrána fáthanna lena mheasúnú.

3. Sna cásanna dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2, cuirfear na teorainneacha ama atá leagtha síos in Airteagal 173 ar ceal go dtí go mbeidh rialú tugtha ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh. Ní bheidh ceangal ar an bpainéal eadrána a rialú a thabhairt roimh 60 lá ón dáta ar a mbeidh rialú tugtha ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh ina leith.

4. Beidh feidhm ag an gcéad fhomhír d'Airteagal 161(2) agus ag Airteagal 161(3) *mutatis mutandis* maidir leis na nósanna imeachta a thionscnaítear os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh i gcomhréir leis an Airteagal seo.

AIRTEAGAL 175

Rialú ón bpainéal eadrána a chomhlíonadh

Beidh an rialú ón bpainéal eadrána ina cheangal ar an Aontas agus ar an Ríocht Aontaithe. Déanfaidh an tAontas agus an Ríocht Aontaithe aon bheart is gá chun rialú an phainéil eadrána a chomhlíonadh de mheon macánta agus féachfaidh siad le teacht ar chomhaontú maidir leis an tréimhse ama chun an rialú a chomhlíonadh i gcomhréir leis an nós imeachta in Airteagal 176.

AIRTEAGAL 176

Tréimhse ama réasúnach le haghaidh comhlíonadh

1. Ar dháta nach déanaí ná 30 lá tar éis fógra a thabhairt maidir le rialú ón bpainéal eadrána don Aontas agus don Ríocht Aontaithe, tabharfaidh an freagróir, más amhlaidh go dtugann an painéal rialú i bhfabhar an ghearánaigh, fógra don ghearánach maidir leis an am a mheasann sé a bheith ag teastáil chun a chomhlíonta (an “tréimhse ama réasúnach”).
2. Má bhíonn easaontú ann idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe maidir leis an tréimhse ama réasúnach chun an rialú ón bpainéal eadrána a chomhlíonadh, iarrfaidh an gearánach i scríbhinn, laistigh de 40 lá ón dáta a fhaightear fógra ón bhfreagróir faoi mhír 1, ar an bpainéal eadrána bunaidh fad na tréimhse ama réasúnaí a chinneadh. Tabharfar fógra faoin iarraidh sin an tráth céanna don fhreagróir. Tabharfaidh an painéal eadrána fógra maidir lena chinneadh don Aontas agus don Ríocht Aontaithe faoina rialú laistigh de 40 lá ón dáta a thíolacfar an iarraidh.

3. I gcás nach féidir leis an bpainéal eadrána bunaidh, nó cuid dá chomhaltaí, ationól chun iarraidh faoi mhír 2 a mheas, bunófar painéal eadrána nua mar a leagtar amach in Airteagal 171. Is é 60 lá ón dáta a bhunófar an painéal eadrána nua a bheidh sa teorainn ama chun fógra a thabhairt faoin gcinneadh.
4. Cuirfidh an freagróir an gearánach ar an eolas faoina dhul chun cinn maidir le comhlíonadh an rialaithe ón bpainéal eadrána dá dtagraítear in Airteagal 173 aon mhí amháin ar a laghad sula rachaidh an tréimhse ama réasúnach in éag.
5. Féadfar síneadh a chur leis an tréimhse ama réasúnach trí chomhaontú comhpháirteach idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe.

AIRTEAGAL 177

Athbhreithniú ar aon bheart a dhéanfar chun an rialú ón bpainéal eadrána a chomhlíonadh

1. Tabharfaidh an freagróir fógra don ghearánaí roimh dheireadh na tréimhse ama réasúnaí faoi aon bheart a dhéanfaidh sé chun an rialú ón bpainéal eadrána a chomhlíonadh.
2. Má mheasann an gearánaí, ag deireadh na tréimhse réasúnaí, gur mhainnigh an freagróir an rialú ón bpainéal eadrána dá dtagraítear in Airteagal 173 a chomhlíonadh, féadfaidh an gearánaí a iarraidh i scríbhinn ar an bpainéal eadrána rialú ar an ábhar. Tabharfaidh an painéal eadrána fógra don Aontas agus don Ríocht Aontaithe faoina rialú laistigh de 90 lá ón dáta a thíolacfar an iarraidh.

3. I gcás nach féidir leis an bpainéal eadrána bunaidh, nó cuid dá chomhaltaí, ationól chun iarraidh faoi mhír 2 a mheas, bunófar painéal eadrána nua mar a leagtar amach in Airteagal 171. Is é 60 lá ón dáta a bhunófar an painéal eadrána nua a bheidh sa teorainn ama chun fógra a thabhairt faoin rialú.

4. Más rud é, de thoradh cás arna tharchur chuig an bpainéal eadrána de bhun mhír 2, go n-ardófar ceist faoi léirmhíniú coincheapa de chuid dhlí an Aontais nó ceist faoi léirmhíniú forála de chuid dhlí an Aontais dá dtagraítear sa Chomhaontú seo, beidh feidhm ag Airteagal 174 *mutatis mutandis*.

AIRTEAGAL 178

Leigheasanna sealadacha i gcás neamhchomhlíonadh

1. Má rialaíonn an painéal eadrána i gcomhréir le hAirteagal 177(2) gur mhainnigh an freagróir an rialú ón bpainéal eadrána dá dtagraítear in Airteagal 173 a chomhlíonadh, féadfaidh sé cnapshuim nó íocaíocht phionósach a íocfar leis an ngearánaí a fhorchur, arna iarraidh sin ag an ngearánaí. Agus an cnapshuim nó an íocaíocht phionósach á socrú aige, cuirfidh an painéal eadrána san áireamh a thromchúisí atá an neamhchomhlíonadh agus an sárú ar an oibleagáid a bhaineann leis sin, fad an neamhchomhlíonta agus an sárú ar an oibleagáid a bhaineann leis sin.

2. Más rud é gur mhainnigh an freagróir mí amháin tar éis an rialaithe ón bpainéal eadrána dá dtagraítear i mír 1 aon chnapshuim nó aon íocaíocht phionósach a forchuireadh air a íoc, nó más rud é sé mhí tar éis an rialaithe ón bpainéal eadrána dá dtagraítear in Airteagal 177(2) go leanfaidh an freagróir de gan an rialú ón bpainéal eadrána dá dtagraítear in Airteagal 173 a chomhlíonadh, beidh an gearánaí i dteideal, tar éis fógra a thabhairt don fhreagróir, oibleagáidí a éiríonn as na nithe seo a leanas a chur ar fionraí:

- (a) aon fhoráil den Chomhaontú seo seachas na forálacha sin atá i gCuid a Dó; nó
- (b) codanna d'aon chomhaontú eile idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe de réir na gcoinníollacha a leagtar amach sa chomhaontú sin.

Sonrófar san fhógra na forálacha a bheidh beartaithe ag an ngearánaí a chur ar fionraí. Sula gcinnfidh sé codanna de chomhaontú dá dtagraítear i bpointe (b) a chur ar fionraí, breithneoidh an gearánaí ar dtús an freagra iomchuí ar an sárú é an fhoráil den Chomhaontú seo i gcomhréir le pointe (a) a chur ar fionraí. Aon fhionraí a dhéanfar, beidh sí comhréireach le sárú na n-oibleagáidí lena mbaineann, agus tromchúis an tsáraithe agus na cearta i dtrácht á gcur san áireamh agus, i gcás ina mbeidh an fhionraí bunaithe ar an bhfíoras go leanann an freagróir de gan an rialú ón bpainéal eadrána dá dtagraítear in Airteagal 173 a chomhlíonadh, is cuma ar forchuireadh íocaíocht phionósach ar an bhfreagróir agus gur íocadh í nó an bhfuil sí á híoc go fóill ag an bhfreagróir sin.

Féadfaidh an gearánaí an fhionraí a chur chun feidhme ag aon tráth ach 10 lá ar a luaithe tar éis an dáta a thabharfar an fógra, murar iarr an freagróir eadráin faoi mhír 3.

3. Má mheasann an freagróir nach bhfuil méid na fionraí a leagtar amach san fhógra dá dtagraítear i mír 2 comhréireach, féadfaidh sé a iarraidh i scríbhinn ar an bpainéal eadrána bunaidh rialú ar an ábhar. Tabharfar fógra don ghearánaí faoin iarraidh sin sula rachaidh an tréimhse 10 lá dá dtagraítear i mír 2 in éag. Tabharfaidh an painéal eadrána fógra don Aontas agus don Ríocht Aontaithe faoina rialú laistigh de 60 lá ón dáta a thíolacfar an iarraidh. Ní chuirfear oibleagáidí ar fionraí go dtí go dtabharfaidh an painéal eadrána fógra faoina rialú, agus beidh aon fhionraí comhsheasmhach leis an rialú ón bpainéal eadrána.

4. I gcás nach féidir leis an bpainéal eadrána bunaidh, nó cuid dá chomhaltaí, ationól chun iarraidh faoi mhír 2 a mheas, bunófar painéal eadrána nua mar a leagtar amach in Airteagal 171. Sna cásanna sin, is é 90 lá ón dáta a bhunófar an painéal eadrána nua a bheidh sa tréimhse ama chun fógra a thabhairt faoin rialú.

5. Beidh fionraí na n-oibleagáidí sealadach agus ní chuirfear i bhfeidhm í go dtí go dtarraingeofar siar aon bheart a mheasfar a bheith ar neamhréir le forálacha an Chomhaontaithe seo nó go leasófar é, ionas go mbeidh sé i gcomhréir le forálacha an Chomhaontaithe seo, nó go gcomhaontóidh an tAontas agus an Ríocht Aontaithe an díospóid a réiteach ar dhóigh eile.

AIRTEAGAL 179

Athbhreithniú ar aon bheart a dhéanfar tar éis leigheasanna sealadacha

1. I gcás ina gcuirfidh an gearánaí oibleagáidí ar fionraí i gcomhréir le hAirteagal 178 nó i gcás ina bhforchuirfidh an painéal eadrána íocaíocht phionósach ar an bhfreagróir i gcomhréir le hAirteagal 178(1), tabharfaidh an freagróir fógra don ghearánaí faoi aon bheart a ghlacfaidh sé chun an rialú ón bpainéal eadrána a chomhlíonadh agus faoin iarraidh chun deireadh a chur le fionraí na n-oibleagáidí a chuir an gearánaí i bhfeidhm nó leis an íocaíocht phionósach.

2. Mura dtagann an tAontas agus an Ríocht Aontaithe ar chomhaontú faoi cibé an ndéanfar leis an mbeart a fógraíodh an freagróir a thabhairt i gcomhréir le forálacha an Chomhaontaithe seo laistigh de 45 lá ón dáta a thíolacfar an fógra, féadfaidh ceachtar den dá pháirtí iarraidh i scríbhinn ar an bpainéal eadrána bunaidh rialú faoin ábhar. Tabharfar fógra faoin iarraidh sin an tráth céanna don pháirtí eile. Tabharfaidh an painéal eadrána fógra don Aontas agus don Ríocht Aontaithe faoina rialú laistigh de 75 lá ón dáta a thíolacfar an iarraidh.

Má rialaíonn an painéal eadrána gur thug an freagróir é féin chun comhréireachta leis an gComhaontú seo, nó mura n-iarrann an gearánaí, laistigh de 45 lá ón dáta a thíolacfar an fógra dá dtagraítear i mír 1, ar an bpainéal eadrána bunaidh rialú faoin ábhar:

- (a) cuirfear deireadh le fionraí na n-oibleagáidí laistigh de 15 lá ón dáta a dhéanfaidh an painéal eadrána an rialú nó ón dáta a thiocfaidh deireadh leis an tréimhse 45 lá;

(b) cuirfear deireadh leis an íocaíocht phionósach an lá tar éis don phainéal eadrána an rialú a thabhairt nó an lá a thiocfaidh deireadh leis an tréimhse 45 lá.

3. I gcás nach féidir leis an bpainéal eadrána bunaidh, nó cuid dá chomhaltaí, ationól chun iarraidh faoi mhír 2 a mheas, bunófar painéal eadrána nua mar a leagtar amach in Airteagal 171. Is é 90 lá ón dáta a bhunófar an painéal eadrána nua a bheidh sa tréimhse ama chun fógra a thabhairt faoin rialú.

4. Más rud é, de thoradh cás arna tharchur chuig an bpainéal eadrána de bhun mhír 2, go n-ardófar ceist faoi léirmhíniú coincheapa de chuid dhlí an Aontais nó ceist faoi léirmhíniú forála de chuid dhlí an Aontais dá dtagraítear sa Chomhaontú seo, beidh feidhm ag Airteagal 174 *mutatis mutandis*.

AIRTEAGAL 180

Cinntí agus rialuithe ón bpainéal eadrána

1. Déanfaidh an painéal eadrána gach iarracht cinntí a dhéanamh de chomhthoil. I gcás nach féidir cinneadh a dhéanamh de chomhthoil, dá ainneoin sin, déanfar cinneadh faoin ábhar i dtrácht trí vótáil tromlaigh. Mar sin féin, ní fhoilseofar tuairimí easaontacha ó chomhaltaí painéil eadrána i gcás ar bith.

2. Beidh aon rialú ón bpainéal eadrána ina cheangal ar an Aontas agus ar an Ríocht Aontaithe. Leagfar amach sa rialú na cinntí fíorais, infheidhmeacht fhorálacha ábhartha an Chomhaontaithe seo, agus an réasúnaíocht le haon chinntí agus conclúidí. Cuirfidh an tAontas agus an Ríocht Aontaithe na rialuithe agus na cinntí ón bpainéal eadrána ar fáil go poiblí ina n-iomláine, faoi réir cosaint faisnéise rúnda.

AIRTEAGAL 181

Comhaltaí painéil eadrána

1. Beidh comhaltaí painéil eadrána neamhspleách, feidhmeoidh siad ina gcáil aonair agus ní ghlacfaidh siad teoracha ó aon eagraíocht ná ó aon rialtas, agus comhlíonfaidh siad an Cód Iompair a leagtar amach i gCuid B d'Iarscríbhinn IX. Féadfaidh an Comhchoiste an Cód Iompair sin a leasú.
2. Beidh díolúine ag comhaltaí painéil eadrána, ón dáta a bhunófar é, ó imeachtaí dlíthiúla san Aontas agus sa Ríocht Aontaithe i leith gníomhaíochtaí a dhéanfaidh siad i bhfeidhmiú a bhfeidhmeanna ar an bpainéal eadrána sin.

TEIDEAL IV

FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

AIRTEAGAL 182

Prótacail agus Iarscríbhinní

Beidh ina ndlúthchuid den Chomhaontú seo an Prótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann, an Prótacal maidir leis na Limistéir Bhunáite Fhlaitheasacha sa Chipir, an Prótacal maidir le Giobráltar agus Iarscríbhinní I go IX.

AIRTEAGAL 183

Téacsanna barántúla agus taiscí

Dréachtaíodh an Comhaontú seo i scríbhinn bhunaidh amháin sa Bhéarla, sa Bhulgáiris, sa Danmhairgis, san Eastóinis, san Fhionlainnis, sa Fhraincis, sa Ghaeilge, sa Ghearmáinis, sa Ghréigis, san Iodáilis, sa Laitvis, sa Liotuáinis, sa Mháltais, san Ollainnis, sa Pholainnis, sa Phortaingéilis, sa Rómáinis, sa tSeicis, sa tSlóivéinis, sa tSlóvaicis, sa Spáinnis, sa tSualainnis agus san Ungáiris, agus comhúdarás ag an téacs i ngach ceann de na teangacha sin.

Is é Ard-Rúnaí na Comhairle taiscí an Chomhaontaithe seo.

AIRTEAGAL 184

Caibidlíocht maidir leis an gcaidreamh sa todhchaí

Déanfaidh an tAontas agus an Ríocht Aontaithe a ndícheall, de mheon macánta agus an dá dhlíchóras á n-urramú go hiomlán, na bearta is gá chun caibidlíocht a dhéanamh go gasta ar na comhaontuithe lena rialófar an caidreamh a bheidh acu le chéile dá dtagraítear sa dearbhú polaitiúil an 25 Samhain 2018 agus na nósanna imeachta ábhartha a chur i gcrích chun na comhaontuithe sin a dhaingniú nó a thabhairt chun críche, d'fhonn a áirithiú go gcuirfear na comhaontuithe sin i bhfeidhm, a mhéid is féidir, ó dheireadh na hidirthréimhse.

AIRTEAGAL 185

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 30 Márta 2019. I gcás nach mbeidh fógra i scríbhinn faighte roimh an dáta sin ag Taiscí an Chomhaontaithe seo go bhfuil na nósanna imeachta inmheánacha is gá curtha i gcrích ag an Aontas agus ag an gCoimisiún, ní thiocfaidh an Comhaontú seo i bhfeidhm.

Agus an fógra i scríbhinn dá dtagraítear san Airteagal seo á thabhairt, féadfaidh an tAontas, i ndáil le haon cheann dá Bhallstáit a d'ardaigh cúiseanna a bhaineann le prionsabail bhunúsacha dhlí náisiúnta an Bhallstáit sin, féadfaidh sé a dhearbhu, le linn na hidirthréimhse, de bhreis ar na forais maidir le neamh-fhorghníomhú Barántais Gabhála Eorpaigh dá dtagraítear sa Chinneadh Réime 2002/584/CGB, go bhféadfaidh údaráis bhreithiúnacha fhorghníomhaitheacha an Bhallstáit sin gan a náisiúnaigh a thabhairt suas don Ríocht Aontaithe de bhun Barántas Gabhála Eorpach. I gcás den sórt sin, féadfaidh an Ríocht Aontaithe a dhearbhu, tráth nach déanaí ná aon mhí amháin tar éis di an dearbhú a fháil ón Aontas, go bhféadfaidh a húdaráis bhreithiúnacha fhorghníomhaitheacha diúltú a náisiúnaigh a thabhairt suas don Bhallstát sin.

Beidh feidhm ó dheireadh na hidirthréimhse ag Cuid a Dó agus Cuid a Trí, cé is moite d'Airteagal 19, 34(1), 44, agus 96(1), chomh maith le Teideal I de Chuid a Sé agus Airteagal 169 go hAirteagal 181.

Beidh feidhm ag an bPrótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann ó dheireadh na hidirthréimhse, cé is moite de na forálacha seo a leanas sa Phrótacal sin a bheidh i bhfeidhm ó thiocfaidh an Comhaontú seo i bhfeidhm.

- Airteagal 1 go hAirteagal 3, Airteagal 14(3), Airteagal 16, Airteagal 17(1) go(4), Airteagal 17(6) agus Airteagal 21;
- an abairt dheireanach den tríú fomhír d'Airteagal 6(1), an ceathrú fomhír d'Airteagal 6(1), , an abairt dheireanach den chúigiú fomhír d'Airteagal 6(1) agus an séú fomhír d'Airteagal 6(1);
- an dara habairt den chéad fhomhír d'Airteagal 6(2);
- an abairt dheireanach d'Airteagal 12(2);
- an tríú abairt d'Airteagal 4(3) d'Iarscríbhinn 2;
- Airteagal 5(2) d'Iarscríbhinn 2;
- an dara habairt d'Airteagal 4(1) d'Iarscríbhinn 3;
- Airteagal 8(1) d'Iarscríbhinn 3;
- an chéad abairt den dara fomhír d'Airteagal 13(3) d'Iarscríbhinn 3;
- Airteagal 1(4) agus Airteagal 2(3) d'Iarscríbhinn 4;
- an abairt dheireanach d'Airteagal 7(2) d'Iarscríbhinn 4;
- an chéad fhomhír d'Airteagal 8 d'Iarscríbhinn 4;
- an chéad fhomhír d'Iarscríbhinn 9;

Beidh feidhm ó dheireadh na hidirthréimhse ag an bPrótacal maidir le Limistéir Bhunáite Fhlaitheasacha Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann sa Chipir, cé is moite d'Airteagal 11 de.

Scoirfidh an Prótacal maidir le Giobráltar, cé is moite d'Airteagal 1 de, d'fheidhm a bheith aige ag deireadh na hidirthréimhse.

Arna dhéanamh an....

PRÓTACAIL

AN PRÓTACAL MAIDIR LE hÉIRINN/TUAISCEART ÉIREANN

Tá an tAontas agus an Ríocht Aontaithe,

AG FÉACHAINT do na naisc stairiúla agus do mharthanacht an chaidrimh dhéthaobhaigh idir Éire agus an Ríocht Aontaithe,

Á MHEABHRÚ DÓIBH gur dúshlán uathúil suntasach d'oileán na hÉireann tarraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas, agus á athdhearbhú dóibh go mbeidh torthaí, sochair agus gealltanais an phróisis síochána ríthábhachtach i gcónaí don tsíocháin, don chobhsaíocht agus don athmhuintearas ann,

ÁAITHINT DÓIBH gur gá aghaidh a thabhairt ar na cúinsí uathúla ar oileán na hÉireann trí theacht ar réiteach uathúil d'fhonn a áirithiú gur féidir leis an Ríocht Aontaithe tarraingt siar as an Aontas ar bhealach rianúil,

Á MHEABHRÚ DÓIBH nach bhfuil an Comhaontú um Tharraingt Siar, atá bunaithe ar Airteagal 50 CAE, dírithe ar bhuanchaidreamh idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe don am atá le teacht a bhunú,

Á MHEABHRÚ DÓIBH go bhfuil sé de rún ag an Aontas agus ag an Ríocht Aontaithe comhaontú eile, a dhéanfar dá éis sin agus lena leagfar síos socruithe malartacha chun a áirithiú nach mbeidh teorainn chrua ar oileán na hÉireann ar bhonn buan, a chur in ionad an réitigh cúlstop le haghaidh Thuaisceart Éireann;

AG FÉACHAINT don chomhchuspóir atá ag an Aontas agus an Ríocht Aontaithe dlúthchaidreamh a bheith ann eatarthu amach anseo lena leagfar síos socruithe custaim uailmhianacha a bheidh bunaithe ar an gcríoch chustaim aonair dá bhforáiltear sa Phrótacal seo, agus lánurraim á tabhairt do chóras dlí an dá pháirtí,

Á DHEIMHNIÚ DÓIBH gur cheart Comhaontú Aoine an Chéasta nó Comhaontú Bhéal Feirste an 10 Aibreán 1998 idir Rialtas na Ríochta Aontaithe, Rialtas na hÉireann agus na rannpháirtithe eile sa chaibidlíocht ilpháirtí (“Comhaontú 1998”), atá i gceangal le Comhaontú na Breataine–na hÉireann den dáta céanna (“Comhaontú na Breataine–na hÉireann”) agus na comhaontuithe agus na socruithe cur chun feidhme a rinneadh dá éis sin ina leith, a chosaint ina n-iomláine,

Á AITHINT DÓIBH gur dlúthchuid de Chomhaontú 1998 é an comhar idir Tuaisceart Éireann agus Éire agus go bhfuil an comhar sin riachtanach chun athmhuintearas a bhaint amach agus chun go ndéanfar na caidrimh ar oileán na hÉireann a normalú, agus á meabhrú dóibh ról, feidhmeanna agus coimircí Fheidhmeannas Thuaisceart Éireann, Thionól Thuaisceart Éireann agus na Comhairle Aireachta Thuaidh-Theas (lena n-áirítear forálacha trasphobail), mar a leagtar amach i gComhaontú 1998,

Á THABHAIRT DÁ nAIRE DÓIBH go bhfuil creat tacaíochta soláthartha i ndlí an Aontais i dtaca leis na forálacha maidir le Cearta, Coimircí agus Comhionannas Deiseanna i gComhaontú 1998,

Á AITHINT DÓIBH go leanfaidh saoránaigh Éireannacha i dTuaisceart Éireann, de bhua saoránacht an Aontais a bheith acu, de chearta, de dheiseanna agus de thairbhí a theachtadh, a fheidhmiú agus a rochtain, agus gur cheart go n-urramófaí leis an bPrótacal seo na cearta, na deiseanna agus an fhéiniúlacht lena mbronntar saoránacht an Aontais ar na daoine sin as Tuaisceart Éireann a roghnaíonn a gceart ar shaoránacht Éireannach a dhearbhu, agus ba cheart an Prótacal a bheith gan dochar do na cearta, do na deiseanna agus don fhéiniúlacht sin, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn 2 de Chomhaontú na Breataine–na hÉireann “An Dearbhú maidir le Forálacha Mhír (vi) d’Airteagal 1 i dtaca le Saoránacht”,

Á MHEABHRÚ DÓIBH go bhfuil gealltanas tugtha ag an Ríochta Aontaithe an comhar Thuaidh-Theas a chosaint agus a ráthaíocht maidir le teorainn chrua a sheachaint, lena n-áirítear aon bhonneagar fisiciúil nó seiceálacha agus rialuithe lena mbaineann, agus á choimeád i gcuimhne dóibh gur gá aon socrú a bheith ann amach anseo a bheith comhréireach leis na ceanglais uileghabhálacha sin,

Á THABHAIRT DÁ nAIRE DÓIBH nach gcuireann aon ní sa Phrótacal seo cosc ar an Ríocht Aontaithe rochtain gan bhac ar an margadh a áirithiú le haghaidh earraí atá ag gluaiseacht as Tuaisceart Éireann chuig an gcuid eile de mhargadh inmheánach na Ríochta Aontaithe,

Á CHUR I dTREIS DÓIBH an comhchuspóir atá ag na páirtithe a áirithiú nach mbeidh, a mhéid is féidir i gcomhréir leis an reachtaíocht is infheidhme agus córas rialála gach Páirtí acu á gcur san áireamh, le cois a gcur chun feidhme, nach mbeidh rialuithe ag calafoirt agus aerfoirt Thuaisceart Éireann,

Á MHEABHRÚ DÓIBH go bhfuil achoimre ar thrí chás éagsúla maidir leis an gcomhar Thuaidh-Theas a chosaint agus teorainn chrua a sheachaint sa Tuarascáil Chomhpháirteach ó idirbheartaithe an Aontais Eorpaigh agus ó Rialtas na Ríochta Aontaithe maidir leis an dul chun cinn a rinneadh le linn chéim 1 den chaibidlíocht faoi Airteagal 50 CAE maidir le tarraingt siar rianúil na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach ón 8 Nollaig 2017, ach go bhfuil an Prótacal seo bunaithe ar an tríú cás a bhaineann le hailíniú iomlán a choinneáil leis na rialacha sin maidir le margadh inmheánach agus aontas custaim an Aontais lena dtacaítear faoi láthair nó lena dtacófar amach anseo, leis an gcomhar Thuaidh-Theas, le geilleagar an oileáin uile agus le cosaint Chomhaontú 1998, agus go mbeidh feidhm aige mura n-aontófar socrú malartach eile lena gcuirfear cás eile chun feidhme nó go dtí go n-aontófar sin;

Á THABHAIRT DÁ nAIRE DÓIBH go bhféadfar, i gcomhréir le hAirteagal 132 den Chomhaontú um Tharraingt Siar, síneadh a chur leis an tréimhse sin faoi réir comhthola,

Á MHEABHRÚ DÓIBH go bhfuil cleachtadh mapála déanta ag an dá pháirtí ina bhfuil sé léirithe go bhfuil an comhar Thuaidh-Theas ag brath go mór ar chomhchreat dlí agus beartas de chuid an Aontais,

Á THABHAIRT DÁ nAIRE go n-eascraíonn dúshlán mhóra, dá bhrí sin, ó imeacht na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpaigh i leith chothabháil agus fhorbairt an chomhair Thuaidh-Theas,

Á MHEABHRÚ DÓIBH go bhfuil an Ríocht Aontaithe tiomnaithe fós an comhar Thuaidh-Theas agus an comhar Thoir-Thiar leanúnach a chosaint agus a chothú thar réimse iomlán comhthéacsanna, polaitiúla, eacnamaíocha, slándála, sochaíocha agus talmhaíocht agus thar réimse iomlán creataí comhair, lena n-áirítear feidhmiú leanúnach na gComhlachtaí Forfheidhmithe Thuaidh-Theas;

Á ADMHÁIL DÓIBH gur gá an Prótacal seo a chur chun feidhme ar bhealach lena gcoinneofar na dálaí is gá le haghaidh comhar leanúnach Thuaidh-Theas, agus an deis a bheith ar fáil socruithe nua a dhéanamh i gcomhréir le Comhaontú 1998,

Á MHEABHRÚ DÓIBH go bhfuil gealltanais tugtha ag an Aontas agus an Ríocht Aontaithe i leith na gclár maoiniúcháin Thuaidh-Theas PEACE agus INTERREG faoin gcreat airgeadais ilbhliantúil atá ar bun faoi láthair agus i leith coibhnis mhaoiniúcháin reatha don chlár a bheidh ann amach anseo,

Á DHEIMHNIÚ gur gheall an Ríocht Aontaithe go n-éascódh sí idirthuras éifeachtach pras trína críoch i gcás earraí a bheadh ag gluaiseacht as Éirinn chuig Ballstát eile nó tríú tír eile, nó an bealach eile thart,

AGUS RÚN DAINGEAN ACU a áirithiú gurb é an tionchar is lú is féidir a bheidh ag an bPrótacal seo ar shaol laethúil pobail Éirinn agus Thuaisceart Éireann araon,

ÓS FEASACH DÓIBH nach mór cearta agus oibleagáidí na hÉireann faoi rialacha mhargadh inmheánach agus aontas custaim an Aontais a urramú go hiomlán;

TAR ÉIS DÓIBH COMHAONTÚ ar na forálacha seo a leanas, a chuirfear i gceangal leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheidh ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach (“an Comhaontú um Tharraingt Siar”):

AIRTEAGAL 1

Cuspóirí agus an bhaint atá leis an bprótacal le comhaontú a dhéanfar amach anseo

1. Tá an Prótacal seo gan dochar d'fhorálacha Chomhaontú 1998 i ndáil le stádas reachtach Thuaisceart Éireann agus prionsabal an toilithe ina bhforáiltear go dteastaíonn toiliú móraimh dá phobal chun athrú a dhéanamh ar an stádas sin.
2. Urramaíonn an Prótacal seo feidhmeanna bunaidh Stáit agus sláine chríochach na Ríochta Aontaithe.
3. Leagtar amach sa Phrótacal seo na socrúithe a bhfuil gá leo chun dul i ngleic leis na dálaí uathúla atá ar oileán na hÉireann agus na dálaí a choinneáil ar bun a bhfuil gá leo chun go leanfar leis an gcomhar Thuaidh-Theas, chun nach mbeidh teorainn chrua ann agus chun gach uile ghné de Chomhaontú 1998 a chosaint.
4. Ní hé an cuspóir atá leis an gComhaontú um Tharraingt Siar buanchaidreamh a chur ar bun idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe. Dá bhrí sin, is go sealadach amháin atá forálacha an Phrótacail seo ceaptha a bheith i bhfeidhm, agus gealltanais na bPáirtithe a leagtar amach in Airteagal 2(1) á gcur san áireamh. Beidh feidhm ag forálacha an Phrótacail seo mura n-ionadóidh comhaontú a dhéanfar amach anseo iad nó go dtí go n-ionadóidh sé iad, ina n-iomláine nó i bpáirt.

AIRTEAGAL 2

Comhaontú a dhéanfar tar a éis seo.

1. Déanfaidh an tAontas agus an Ríocht Aontaithe a ndícheall comhaontú a thabhairt i gcrích faoin 31 Nollaig 2020 lena n-ionadófar an Prótacal seo ina iomláine nó i bpáirt.
2. Beidh sé léirithe in aon chomhaontú a dhéanfar amach anseo idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe cé na codanna den Phrótacal seo atá sé a ionadú. Nuair a thiocfaidh comhaontú a dhéanfar amach anseo idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe i bhfeidhm tar éis theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe um Tharraingt Siar beidh an Prótacal ansin, ó dháta cur i bhfeidhm an chomhaontaithe sin a dhéanfar amach anseo agus i gcomhréir le forálacha an chomhaontaithe sin lena leagtar amach éifeacht an chomhaontaithe sin ar an bPrótacal seo, beidh sé gan feidhm nó stadfaidh sé d'fheidhm a bheith aige, ina iomláine nó i bpáirt, d'ainneoin Airteagal 20.

AIRTEAGAL 3

Síneadh a chur leis an idirthréimhse

Féadfaidh an Ríocht Aontaithe, tar éis di féachaint don dul chun cinn a bheidh déanta i dtreo thabhairt i gcrích an chomhaontaithe dá dtagraítear in Airteagal 1(4) agus Airteagal 2(1) den Phrótacal seo, féadfaidh sí tráth ar bith roimh an 1 Iúil 2020, a iarraidh go gcuirfear síneadh leis an idirthréimhse dá dtagraítear in Airteagal 126 den Chomhaontú um Tharraingt Siar. Má dhéanann an Ríocht Aontaithe iarraidh den sórt sin, féadfar síneadh a chur leis an idirthréimhse i gcomhréir le hAirteagal 132 den Chomhaontú um Tharraingt Siar.

AIRTEAGAL 4

Ceartha daoine aonair

1. Áiritheoidh an Ríocht Aontaithe nach ndéanfar aon mhaolú ar chearta, coimircí agus comhionannas deiseanna, mar a leagtar amach sa chuid sin de Chomhaontú 1998 dar teideal “Ceartha, Coimircí agus Comhionannas Deiseanna”, de thoradh tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas, lena n-áirítear i réimse na cosanta ar idirdhealú a chumhdaítear sna forálacha i ndlí an Aontais a liostaítear in Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an bPrótacal seo, agus cuirfidh sí an mhír seo chun feidhme le shásraí tiomsaithe.
2. Leanfaidh an Ríocht Aontaithe d'eascaíocht a dhéanamh ar obair ghaolmhar na n-institiúidí agus na gcomhlachtaí a bunaíodh de bhun Chomhaontú 1998, lena n-áirítear Coimisiún Thuaisceart Éireann um Chearta an Duine, Coimisiún Comhionannais Thuaisceart Éireann agus an Comhchoiste d'ionadaithe ó Choimisiún Thuaisceart Éireann agus ó Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine, maidir le cearta an duine agus caighdeáin chomhionannais a chaomhnú.

AIRTEAGAL 5

An Comhlimistéar Taistil

1. Féadfaidh an Ríocht Aontaithe agus Éire leanúint de shocruithe a dhéanamh eatarthu féin maidir le gluaiseacht daoine idir a gcríocha (an “Comhlimistéar Taistil”), agus lánurraim á tabhairt acu, freisin, do chearta daoine nádúrtha faoi dhlí an Aontais.

2. Áiritheoidh an Ríocht Aontaithe go mbeidh feidhm fós ag an gComhlimistéar Taistil agus ag na cearta agus na pribhléidí gaolmhara gan difear a dhéanamh d'oibleagáidí na hÉireann faoi dhlí an Aontais, go háirithe maidir le saorghluaiseacht saoránach den Aontas agus a mbaill teaghlaigh, gan beann ar a náisiúntacht, go hÉirinn, as Éirinn agus in Éirinn.

AIRTEAGAL 6

Críoch chustaim aonair, gluaiseacht earraí

1. Go dtí go dtiocfaidh an caidreamh a bheidh ann i bhfeidhm, beidh críoch chustaim aonair ("an chríoch chustaim aonair") ar bun idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe. Dá réir sin, tá Tuaisceart Éireann ina aon chríoch chustaim amháin leis an mBreatain Mhór.

Is éard a bheidh sa chríoch chustaim aonair:

- (a) críoch chustaim an Aontais mar a shainmhínítear in Airteagal 4 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013; agus
- (b) críoch chustaim na Ríochta Aontaithe.

Beidh feidhm ag na rialacha a leagtar amach in Iarscríbhinn 2 den Phrótacal seo i ndáil leis an trádáil uile in earraí idir na críocha dá dtagraítear sa dara fomhír, agus, chomh maith leis sin, má fhoráiltear amhlaidh, idir an chríoch chustaim aonair agus tríú tíortha. D'fhonn a áirithiú go gcoinneofar dálaí cothroim iomaíochta ar bun is gá chun go bhfeidhmeoidh an mhír seo mar is ceart, beidh feidhm ag na forálacha a leagtar amach in Iarscríbhinn 4 den Phrótacal seo. I gcás inarb iomchuí, féadfaidh an Comhchoiste Iarscríbhinn 4 a mhodhnú chun caighdeán níos airde a leagan síos maidir leis na dálaí cothroim iomaíochta sin.

Glacfaidh an Comhchoiste roimh an 1 Iúil 2020 na mionrialacha maidir leis an trádáil in earraí idir dhá chuid den chríoch chustaim aonair chun gur féidir an mhír seo a chur chun feidhme. Mura nglacfar an cinneadh sin roimh an 1 Iúil 2020, beidh feidhm ag Iarscríbhinn 3.

De mhaolú ar an tríú fomhír, ní bheidh táirgí iascaigh ná táirgí do Bharshaothraithe, mar a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) ("táirgí iascaigh agus do Bharshaothraithe"), ní bheidh siad cumhdaithe ag na rialacha a leagtar amach in Iarscríbhinn 2 agus Iarscríbhinn 4, ná ag na rialacha dá dtagraítear sa cheathrú fomhír, murab infheidhme comhaontú idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe maidir le rochtain ar uiscí agus deiseanna iascaireachta. I gcomhréir le hAirteagal 184 den Chomhaontú um Tharraingt Siar, déanfaidh an tAontas agus an Ríocht Aontaithe a ndícheall an comhaontú sin a thabhairt i gcrích agus a dhaingniú roimh an 1 Iúil 2020.

Féadfaidh an Comhchoiste cinntí a ghlacadh lena leasófar Iarscríbhinn 3 a ghabhann leis an bPrótacal seo, i gcás ina mbeidh gá leis na leasuithe sin chun go bhfeidhmeoidh an mhír seo mar is ceart. Ní fhéadfar eilimintí bunúsacha an Phrótacail seo ná an Chomhaontaithe um Tharraingt Siar a leasú leis na cinntí sin.

Beidh an dara fómhír den mhír seo gan dochar do na socruithe speisialta a leagtar amach sa Phrótacal maidir le Limistéir Bhunáite Fhlaitheasacha Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann sa Chipir.

2. Beidh feidhm ag an reachtaíocht mar a shainmhínítear i bpointe (2) d'Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹ maidir leis an Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann agus sa Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann (cé is moite d'uisce críche na Ríochta Aontaithe). Mar sin féin, leagfaidh an Comhchoiste síos cé na dálaí, lena n-áirítear i dtéarmaí cainníochtúla, faoina mbeidh táirgí iascaigh agus do Bharshaothraithe áirithe a thabharfar isteach i gcríoch chustaim an Aontais, a shainmhínítear in Airteagal 4 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013, ar shoithí ar a bhfuil bratach na Ríocht Aontaithe agus atá cláraithe i dTuaisceart Éireann, faoina mbeidh na táirgí sin díolmhaithe ó dhleachtanna.

Na forálacha i ndlí an Aontais a liostaítear in Iarscríbhinn 5 a ghabhann leis an bPrótacal seo, beidh feidhm acu chomh maith, faoi na coinníollacha a leagtar amach inti, maidir leis an Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann agus sa Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann.

Beidh feidhm ag Airteagal 30 agus Airteagal 110 CFAE maidir leis an Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann agus sa Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann. Beidh toirmeasc ar theorainneacha cainníochtúla ar onnmhairí agus ar allmhairí idir an tAontas agus Tuaisceart Éireann.

¹ Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO L 269, 10.10.2013, lch. 1).

AIRTEAGAL 7

Cosaint mhargadh aonair na Ríochta Aontaithe

1. Ní chuirfidh aon ní sa Phrótacal seo cosc ar an Ríocht Aontaithe rochtain gan bhac ar an margadh a áirithiú le haghaidh earraí atá ag gluaiseacht ón Ríocht Aontaithe chuig an gcuid eile de mhargadh inmheánach na Ríochta Aontaithe. Maidir le forálacha i ndlí an Aontais a dtugtar feidhm dóibh leis an bPrótacal seo lena gcuirtear toirmeasc nó srian ar onnmhairiú earraí, ní bheidh feidhm acu ach maidir leis an trádáil idir na críocha dá dtagraítear in Airteagal 6(1) a mhéid a bhfuil fíorghá leis de réir aon oibleagáidí idirnáisiúnta a chuirtear ar an Aontas. Áiritheoidh an Ríocht Aontaithe go ndéanfar ceanglais agus gealltanais idirnáisiúnta a bhaineann le toirmisc agus srianta onnmhairiúcháin earraí ón Aontas chuig tríú tíortha a chosaint go hiomlán mar a leagtar amach i ndlí an Aontais.

2. Ag féachaint d'áit lárnach Thuaisceart Éireann i margadh inmheánach na Ríochta Aontaithe, déanfaidh an t-Aontas agus an Ríocht Aontaithe gach iarracht chun an trádáil a éascú, i gcomhréir leis an reachtaíocht is infheidhme agus córais rialála na gcodanna lena mbaineann mar aon lena gcur chun feidhme á gcur san áireamh, idir an chuid de chríoch na Ríochta Aontaithe lena mbaineann Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 de bhua Airteagal 6(2) agus codanna eile de chríoch na Ríochta Aontaithe. Déanfaidh an Comhchoiste athbhreithniú leanúnach ar chur i bhfeidhm na míre seo agus glacfaidh sé moltaí iomchuí d'fhonn rialuithe i gcalafoirt agus aerfoirt Thuaisceart Éireann a sheachaint, a mhéid is féidir.

3. Ní chuirfidh aon ní sa Phrótacal seo cosc le táirge de thionscnamh Thuaisceart Éireann a léiriú mar tháirge de thionscnamh na Ríochta Aontaithe nuair a chuirfear ar an margadh sa Bhreatain Mhór é.

4. Ní dhéanfaidh aon ní sa Phrótacal seo difear do dhlí na Ríochta Aontaithe lena ndéantar rialáil ar earraí de thionscnamh Thuaisceart Éireann a chur ar an margadh i gcodanna eile den Ríocht Aontaithe, is earraí atá i gcomhréir le rialacháin, measúnuithe, clárúcháin, deimhnithe, ceaduithe nó údaraithe teicniúla arna rialú le forálacha i ndlí an Aontais dá dtagraítear in Iarscríbhinn 5 nó a ndéantar leas dóibh leo.

AIRTEAGAL 8

Rialacháin, measúnuithe, clárúcháin, deimhnithe, ceaduithe agus údaruithe teicniúla

1. Gan dochar d'fhorálacha i ndlí an Aontais dá dtagraítear in Iarscríbhinn 5, déanfar an dlíthiúlacht a bhaineann le hearraí a chur ar an margadh i dTuaisceart Éireann a rialú le dlí na Ríochta Aontaithe agus, maidir le hearraí arna n-allmhairiú ón Aontas, le hAirteagal 34 agus le hAirteagal 36 CFAE.

2. I gcás ina ndéanfar foráil i bhforálacha i ndlí an Aontais, a dtugtar feidhm dóibh leis an bPrótacal seo, maidir le Ballstát a léiriú, lena n-áirítear i bhfoirm ghiorraithe, mar mharcanna, lipéadú, clibeanna, nó trí aon mhodh eile, léireofar an Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann mar "RA(TÉ) nó "an Ríocht Aontaithe (Tuaisceart Éireann)". I gcás ina ndéanfar foráil i bhforálacha i ndlí an Aontais, a dtugtar feidhm dóibh leis an bPrótacal seo, maidir leis an tasc i bhfoirm cóid uimhriúil, léireofar an Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann le cóid uimhriúil inaitheanta.

3. De mhaolú ar Airteagal 15(1) den Phrótacal seo agus ar Airteagal 7 den Chomhaontú um Tharraingt Siar, i ndáil le rialacháin, measúnuithe, clárúcháin, deimhnithe, ceaduithe agus údaruithe teicniúla a bheith á n-aithint i mBallstát amháin ach á n-eisiúint ag údaráis Ballstáit eile, nó ag comhlacht arna bhunú i mBallstát eile, tagairtí do na Bhallstáit i bhforálacha i ndlí an Aontais a dtugtar feidhm dóibh leis an bPrótacal seo, ní thuigfear astu go n-áirítear iontu an Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann maidir le rialacháin, measúnaithe, clárúcháin, deimhnithe, ceaduithe agus údaruithe arna n-eisiúint ag údaráis na Ríochta Aontaithe nó ag comhlachtaí arna mbunú sa Ríocht Aontaithe.

Ní bheidh feidhm ag an gcéad fhomhír maidir le clárúcháin, deimhnithe, ceaduithe ná údaruithe suíomhanna, suiteálacha ná áitribh i dTuaisceart Éireann arna n-eisiúint ag údaráis inniúla na Ríochta Aontaithe, i gcás ina bhféadfar cigireacht ar na suíomhanna, na suiteálacha nó an áitreabh a cheangal leis an gclárúchán, leis an deimhniú nó leis an údarú.

Ní bheidh feidhm ag an gcéad fhomhír maidir le deimhnithe tréidliachta ná maidir le lipéid oifigiúla le haghaidh ábhar atáirgthe plandaí, a cheanglaítear i bhforálacha i ndlí an Aontais a dtugtar feidhm dóibh leis an bPrótacal seo.

Tá an chéad fhomhír gan dochar, i dTuaisceart Éireann, do bhailíocht measúnuithe, clárúchán, deimhnithe, ceaduithe ná údaruithe arna n-eisiúint, ar bhonn forálacha i ndlí an Aontais a dtugtar feidhm dóibh leis an bPrótacal seo, ag údaráis inniúla na Ríochta Aontaithe nó ag comhlachtaí arna mbunú sa Ríocht Aontaithe. Aon chomhartha comhréireachta, lógó nó ní comhchosúil a cheanglaítear le forálacha i ndlí an Aontais a dtugtar feidhm dóibh leis an bPrótacal seo agus a ghreamaíonn oibreoirí eacnamaíocha ar bhonn an mheasúnaithe, an chlárúcháin, an deimhnithe, an cheadaithe nó an údaraithe arna eisiúint ag údaráis inniúla na Ríochta Aontaithe nó ag comhlachtaí arna mbunú sa Ríocht Aontaithe, beidh an tásca "RA(TÉ)" ag gabháil leis.

Ní fhéadfaidh an Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann nósanna imeachta agóide, cosanta ná eadrána, dá bhforáiltear i bhforálacha i ndlí an Aontais, a dtugtar feidhm dóibh leis an bPrótacal seo, a thionscnamh, a mhéid a bhaineann na nósanna imeachta sin le rialacháin, caighdeáin, measúnuithe, clárúcháin, deimhnithe, ceaduithe agus údaruithe arna n-eisiúint ag údaráis inniúla an Bhallstáit nó ag comhlachtaí arna mbunú sna Ballstáit.

Leis an gcéad fhomhír, ní chuirtear cosc ar dhuine cáilithe i dTuaisceart Éireann baisc táirge íocshláinte arna hallmhairiú i dTuaisceart Éireann nó arna monarú i dTuaisceart Éireann a thástáil ná a scaoileadh.

AIRTEAGAL 9

CBL agus máil

Na forálacha i ndlí an Aontais maidir le hearraí a liostaítear in Iarscríbhinn 6 a ghabhann leis an bPrótacal seo, beidh feidhm acu maidir leis an Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann agus sa Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann.

Pléifidh an Comhchoiste cur chun feidhme an Airteagail seo go rialta, agus i gcás inarb iomchuí, glacfaidh sé na bearta is gá chun é a chur i bhfeidhm go cuí.

AIRTEAGAL 10

An talmhaíocht agus an comhshaol

Na forálacha i ndlí an Aontais a liostaítear in Iarscríbhinn 5 a ghabhann leis an bPrótacal seo, beidh feidhm acu, faoi na coinníollacha a leagtar amach inti, maidir leis an Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann agus sa Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann.

AIRTEAGAL 11

Margadh leictreachais aonair

Na forálacha i ndlí an Aontais lena rialaítear margaí leictreachais mórdhíola a liostaítear in Iarscríbhinn 7 a ghabhann leis an bPrótacal seo, beidh feidhm acu, faoi na coinníollacha a leagtar amach inti, maidir leis an Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann agus sa Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann.

AIRTEAGAL 12

Státchabhair

1. Na forálacha i ndlí an Aontais a liostaítear in Iarscríbhinn 8 a ghabhann leis an bPrótacal seo, beidh feidhm acu maidir leis an Ríocht Aontaithe, lena n-áirítear maidir le bearta lena dtacaítear le déanamh agus trádáil táirgí talmhaíochta i dTuaisceart Éireann, i ndáil le bearta lena ndéantar difear don trádáil sin idir an chuid de chríoch na Ríochta Aontaithe lena mbaineann Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 de bhua Airteagal 6(2) den Phrótacal seo agus an tAontas atá faoi réir an Phrótacail seo.

2. D'ainneoin mhír 1, ní bheidh feidhm ag forálacha i ndlí an Aontais dá dtagraítear sa mhír sin maidir le bearta arna ndéanamh ag údaráis na Ríochta Aontaithe lena dtacaítear le déanamh agus trádáil táirgí talmhaíochta i dTuaisceart Éireann suas go huasleibhéal bliantúil foriomlán arna chinneadh, agus ar choinníoll go bhfuil céatadán íosta arna chinneadh den tacaíocht dhíolmhaithe sin i gcomhréir le forálacha Iarscríbhinn 2 a ghabhann le Comhaontú na hEagraíochta Domhanda Trádála ar Thalmhaíocht. Déanfar cinneadh an uasleibhéil bhliantúil fhoriomláin tacaíochta atá díolmhaithe agus an chéatadán íosta a rialú leis na nósanna imeachta a leagtar amach in Iarscríbhinn 9.

3. I gcás ina scrúdóidh an Coimisiún Eorpach faisnéis maidir le beart de chuid údaráis na Ríochta Aontaithe a d'fhéadfadh a bheith ina chúnamh neamhdhleathach faoi réir mhír 1, áiritheoidh sé go gcoimeádfar an Ríocht Aontaithe ar an eolas go hiomlán agus go rialta faoi dhul chun cinn an scrúdaithe ar an mbeart sin agus faoi thoradh an scrúdaithe sin.

Bunóidh an Coimisiún Eorpach agus an t-údarás neamhspleách dá dtagraítear in Airteagal 9 a ghabhann le hIarscríbhinn 4 na socrúithe riaracháin is gá le haghaidh chur chun feidhme cuí an Airteagail seo agus Chuid a Ceathair d'Iarscríbhinn 4 faoi seach, agus coinneofar na socrúithe sin faoi athbhreithniú.

AIRTEAGAL 13

Réimsí eile comhair Thuaidh-Theas

1. I gcomhréir leis na socruithe a leagtar amach in Airteagal 6(2) agus in Airteagal 7 go hAirteagal 12 den Phrótacal seo, agus le lánurraim do dhlí an Aontais, cuirfear an Prótacal seo chun feidhme agus i bhfeidhm i gcaoi is go gcoinneofar na coinníollacha is gá le go leanfar den chomhar Thuaidh-Theas, lena n-áirítear i réimsí an chomhshaoil, na sláinte, na talmhaíochta, an iompair, an oideachais agus na turasóireachta, agus freisin i réimsí an fhuinnimh, na teileachumarsáide, na craoltóireachta, an iascaigh intíre, an cheartais agus na slándála, an ardoideachais agus an spóirt. Le lánurraim do dhlí an Aontais, féadfaidh an Ríocht Aontaithe agus Éire leanúint de shocruithe nua a dhéanamh lena gcuirtear le forálacha Chomhaontú 1998 i réimsí eile comhair Thuaidh-Theas ar oileán na hÉireann.

2. Déanfaidh an Comhchoiste athbhreithniú leanúnach ar a mhéid a choinnítear na coinníollacha is gá le haghaidh an chomhair Thuaidh-Theas le cur chun feidhme agus cur i bhfeidhm an Phrótacail seo. Féadfaidh an Comhchoiste moltaí iomchuí a chur chuig an Aontas agus an Ríocht Aontaithe i ndáil leis sin, lena n-áirítear ar mholadh a fháil ón gCoiste Speisialaithe.

AIRTEAGAL 14

Cur chun feidhme, cur i bhfeidhm, maoirseacht agus forfheidhmiú

1. Gan dochar do mhír 4, beidh údarais na Ríochta Aontaithe freagrach as na forálacha i ndlí an Aontais a dtugtar feidhm dóibh leis an bPrótacal seo a chur chun feidhme agus a chur i bhfeidhm maidir leis an Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann agus sa Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann.

2. Gan dochar do mhír 4, beidh an ceart ag na hionadaithe den Aontas a bheith i láthair i rith aon ghníomhaíochtaí de chuid údaráis na Ríochta Aontaithe a bhaineann le cur chun feidhme agus cur i bhfeidhm forálacha i ndlí an Aontais a dtugtar feidhm dóibh leis an bPrótacal seo agus beidh an ceart acu gach faisnéis ábhartha a bhaineann le haon ghníomhaíocht den sórt sin a fháil, arna hiarraidh sin, freisin. Éascóidh an Ríocht Aontaithe láithreach na n-ionadaithe sin den Aontas agus tabharfaidh siad an fhaisnéis arna hiarraidh sin dóibh. I gcás ina n-iarrfaidh an t-ionadaí den Aontas ar na húdaráis den Ríocht Aontaithe bearta rialaithe a dhéanamh i gcásanna ar leith ar chúiseanna a bhfuil údar cuí sonraithe leo, déanfaidh na húdaráis de chuid na Ríochta Aontaithe na bearta rialaithe sin.

3. Na socruithe oibre praiticiúla a bhaineann le feidhmiú na gceart atá ag ionadaithe den Aontais dá dtagraítear i mír 2, cinnfidh an Comhchoiste iad, ar mholadh a fháil ón gCoiste Speisialaithe.

4. Maidir le hAirteagal 6(2), agus le hAirteagal 8 go hAirteagal 12 den Phrótacal seo, mar aon le hAirteagal 7(1) a ghabhann le hIarscríbhinn 4 i ndáil le bearta de chuid na mBallstát, beidh ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais, i dtaca leis an Ríocht Aontaithe, agus ag daoine nádúrtha agus dlítheanacha atá ina gcónaí nó bunaithe i gcríoch na Ríochta Aontaithe, na cumhachtaí a thugtar dóibh le dlí an Aontais. Go háirithe, beidh an dlínse dá bhforáiltear sna Conarthaí ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh i ndáil leis sin. Beidh feidhm ag an dara agus ag an tríú fomhír d'Airteagal 267 CFAE maidir leis an Ríocht Aontaithe agus sa Ríocht Aontaithe i ndáil leis sin.

5. Gníomhartha na n-institiúidí, na gcomhlachtaí, na n-oifigí agus na ngníomhaireachtaí arna nglacadh i gcomhréir le mír 4, beidh na héifeachtaí dlíthiúla céanna acu i ndáil leis an Ríocht Aontaithe agus sa Ríocht Aontaithe agus atá acu san Aontas agus sna Ballstáit.

6. Le linn do dhlíodóirí atá údaraithe cleachtadh os comhair chúirteanna nó bhinsí na Ríochta Aontaithe ionadaíocht a dhéanamh do pháirtí, nó cúnamh a thabhairt do pháirtí, i dtaca leis na nósanna imeachta riaracháin a eascraíonn as cumhachtaí institiúidí, chomhlachtaí, oifigí agus ghníomhaireachtaí an Aontais dá dtagraítear i mír 4, déileálfar leo i ngach slí mar dhlíodóirí atá údaraithe cleachtadh os comhair chúirteanna nó bhinsí na mBallstát agus atá ag déanamh ionadaíocht do pháirtí, nó atá ag tabhairt cúnamh do pháirtí, i dtaca leis na nósanna imeachta riaracháin sin.

7. I gcásanna a thugtar os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh de bhun mhír 4:

- (a) féadfaidh an Ríocht Aontaithe a bheith rannpháirteach sna himeachtaí os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh ar an gcaoi chéanna a bhfuil Ballstát rannpháirteach iontu;
- (b) féadfaidh dlíodóirí atá údaraithe chun cleachtadh os comhair chúirteanna nó bhinsí na Ríochta Aontaithe ionadaíocht a dhéanamh do pháirtí nó cúnamh a thabhairt do os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh sna himeachtaí sin agus déileálfar leo i ngach slí mar dhlíodóirí atá údaraithe chun cleachtadh os comhair na cúirteanna nó binsí de chuid na mBallstát a dhéanann ionadaíocht do pháirtí nó a thugann cúnamh do pháirtí os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.

AIRTEAGAL 15

Forálacha coiteanna

1. Chun críocha an Phrótacail seo, tuigfear aisti gur tagairt don Ríocht Aontaithe nó don Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann, de réir mar a bheidh, aon tagairt don Ríocht Aontaithe sna forálacha is infheidhme den Chomhaontú um Tharraingt Siar.

D'ainneoin aon fhorálacha eile sa Phrótacal seo, aon tagairt sna forálacha is infheidhme sa Chomhaontú um Tharraingt Siar agus sa Phrótacal seo, agus sna forálacha i ndlí an Aontais a dtugtar feidhm dóibh maidir leis an Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann agus sa Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann leis an bPrótacal seo, maidir leis an gcríoch arna sainmhíniú in Airteagal 4 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013, tuigfear aisti go n-áirítear uirthi an chuid de chríoch na Ríochta Aontaithe lena mbaineann Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 de bhua Airteagal 6(2) den Phrótacal seo.

Chun críocha na chéad fhomhíre d'Airteagal 6(1), beidh an chiall chéanna leis an téarma "críoch chustaim" atá leis in Airteagal XXIV den Chomhaontú Ginearálta um Tharairí agus Trádáil 1994.

Beidh feidhm ag Teideal I agus ag Teideal III de Chuid a Trí, agus ag Cuid a Sé, gan dochar d'fhorálacha an Phrótacail seo.

2. Chun críocha Airteagal 6(1) den Phrótacal seo:

- ciallóidh "tríú tír" tír nó críoch atá lasmuigh de na críocha custaim dá dtagraítear in Airteagal 6(1) den Phrótacal seo;
- ciallóidh "cuid den chríoch chustaim aonair", ar thaobh amháin, críoch chustaim an Aontais mar a shainmhínítear in Airteagal 4 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 agus, ar an taobh eile, críoch chustaim na Ríochta Aontaithe.

3. D'ainneoin Airteagal 4(4) agus Airteagal 4(5) den Chomhaontú um Tharraingt Siar, déanfar forálacha an Phrótacail seo a thagraíonn do dhlí an Aontais nó do choincheapa nó d'fhorálacha atá ann a léirmhíniú, agus iad á gcur chun feidhme agus á gcur i bhfeidhm, i gcomhréir le cáslí ábhartha Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.

4. D'ainneoin Airteagal 6(1) den Chomhaontú um Tharraingt Siar, agus mura bhforáiltear dá mhalairt, i gcás ina bhfuil tagairt sa Phrótacal seo do ghníomh de chuid an Aontais, tuigfear léi go bhfuil an tagairt don ghníomh sin ag tagairt don ghníomh sin arna leasú nó arna ionadú.

5. I gcás ina nglacfaidh an tAontas gníomh nua a thagann faoi raon feidhme an Phrótacail seo, ach nach ndéanfar gníomh de chuid an Aontais a liostaítear sna hIarscríbhinní a ghabhann leis an bPrótacal seo a leasú ná a ionadú leis, cuirfidh an tAontas an Ríocht Aontaithe ar an eolas faoin nglacadh sin sa Chomhchoiste. Arna iarraidh sin don Aontas nó don Ríocht Aontaithe, réachtálfaidh an Comhchoiste malartú tuairimí faoi impleachtaí an ghníomh nuaghlactha maidir le feidhmiú cuí an Phrótacail seo laistigh de shé seachtaine tar éis é sin a iarraidh.

A luaithe is féidir go praiticiúil tar éis don Aontas an Ríocht Aontaithe a chur ar an eolas faoi sa Chomhchoiste, déanfaidh an Comhchoiste an méid seo a leanas:

- (a) glacfaidh sé cinneadh lena gcuirfear an gníomh nuaghlactha leis an Iarscríbhinn ábhartha a ghabhann leis an bPrótacal seo; nó
- (b) i gcás nach dtiocfar ar chomhaontú faoin ngníomh nuaghlactha a chur leis an Iarscríbhinn ábhartha a ghabhann leis an bPrótacal, scrúdóidh sé gach féidearthacht eile chun dea-fheidhmiú an Phrótacail seo a chaomhnú agus déanfaidh sé aon chinneadh is gá chuige sin.

Mura mbeidh cinneadh déanta ag an gComhchoiste laistigh de thréimhse réasúnach, beidh an tAontas i dteideal, tar éis dó fógra a thabhairt don Ríocht Aontaithe, bearta leighis iomchuí a dhéanamh. Gabhfaidh éifeacht leis na bearta sin sé mhí ar a luaithe tar éis don Aontas an Ríocht Aontaithe a chur ar an eolas fúthu i gcomhréir leis an gcéad fhomhír, ach i gcás ar bith gan níos luaithe ná an dáta a chuirfear an gníomh nuaghlactha chun feidhme san Aontas.

6. De mhaolú ar mhír 1 den Airteagal seo agus ar Airteagal 7 den Chomhaontú um Tharraingt Siar, mura measfaidh an tAontas gur gá go mór rochtain iomlán nó pháirteach a bheith ag an Ríocht Aontaithe, nó ag an Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann, de réir mar a bheidh, chun gur féidir leis an Ríocht Aontaithe a hoibleagáidí faoin bPrótacal seo a chomhlíonadh, lena n-áirítear i gcás ina mbeidh gá leis an rochtain sin mar nach féidir leis an meitheal dá dtagraítear in Airteagal 17 den bPrótacal seo rochtain ar an bhfaisnéis ábhartha a éascú nó nach féidir an rochtain sin a éascú le modhanna praiticiúla eile, beidh feidhm ag an méid seo a leanas: i ndáil le rochtain ar aon líonra, córas faisnéise, nó bunachar sonraí arna mbunú ar bhonn dhlí an Aontais, tagairtí do na Ballstáit agus d'údaráis inniúla na mBallstát i bhforálacha i ndlí an Aontais a dtugtar feidhm dóibh leis an bPrótacal seo, ní thuigfear astu go n-áirítear iontu an Ríocht Aontaithe ná an Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann, de réir mar a bheidh.

7. Ní ghníomhóidh údaráis na Ríochta Aontaithe mar phríomhúdarás le haghaidh measúnuithe riosca, scrúduithe, ceaduithe nó nósanna imeachta údaruithe dá bhforáiltear i ndlí an Aontais a dtugtar feidhm dóibh leis an bPrótacal seo.

8. Beidh feidhm ag Airteagal 346 agus Airteagal 347 CFAE maidir le bearta a dhéanfaidh Ballstát nó an Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann.

AIRTEAGAL 16

An Coiste Speisialaithe

Déanfaidh an Coiste maidir le saincheistanna a bhaineann le cur chun feidhme an Phrótacail maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann arna bhunú le hAirteagal 165 den Chonradh um Tharraingt Siar (“an Coiste Speisialaithe”):

- (a) cur chun feidhme agus cur i bhfeidhm an Phrótacail seo a éascú;
- (b) tograí maidir le cur chun feidhme agus cur i bhfeidhm an Phrótacail seo ón gComhairle Aireachta Thuaidh-Theas agus ó na comhlachtaí forfheidhmithe Thuaidh-Theas a bunaíodh faoi Chomhaontú 1998 a scrúdú;
- (c) aon saincheist a bhaineann le hAirteagal 4 den Phrótacal seo a chuirfidh Coimisiún Thuaisceart Éireann um Chearta an Duine, Coimisiún Comhionannais Thuaisceart Éireann agus an Comhchoiste d'ionadaithe ó Choimisiún Thuaisceart Éireann agus ó Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine in iúl dó a mheas;
- (d) aon cheist a ardóidh an tAontas nó an Ríocht Aontaithe atá ábhartha maidir leis an bPrótacal seo agus a chruthaíonn deacracht a phlé; agus
- (e) moltaí a chur chuig an gComhchoiste maidir le feidhmiú an Phrótacail seo.

AIRTEAGAL 17

An mheitheal chomhairleach chomhpháirteach

1. Bunaítear leis seo meitheal chomhairleach chomhpháirteach maidir le cur chun feidhme an Phrótacail seo. Is é a bheidh sa mheitheal fóram chun comhairle a ghlacadh agus faisnéis a mhalartú le chéile.
2. Beidh an mheitheal comhdhéanta d'ionadaithe an Aontais agus na Ríochta Aontaithe agus cuirfidh sí a feidhmeanna i gcrích faoi mhaoirseacht an Choiste Speisialaithe a gcuirfidh sí tuarascálacha chuige. Ní bheidh cumhacht ag an meitheal cinní ceangailteacha a dhéanamh seachas na cinní sin dá dtagraítear i mír 6.
3. Laistigh den mheitheal:
 - (a) déanfaidh an tAontas agus an Ríocht Aontaithe, go tráthúil, faisnéis faoi bhearta ábhartha cur chun feidhme, atá beartaithe, atá fós ar siúl agus atá déanta, maidir leis na gníomhartha de chuid an Aontais a liostaítear sna hiarscríbhinní a ghabhann leis an bPrótacal a mhalartú le chéile;
 - (b) cuirfidh an tAontas an Ríocht Aontaithe ar an eolas faoi ghníomhartha Aontais a bheartófar faoi raon feidhme an Phrótacail seo, lena n-áirítear na gníomhartha sin lena ndéanfar gníomhartha de chuid an Aontais a liostaítear sna hiarscríbhinní a ghabhann leis an bPrótacal seo a leasú ná a ionadú;
 - (c) cuirfidh an tAontas ar fáil don Ríocht Aontaithe gach faisnéis a mheasann an tAontas a bheith ábhartha chun gur féidir leis an Ríocht Aontaithe a hoibleagáidí a chomhlíonadh go hiomlán faoin bPrótacal seo; agus

- (d) cuirfidh an Ríocht Aontaithe ar fáil don Aontas gach faisnéis a thugann na Ballstáit dá chéile nó d'institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí de chuid an Aontais de bhun na ngníomhartha de chuid an Aontais a liostaítear sna hlarscríbhinní a ghabhann leis an bPrótacal seo.
4. Beidh an tAontas agus an Ríocht Aontaithe ina gcomhchathaoirligh ar an meitheal.
5. Beidh cruinniú ag an meitheal uair amháin sa mhí ar a laghad, mura rud é go gcinneadh an tAontas agus an Ríocht Aontaithe a mhalairt de chomhthoil. I gcás inar gá, feadfar faisnéis dá dtagraítear i bpointe (c) agus i bpointe (d) de mhír 3 a mhalartú idir cruinnithe.
6. Glacfaidh an meitheal a cuid rialacha nós imeachta féin de chomhthoil.
7. Áiritheoidh an tAontas go gcuirfeadh institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí ábhartha de chuid an Aontais ar an eolas gan moill mhíchúí faoi gach tuairim agus gach faisnéis (lena n-áirítear sonraí teicniúla agus eolaíocha) a chuirfidh an Ríocht Aontaithe ar fáil don meitheal.

AIRTEAGAL 18

Coimircí

1. I gcás ina dtiocfaidh den Phrótacal seo deacrachtaí eacnamaíocha, sochaíocha nó comhshaoil dáiríre ar dócha go leanfar díobh, nó atreorú trádála, féadfaidh an tAontas nó an Ríocht Aontaithe bearta iomchuí a dhéanamh go haontaobhach. Beidh na bearta coimirce sin srianta, maidir lena raon feidhme agus lena bhfad, dá bhfuil fíor-riachtanach chun an cás a leigheas. Tabharfar tosaíocht do na bearta is lú a chuirfidh isteach ar fheidhmiú an Phrótacail seo.
2. I gcás ina n-eascróidh as beart coimirce a dhéanann an tAontas nó an Ríocht Aontaithe, de réir mar a bheidh, i gcomhréir le mír 1 éagothroime idir na cearta agus na hoibleagáidí faoin bPrótacal seo, féadfaidh an tAontas nó an Ríocht Aontaithe, de réir mar a bheidh, bearta athchothromúcháin iomchuí a dhéanamh atá fíor-riachtanach chun an éagothroime a leigheas. Tabharfar tosaíocht do na bearta is lú a chuirfidh isteach ar fheidhmiú an Phrótacail seo.
3. Déanfar na bearta coimirce agus athchothromúcháin arna ndéanamh i gcomhréir le mír 1 agus mír 2 a rialú leis na nósanna imeachta a leagtar amach in Iarscríbhinn 10 a ghabhann leis an bPrótacal seo.

AIRTEAGAL 19

Leasanna airgeadais a chosaint

Déanfaidh an tAontas agus an Ríocht Aontaithe calaois agus aon ghníomhaíocht mhídhleathach eile a imríonn tionchar ar leasanna airgeadais an Aontais nó na Ríochta Aontaithe a chomhrac.

AIRTEAGAL 20

Athbhreithniú

Má mheasann an tAontas nó an Ríocht Aontaithe aon tráth tar éis dheireadh na hidirthréimhse nach bhfuil gá leis an bPrótacal seo a thuilleadh, ina iomláine nó i bpáirt, chun na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 1(3) a ghnóthú agus gur cheart scor d'fheidhm a bheith aige, ina iomláine nó i bpáirt, féadfaidh sé nó sí fógra a thabhairt don pháirtí eile ina leagfar amach na cúiseanna atá aige nó aici.

Laistigh de shé mhí ón bhfógra sin a fháil, cruinneoidh an Comhchoiste le chéile ar leibhéal na haireachta chun an fógra a mheas, ag féachaint do gach cuspóir a shonraítear in Airteagal 1.

Féadfaidh an Comhchoiste tuairim a iarraidh ar na hinstiúidí a bunaíodh le Comhaontú 1998.

Má chinneann an tAontas nó an Ríocht Aontaithe go comhpháirteach, i ndiaidh an fógra sin dá dtagraítear thuas a mheas, agus iad ag gníomhú chun Airteagal 5 den Chomhaontú um Tharraingt Siar a urramú ina iomláine, nach bhfuil gá leis an bPrótacal seo a thuilleadh, ina iomláine nó i bpáirt, chun a chuspóirí a ghnóthú, scoirfear d'fheidhm a bheith ag an bPrótacal, ina iomláine nó i bpáirt. Sa chás sin, cuirfidh an Comhchoiste moltaí faoi na bearta is gá faoi bhráid an Aontais agus na Ríochta Aontaithe, ag cur san áireamh oibleagáidí na bpáirtithe maidir le Comhaontú 1998.

AIRTEAGAL 21

Iarscríbhinní

Beidh Iarscríbhinn 1 go hIarscríbhinn 10 ina ndlúthchuid den Phrótacal seo.

NA FORÁLACHA I nDLÍ AN AONTAIS DÁ dTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 4(1)

- Treoir 2004/113/CE an 13 Nollaig 2004 lena gcuirtear chun feidhme prionsabal na córa comhionainne idir fir agus mná maidir le rochtain ar earraí agus ar sheirbhísí agus maidir le soláthar earraí agus seirbhísí¹
- Treoir 2006/54/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2006 maidir le cur chun feidhme phrionsabal an chomhionannais deiseanna agus na córa comhionainne idir fir agus mná i gcúrsaí fostaíochta agus slí bheatha²
- Treoir 2000/43/CE an 29 Meitheamh 2000 lena gcuirtear chun feidhme prionsabal na córa comhionainne idir daoine gan spleáchas do thionscnamh ciníoch nó eitneach³
- Treoir 2000/78/CE ón gComhairle an 27 Samhain 2000 lena mbunaítear creat ginearálta le haghaidh na córa comhionainne san fhostaíocht agus sa tslí bheatha⁴

¹ IO L 373, 21.12.2004, lch. 37.

² IO L 204, 26.7.2006, lch. 23.

³ IO L 180, 19.7.2000, lch. 22.

⁴ IO L 303, 2.12.2000, lch. 16.

- Treoir 2010/41/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Iúil 2010 maidir le prionsabal na córa comhionainne idir fir agus mná atá rannpháirteach i ngníomhaíocht ar bhonn féinfhostaithe a chur i bhfeidhm agus lena n-aisghairtear Treoir 86/613/CEE ón gComhairle¹
- Treoir 79/7/CEE ón gComhairle an 19 Nollaig 1978 maidir le prionsabal na córa comhionainne idir fir agus mná i gcúrsaí slándála sóisialta a chur chun feidhme de réir a chéile²

¹ IO L 180, 15.7.2010, lch. 1.

² IO L 6, 10.1.1979, lch. 24.

AIRTEAGAL 1

Raon feidhme

1. Faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos in Airteagal 6(1) den Phrótacal, beidh feidhm ag an Iarscríbhinn seo maidir leis na hearraí uile seo a leanas:
 - (a) earraí a táirgeadh i gcríoch chustaim an Aontais nó i gcríoch chustaim na Ríochta Aontaithe, lena n-áirítear earraí a fuarthas go hiomlán nó i bpáirt, nó a táirgeadh go hiomlán nó i bpáirt, ó tháirgí de thionscnamh tríú tíortha atá i saorchúrsaíocht i gcríoch chustaim an Aontais nó i gcríoch chustaim na Ríochta Aontaithe; nó
 - (b) earraí de thionscnamh tríú tíortha agus atá i saorchúrsaíocht i gcríoch chustaim an Aontais nó i gcríoch chustaim na Ríochta Aontaithe;
 - (c) earraí a fuarthas nó a táirgeadh i gcríoch chustaim an Aontais nó i gcríoch chustaim na Ríochta Aontaithe, ar úsáideadh lena monarú táirgí de thionscnamh tríú tíortha nach bhfuil i saorchúrsaíocht i gcríoch chustaim an Aontais ná i gcríoch chustaim na Ríochta Aontaithe, ar choinníoll go bhfuil na foirmiúlachtaí allmhairiúcháin comhlíonta agus go bhfuil aon dleacht chustaim nó aon mhuirear comhéifeachta is iníoctha i leith na n-earraí sin nó i leith na dtáirgí ó thríú tíortha a úsáideadh lena monarú toibhithe sa chuid onnmhairiúcháin den chríoch chustaim aonair.

Beidh an chiall chéanna leis an téarma “fuarthas go hiomlán” i bpointe (a) i gcríoch chustaim na Ríochta Aontaithe agus atá leis i gcríoch chustaim an Aontais.

2. Measfar gur i saorchúrsaíocht i gcríoch chustaim an Aontais nó i gcríoch chustaim na Ríochta Aontaithe atá earraí ó thríú tíortha má tá na foirmiúlachtaí allmhairiúcháin comhlíonta agus má tá aon dleacht chustaim nó aon mhuirear comhéifeachta is iníoctha toibhithe ina gcuid féin den chríoch chustaim aonair ag an Aontas nó ag an Ríocht Aontaithe, agus mura ndearnadh aisíocaíocht na ndleachtanna nó na muirear sin go hiomlán nó i bpáirt i leith na n-earraí sin.
3. Maidir le hearraí a fuarthas nó a táirgeadh i gcríoch chustaim an Aontais nó i gcríoch chustaim na Ríochta Aontaithe, ar úsáideadh lena monarú táirgí de thionscnamh tríú tíortha nach bhfuil i saorchúrsaíocht i gcríoch chustaim an Aontais ná i gcríoch chustaim na Ríochta Aontaithe, ach nach gcumhdaítear le pointe (c) de mhír 1, is í an chuid allmhairiúcháin den chríoch chustaim aonair a chuirfidh i bhfeidhm an reachtaíocht chustaim ag a bhfuil feidhm maidir le hearraí ó thríú tíortha.

AIRTEAGAL 2

Trádáil idir codanna den chríoch chustaim aonair

1. Toirmiscfear dleachtanna custaim ar allmhairí agus onnmhairí, agus aon mhuirear comhéifeachta, idir codanna den chríoch chustaim aonair. Beidh feidhm ag an toirmeasc sin maidir le dleachtanna custaim de chineál fioscach freisin.

Maidir le muirir as rialuithe custaim a dhéanamh nó as an reachtaíocht chustaim a fheidhmiú ar aon bhealach eile idir codanna den chríoch chustaim aonair, measfar go mbeidh na muirir sin ar comhéifeacht le dleachtanna custaim. Mar sin féin, féadfar muirir a fhorchur nó costais a aisghabháil i gcás ina dtabharfaidh na húdaráis chustaim seirbhísí sonracha, go háirithe na seirbhísí seo a leanas:

- (a) tinreamh foirne custaim, arna iarraidh sin, lasmuigh d'uaireanta oifigiúla oscailte oifige nó in áitreabh seachas áitreabh custaim;
- (b) anailísí nó tuarascálacha saineolaithe ar earraí agus táillí poist as earraí a chur ar ais chuig iarratasóir, go háirithe i ndáil le cinntí a rinneadh nó faisnéis a soláthraíodh ar iarratas;
- (c) iniúchadh nó sampláil earraí chun críocha fíoraithe, nó scrios earraí, i gcás ina bhfuil costais ann seachas an costas a bhaineann le húsáid a bhaint as foireann chustaim;
- (d) bearta rialaithe eisceachtúla, i gcás ina bhfuil siad riachtanach de thairbhe chineál na n-earraí nó de thairbhe riosca a d'fhéadfadh a bheith ann.

2. Déanfar Airteagal III, Airteagal V agus Airteagal XI den Chomhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Thrádáil 1994 (“GATT 1994”) a ionchorprú sa Phrótacal seo, agus déanfar cuid de díobh, agus beidh feidhm acu idir codanna na críche custaim aonair *mutatis mutandis*.

3. Leis na rialacha a leagtar amach san Iarscríbhinn seo, ní chuirfear cosc ar thoirmisc ná ar shrianta allmhairí, onnmhairí nó earraí faoi bhealach, má tá údar cuí leis sin ar mhaithe leis an moráltacht phoiblí, leis an mbeartas poiblí nó leis an tslándáil phoiblí, le cosaint sláinte agus saol daoine, ainmhithe nó plandaí, le cosaint seod náisiúnta lena mbaineann luach ealaíne, staire nó seandálaíoch, nó le cosaint maoinne tionscail nó tráchtála. Mar sin féin, ní ceadmhach leas a bhaint as na toirmisc ná na srianta sin chun idirdhealú treallach ná chun srianadh faoi cheilt a chur ar an trádáil idir na codanna den chríoch chustaim aonair.

4. Ní fhorléireofar aon ní san Iarscríbhinn seo chun:
 - (a) ceangal a chur ar an Aontas nó ar an Ríocht Aontaithe rochtain a thabhairt nó a cheadú ar aon fhaisnéis a mheasann siad a nochtadh a bheith i gcoinne a leasanna bunriachtanacha slándála; nó

 - (b) bac a chur ar an Aontas nó ar an Ríocht Aontaithe aon bheart a dhéanamh a mheasann siad a bheith riachtanach dá leasanna bunriachtanacha slándála, ar beart é:
 - (i) a bhaineann le táirgeadh nó trádáil arm, muinisean nó ábhar cogaidh nó a bhaineann le táirgeadh nó trádáil earraí agus ábhar eile a dhéantar go díreach nó go hindíreach chun soláthar d'fhoras míleata;

 - (ii) a bhaineann le hábhair ineamhnaithe agus in-chomhleáite nó leis na hábhair ónar díorthaíodh iad sin; nó

 - (iii) a dhéantar le linn cogaidh nó le linn éigeandáil eile sa chaidreamh idirnáisiúnta; nó

- (c) bac a chur ar an Aontas nó ar an Ríocht Aontaithe aon bheart a dhéanamh chun an tsíocháin agus an tslándáil idirnáisiúnta a chaomhnú.

AIRTEAGAL 3

Taraif Chustaim is infheidhme maidir le trádáil le tríú tíortha

1. Déanfaidh an Ríocht Aontaithe na taraifí agus na rialacha is infheidhme ina críoch chustaim a ailíniú leis an méid seo a leanas:
 - (a) Comhtharaif Chustaim an Aontais, mar a leagtar amach in Airteagal 56(2) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013;
 - (b) rialacha an Aontais maidir le tionscnamh earraí, mar a leagtar amach i gCaibidil 2 de Theideal II de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013; agus
 - (c) rialacha an Aontais maidir le luach earraí, mar a leagtar amach i gCaibidil 3 de Theideal II de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013.
2. Ní fhéadfaidh an Ríocht Aontaithe i gcás ar bith:
 - (a) taraif chustaim is ísle ná an Chomhtharaif Chustaim le haghaidh aon earra nó allmhaire ó thríú tír a chur i bhfeidhm ina críoch chustaim; nó

- (b) fabhair tharaife a chur i bhfeidhm nó a dheonú ina críoch chustaim i leith aon earra ar bhonn rialacha tionscnaimh atá neamhionann leo sin lena rialaítear an chaoi a ndéonaíonn an tAontas na fabhair sin i leith an earra chéanna ina chríoch chustaim.
3. Ní fhéadfaidh an Ríocht Aontaithe, gan réamhthoilíú an Chomhchoiste, aon chuóta, taraif-chuóta ná fionraí dleachtanna a chur i bhfeidhm ná a dheonú ina críoch chustaim.
4. Cuirfear an Ríocht Aontaithe ar an eolas, in am trátha, faoi aon chinneadh a dhéanfaidh an tAontas an Chomhtharaif Chustaim a leasú agus dleachtanna a chur ar fionraí nó a athbhunú, agus faoi aon chinneadh a bhaineann le cuótaí, taraif-chuótaí nó fionraithe dleachtanna, ionas go mbeidh an Ríocht Aontaithe in ann í féin a ailíniú leis an gcinneadh sin. Féadfar comhairliúcháin a réachtáil sa Chomhchoiste más gá.

AIRTEAGAL 4

Beartas tráchtála

1. Comhlíonfaidh an chríoch chustaim aonair na forálacha ábhartha d'Airteagal XXIV de GATT 1994. Chuige sin, déanfaidh an Ríocht Aontaithe an beartas tráchtála is infheidhme maidir lena críoch chustaim a chomhchuihbhiú le comhbheartas tráchtála an Aontais a mhéid is gá chun éifeacht a thabhairt d'Airteagal 6(1) den Phrótocal agus d'Airteagal 3 den Iarscríbhinn seo, agus trí rialacháin tráchtála, amach ó dhleachtanna, agus go háirithe bearta a thagann faoi réim Airteagal XI:1 de GATT 1994, atá mórán mar an gcéanna le rialacháin tráchtála an Aontais, tríothu sin a chur i bhfeidhm.

2. Áiritheoidh an Ríocht Aontaithe, i gcás táirgí a chumhdaítear le hAirteagal 6(1) den Phrótacal, go mbeidh a Sceidil Lamháltas dá dtagraítear in Airteagal II de GATT 1994 ailínithe go hiomlán le Sceidil Lamháltas an Aontais agus go mbeidh na gealltanais maidir le taraif-chuótaí comhoiriúnach le gealltanais an Aontais maidir le taraif-chuótaí agus go gcomhlíonfaidh siad forálacha Airteagal 3 den Iarscríbhinn seo. Comhaontaíonn an tAontas agus an Ríocht Aontaithe oibriú i gcomhar le chéile in ábhair a bhaineann leis an Eagraíocht Dhomhanda Trádála (EDT), i gcionroinnt taraif-chuótaí EDT agus a mhéid is gá le haghaidh fheidhmiú na críche custaim aonair.

3. Le córas cosanta trádála an Aontais agus le Scéim na bhFabhar Ginearálaithe Taraiife (“GSP”), cumhdófar dhá chuid na críche custaim aonair. Rachaidh an tAontas i gcomhairle leis an Ríocht Aontaithe maidir le haon bheart cosanta trádála nó aon ghníomhaíocht faoi chóras GSP atá sé beartaithe aige a dhéanamh. Ar a laghad sé mhí roimh dheireadh na hidirthréimhse, cuirfidh an Comhchoiste ar bun na nósanna imeachta chun an mhír seo a chur i bhfeidhm.

AIRTEAGAL 5

Comhar riaracháin

1. Sa bhreis ar an gcomhar sonrach dá bhforáiltear in Iarscríbhinn 3 a ghabhann leis an bPrótacal seo, tabharfaidh údaráis riaracháin an Aontais, lena n-áirítear na Ballstáit, agus údaráis riaracháin na Ríochta Aontaithe atá freagrach as forálacha na hIarscríbhinne seo a chur chun feidhme, tabharfaidh siad cúnaimh riaracháin frithpháirteach dá chéile chun a áirithiú go gcomhlíonfar na forálacha sin maidir le trádáil earraí idir codanna den chríoch chustaim aonair nó le tríú tíortha.

2. Ar a laghad sé mhí roimh dheireadh na hidirthréimhse, ullmhóidh an Comhchoiste na forálacha iomchuí maidir leis an gcúnamh riaracháin frithpháirteach dá dtagraítear i mír 1, lena n-áirítear maidir le fiacha a aisghabháil.

AIRTEAGAL 6

Leigheasanna sonracha

1. De mhaolú ar Airteagal 170 go hAirteagal 179 den Chomhaontú um Tharraingt Siar, ar Airteagal 6(1) den Phrótacal agus ar Airteagal 2 den Iarscríbhinn seo, i gcás nach gcomhlíonfaidh an Ríocht Aontaithe na hoibleagáidí a leagtar amach in Airteagal 1, in Airteagal 3 agus in Airteagal 4 den Iarscríbhinn seo i leith earraí agus táirgí ó thríú tíortha, féadfaidh an tAontas, i gcás ina measfaidh sé gur gá chun sláine an mhargaidh aonair a chosaint, féadfaidh sé taraifí nó srianta eile a fhorchur ar ghluaiseacht na n-earraí ábhartha isteach i gcríoch chustaim an Aontais nó amach aisti. Ní mheasfar na hearraí sin a bheith faoi raon feidhme na hIarscríbhinne seo, mar a leagtar amach in Airteagal 1(1).
2. I gcás ina gcinnfidh an tAontas, ar bhonn faisnéis oibiachtúil, go bhfuil earráid i gcríoch chustaim na Ríochta Aontaithe i dtaca le hIarscríbhinn 3 a chur chun feidhme, agus go dtagann den earráid sin iarmhairtí i dtéarmaí dleachtanna allmhairiúcháin, iarrfaidh an tAontas ar an gComhchoiste cinneadh ar na bearta is iomchuí a dhéanamh d'fhonn an cás a réiteach.
3. Beidh feidhm ag Cuid a Sé den Chomhaontú um Tharraingt Siar maidir le haon díospóid a bhaineann le cur i bhfeidhm an Airteagail seo.

AIRTEAGAL 1

Cóid Chustaim a chur i bhfeidhm

Gan dochar do na forálacha a leagtar amach in Iarscríbhinn 2, beidh feidhm ag Cóid Chustaim an Aontais agus ag aon bheart nó rialú eile is infheidhme i gcríoch chustaim an Aontais, agus ag Acht Cánach (Trádáil Trasteorann) 2018 na Ríochta Aontaithe agus ag a fhorálacha cur chun feidhme, agus ag aon reachtaíocht ábhartha eile, a bhfuil feidhm acu i gcríoch chustaim na Ríochta Aontaithe, beidh feidhm acu sin maidir le trádáil earraí idir dhá chuid na críche custaim aonair faoi na coinníollacha a leagtar síos sa Phrótocal seo agus san Iarscríbhinn seo.

AIRTEAGAL 2

Foirmiúlachtaí i ndáil le pointe (c) d'Airteagal 1(1) d'Iarscríbhinn 2

1. Maidir le pointe (c) d'Airteagal 1(1) d'Iarscríbhinn 2 a chur chun feidhme, measfar na foirmiúlachtaí allmhairiúcháin a bheith comhlíonta sa chuid onnmhairiúcháin den chríoch chustaim aonair nuair a bheidh bailíochtú déanta ar an doiciméad is gá chun a chruthú go dtagann earra faoi raon feidhme Iarscríbhinn 2, mar a leagtar amach in Airteagal 1(1) den iarscríbhinn sin.

2. An bailíochtú dá dtagraítear i mír 1, is é a thiocfaidh de go dtoibheofar sa chuid onnmhairiúcháin den chríoch chustaim aonair na dleachtanna custaim nó muirir chomhéifeachta is iníoctha ar na hearraí lena mbaineann nó ar na táirgí ó thríú tíortha a úsáideadh lena monarú i gcomhréir le hAirteagal 3 d'Iarscríbhinn 2. Tiocfaidh de, freisin, go gcuirfear i bhfeidhm na bearta beartais tráchtála a thuairiscítear in Airteagal 4 d'Iarscríbhinn 2 agus a bhféadfaidh na hearraí a bheith faoina réir.
3. An tráth a ghlacfaidh na údaráis chustaim inniúla leis an dearbhú onnmhairiúcháin a bhaineann leis na hearraí i dtrácht, measfar gurb é sin an tráth a thoibheofar na dleachtanna custaim nó muirir chomhéifeachta dá dtagraítear i mír 2.
4. Is é an dearbhóir an féichiúnaí. I gcás ionadaíocht indíreach, beidh an duine a ndéanfar an dearbhú custaim thar a cheann ina fhéichiúnaí freisin.

AIRTEAGAL 3

Fianaise dhoiciméadach

Gan dochar d'Airteagal 5, is le fianaise dhoiciméadach arna heisiúint ag na húdaráis chustaim, ar iarratas an onnmhaireora, sna codanna den chríoch chustaim aonair, is leis sin a chruthófar go dtagann earra faoi raon feidhme Iarscríbhinn 2 den Phrótacal seo, mar a leagtar amach in Airteagal 1(1) di.

AIRTEAGAL 4

A. RA. Deimhniú gluaiseachta

1. Is é an deimhniú gluaiseachta A. RA. a bheidh san fhianaise dhoiciméadach dá dtagraítear in Airteagal 3. Déanfaidh an tAontas sampla den deimhniú gluaiseachta A. RA. agus nótaí míniúcháin a tharraingt suas agus cuirfidh sé an Comhchoiste ar an eolas fúthu. Beidh sé éigeantach úsáid a bhaint as an sampla sin.
2. Ní fhéadfar an deimhniú gluaiseachta A. RA. a úsáid ach amháin:
 - (a) i gcás, tar éis a n-onnmhairithe agus sula ndearbhaítear iad le haghaidh allmhairiú, nár athraíodh nó nár claochlaíodh na hearraí ar bhealach ar bith ná nach ndearnadh oibríocht orthu ach amháin chun dea-bhail a choinneáil orthu nó chun marcanna, lipéid, séalaí nó aon doiciméad eile a chur leo nó a ghreamú díobh chun a áirithiú go gcomhlíonfar ceanglais bhaile shonracha na coda allmhairiúcháin den chríoch chustaim aonair;
 - (b) i gcás gur stóráladh nó gur taispeánadh na hearraí i dtríú tír ar choinníoll go leanann na hearraí de bheith faoi mhaoirseacht chustaim sa tríú tír sin.
3. Gan dochar do mhír 2, féadfar coinsíneachtaí a roinnt i dtríú tír más é an t-onnmhaireoir a dhéanann an roinnt nó más faoina chúram a dhéantar an roinnt agus ar choinníoll go leanann na coinsíneachtaí de bheith faoi mhaoirseacht chustaim sa tríú tír sin.

4. Measfar go bhfuil mír 2 comhlíonta ach amháin má tá cúis ag na húdaráis chustaim sa chuid allmhairiúcháin den chríoch chustaim aonair a chreidiúint nach bhfuil. I gcásanna den sórt sin, féadfaidh na húdaráis chustaim iarraidh ar an dearbhóir fianaise ar chomhlíonadh a sholáthar, agus is féidir an fhianaise sin a sholáthar trí mhodh ar bith.
5. Déanfaidh na húdaráis chustaim sa chuid onnmhairiúcháin den chríoch chustaim aonair deimhniú gluaiseachta A. RA. a fhorhhuiniú nuair a onnmhaireofar earraí lena mbaineann sé. Cuirfear an deimhniú ar fáil don onnmhaireoir a luaithe a bheidh an t-onnmhairiú féin déanta nó áirithithe.
6. Ní fhorhhuineofar deimhniú gluaiseachta A. RA. ach amháin i gcás ina bhféadfar é a úsáid mar an fhianaise dhoiciméadach is gá chun a chinneadh go dtagann earra faoi raon feidhme Iarscríbhinn 2, mar a leagtar amach in Airteagal 1(1) di.
7. An t-onnmhaireoir a dhéanann iarratas ar eisiúint an deimhnithe gluaiseachta A. RA., beidh sé ullamh chun gach doiciméad iomchuí lena gcruthaítear stádas na dtáirgí lena mbaineann agus comhlíonadh na gceanglas eile sa Phrótacal agus in Iarscríbhinn 2 den Phrótacal seo a thíolacadh tráth ar bith, arna iarraidh sin ag na húdaráis chustaim sa chuid onnmhairiúcháin den chríoch chustaim aonair ina n-eisítear an deimhniú gluaiseachta A. RA.

8. Déanfaidh na húdaráis chustaim eisiúna gach beart is gá chun stádas na dtáirgí agus comhlíonadh na gceanglas eile sa Phrótacal agus san Iarscríbhinn seo a fhíorú. Chun na críche sin, beidh sé de cheart acu aon fhianaise réasúnach a iarraidh agus aon rialú a mheastar a bheith iomchuí a dhéanamh. Áiritheoidh na húdaráis chustaim eisiúna freisin go bhfuil na deimhnithe comhlánaithe mar is cuí. Go háirithe, seiceálfaidh siad ar comhlánaíodh an spás le haghaidh na tuairisce ar na táirgí sa dóigh nach féidir cur leis go calaoiseach in aon chor.
9. Ní mór deimhniú gluaiseachta A. RA. a tíolacadh do na húdaráis chustaim sa chuid allmhairiúcháin den chríoch chustaim aonair laistigh de cheithre mhí i ndiaidh an dáta a d'eisigh na húdaráis chustaim sa chuid onnmhairiúcháin den chríoch chustaim aonair é.
10. Deimhnithe gluaiseachta A. RA. a tíolacadh do na húdaráis chustaim sa chuid allmhairiúcháin den chríoch chustaim aonair tar éis an dáta deiridh lena dtíolacadh a shonraítear i mír 9, féadfar glacadh leo más de thoradh imthosca eisceachtúla nár tíolacadh na doiciméid sin faoin dáta deiridh a bhí socraithe.
11. I gcásanna eile inar tíolacadh na deimhnithe sin go déanach, féadfaidh na húdaráis chustaim sa chuid allmhairiúcháin den chríoch chustaim aonair glacadh le deimhnithe gluaiseachta A. RA. más rud é gur tíolacadh na hearraí lena mbaineann do na húdaráis sin roimh an dáta deiridh sin.

AIRTEAGAL 5

Deimhnithe gluaiseachta A. UK.. a eisiúint go cúlghabhálach

1. D'ainneoin Airteagal 4(5), féadfar, ar bhonn eisceachtúil, deimhniú gluaiseachta A. UK. a eisiúint tar éis onnmhairiú na n-earraí lena mbaineann sé a chur i gcrích nó a áirithiú, más rud é:
 - (a) nár eisíodh é tráth an onnmhairithe de dheasca earráidí nó easnaimh neamhdheonacha nó dálaí eisceachtúla; nó
 - (b) go léirítear chun sástachta na n-údarás custaim gur eisíodh deimhniú gluaiseachta A. UK. ach nár glacadh leis, ar chúiseanna teicniúla, tráth an allmhairithe.
2. Maidir le mír 1 a chur chun feidhme, ní foláir don onnmhaireoir áit onnmhairithe agus dáta onnmhairithe na n-earraí lena mbaineann an deimhniú gluaiseachta A. UK. a léiriú ina iarratas, agus ní foláir dó na cúiseanna atá lena iarraidh a shonrú.
3. Ní fhéadfaidh na húdaráis custaim deimhniú gluaiseachta A. UK. a eisiúint go cúlghabhálach ach amháin i gcás ina mbeidh na húdaráis custaim sásta go ndearnadh iarratas ar dheimhniú i gcomhréir le forálacha an Airteagail seo.

AIRTEAGAL 6

Deimhnithe gluaiseachta A. UK. a chur isteach

1. Déanfar deimhnithe gluaiseachta a chur faoi bhráid na n-údarás custaim sa chuid allmhairiúcháin den chríoch chustaim aonair i gcomhréir leis na nósanna imeachta a leagtar síos sa chuid sin den chríoch chustaim aonair. Féadfaidh na húdaráis sin aistriúchán ar dheimhniú a éileamh. Féadfaidh siad a éileamh freisin go mbeidh ráiteas ón allmhaireoir ag gabháil leis an dearbhú allmhairiúcháin, ráiteas á rá go bhfuil na hearraí faoi raon feidhme Iarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal seo, mar a leagtar amach é sin in Airteagal 1(1) de.
2. I gcás neamhréitigh bheaga idir na ráitis sna deimhnithe gluaiseachta A. UK. agus na ráitis sa doiciméad a chuirtear faoi bhráid na n-údarás custaim chun críche na foirmiúlachtaí allmhairiúcháin a ghabhann leis na hearraí a chur i gcrích, ní chuirfidh na neamhréitigh bheaga sin, astu féin, na deimhnithe ar neamhní más féidir a shuí go cuí go bhfreagraíonn na deimhnithe do na hearraí atá faoi bhráid.
3. I gcás earráidí foirmiúla ar dheimhnithe gluaiseachta A. UK. ar earráidí de chineál follasach iad amhail earráidí clóscríbhneoireachta, níor cheart earráidí den sórt sin a bheith ina gcúis leis na deimhnithe sin a dhiúltú más rud é gur earráidí iad sin nach dtagann dá dtoradh aon amhras maidir le cirte na ráiteas atá ar na deimhnithe sin.

AIRTEAGAL 7

Deimhnithe gluaiseachta A. UK. a ionadú

Aon uair a chuirtear earraí faoi rialú oifige custaim i gceachtar cuid den chríoch chustaim aonair, beifear in ann ceann amháin nó níos mó de dheimhnithe gluaiseachta A. UK. a chur in ionad an deimhnithe gluaiseachta A. UK. bhunaidh chun críche na hearraí sin go léir nó cuid díobh a sheoladh go háit eile laistigh den chríoch chustaim aonair. Is í an oifig custaim, an oifig ar faoina rialú a chuirtear na táirgí, a eiseoidh gach deimhniú gluaiseachta A. UK. a chuirfear in ionad deimhniú gluaiseachta A. UK. eile.

AIRTEAGAL 8

Comhar riaracháin

1. Údaráis custaim Bhallstáit an Aontais agus na Ríochta Aontaithe, déanfaidh siad, trí bhíthin an Choimisiúin Eorpaigh, clónna samplacha de na stampaí a úsáidtear ina n-oifigí custaim le haghaidh eisiúint deimhnithe gluaiseachta A. UK. a sholáthar dá chéile, maille le seoltaí na n-údarás custaim ar a bhfuil an fhreagracht maidir le fíorú na ndeimhnithe sin.
2. Chun a áirithiú go gcuirfear an Prótacal seo i bhfeidhm ar an gcaoi cheart, tabharfaidh an tAontas agus an Ríocht Aontaithe cúnaimh dá chéile, trí bhíthin na n-údarás custaim inniúil, i dtaca le barántúlacht deimhnithe gluaiseachta A. UK. agus cirte na faisnéise ar na deimhnithe sin a sheiceáil.

AIRTEAGAL 9

Deimhnithe gluaiseachta A. UK. a fhíorú

1. Athfhíoruithe a dhéanfar ar dheimhnithe gluaiseachta A. UK., déanfar iad ar bhonn randamach nó aon uair a bheidh amhras réasúnach ar údaráis custaim na coda onnmhairiúcháin den chríoch chustaim aonair faoi bharántúlacht na ndeimhnithe, faoi stádas na dtáirgí lena mbaineann nó faoi chomhlíonadh na gceanglas eile de chuid an Phrótacail agus na nIarscríbhinní a ghabhann leis, ar an gcoinníoll go n-iarrtar an t-athfhíorú sin tráth nach déanaí ná 3 bliana tar éis an t-údarás custaim sa chuid onnmhairiúcháin den chríoch chustaim aonair an deimhniú gluaiseachta A. UK. a eisiúint.
2. Chun críocha forálacha mhír 1 a chur chun feidhme, déanfaidh na húdaráis custaim sa chuid allmhairiúcháin den chríoch chustaim aonair an deimhniú gluaiseachta A. UK. a sheoladh chuig na húdaráis custaim sa chuid onnmhairiúcháin den chríoch chustaim aonair, maille leis an sonrasc, i gcás gur tíolacadh é sin, nó cóip de na doiciméid sin, maille le cur síos, i gcás inarb iomchuí, ar na cúiseanna atá leis an bhfíorú a iarraidh. Aon doiciméad nó aon fhaisnéis a gheobhfar ar doiciméad nó faisnéis é nó í as a bhféadfaí a bhaint de thuiscint gur faisnéis mhícheart an fhaisnéis ar an deimhniú gluaiseachta A. UK., déanfar é nó í a sheoladh ar aghaidh mar thaca leis an iarratas ar fhíorú.
3. Is iad na húdaráis custaim sa chuid onnmhairiúcháin den chríoch chustaim aonair a dhéanfaidh an fíorú. Chun na críche sin, beidh sé de cheart acu aon fhianaise réasúnach a iarraidh agus seiceáil de chineál ar bith a dhéanamh ar chuntais an onnmhaireora nó aon chineál eile seiceála a dhéanamh a mheastar a bheith iomchuí.

4. Má chinneann na húdaráis custaim sa chuid allmhairiúcháin den chríoch chustaim aonair, i dtaca leis na táirgí lena mbaineann, an ionramháil dá bhforáiltear in Iarscríbhinn 2 a dhiúltú fad atáthar ag feitheamh leis an bhfíorú, tairgfear don allmhaireoir na táirgí a scaoileadh chuige faoi réir aon bheart réamhchúraim a mheastar a bheith riachtanach.
5. Cuirfear torthaí an fhíoraithe sin in iúl do na húdaráis custaim a d'iarr é, laistigh d'uastréimhse 10 mí. Ní mór a léiriú go soiléir sna torthaí sin cé acu atá na doiciméid barántúil nó nach bhfuil agus cé acu a chuimsítear nó nach gcuimsítear na táirgí lena mbaineann faoi raon feidhme Iarscríbhinn 2 den Phrótacal seo, mar a leagtar amach é sin in Airteagal 1(1) de, agus cé acu atá nó nach bhfuil siad i gcomhréir le ceanglais eile an Phrótacail agus na nIarscríbhinní a ghabhann leis.
6. Más rud é, i gcásanna ina mbeidh amhras réasúnach, nach dtugtar aon fhreagra laistigh de 10 mí nó más rud é nach dtugtar leorfhaisnéis sa fhreagra chun barántúlacht an doiciméid atá i gceist nó fíorstádas an táirge a chinneadh, déanfaidh na húdaráis custaim a d'iarr an fíorú, ach amháin i ndálaí eisceachtúla, an ionramháil dá bhforáiltear sa Phrótacal agus sna nIarscríbhinní a ghabhann leis a dhiúltú.

AIRTEAGAL 10

Díospóidí i dtaca leis an nós imeachta fíorúcháin

1. I gcásanna ina n-éireoidh díospóidí i dtaca leis na nósanna imeachta in Airteagal 9, ar díospóidí iad nach féidir a shocrú idir na húdaráis custaim a d'iarr fíorú agus na húdaráis custaim a bhí freagrach as an bhfíorú sin a chur i gcrích, nó i gcás ina n-ardóidh siad ceist i dtaobh léirmhíniú na nIarscríbhinní seo, cuirfear na díospóidí sin faoi bhráid an Chomhchoiste.

2. Arna iarraidh sin don Aontas nó don Ríocht Aontaithe, déanfar comhairliúcháin ag an gComhchoiste laistigh de thréimhse 90 lá ó dháta an chur faoi bhráid dá dtagraítear i mír 1, d'fhonn na difríochtaí sin a réiteach. Féadfar síneadh a chur leis an tréimhse le haghaidh comhairliúcháin, ar bhonn cás ar chás agus le comhaontú frithpháirteach i scríbhinn. Tar éis na tréimhse sin, féadfaidh údaráis custaim na coda allmhairiúcháin den chríoch chustaim aonair a gcinneadh a dhéanamh faoi stádas na n-earraí lena mbaineann.
3. I ngach cás, i dtaca le díospóidí idir an t-allmhaireoir agus údaráis custaim na tíre allmhairiúcháin, is faoi reachtaíocht na tíre sin a luaitear a shocrófar na díospóidí sin.

AIRTEAGAL 11

Pionóis

Déanfar pionóis a fhorchur ar aon duine a tharraingeoidh suas, nó a chuirfidh á tharraingt suas, doiciméad ina mbeidh faisnéis mhícheart chun críche an ionramháil dá bhforáiltear sa Phrótacal agus in Iarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal sin a fháil. Beidh na pionóis sin éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach.

AIRTEAGAL 12

Forálacha maidir leis na hearraí a thugann taistealaithe leo

I dtaca le hearraí a thugann taistealaithe leo as cuid amháin den chríoch chustaim aonair chuig an gcuid eile den chríoch chustaim aonair, agus ar an gcoinníoll nach le haghaidh úsáid thráchtála na hearraí sin, gheobhaidh na hearraí sin an ionramháil dá bhforáiltear in Iarscríbhinn 2 fiú agus gan iad a bheith ina n-ábhar don deimhniú dá bhforáiltear in Airteagal 3 go hAirteagal 11 nuair a dhearbhaítear do na húdaráis custaim gur earraí iad a chuimsítear faoi raon feidhme Iarscríbhinn 2 mar a leagtar amach é sin in Airteagal 1(1), agus nuair nach mbeidh aon amhras faoi bheichte an dearbhaithe sin.

Pléifidh an Comhchoiste cur chun feidhme an Airteagail seo go tráthrialta, agus i gcás inarb iomchuí, glacfaidh sé na bearta is gá chun é a chur i bhfeidhm go cuí.

AIRTEAGAL 13

Coinsíneachtaí poist

Gheobhaidh coinsíneachtaí poist (lena n-áirítear pacáistí poist) an ionramháil dá bhforáiltear in Iarscríbhinn 2 fiú agus gan iad a bheith ina n-ábhar don deimhniú dá bhforáiltear in Airteagal 3 go hAirteagal 11, ar an gcoinníoll nach mbeidh aon tásca ar an bpacáistíocht, ná ar na doiciméid a ghabhann leis na hearraí, lena léireofar nach gcuimsítear na hearraí sin faoi raon feidhme Iarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal seo, mar a leagtar amach é sin in Airteagal 1(1) de. Is éard a bheidh sa tásca sin lipéad arna ghreamú, i ngach cás den chineál seo, ag na húdaráis inniúla sa chuid onnmhairiúcháin den chríoch chustaim aonair.

Déanfaidh an tAontas an sampla a tharraingt suas le haghaidh an lipéid dá dtagraítear sa chéad fhomhír agus cuirfidh sé an Comhchoiste ar an eolas faoi. Beidh sé éigeantach úsáid a bhaint as an lipéad a bheidh de réir an tsampla sin.

Pléifidh an Comhchoiste cur chun feidhme an Airteagail seo go tráthrialta, agus i gcás inarb iomchuí, glacfaidh sé na bearta is gá chun é a chur i bhfeidhm go cuí.

CUID A hAON

CÁNACHAS

AIRTEAGAL 1

Cánachas

1. Aithníonn an tAontas agus an Ríocht Aontaithe prionsabail an dea-rialachais i réimse an chánachais, lena n-áirítear na caighdeáin dhomhanda i dtaca le trédhearcacht agus malartú faisnéise, an cánachas cothrom, agus caighdeáin OECD i gcoinne Chreimeadh an Bhoinn agus Idiraistriú Brabúis (BEPS), agus tiomnaíonn siad iad féin dá gcur chun feidhme. Cuirfidh an tAontas agus an Ríocht Aontaithe an dea-rialachas chun cinn i ngnóthaí cánach, feabhsóidh siad an comhar idirnáisiúnta sa réimse cánach agus éascóidh siad gach a mbaineann le bailiú ioncaim cánach.
2. I gcomhthéacs thiomantas an Aontais agus na Ríochta Aontaithe a leagtar amach i mír 1, leanfaidh an Ríocht Aontaithe uirthi ag cur i bhfeidhm na bhforálacha sin dá dlí baile lena dtrasuitear na forálacha seo a leanas de dhlí an Aontais, de réir mar is infheidhme ag deireadh na hidirthréimhse:
 - (a) Treoir 2011/16/AE ón gComhairle an 15 Feabhra 2011 maidir le comhar riaracháin i réimse na cánach agus lena n-aisghairtear Treoir 77/799/CEE;

- (b) Treoir (AE) 2016/1164 ón gComhairle an 12 Iúil 2016 lena leagtar síos rialacha i gcoinne cleachtais seachanta cánach a mbíonn tionchar díreach acu ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh; agus
- (c) Airteagal 89 de Threoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le rochtain ar ghníomhaíocht institiúidí creidmheasa agus maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa agus ar ghnólachtaí infheistíochta, lena leasaítear Treoir 2002/87/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2006/48/CE agus Treoir 2006/49/CE.
3. Ag tabhairt airde dóibh ar an treo a leagadh amach i bPlean Gníomhaíochta G20-OECD BEPS, athdhearbhaíonn an tAontas agus an Ríocht Aontaithe a dtiomantas i ndáil le srian a chur ar bhearta cánach díobhálacha.
- Sa chomhthéacs sin, athdhearbhaíonn an Ríocht Aontaithe a tiomantas don Chód Iompair maidir le cánachas gnó a leagadh amach i gconclúidí Chomhairle na nAirí an 1 Nollaig 1997, mar a léirítear sa sainordú agus sna critéir a bunaíodh leis na conclúidí sin, maille leis an treoir a bhaineann leis an gCód Iompair, de réir mar is infheidhme ag deireadh na hidirthréimhse.
4. Féadfaidh an Comhchoiste na bearta atá riachtanach le haghaidh chur chun feidhme mhír 2 a chinneadh agus pléifidh sé gach ábhar a bhaineann le cur chun feidhme mhír 3.
5. Ní bheidh Airteagal 170 go hAirteagal 181 den Chomhaontú um Tharraingt Siar infheidhme i ndáil le díospóidí faoi léirmhíniú agus cur i bhfeidhm mhír 1, mhír 3 agus mhír 4 den Airteagal seo.

CUID A DÓ

COSAINT AN CHOMHSHAOIL

AIRTEAGAL 2

Neamh-chúlchéimniú ar leibhéal cosanta an chomhshaoil

1. D'fhonn feidhmiú cuí na críche custaim aonair a áirithiú, áiritheoidh an tAontas agus an Ríocht Aontaithe nach laghdófar leibhéal cosanta an chomhshaoil dá bhforáiltear sa dlí, i rialacháin ná i gcleachtais faoi bhun an leibhéil dá bhforáiltear sna comhchaighdeáin is infheidhme laistigh den Aontas agus den Ríocht Aontaithe ag deireadh na hidirthréimhse maidir leis na nithe seo a leanas: rochtain ar fhaisnéis chomhshaoil, rannpháirtíocht an phobail agus rochtain ar cheartas maidir le hábhair chomhshaoil; measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaoil agus measúnú straitéiseach ar an gcomhshaoil; astaíochtaí tionsclaíocha; astaíochtaí aeir agus spriocanna agus uasteorainneacha aercháilíochta; caomhnú an dúlra agus na bithéagsúlachta; bainistiú dramhaíola; cosaint agus caomhnú an chomhshaoil uiscigh; cosaint agus caomhnú an chomhshaoil mhuirí; cosaint, laghdú agus díothú rioscaí do shláinte daoine nó don chomhshaoil de dheasca substaintí ceimiceacha a tháirgeadh, a úsáid, a scaoileadh agus a dhiúscairt; agus an t-athrú aeráide.

2. I gcomhréir lena gcomhphrionsabail ag deireadh na hidirthréimhse agus lena dtiomantas d'Fhorógra Rio 1992 maidir leis an gComhshaol agus Forbairt, cloífidh an tAontas agus an Ríocht Aontaithe, agus éifeacht á tabhairt do na hoibleagáidí atá leagtha amach san Airteagal seo, leis na prionsabail a leanas ina reachtaíocht chomhshaoil féin faoi seach:
 - (a) prionsabal an réamhchúraim;
 - (b) an prionsabal gur cheart bearta coisctheacha a dhéanamh;
 - (c) an prionsabal gur cheart tosaíocht a thabhairt do bhearta chun damáiste don chomhshaol a leigheas ag an bhfoinse; agus
 - (d) an prionsabal gurb é údar an truaillithe a íocfaidh as.

3. Ag féachaint do na comhchaighdeáin dá dtagraítear i mír 1, glacfaidh an Comhchoiste cinntí lena leagfar síos na gealltanais íosta maidir leis an méid a leanas:
 - (a) astaíochtaí náisiúnta de thruailleáin atmaisféaracha áirithe a laghdú;
 - (b) an t-uasmhéid sulfair i mbreoslaí muirí ar ceadmhach iad a úsáid sna farraigí críche, i limistéir eacnamaíocha eisiacha, lena n-áirítear i Limistéar Rialála Astaíochtaí SO_x (SO_x-ECA) arna n-ainmniú i limistéar na Mara Thuaidh agus i limistéar Mhuir Bhailt, agus i gcalafoirt Bhallstáit an Aontais agus na Ríochta Aontaithe; agus

- (c) na teicnící is fearr dá bhfuil ar fáil, lena n-áirítear teorainnluachanna astaíochtaí, maidir le hastaíochtaí tionsclaíocha.

Beidh feidhm ag na cinntí sin ó dheireadh na hidirthréimhse.

4. Glacfaidh an tAontas agus an Ríocht Aontaithe na bearta is gá chun a gcuid gealltanais faoi seach i leith comhaontuithe idirnáisiúnta a chomhlíonadh chun dul i ngleic leis an athrú ar an aeráid, lena n-áirítear na comhaontuithe sin trína ndéantar Creat-Choinbhinsiúin na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide a chur chun feidhme, amhail Comhaontú Pháras 2015.
5. Cuirfidh an Ríocht Aontaithe córas praghsála carbóin chun feidhme lena mbainfidh an éifeachtacht agus an raon feidhme céanna dá bhforáiltear i dTreoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2003 lena mbunaítear scéim i ndáil le trádáil lamháilte astaíochtaí gás ceaptha teasa laistigh den Chomhphobal.
6. Athdhearbhaíonn an tAontas agus an Ríocht Aontaithe a dtiomantas na comhaontuithe comhshaoil iltaobhacha ina bhfuil siad páirteach a chur chun feidhme go héifeachtach ina gcuid dlíthe, rialachán agus cleachtas.
7. Ní bheidh feidhm ag Airteagal 170 go hAirteagal 181 den Chomhaontú um Tharraingt Siar i ndáil le díospóidí maidir le léirmhíniú agus cur i bhfeidhm an Airteagail seo.

AIRTEAGAL 3

Faireachán agus forfheidhmiú maidir le cosaint an chomhshaoil

1. Agus í á thabhairt dá haire gurb é an Coimisiún agus Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, agus iad ag gníomhú faoi na Conarthaí, a áirithíonn laistigh den Aontas go ndéantar dlí an Aontais ina léirítear na comhchaighdeáin dá dtagraítear in Airteagal 2(1) a chur i bhfeidhm go héifeachtach, áiritheoidh an Ríocht Aontaithe go ndéanfar Airteagal 2 agus a cuid dlíthe, rialachán agus cleachtas féin ina léirítear na comhchaighdeáin sin a fhorfheidhmiú go héifeachtach, gan dochar d'Airteagal 2(7).

Áiritheoidh an Ríocht Aontaithe go mbeidh imeachtaí riaracháin agus breithiúnacha ar fáil ionas gur féidir leis na húdaráis phoiblí agus daoine ón bpobal beart éifeachtach agus tráthúil a dhéanamh i gcoinne sárúithe ar a cuid dlíthe, rialachán agus cleachtas, agus foráil a dhéanamh maidir le leighis éifeachtacha, bearta eatramhacha san áireamh, lena n-áiríteofar go mbeidh aon smachtbhanna éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach agus go mbeidh fíor-éifeacht dhíspreagthach bainteach leis.

2. Cuirfidh an Ríocht Aontaithe córas trédhearcach chun feidhme ionas gur féidir le comhlacht nó comhlachtaí (“an comhlacht neamhspleách”) ar leor a chuid nó a gcuid acmhainní faireachán, tuairisciú, maoirseacht agus forfheidhmiú éifeachtach baile a dhéanamh i leith oibleagáidí na Ríochta Aontaithe de bhun an Airteagail seo agus Airteagal 2.

Beidh cumhachtaí ag an gcomhlacht neamhspleách fiosrúcháin a dhéanamh ar a thionscnamh féin maidir le sáruithe atá líomhnaithe i leith comhlachtaí poiblí agus údaráis na Ríochta Aontaithe, agus chun glacadh le gearáin chun críocha fiosrúcháin den sórt sin a dhéanamh. Beidh gach aon chumhacht is gá aige chun a chuid feidhmeanna a chur i gcrích, lena n-áirítear an chumhacht faisnéis a iarraidh. Beidh an ceart ag an gcomhlacht neamhspleách freisin caingean dlí a thabhairt os comhair cúirt nó binse inniúil sa Ríocht Aontaithe i nós imeachta breithiúnach iomchuí d'fhonn leigheas oiriúnach a lorg.

CUID A TRÍ

CAIGHDEÁIN SAOTHAIR AGUS SHÓISIALTA

AIRTEAGAL 4

Neamh-chúlchéimniú ar chaighdeáin saothair agus shóisialta

1. D'fhonn feidhmiú cuí na críche custaim aonair a áirithiú, áiritheoidh an tAontas agus an Ríocht Aontaithe nach laghdófar leibhéal na cosanta dá bhforáiltear sa dlí, i rialacháin ná i gcleachtais faoi bhun an leibhéil dá bhforáiltear sna comhchaighdeáin is infheidhme laistigh den Aontas agus den Ríocht Aontaithe ag deireadh na hidirthréimhse i réimse na cosanta saothair agus sóisialta agus i ndáil le cearta bunúsacha ag an obair, sláinte agus sábháilteacht cheirde, dálaí córa oibre agus caighdeáin chóra fostaíochta, cearta córa faisnéise agus comhairliúcháin ar leibhéal cuideachta, agus i ndáil le hathstruchtúráil.

2. Ní bheidh feidhm ag Airteagal 170 go hAirteagal 181 den Chomhaontú um Tharraingt Siar i ndáil le díospóidí maidir le léirmhíniú agus cur i bhfeidhm an Airteagail seo.

AIRTEAGAL 5

Caighdeáin agus comhaontuithe iltaobhacha saothair agus sóisialta

1. Ag cur san áireamh thábhacht an chomhair idirnáisiúnta agus comhaontuithe idirnáisiúnta maidir le gnóthaí saothair agus na n-ardleibhéal cosanta saothair agus sóisialta mar aon leis an gcosaint éifeachtach ina leith, déanfaidh an tAontas agus an Ríocht Aontaithe an comhphlé sóisialta maidir le hábhair saothair i measc oibrithe agus fostóirí, a n-eagraíochtaí faoi seach, agus rialtas a chosaint agus a chur chun cinn.
2. Athdhearbhaíonn an tAontas agus an Ríocht Aontaithe a dtiomantas chun Coinbhinsiúin na hEagraíochta Saothair Idirnáisiúnta, mar aon le forálacha Chairt Shóisialta Eorpach Chomhairle na hEorpa, a chur chun feidhme go héifeachtach ina gcuid dlíthe, rialachán agus cleachtas de réir mar atá daingnithe agus glactha ag an Ríocht Aontaithe agus ag Ballstáit an Aontais faoi seach.
3. Malartóidh an tAontas agus an Ríocht Aontaithe faisnéis maidir le staid agus dul chun cinn faoi seach na mBallstát agus na Ríochta Aontaithe i ndáil le daingniú Choinbhinsiúin sin na hEagraíochta Saothair Idirnáisiúnta atá cothrom le dáta de réir aicmiú na hEagraíochta Saothair idirnáisiúnta, agus i ndáil le daingniú na Cairte Sóisialta Eorpaí agus na bPrótacal gaolmhar arna leasú.

4. Ní bheidh feidhm ag Airteagal 170 go hAirteagal 181 den Chomhaontú um Tharraingt Siar i ndáil le díospóidí maidir le léirmhíniú agus cur i bhfeidhm an Airteagail seo.

AIRTEAGAL 6

Faireachán ar na caighdeáin saothair agus shóisialta agus forfheidhmiú na gcaighdeán sin

Agus í ag tabhairt dá haire gurb é an Coimisiún agus Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, agus iad ag gníomhú faoi na Conarthaí, a áirithíonn laistigh den Aontas go ndéantar dlí an Aontais, ina léirítear na comhchaighdeáin dá dtagraítear in Airteagal 4(1), a chur i bhfeidhm go héifeachtach, áiritheoidh an Ríocht Aontaithe go ndéanfar Airteagal 4 agus a cuid dlíthe, rialachán agus cleachtas féin ina léirítear na comhchaighdeáin sin a fhorfheidhmiú go héifeachtach i gcríoch iomlán na Ríochta Aontaithe, gan dochar d' Airteagal 4(2).

Déanfaidh an Ríocht Aontaithe cothabháil ar chóras éifeachtach cigireachtaí saothair, áiritheoidh sí go mbeidh imeachtaí riaracháin agus breithiúnacha ar fáil ionas gur féidir beart éifeachtach a dhéanamh i gcoinne sáruithe ar a cuid dlíthe, rialachán agus cleachtas, agus foráil a dhéanamh maidir le leighis éifeachtacha, lena n-áiríteofar go mbeidh aon smachtbhanna éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach agus go mbeidh fíor-éifeacht dhíspreagthach bainteach leis.

CUID A CEATHAIR

STÁTCHABHAIR

AIRTEAGAL 7

Státchabhair

1. D'fhonn creat stóinsithe agus cuimsitheach um rialú ar státchabhair a chaomhnú ina gcuirfear bac ar shaobhadh míchuí ar thrádáil agus ar iomaíocht, beidh feidhm maidir leis an Ríocht Aontaithe ag na forálacha sin i ndlí an Aontais i ndáil le státchabhair atá liostaithe in Iarscríbhinn 8 a ghabhann leis an bPrótacal seo, i ndáil le bearta a imríonn tionchar ar thrádáil idir chodanna na críche custaim aonair atá faoi réir ag Iarscríbhinn 2. I ndáil leis na bearta sin de chuid údaráis na Ríochta Aontaithe, léifear tagairtí don Choimisiún Eorpach sna forálacha sin i ndlí an Aontais mar thagairtí don údarás neamhspleách dá dtagraítear in Airteagal 9.
2. D'ainneoin mhír 1, ní bheidh feidhm ag forálacha i ndlí an Aontais dá dtagraítear sa mhír sin maidir le bearta sin údaráis na Ríochta Aontaithe lena dtugtar tacaíocht do tháirgeadh agus trádáil táirgí talmhaíochta i gcríoch chustaim na Ríochta Aontaithe go dtí uasleibhéal bliantúil foriomlán arna chinneadh, agus ar choinníoll go bhfuil céatadán íosta arna chinneadh den tacaíocht dhíolmhaithe sin i gcomhréir le forálacha Iarscríbhinn 2 a ghabhann le Comhaontú na hEagraíochta Domhanda Trádála ar Thalmhaíocht. Is é an Comhchoiste a dhéanfaidh cinneadh an uasleibhéil bhliantúil fhoriomláin tacaíochta atá díolmhaithe agus an chéatadán íosta a shocrú agus rialófar an cinneadh sin leis na nósanna imeachta a leagtar amach in Airteagal 8.

3. Tá an tAirteagal seo gan dochar d'Airteagal 12 den Phrótacal agus d'Airteagal 14(4) agus (5) den Phrótacal i ndáil le hAirteagal 12 den Phrótacal.

AIRTEAGAL 8

Nósanna imeachta dá dtagraítear in Airteagal 7(2)

Cinnfidh an Comhchoiste uasleibhéal bliantúil foriomlán tosaigh díolmhaithe na tacaíochta agus an céatadán íosta tosaigh dá dtagraítear in Airteagal 7(2), ag cur an fhaisnéis is déanaí dá bhfuil ar fáil san áireamh. Cuirfidh dearadh na scéime tacaíochta talmhaíochta a bheidh ag an Ríocht Aontaithe amach anseo agus meánmhéid bliantúil mhéid iomlán an chaiteachais arna thabú i gcríoch chustaim na Ríochta Aontaithe faoin gComhbheartas Talmhaíochta faoi CAI 2014-2020 le huasleibhéal bliantúil díolmhaithe tosaigh foriomlán na tacaíochta. Cinnfear an t-íoschéatadán tosaigh i bhfianaise dhearadh scéim tacaíochta talmhaíochta na Ríochta Aontaithe agus an chéatadán a raibh an caiteachas foriomlán faoin gComhbheartas Talmhaíochta san Aontas ag comhlíonadh fhorálacha Iarscríbhinn 2 de Chomhaontú na hEagraíochta Domhanda Trádála ar Thalmhaíocht de réir mar a fógraíodh don tréimhse lena mbaineann.

Déanfaidh an Comhchoiste an leibhéal tacaíochta agus an céatadán dá dtagraítear sa chéad fhomhír agus a cinneadh i bhfianaise dhearadh scéim tacaíochta talmhaíochta na Ríochta Aontaithe a choigeartú de réir aon éagsúlachta i méid foriomlán na tacaíochta a bheidh ar fáil faoin gComhbheartas Talmhaíochta san Aontas i ngach Creat Airgeadais Ibhliantúil ar leith amach anseo.

Má mhainníonn an Comhchoiste leibhéal tosaigh na tacaíochta agus an céatadán a chinneadh i gcomhréir leis an gcéad fhomhír, nó má mhainníonn sé an leibhéal tacaíochta agus an céatadán a choigeartú i gcomhréir leis an dara fhomhír, faoi dheireadh na hidirthréimhse nó laistigh d'aon bhliain amháin tar éis theacht i bhfeidhm creata airgeadais ilbhliantúil amach anseo, de réir mar a bheidh, cuirfear cur i bhfeidhm Airteagal 7(2) ar fionraí go dtí go mbeidh an leibhéal tacaíochta agus an céatadán cinntithe nó coigeartaithe ag an gComhchoiste.

AIRTEAGAL 9

An t-údarás neamhspleách

1. Bunóidh nó cothabhálfaidh an Ríocht Aontaithe údarás a bheidh neamhspleách ó thaobh oibríochta de (“an t-údarás neamhspleách”). Beidh ag an údarás neamhspleách na ráthaíochtaí is gá le go mbeidh sé neamhspleách ar thionchar polaitiúil nó ar thionchar seachtrach eile agus a chuid dualgas agus a chuid cumhachtaí á bhfeidhmiú aige agus gníomhóidh sé go neamhchlaonta.
2. I ndáil le bearta údaráis na Ríochta Aontaithe atá faoi réir ag Airteagal 7(1), beidh ag an údarás neamhspleách cumhachtaí agus feidhmeanna atá coibhéiseach le cumhachtaí agus feidhmeanna an Choimisiúin Eorpaigh agus é ag gníomhú faoi na forálacha sin i ndlí an Aontais i ndáil le státchabhair atá liostaithe in Iarscríbhinn 8 a ghabhann leis an bPrótacal seo. Beidh na hacmhainní is gá ag an údarás neamhspleách le go bhféadfaidh sé na forálacha sin i ndlí an Aontais i ndáil le státchabhair atá liostaithe in Iarscríbhinn 8 a ghabhann leis an bPrótacal seo a chur i bhfeidhm ina n-iomláine agus a fhorfheidhmiú go héifeachtach i gcomhréir le hAirteagal 7(1). Áirítear leis na hacmhainní sin acmhainní daonna, teicniúla agus airgeadais, áitribh agus bonneagar.

3. Beidh na héifeachtaí dlíthiúla céanna ag cinntí ón údarás neamhspleách i ndáil leis an Ríocht Aontaithe agus sa Ríocht Aontaithe agus a bheidh ag cinntí inchomparáide ón gCoimisiún Eorpach san Aontas agus sna Ballstáit agus é ag gníomhú faoi na forálacha sin i ndlí an Aontais i ndáil le státchabhair atá liostaithe in Iarscríbhinn 8 a ghabhann leis an bPrótacal seo.

AIRTEAGAL 10

Comhar

1. D'fhonn faireachas comhsheasmhach i réimse na státchabhrach a áirithiú ar fud na críche custaim aonair, rachaidh an Coimisiún Eorpach agus an t-údarás neamhspleách i gcomhar le chéile.
2. Déanfaidh an Coimisiún Eorpach agus an t-údarás neamhspleách an méid seo a leanas:
 - (a) faisnéis agus dearthaí a mhalartú faoi chur chun feidhme, cur i bhfeidhm agus léirmhíniú ar na forálacha de dhlí an Aontais maidir le státchabhair atá liostaithe in Iarscríbhinn 8, agus
 - (b) faisnéis a sholáthar, ar bhonn cás ar chás, agus dearthaí a mhalartú faoi chásanna státchabhrach a dhéanann difear don trádáil sin, idir codanna éagsúla na críche custaim aonair, atá faoi réir Iarscríbhinn 2. Malartóidh an Coimisiún Eorpach agus an t-údarás neamhspleách an fhaisnéis sin, agus na srianta a leanann rúndacht ghairmiúil agus gnó á gcur san áireamh acu.

3. Má thograíonn an t-údarás neamhspleách tús a chur leis an nós imeachta dá dtagraítear sa chéad agus sa dara fomhír d'Airteagal 108(2) CFAE i ndáil le bearta de chuid údaráis na Ríochta Aontaithe atá faoi réir Airteagal 7(1), cuirfidh an t-údarás neamhspleách an cinneadh sin in iúl don Choimisiún Eorpach agus tabharfaidh sé deis dó a chuid barúlacha a chur isteach i gcomhréir leis na teorainneacha ama is infheidhme i Rialachán (AE) 2015/1589.
4. Rachaidh an t-údarás neamhspleách i gcomhairle leis an gCoimisiún Eorpach i dtaobh gach dréacht-chinnidh atá sé beartaithe aige a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 7(1) agus le hAirteagal 9. Beidh suas le trí mhí ag an gCoimisiún Eorpach a thuairim a chur in iúl, agus tabharfaidh an t-údarás neamhspleách lánaird ar an tuairim sin sula nglacfaidh sé an cinneadh. I gcásanna práinne, féadfaidh an t-údarás neamhspleách iarraidh ar an gCoimisiún a thuairim a chur in iúl a luaithe is féidir.

I gcás ina measfaidh an Coimisiún Eorpach, le linn na tréimhse dá dtagraítear sa chéad fhomhír, go bhfuil gá aige le breis faisnéise sula bhféadfaidh sé teacht ar thuairim, féadfaidh sé faisnéis bhreise a iarraidh ar an údarás neamhspleách. Cuirfear an tréimhse sin ar fionraí amhail ó dháta na chéad iarrata ón gCoimisiún Eorpach, agus tosóidh sí as an nua amhail ón dáta a gheofar freagra an údaráis neamhspleách.

Ní ghlacfaidh an t-údarás neamhspleách an dréachtchinneadh go dtí go mbeidh a thuairim curtha in iúl ag an gCoimisiún Eorpach i gcomhréir leis an gcéad fhomhír.

AIRTEAGAL 11

Cúirteanna agus binsí na Ríochta Aontaithe

1. Ag tabhairt dá haire di go bhfuil dlínse ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh faoi na Conarthaí i ndáil le gníomhartha de chuid an Choimisiúin Eorpaigh i réimse na státchabhrach, i ndáil le bearta de chuid na Ríochta Aontaithe atá faoi réir Airteagal 7(1), áiritheoidh an Ríocht Aontaithe go bhfuil cúirteanna nó binsí sa Ríocht Aontaithe inniúil:
 - (a) athbhreithniú agus forfheidhmiú a dhéanamh i leith a mhéid atá údaráis na Ríochta Aontaithe ag comhlíonadh na hoibleagáide faoi Airteagal 108(3) CFAE fógra a thabhairt agus gan beart atá beartaithe a chur i bhfeidhm go dtí go bhfuil sé údaraithe ag an údarás neamhspleách;
 - (b) athbhreithniú a dhéanamh ar a mhéid atá na cinntí atá déanta ag an údarás neamhspleách i gcomhréir leis na forálacha de dhlí an Aontais maidir le státchabhair atá liostaithe in Iarscríbhinn 8;
 - (c) athbhreithniú agus forfheidhmiú a dhéanamh i leith a mhéid atá cinneadh atá déanta ag an údarás neamhspleách á gcomhlíonadh ag údaráis na Ríochta Aontaithe, agus pionóis a fhorchur i gcás neamhchomhlíonadh;
 - (d) cinneadh ar bhearta i gcás ina mainneoidh an t-údarás neamhspleách gníomhú, agus ordú a thabhairt don údarás neamhspleách gníomhú; agus
 - (e) cinneadh ar bhearta i leith damáistí príobháideacha agus na damáistí sin a dhámhachtain.

2. Beidh sé de sheasamh dlí ag an gCoimisiún Eorpach agus ag páirtithe leasmhara os comhair na gcúirteanna nó na mbinsí sa Ríocht Aontaithe cás dá leithéid a thabhairt.

Beidh le “páirtithe leasmhara” sa chéad fhomhír an bhrí chéanna atá leis faoi na forálacha de dhlí an Aontais maidir le státchabhair atá liostaithe in Iarscríbhinn 8.

3. Beidh sé de cheart ag an gCoimisiún Eorpach idirghabháil a dhéanamh i gcásanna dá dtagraítear i mír 1 a thugann an t-údarás neamhspleách nó aon pháirtí leasmhar os comhair cúirteanna nó binsí sa Ríocht Aontaithe.

AIRTEAGAL 12

Trédhearcacht

Gan dochar do na forálacha de dhlí an Aontais maidir le státchabhair atá liostaithe in Iarscríbhinn 8, coinneoidh an Ríocht Aontaithe córas trédhearcachta ar bun i leith cabhair arna deonú do dheontais státchabhrach is mó ná EUR 500 000.

AIRTEAGAL 13

Comhairliúcháin

1. Má mheasann an tAontas go bhféadfadh cur i bhfeidhm nó cur chun feidhme Airteagal 7 agus Airteagal 9 go hAirteagal 12 ag an Ríocht Aontaithe mórdhochar a dhéanamh do dhálaí comhionanna iomaíochta idir codanna na críche aonair custaim, féadfaidh sé comhairliúchán a iarraidh ar an gComhchoiste d'fhonn teacht ar chomhréiteach.
2. Is ar bhonn iarraidh scríofa a dhéanfar an comhairliúchán, agus míniú inti ar na cúiseanna ar iarr an tAontas an comhairliúchán. Tionólfar cruinniú den Chomhchoiste laistigh de 30 lá ón iarraidh.
3. Mura dtagtar ar chomhréiteach sa Chomhchoiste laistigh de 30 lá ón gcruinniú den Chomhchoiste dá dtagraítear i mír 2, féadfaidh an tAontas bearta eatramhacha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 14.

AIRTEAGAL 14

Bearta eatramhacha

1. Beidh an tAontas i dteideal, tar éis fógra a thabhairt dó don Ríocht Aontaithe, bearta leighis a dhéanamh:
 - (a) i gcomhréir le hAirteagal 13(3); nó
 - (b) i gcás ina measfaidh an tAontas nár chomhlíon an Ríocht Aontaithe a cuid oibleagáid faoi Airteagal 7 agus faoi Airteagal 9 go hAirteagal 12 agus go bhfuil tús curtha ag an Aontas le comhairliúchán leis an gComhchoiste i gcomhréir le hAirteagal 169 den Chomhaontú um Tharraingt siar, ar choinníoll go measann an tAontas go bhféadfadh neamhchomhlíonadh na Ríochta Aontaithe dochar a dhéanamh do dhálaí comhionanna iomaíochta idir codanna na críche custaim aonair;
2. Sa chás dá dtagraítear i bpointe (b) de mhír 1, maidir leis na bearta leighis iomchuí arna ndéanamh ag an Aontas, féadfaidh éifeacht a bheith leo 30 lá ar a luaithe tar éis don Aontas fógra a thabhairt don Ríocht Aontaithe.
3. Scoirfidh d'fheidhm a bheith ag na bearta iomchuí leighis arna ndéanamh ag an Aontas nuair:
 - (a) is deimhin leis an Aontas go bhfuil an riosca do dhálaí comhionanna iomaíochta idir codanna na críche custaim aonair, go bhfuil sin leigheasta; nó

- (b) i gcásanna a cuireadh chun eadrána i gcomhréir le hAirteagal 170 den Chomhaontú um Tharraingt Siar, gur chinn an painéal eadrána nár mhainnigh an Ríocht Aontaithe a cuid oibleagáidí faoi Airteagal 7 agus faoi Airteagal 9 go hAirteagal 12 a chomhlíonadh.

AIRTEAGAL 15

Comhordú

1. Maidir le feidhmiú a chumhachtaí faoi Airteagal 9 ag an údarás neamhspleách i ndáil le bearta de chuid na Ríochta Aontaithe atá faoi réir Airteagal 7(1), tá sin gan dochar do chumhachtaí an Choimisiúin Eorpaigh faoi Airteagal 14(4) den Phrótacal i ndáil le hAirteagal 12 den Phrótacal.

Go háirithe:

- (a) ní thiocfaidh de chinneadh arna dhéanamh ag an údarás neamhspleách ionchas dlisteanach faoi dhlí an Aontais maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 12 den Phrótacal;
- (b) nuair a dhéanann an Coimisiún Eorpach, ag gníomhú dó faoi Airteagal 12 den Phrótacal, agus an t-údarás neamhspleách, ag gníomhú dó faoi Airteagal 7(1) agus faoi Airteagal 9, nuair a dhéanann siad cinntí maidir leis an mbeart céanna de chuid údaráis na Ríochta Aontaithe, tá cinneadh an údaráis neamhspleách gan dochar do na héifeachtaí dlíthiúla sa Ríocht Aontaithe atá ag cinneadh an Choimisiúin Eorpaigh de bhun Airteagal 14(5) den Phrótacal.

2. I gcás ina bhfaighidh an t-údarás neamhspleách amach, ar dhóigh ar bith, faoi bheart de chuid na Ríochta Aontaithe a d'fhéadfadh a bheith faoi réir Airteagal 12(1) den Phrótacal agus Airteagal 7(1), féadfaidh sé dul i gcomhairle ar dhóigh neamhfhoirmiúil leis an gCoimisiún Eorpach chun a fhionnadh an measann an Coimisiún Eorpach go bhfuil an beart i gceist faoi réir Airteagal 12(1).

CUID A CÚIG

IOMAÍOCHT

AIRTEAGAL 16

Prionsabail

Aithníonn an tAontas agus an Ríocht Aontaithe a thábhachtaí atá sé an iomaíocht a bheith saor agus gan saobhadh sa chaidreamh trádála agus infheistíochta eatarthu. Aithníonn an tAontas agus an Ríocht Aontaithe go bhféadfadh sé, de dheasca cleachtais frithiomaíochta, comhchruinnithe idir gnóthais agus idirghabhálacha stáit, go saobhfaí ceartfheidhmiú margaí agus go ndéanfaí dochar do na sochair a thagann de léirscaoileadh trádála.

Tá an Chuid seo gan dochar do na forálacha sonracha is infheidhme san Aontas maidir le táirgí talmhaíochta i gcomhréir le hAirteagal 42 CFAE, agus dlíthe, rialacháin agus cleachtais choibhéiseacha is infheidhme sa Ríocht Aontaithe.

AIRTEAGAL 17

Comhaontuithe idir gnóthais

1. Beidh cosc ar na nithe seo a leanas a mhéid a fhéadfaidh siad difear a dhéanamh do thrádáil idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe: gach comhaontú idir gnóthais, cinntí arna ndéanamh ag comhlachais gnóthas agus cleachtais chomhbheartaithe arb é is aidhm nó is éifeacht dóibh an iomaíocht a chosc, a shrianadh nó a shaobhadh, go háirithe iad sin:
 - (a) lena ndéantar, go díreach nó go hindíreach, praghsanna ceannaigh nó díola nó aon choinníoll trádála eile a shocrú;
 - (b) lena sriantar nó lena rialaítear táirgeadh, margaí, forbairt theicniúil nó infheistíocht;
 - (c) lena gcomhroinntear margaí nó foinsí soláthair;
 - (d) lena gcuirtear coinníollacha neamhionanna chun feidhme ar idirbhearta comhionanna le páirtithe eile trádála sa dóigh go gcuirtear faoi mhíbhuntáiste iad san iomaíocht;
 - (e) lena ndéantar na conarthaí a chur faoi réir páirtithe eile oibleagáidí forlíontacha a ghlacadh, oibleagáidí nach bhfuil aon bhaint acu, ó nádúr ná de réir úsáid tráchtála, le hábhar conarthaí dá leithéidí.
2. Aon chomhaontú nó cinneadh a thoirmeasctar de bhun an Airteagail seo, beidh sé ar neamhní go huathoibríoch.

3. Féadfar, áfach, forálacha mhír 1 a dhearbhú a bheith neamh-infheidhme sna cásanna seo:

- aon chomhaontú nó catagóir comhaontuithe idir gnóthais,
- aon chinneadh nó catagóir cinntí arna ndéanamh ag comhlachais gnóthas,
- aon chleachtas comhbheartaithe nó catagóir de chleachtas chombheartaithe,

a rannhuidíonn le feabhas a chur ar tháirgeadh nó ar dháileadh earraí nó le forás teicniúil nó eacnamaíoch a chur chun cinn, a dtugtar dá bharr do thomhaltóirí sciar cothrom den sochar a thagann de, agus:

- (a) nach gcuireann ar na gnóthais lena mbaineann srianta nach srianta iad ar féidir déanamh dá n-uireasa chun na cuspóirí sin a bhaint amach;
- (b) nach dtugann caoi do ghnóthais dá leithéidí ar dheireadh a chur le hiomaíocht i ndáil le cuid shubstaintiúil de na táirgí i gceist.

AIRTEAGAL 18

Mí-úsáid cheannasachta

1. Cuirfear toirmeasc ar aon mhí-úsáid ag gnóthas amháin nó níos mó i gcríoch an Aontais agus i gcríoch na Ríochta Aontaithe ina n-iomláine nó ar gcuid shubstaintiúil díobh, a mhéid a d'fhéadfadh sin difear a dhéanamh don trádáil idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe.

2. Is féidir iad seo, go háirithe, a bheith i mí-úsáid dá leithéid:
- (a) praghsanna ceannaigh nó díola éagóracha nó aon choinníoll trádála éagórach eile a fhorchur, go díreach nó go hindíreach;
 - (b) srian a chur leis an táirgeadh, le margaí nó le forbairt theicniúil, agus sin dochar a dhéanamh do thomhaltóirí;
 - (c) coinníollacha neamhionanna a chur chun feidhme ar idirbhearta comhionanna le páirtithe eile trádála sa dóigh go gcuirtear faoi mhíbhuntáiste iad san iomaíocht;
 - (d) conarthaí a chur faoi réir páirtithe eile oibleagáidí forlíontacha a ghlacadh, oibleagáidí nach bhfuil aon bhaint acu, ó nádúr ná de réir úsáid tráchtála, le hábhar conarthaí dá leithéidí.

AIRTEAGAL 19

Comhchruinnithe idir gnóthais

Maidir le comhchruinnithe idir gnóthais a bhfuil fógra le tabhairt fúthu don Ríocht Aontaithe nó don Aontas nó do cheann amháin nó níos mó de Bhallstáit an Aontais agus a d'fhéadfadh mórthac a chur le hiomaíocht éifeachtach nó laghdú substaintiúil a dhéanamh air sin, go háirithe mar thoradh ar cheannasacht a chruthú nó a neartú, dearbhófar iad a bheith ar neamhréir, a mhéid a dhéanann siad difear don trádáil idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe, ach amháin má mholtar leigheasanna chun dul i ngleic go leordhóthanach leis na hábhair inní a sainaitníodh.

AIRTEAGAL 20

Gnóthais phoiblí, gnóthais ar tugadh dóibh cearta nó pribhléidí speisialta nó eisiacha agus monaplachtaí ainmnithe

1. I gcás gnóthais phoiblí agus gnóthais dá ndeonaíonn na Ballstáit nó an Ríocht Aontaithe cearta speisialta nó cearta eisiacha, áiritheoidh an tAontas agus an Ríocht Aontaithe nach n-achtófar ná nach gcoinneofar i bhfeidhm aon bheart atá in aghaidh na rialacha atá in Airteagal 17 go hAirteagal 19.
2. Gnóthais arb é a gcúram seirbhísí a oibriú is seirbhísí ar mhaithe leis an leas eacnamaíoch i gcoitinne nó seirbhísí de chineál monaplachta fiosaí, beidh siad faoi réir rialacha atá in Airteagal 17 go hAirteagal 19, chomh fada is nach dtiocfaidh de na rialacha sin a chur chun feidhme bac ar chomhlíonadh, ó dhlí nó ó ghníomh, an chúraim áirithe a ceapadh dóibh. Caithfear gan cur as d'fhorbairt na trádála go feadh méid ba dhochar do leasanna an Aontais ná do leasanna na Ríochta Aontaithe.

AIRTEAGAL 21

Léirmhíniú

Déanfaidh an tAontas agus an Ríocht Aontaithe Airteagal 17 go hAirteagal 20 a chur i bhfeidhm agus a chur chun feidhme a mhéid is léargas ar choincheapa de dhlí an Aontais iad, ag úsáid mar fhoinsí léirmhínithe dóibh na gcrítéar a thagann de chur chun feidhme Airteagal 101, Airteagal 102 agus Airteagal 106 CFAE, mar aon le gach gníomh ábhartha arna nglacadh ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí nó gníomhaireachtaí an Aontais, lena n-áirítear creata, treoirlínte, fógraí agus gníomhartha eile is infheidhme san Aontas.

AIRTEAGAL 22

Cur chun feidhme

1. Déanfaidh an tAontas agus an Ríocht Aontaithe gach beart is iomchuí chun a áirithiú go dtabharfar aghaidh ar dhóigh éifeachtach lena rialacha iomaíochta féin na cleachtais ar fad a leagtar amach in Airteagal 17 go hAirteagal 20.

Go háirithe, glacfaidh an Ríocht Aontaithe dlí iomaíochta, nó coinneoidh sí ar bun dlí dá leithéid, lena dtabharfar aghaidh ar dhóigh éifeachtach ar na cleachtais ar fad a leagtar amach in Airteagal 17 go hAirteagal 20.

2. Déanfaidh an tAontas agus an Ríocht Aontaithe na rialacha dá dtagraítear sa chéad fhomhír de mhír 1 a fhorfheidhmiú ina gcríoch féin.

Chun críocha na chéad fhomhíre, déanfaidh an Ríocht Aontaithe údarás nó údaráis a bhfuil a oibriú neamhspleách a bhunú nó a choinneáil ar bun (“an t-údarás neamhspleách”). Beidh ag an údarás neamhspleách na ráthaíochtaí is gá go mbeidh sé neamhspleách ar thionchar polaitiúil nó ar thionchar seachtrach eile agus beidh sé ábalta a chuid dualgas a dhéanamh agus a chuid cumhachtaí a fheidhmiú go neamhchlaonta. Beidh aige gach cumhacht agus acmhainn is iomchuí agus is gá chun an dlí iomaíochta dá dtagraítear i mír 1 a chur i bhfeidhm go hiomlán agus a fhorfheidhmiú go héifeachtach.

3. Cuirfidh an Ríocht Aontaithe i bhfeidhm an dlí iomaíochta dá dtagraítear i mír 1 ar dhóigh thrédhearcach neamh-idirdhealaitheach, ag urramú di phrionsabail na cothroime nós imeachta agus chearta cosanta na ngnóthas lena mbaineann, gan beann ar a náisiúntacht ná ar a stádas úinéireachta.

AIRTEAGAL 23

Comhar

1. D’fhonn forfheidhmiú iomaíochta éifeachtach a fheabhsú, aithníonn an tAontas agus an Ríocht Aontaithe gurb é a gcomhleas é comhar a chur chun cinn maidir le forbairt an bheartais iomaíochta agus imscrúdú a dhéanamh ar chásanna in aghaidh trustaí agus ar chásanna cumaisc.
2. Chun na críche sin, féachfaidh údaráis iomaíochta an Aontais agus na Ríochta Aontaithe le comhordú a dhéanamh, a oiread is féidir agus is iomchuí sin, ar a gcuid gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin i leith na gcásanna céanna nó cásanna gaolmhara.

3. Chun an comhar dá dtagraítear i mír 1 a éascú, féadfaidh údaráis iomaíochta an Aontais agus na Ríochta Aontaithe faisnéis a mhalartú.
4. Agus cuspóirí an Airteagail seo á gcur chun feidhme, féadfaidh an tAontas agus an Ríocht Aontaithe, nó údaráis iomaíochta an Aontais agus na Ríochta Aontaithe, féadfaidh siad comhaontú ar leithligh a dhéanamh nó comhaontú ar chreat comhair ar leithligh idir na húdaráis iomaíochta.

AIRTEAGAL 24

Faireachán agus réiteach díospóidí

1. Ag tabhairt dá haire di gurb é an Coimisiún agus an Chúirt Bhreithiúnais, ag gníomhú dóibh faoi na Conarthaí, a áirithíonn forfheidhmiú éifeachtach, áiritheoidh an Ríocht Aontaithe forfheidhmiú éifeachtach fhorálacha Airteagal 17 go hAirteagal 20 agus ní laghdóidh sí éifeachtacht fhorfheidhmiú poiblí agus príobháideach a ndlíthe iomaíochta, a rialachán agus a cleachtas. Go háirithe, áiritheoidh an Ríocht Aontaithe go mbeidh nósanna imeachta riaracháin agus breithiúnacha ann lena bhféadfar beart a dhéanamh ar dhóigh éifeachtach agus go tráthúil in aghaidh sáruithe, agus déanfaidh sí foráil maidir le leigheasanna éifeachtacha, lena n-áirítear bearta eatramhacha, á áirithiú di go mbeidh aon smachtbha a chuirfear éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach, agus go mbeidh fíor-éifeacht dhíspreagthach aige.
2. Ní bheidh Airteagal 170 go hAirteagal 181 den Chomhaontú um Tharraingt Siar infheidhme i ndáil le díospóidí faoi léirmhíniú agus chur i bhfeidhm Airteagal 16 go hAirteagal 23.

CUID A SÉ

GNÓTHAIS ATÁ FAOI ÚINÉIREACHT STÁIT-, GNÓTHAIS AR DEONAÍODH CEARTA AGUS PRIBHLÉIDÍ SPEISIALTA DÓIBH, AGUS MONAPLACHTAÍ AINMNITHE

AIRTEAGAL 25

Rialáil neodrach

1. Urramóidh an tAontas agus an Ríocht Aontaithe na caighdeáin idirnáisiúnta ábhartha, lena n-áirítear Treoirlínte OECD maidir le Rialachas Corparáideach Gnóthas atá faoi Úinéireacht Stáit, agus bainfidh sí an úsáid is fearr is féidir as na caighdeáin sin.
2. Maidir le haon chuideachta rialála nó aon fheidhm a bhunaítear nó a choinnítear ar bun san Aontas nó sa Ríocht Aontaithe:
 - (a) beidh sí neamhspleách ar gach ceann de na gnóthais a rialálann sí agus ní bheidh sí freagrach dóibh, d'fhonn éifeachtacht na feidhme rialála a áirithiú, agus
 - (b) gníomhóidh sí go neamhchlaonta sna dálaí céanna i ndáil le gach gnóthas a rialálann sí.
3. Áiritheoidh an tAontas agus an Ríocht Aontaithe go bhforfheidhmeofar dlíthe agus rialacháin ar dhóigh chomhsheasmhach neamh-idirdhealaitheach.

NA FORÁLACHA I nDLÍ AN AONTAIS DÁ dTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 6(2) AGUS
AIRTEAGAL 10

1. Gnéithe ginearálta custaim¹

- Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais²
- Council Regulation (EC) No 515/97 of 13 March 1997 on mutual assistance between the administrative authorities of the Member States and cooperation between the latter and the Commission to ensure the correct application of the law on customs and agricultural matters³
-
- Council Directive 2010/24/EU of 16 March 2010 concerning mutual assistance for the recovery of claims relating to taxes, duties and other measures⁴

¹ Is ceannteidil agus fo-cheannteidil tháscacha iad na ceannteidil agus fo-cheannteidil atá san Iarscríbhinn seo.

² IO L 269, 10.10.2013, lch. 1.

³ IO L 82, 22.3.1997, lch. 1.

⁴ IO L 84, 31.3.2010, lch. 1.

2. Leasanna airgeadais an Aontais a chosaint

Chun críche na gníomhartha a liostaítear sa roinn seo a chur i bhfeidhm, measfar gur cuid de chosaint leasanna airgeadais an Aontais é bailiú cuí dleachtanna custaim ag an Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann.

- Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Meán Fómhair 2013 maidir le himscrúduithe arna ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1073/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (Euratom) Uimh. 1074/1999 ón gComhairle¹
- Council Regulation (EC, Euratom) No 2988/95 of 18 December 1995 on the protection of the European Communities financial interests²

3. Staidreamh trádála

- Regulation (EC) No 638/2004 of the European Parliament and of the Council of 31 March 2004 on Community statistics relating to the trading of goods between Member States and repealing Council Regulation (EEC) No 3330/91³

¹ IO L 248, 18.9.2013, lch. 1.

² IO L 312, 23.12.1995, lch. 1.

³ IO L 102, 7.4.2004, lch. 1.

- Rialachán (CE) Uimh. 471/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Bealtaine 2009 maidir le staidreamh Comhphobail a bhaineann le trádáil eachtrach le tíortha nach Ballstáit iad agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1172/95 ón gComhairle¹

4. Gnéithe a bhaineann go ginearálta leis an trádáil

- Rialachán (CE) Uimh. 978/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 lena gcuirtear i bhfeidhm scéim um fhabhair tharaife ghinearálaithe agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 732/2008 ón gComhairle²
- Rialachán (AE) 2015/479 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2015 maidir le comhrialacha le haghaidh onnmhairí³
- Rialachán (AE) 2015/936 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Meitheamh 2015 maidir le rialacha comhchoiteanna i dtaca le hallmhairiú táirgí teicstíle ó thríú tíortha áirithe nach dtagann faoi chomhaontuithe déthaobhacha, prótacail ná comhshocraíochtaí eile, ná faoi rialacha sonracha eile an Aontais i dtaca le hallmhairiú⁴

¹ IO L 152, 16.6.2009, lch. 23.

² IO L 303, 31.10.2012, lch. 1.

³ IO L 83, 27.3.2015, lch. 34.

⁴ IO L 160, 25.6.2015, lch. 1.

- Rialachán (AE) 2017/821 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Bealtaine 2017 lena leagtar síos oibleagáidí díchill chuí sa slabhra soláthair d'allmhaireoirí de chuid an Aontais de stán, de thantalam agus de thungstan, dá mianta, agus d'ór de thionscnamh limistéar ina bhfuil coinbhleacht agus limistéar ardriosca¹
- Council Regulation 1215/2009 of 30 November 2009 introducing exceptional trade measures for countries and territories participating in or linked to the European Union's Stabilisation and Association process (Western Balkans)²
- Rialachán (AE) 2017/1566 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meán Fómhair 2017 maidir le bearta trádála sealadacha uathrialaitheacha a thabhairt isteach don Úcráin lena bhforlíontar na lamháltais trádála atá le fáil faoin gComhaontú Comhlachais³
- Oibleagáidí a eascraíonn ó na comhaontuithe idirnáisiúnta arna dtabhairt i gcrích ag an Aontas, nó ag na Ballstáit ag gníomhú thar cheann an Aontais, nó ag an Aontas agus ag a Bhallstáit ag gníomhú dóibh go comhpháirteach, a mhéad a bhaineann le trádáil in earraí idir an tAontas agus tríú tíortha

¹ IO L 130, 19.5.2017, lch. 1.

² IO L 328, 15.12.2009, lch. 1.

³ IO L 254, 30.9.2017, lch. 1.

5. Ionstraimí cosanta trádála

- Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad¹
- Rialachán (AE) 2016/1037 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad²
- Rialachán (AE) 2015/478 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2015 maidir le comhrialacha le haghaidh onnmhairí³
- Rialachán (AE) 2015/755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2015 maidir le comhrialacha le haghaidh onnmhairí⁴
- Rialachán (AE) 2015/476 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2015 maidir leis na bearta a fhéadfaidh an tAontas a ghlacadh tar éis tuarascála a ghlac Comhlacht um Réiteach Díospóide an EDT maidir le hábhair frithdhumpála agus ábhair frith fhóirdheontais⁵

¹ IO L 176, 30.6.2016, lch. 21.

² IO L 176, 30.6.2016, lch. 55.

³ IO L 83, 27.3.2015, lch. 16.

⁴ IO L 123, 19.5.2015, lch. 33.

⁵ IO L 83, 27.3.2015, lch. 6.

- Rialachán (AE) 2015/477 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2015 maidir le bearta a fhéadfaidh an tAontas a dhéanamh i ndáil le héifeacht chomhcheangailte beart-frithdhumpála nó frith fhóirdheontais agus beart cosanta¹

6. Rialacháin maidir le coimirce déthaobhacha

- Rialachán (AE) Uimh. 654/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le feidhmiú chearta an Aontais chun rialacha trádála idirnáisiúnta a chur i bhfeidhm agus a fhorghníomhú agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 3286/94 ón gComhairle lena leagtar síos nósanna imeachta Comhphobail i réimse an chomhbheartais tráchtála d'fhonn feidhmiú chearta an Chomhphobail faoi rialacha trádála idirnáisiúnta a áirithiú, go háirithe na cearta sin a bunaíodh faoi choimirce na hEagraíochta Domhanda Trádála²
- Rialachán (AE) 2015/1145 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Iúil 2015 maidir leis na bearta cosanta dá bhforáiltear sa Chomhaontú idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Cónaidhm na hEilvéise³
- Rialachán (AE) 2015/475 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2015 maidir leis na bearta cosanta dá bhforáiltear sa Chomhaontú idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Poblacht na hÍoslainn⁴

¹ IO L 83, 27.3.2015, lch. 11.

² IO L 189, 27.6.2014, lch. 50.

³ IO L 191, 17.7.2015, lch. 1.

⁴ IO L 83, 27.3.2015, lch. 1-5.

- Rialachán (AE) 2015/938 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Meitheamh 2015 maidir leis na bearta cosanta dá bhforáiltear sa Chomhaontú idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Ríocht na hIorua¹
- Rialachán (AE) 2015/752 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2015 maidir le nósanna imeachta áirithe chun an Comhaontú Cobhsaíochta agus Comhlachais idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt amháin, agus Poblacht Mhontainéagró, den pháirt eile, a fheidhmiú²
- Rialachán (AE) Uimh. 19/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Eanáir 2013 lena gcuirtear chun feidhme clásal coimirce déthaobhach agus sásra cobhsaíochta do bhananaí an Chomhaontaithe Trádála idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt amháin, agus an Cholóim agus Peiriú, den pháirt eile³
- Rialachán (AE) Uimh. 20/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Eanáir 2013 lena gcuirtear chun feidhme clásal coimirce déthaobhach agus sásra cobhsaíochta do bhananaí an Chomhaontaithe lena mbunaítear Comhlachas idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, ar thaobh amháin, agus Meiriceá Láir ar an taobh eile⁴

¹ IO L 160, 25.6.2015, lch. 57.

² IO L 123, 19.5.2015, lch. 16.

³ IO L 17, 19.1.2013, lch. 1.

⁴ IO L 17, 19.1.2013, lch. 13.

Cinnfidh an Comhchoiste an t-uasleibhéal tosaigh don tacaíocht bhliantúil díolmhaithe iomlán, agus an céatadán tosaigh íosta dé dtagraítear in Airteagal 12(2), agus cuirfear san áireamh an fhaisnéis is déanaí atá ar fáil. Beidh tionchar ar an uasleibhéal tosaigh don tacaíocht bhliantúil díolmhaithe iomlán ag struchtúr scéim tacaíochta talmhaíochta na Ríochta Aontaithe don todhchaí agus ag méid iomlán an chaiteachais arna thabú sa Ríocht Aontaithe faoin gComhbheartas Talmhaíochta faoin gcreat airgeadais ilbhliantúil reatha 2014-2020. Beidh tionchar ar an gcéatadán tosaigh íosta ag struchtúr scéim tacaíochta talmhaíochta na Ríochta Aontaithe agus ag céatadán comhlíonta an chaiteachais fhoriomlán faoin gComhbheartas Talmhaíochta san Aontas le forálacha Iarscríbhinn 2 de Chomhaontú na hEagraíochta Domhanda Trádála ar Thalmhaíocht mar a thabharfar fógra ina leith don tréimhse lena mbaineann.

I ngach creat airgeadais ilbhliantúil a chuirfear le chéile amach anseo, déanfaidh an Comhchoiste an leibhéal tacaíochta agus an céatadán dá dtagraítear sa chéad fhomhír a choigeartú i bhfianaise aon athrú ar an méid foriomlán tacaíochta atá ar fáil faoin gComhbheartas Talmhaíochta san Aontas, faoi thionchar struchtúr scéim tacaíochta talmhaíochta na Ríochta Aontaithe.

Má mhainníonn an Comhchoiste leibhéal tosaigh na tacaíochta agus an céatadán a chinneadh i gcomhréir leis an gcéad fhomhír, nó má mhainníonn sé an leibhéal tacaíochta agus an céatadán a choigeartú i gcomhréir leis an dara fómhír faoi dheireadh na hidirthréimhse nó laistigh d'aon bhliain amháin tar éis theacht i bhfeidhm creata airgeadais ilbhliantúil amach anseo, de réir mar a bheidh, cuirfear cur i bhfeidhm Airteagal 12(2) ar fionraí go dtí go mbeidh an leibhéal tacaíochta agus an céatadán cinntithe nó coigeartaithe ag an gComhchoiste.

NA NÓSANNA IMEACHTA CUSTAIM DÁ dTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 18(3)

1. I gcás ina bhfuil an tAontas nó an Ríocht Aontaithe ag cuimhneamh ar bhearta coimirce a dhéanamh faoi Airteagal 18(1) den Phrótacal seo, cuirfidh siad an tAontas nó an Ríocht Aontaithe, de mar a bheidh, ar an eolas tríd an gComhchoiste agus cuirfidh siad an fhaisnéis ábhartha uile ar fáil.
2. Rachaidh an tAontas agus an Ríocht Aontaithe i mbun comhairliúcháin sa Chomhchoiste láithreach, d'fhonn teacht ar chomhréiteach is inghlactha ag an dá pháirtí.
3. Ní fhéadfaidh an tAontas ná an Ríocht Aontaithe, de réir mar a bheidh, bearta coimirce a dhéanamh go dtí go mbeidh mí amháin istigh ó dháta an fhógra dá dtagraítear i bpointe 1, ach amháin má thugtar i gcrích an nós imeachta comhairliúcháin faoi phointe 2 sula dtéann an teorainn stáit in éag. I gcás ina gcuirtear réamhscrúdú as an áireamh de bharr imthosca eisceachtúla a éilíonn beart láithreach, féadfaidh an tAontas nó an Ríocht Aontaithe, de réir mar a bheidh, na bearta cosanta is gá chun an cás a leigheas a chur i bhfeidhm gan mhoill.
4. Cuirfidh an tAontas nó an Ríocht Aontaithe, de réir mar a bheidh, an Comhchoiste ar an eolas gan mhoill faoi na bearta arna ndéanamh agus cuirfidh siad an fhaisnéis ábhartha uile ar fáil.

5. Beidh na bearta coimirce arna ndéanamh ina n-ábhar plé ag na seisiúin chomhairliúcháin sa Chomhchoiste gach trí mhí ón dáta a ghlacfar iad, d'fhonn deireadh a chur leo faoin dáta éagtha atá beartaithe nó d'fhonn a raon feidhme a theorannú. Féadfaidh an tAontas nó an Ríocht Aontaithe, de réir mar a bheidh, a iarraidh ar an gComhchoiste am ar bith athbhreithniú a dhéanamh ar na bearta sin.

6. Beidh feidhm ag pointe 1 go pointe 5, *mutatis mutandis*, maidir leis na bearta athchothromúcháin dá dtagraítear in Airteagal 18(2) den Phrótacal seo.

PRÓTACAL MAIDIR LE LIMISTÉIR BHUNÁITE FHLAITHEASACHA RÍOCHT
AONTAITHE NA BREATAINE MÓIRE AGUS THUAISCEART ÉIREANN SA CHIPIR

Tá an tAontas agus an Ríocht Aontaithe,

Á MHEABHRÚ DÓIBH go bhforáiltear sa Chomhdhearbhú maidir le Limistéir Bhunáite Fhlaitheasacha Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann sa Chipir atá i gceangal le hIonstraim Chríochnaitheach an Chonartha i dtaobh aontachas na Ríochta Aontaithe leis na Comhphobail Eorpacha go ndéanfar na socrúithe is infheidhme maidir le caidreamh idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus na Limistéir Bhunáite Fhlaitheasacha a shainiú i gcomhthéacs aon chomhaontaithe idir an Comhphobal agus Poblacht na Cipire,

Á DHEARBHÚ DÓIBH go ndéanfar na socrúithe is infheidhme maidir leis an gcaidreamh idir an tAontas agus na Limistéir Bhunáite Fhlaitheasacha sa Chipir, tar éis don Ríocht Aontaithe tarraingt siar as an Aontas, a shainiú go fóill i gcomhthéacs bhallraíocht Phoblacht na Cipire san Aontas,

Á gCUR SAN ÁIREAMH DÓIBH na forálacha maidir le Limistéir Bhunáite Fhlaitheasacha Akrotiri agus Dhekelia de chuid na Ríochta Aontaithe (“na Limistéir Bhunáite Fhlaitheasacha”) a leagtar amach sa Chonradh maidir le Bunú Phoblacht na Cipire agus sna Malartuithe Nótaí gaolmhara a ghabhann leis dar dáta an 16 Lúnasa 1960 (“an Conradh Bunaíochta”),

Á DHEARBHÚ DÓIBH nár cheart go ndéanfadh tarraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas difear do chearta agus d'oibleagáidí Phoblacht na Cipire faoi dhlí an Aontais ná do chearta agus d'oibleagáidí na bpáirtithe sa Chonradh Bunaíochta,

Á MHEABHRÚ DÓIBH, ó dháta aontachas Phoblacht na Cipire leis an Aontas, nach bhfuil feidhm ag dlí an Aontais sna Limistéir Bhunáite Fhlaitheasacha ach amháin a mhéad is gá chun a áirithiú go gcuirfear chun feidhme na socrúithe a leagtar amach i bPrótacal Uimh. 3 maidir le Limistéir Bhunáite Fhlaitheasacha Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann sa Chipir atá i gceangal leis an Ionstraim i dtaobh choinníollacha aontachais Phoblacht na Seice, Phoblacht na hEastóine, Phoblacht na Cipire, Phoblacht na Laitvia, Phoblacht na Liotuáine, Phoblacht na hUngáire, Phoblacht Mhálta, Phoblacht na Polainne, Phoblacht na Slóivéine agus Phoblacht na Slóvaice leis an Aontas Eorpach agus oiriúnúithe na gConarthaí ar a bhfuil an tAontas fothaithe (“Prótacal Uimh. 3”),

Á THABHAIRT DÁ nAIRE an Malartú Nótaí idir Rialtas na Ríochta Aontaithe agus Rialtas Phoblacht na Cipire maidir le riaradh na Limistéir Bunáite Flaitheasach, dar dáta an 16 Lúnasa 1960, agus Dearbhú Rialtas na Ríochta Aontaithe a ghabhann leis á rá gur ceann de na príomhchuspóirí atá le baint amach cosaint leasanna na ndaoine atá ina gcónaí nó ag obair sna Limistéir Bhunáite Fhlaitheasacha, agus ós rud é, sa chomhthéacs sin, gur cheart go gcuirfí an chóir chéanna a mhéad is féidir ar na daoine sin agus a chuirtear ar dhaoine atá ina gcónaí nó ag obair i bPoblacht na Cipire,

Á THABHAIRT DÁ nAIRE an gealltanais ón Ríocht Aontaithe chun cur i bhfeidhm na socrúithe a rinneadh de bhun an Chonartha Bunaíochta ar dá réir a riarann údaráis Phoblacht na Cipire raon leathan seirbhísí poiblí sna Limistéir Bhunáite Fhlaitheasacha, lena n-áirítear réimsí na talmhaíochta, an chustaim agus an chánachais, a chaomhnú,

DE BHRÍ gur cheart go bhfanadh na Limistéir Bhunáite Fhlaitheasacha mar chuid de chríoch chustaim an Aontais tar éis don Ríocht Aontaithe tarraingt siar as an Aontas,

Á dTABHAIRT DÁ nAIRE na forálacha den Chonradh Bunaíochta i dtaca le socrúithe custaim idir na Limistéir Bhunáite Fhlaitheasacha agus Poblacht na Cipire agus go háirithe na forálacha i gCuid I d'Iarscríbhinn F a ghabhann leis an gConradh sin,

Á THABHAIRT DÁ nAIRE an gealltanais ón Ríocht Aontaithe gan poist chustaim ná bacainní teorann eile a chruthú idir na Limistéir Bhunáite Fhlaitheasacha agus Poblacht na Cipire agus gan calafoirt ná aerfoirt shibhialta nó tráchtála a bhunú,

ÓS MIAN LEO socrúithe iomchuí a chinneadh chun go ngnóthófar cuspóirí na socrúithe a leagtar amach i bPrótacal Uimh. 3 tar éis don Ríocht Aontaithe tarraingt siar as an Aontas,

ÓS RUD É gur cheart do na socrúithe a leagtar amach sa Phrótacal seo a áirithiú go ndéanfaí forálacha ábhartha dhlí an Aontais maidir leis na Limistéir Bhunáite Fhlaitheasacha a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú mar is iomchuí tar éis don Ríocht Aontaithe tarraingt siar as an Aontas,

ÓS RUD É gur gá socruithe iomchuí a leagan síos maidir leis an bhfaoiseamh agus na díolúintí ó dhleachtanna agus ó chánacha ar féidir le fórsaí armtha na Ríochta Aontaithe agus leis an bpearsanra atá bainteach leo a choimeád ar bun tar éis don Ríocht Aontaithe tarraingt siar as an Aontas,

Á AITHINT DÓIBH gur gá foráil a dhéanamh maidir le socruithe sonracha i leith seiceálacha ar earraí agus ar dhaoine a thrasnaíonn teorainneacha seachtracha na Limistéar Bunáite Flaitheasach agus foráil a dhéanamh freisin maidir leis na téarmaí faoina bhfuil feidhm ag forálacha ábhartha dhlí an Aontais maidir leis an líne idir na limistéir sin de Phoblacht na Cipire nach bhfuil rialú éifeachtach á dhéanamh ag Rialtas Phoblacht na Cipire orthu agus an Limistéar Bunáite Flaitheasach Dhekelia, mar a fhoráiltear i láthair na huaire ar bhonn Phrótacal Uimh. 10 maidir leis an gCipir ata i gceangal leis an Ionstraim i dtaobh choinníollacha aontachais Phoblacht na Seice, Phoblacht na hEastóine, Phoblacht na Cipire, Phoblacht na Laitvia, Phoblacht na Liotuáine, Phoblacht na hUngáire, Phoblacht Mhálta, Phoblacht na Polainne, Phoblacht na Slóivéine agus Phoblacht na Slóvaice agus oiriúnuithe na gConarthaí ar a bhfuil an tAontas Eorpach fothaithe (“Prótacal Uimh. 10”),

Á AITHINT DÓIBH go bhfuil an comhar idir Poblacht na Cipire agus an Ríocht Aontaithe ríthábhachtach chun a áirithiú go gcuirfear na socruithe a leagtar síos sa Phrotacál seo chun feidhme go héifeachtach,

ÓS RUD É go mbeidh feidhm ag dlí an Aontais, ar bhonn na socruithe a leagtar síos sa Phrótacal seo, maidir leis na Limistéir Bhunáite Fhlaitheasacha i réimsí beartais áirithe de chuid an Aontais tar éis don Ríocht Aontaithe tarraingt siar as an Aontas,

Á nAITHINT DÓIBH na socruithe sainiúla a bhaineann le daoine atá ina gcónaí agus ag obair sna Limistéir Bhunáite Fhlaitheasacha faoin gConradh Bunaíochta agus faoi Dhearbhú 1960 agus an cuspóir go gcuirfear dlí ábhartha an Aontais i bhfeidhm i bPoblacht na Cipire agus sna Limistéir Bhunáite Fhlaitheasacha araon ar bhonn comhsheasmhach chun tacú leis na socruithe sin,

Á THABHAIRT DÁ nAIRE go gcuireann an Ríocht Aontaithe, tríd an bPrótacal seo, iontaoibh i bPoblacht na Cipire, mar Bhallstát den Aontas, atá freagrach as forálacha dhlí an Aontais a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú sna Limistéir Bhunáite Fhlaitheasacha dá bhforáiltear sa Phrotacál seo,

Á MHEABHRÚ DÓIBH go bhfuil Poblacht na Cipire freagrach as dlí an Aontais a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú maidir le hearraí atá ceaptha do na Limistéir Bhunáite Fhlaitheasacha nó atá de thionscnamh na limistéar sin ar earraí iad atá ag dul isteach trí chalafort nó aerfort go Poblacht na Cipire nó atá ag imeacht trí chalafort nó aerfort as Poblacht na Cipire,

Á CHUR i dTREIS DÓIBH go bhfuil na socruithe a leagtar amach sa Phrótacal seo gan dochar d'Airteagal 1 agus Airteagal 2 den Chonradh Bunaíochta agus do sheasamh Phoblacht na Cipire agus do sheasamh na Ríochta Aontaithe ina leith sin,

ÓS RUD É nach mbeidh de chuspóir ag na socruithe a leagtar síos sa Phrótacal seo ach staid faoi leith na Limistéar Bunáite Flaitheasach a rialáil nó nach mbeidh feidhm acu maidir le haon chríoch eile nó nach mbeidh siad ina bhfasach,

TAR ÉIS DÓIBH COMHAONTÚ ar na forálacha seo a leanas, a chuirfear i gceangal leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach (“an Comhaontú um Tharraingt Siar”):

AIRTEAGAL 1

Forálacha ginearálta

1. Chun críocha an Phrótacail seo, léifear aon tagairt don Ríocht Aontaithe sna forálacha is infheidhme sa Chomhaontú um Tharraingt Siar mar thagairtí don Ríocht Aontaithe i ndáil leis na Limistéir Bhunáite Fhlaitheasacha. Beidh feidhm ag Teideal I, Teideal II agus Teideal III de Chuid a Trí agus ag Cuid a Sé den Chomhaontú sin gan dochar d'fhorálacha an Phrótacail seo.
2. De mhaolú ar Airteagal 4(4) agus (5) den Chomhaontú um Tharraingt Siar, déanfar forálacha an Phrótacail seo a thagraíonn do dhlí an Aontais nó do choincheapa nó d'fhorálacha atá inti a léirmhíniú, agus iad á gcur chun feidhme agus á gcur i bhfeidhm, i gcomhréir le cásdlí ábhartha Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.
3. D'ainneoin Airteagal 71 den Chomhaontú um Tharraingt siar, sa bhreis ar aon fhorálacha i ndlí an Aontais maidir le cosaint sonraí pearsanta is infheidhme maidir le Limistéir Bhunáite Fhlaitheasacha agus sna Limistéir sin faoin bPrótacal seo, beidh feidhm ag Rialachán (AE) 2016/679 agus ag Treoir (AE) 2016/680 maidir le sonraí pearsanta a phróiseálfar sna Limistéir Bhunáite Fhlaitheasacha ar bhonn an Phrótacail seo.

4. De mhaolú ar Airteagal 6(1) den Chomhaontú um Tharraingt Siar, i gcás ina bhfuil tagairt sa Phrótacal seo do ghníomh de chuid an Aontais, tuigfear go bhfuil an tagairt don ghníomh sin ag tagairt don ghníomh sin arna leasú nó arna ionadú. Ní bheidh feidhm ag an mír seo maidir le hAirteagal 4(3) agus (10) de Rialachán (CE) 866/2004 ón gComhairle¹, a mbeidh feidhm ag Airteagal 10(2) maidir leis.

5. I gcás ina measfaidh an tAontas, de mhaolú ar Airteagal 7 agus Airteagal 8 den Chomhaontú um Tharraingt siar, gur gá go mór rochtain iomlán nó pháirteach a bheith ag an Ríocht Aontaithe, nó ag an Ríocht Aontaithe i ndáil leis na Limistéir Bhunáite Fhlaitheasacha chun a hoibleagáidí faoin bPrótacal seo a chomhlíonadh, lena n-áirítear i gcás ina mbeidh gá leis an rochtain sin mar nach féidir rochtain ar an bhfaisnéis ábhartha a éascú le modhanna praiticiúla eile, tuigfear go bhfuil an Ríocht Aontaithe nó an Ríocht Aontaithe i ndáil leis na Limistéir Bhunáite Fhlaitheasacha san áireamh i dtagairtí do na Ballstáit agus d'údaráis inniúla na mBallstát i bhforálacha i ndlí an Aontais a dhéanfar infheidhme trí bhíthin an Phrótacail seo, de réir an cháis i ndáil le rochtain ar aon líonra, aon chóras faisnéise nó aon bhunachar sonraí arna bhunú ar bhonn dhlí an Aontais.

¹ Rialachán (CE) Uimh. 866/2004 ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le córas faoi Airteagal 2 de Phrótacal Uimh. 10 de chuid na hIonstraimhe Aontachais (IO L 161, 30.4.2004, lch. 128).

AIRTEAGAL 2

Críoch chustaim an Aontais

1. Beidh na Limistéir Bhunáite Fhlaitheasacha, agus an Conradh Bunaíochta á chur san áireamh, ina gcuid de chríoch chustaim an Aontais. Chun na críche sin, na forálacha i ndlí an Aontais maidir le custam agus an comhbheartas tráchtála, lena n-áirítear na forálacha i ndlí an Aontais lena bhforáiltear maidir le rialuithe custaim ar earraí sonracha nó chun críocha sonracha, beidh feidhm acu sin maidir leis na Limistéir Bhunáite Fhlaitheasacha agus sna Limistéir sin.
2. Measfar gur earraí i saorchúrsaíocht iad na hearraí a tháirg táirgeoirí sna Limistéir Bhunáite Fhlaitheasacha agus a cuireadh ar an margadh i gcríoch an Aontais.
3. Maidir leis na hearraí uile atá ceaptha lena n-úsáid sna Limistéir Bhunáite Fhlaitheasacha, is trí aerfoirt agus calafoirt shibhialta Phoblacht na Cipire a thioctfaidh siad isteach in oileán na Cipire agus is iad údaráis Phoblacht na Cipire a dhéanfaidh aon fhoirmiúlachtaí custaim, aon rialuithe custaim agus aon bhailiú dleachtanna allmhairiúcháin a bhaineann leis na hearraí sin.
4. Maidir leis na hearraí uile atá ceaptha lena n-onnmhairiú, is trí aerfoirt agus calafoirt shibhialta Phoblacht na Cipire a imeoidh siad amach as oileán na Cipire agus is iad údaráis Phoblacht na Cipire a dhéanfaidh aon fhoirmiúlachtaí custaim maidir le honnmhairiú agus aon rialuithe custaim a bhaineann leis na hearraí sin.
5. Is i gcomhréir le forálacha na ranna sin a dhéanfar na rialuithe custaim ar na doiciméid agus ar an trealamh dá dtagraítear i mír 3 de roinn 11 d'Iarscríbhinn C a ghabhann leis an gConradh Bunaíochta.

6. De mhaolú ar mhír 3 agus ar mhír 4 agus chun tacú le hoibriú na Limistéar Bunáite Flaitheasach, agus chuige sin amháin, ag féachaint don Chonradh Bunaíochta, beidh feidhm ag na forálacha seo a leanas:

- (a) féadfaidh na hearraí seo a leanas teacht isteach in oileán na Cipire nó imeacht as trí chalafort nó aerfort sna Limistéir Bhunáite Fhlaitheasacha, faoi réir na bhfoirmiúlachtaí custaim, na rialuithe custaim agus an bhailithe dleachtanna uile a bhaineann leis na hearraí sin a dhéanfaidh údaráis na Limistéar Bunáite Flaitheasach:
 - (i) earraí a allmhaireofar nó a onnmhaireofar chun críocha oifigiúla nó míleata;
 - (ii) earraí a allmhaireoidh nó a onnmhaireoidh pearsanra de chuid na Ríochta Aontaithe nó daoine eile a bheidh ag taisteal mar chuid de chúram cosanta nó ar ghnó oifigiúil nó a ndéanfar sin ar a son, ar earraí iad a bheidh ar iompar acu ina mbagáiste pearsanta le haghaidh a n-úsáide pearsanta amháin;
- (b) féadfaidh beartáin a sheolfaidh nó a gheobhaidh pearsanra de chuid na Ríochta Aontaithe nó a gcleithiúnaigh agus a iompróidh Oifig Phoist na bhFórsaí Briotanacha teacht isteach in oileán na Cipire nó imeacht as trí chalafort nó aerfort sna Limistéir Bhunáite Fhlaitheasacha ar na coinníollacha seo a leanas:
 - (i) beartáin arna seoladh chuig pearsanra de chuid na Ríochta Aontaithe nó a gcleithiúnaigh, iomprófar iad i gcoimeádán séalaithe agus tabharfar iad, tar éis a dteacht isteach, chuig post custaim i bPoblacht na Cipire sa chaoi gur féidir le húdaráis Phoblacht na Cipire na foirmiúlachtaí custaim, na rialuithe custaim agus an bailiú dleachtanna allmhairiúcháin a bhaineann leo a chur i gcrích;

- (ii) beidh beartáin ar an mbealach amach arna seoladh ag pearsanra de chuid na Ríochta Aontaithe nó a gcleithiúnaigh faoi réir rialú custaim a dhéanfaidh údaráis na Limistéar Bunáite Flaitheasach.

Chun críche na míre seo ciallaíonn “pearsanra de chuid na Ríochta Aontaithe nó a gcleithiúnaigh” na daoine arna sainiú i mír 1 de Chuid I d’Iarscríbhinn B a ghabhann leis an gConradh Bunaíochta.

Roinnfidh an Ríocht Aontaithe faisnéis ábhartha le Poblacht na Cipire chun go mbeidh an dá Stát sin ag obair i ndlúthchomhar le chéile chun imghabháil dleachtanna agus cánacha, lena n-áirítear smuigleáil, a chosc.

7. Airteagal 34, Airteagal 35 agus Airteagal 36 CFAE agus forálacha eile de chuid dhlí an Aontais maidir le hearraí, go háirithe bearta arna nglacadh de bhun Airteagal 114 CFAE, beidh feidhm acu maidir leis na Limistéir Bhunáite Fhlaitheasacha agus sna Limistéir sin.

8. Earraí a bheidh ag teacht as na limistéir i bPoblacht na Cipire nach bhfuil rialú éifeachtach ag Rialtas Phoblacht na Cipire orthu, trasnóidh siad an líne idir na limistéir sin agus an Limistéar Bunáite Flaitheasach Oirthearach i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 866/2004.

Gan dochar d’Airteagal 6 den Phrótocal seo, is í an Ríocht Aontaithe a bheidh freagrach as cur chun feidhme agus forfheidhmiú Rialachán (CE) Uimh. 866/2004 i ndáil leis na Limistéir Bhunáite Fhlaitheasacha i gcomhréir le forálacha an Rialacháin sin. Iarrfaidh an Ríocht Aontaithe ar údaráis Phoblacht na Cipire aon seiceálacha tréidliachta, fiteashláintíochta agus sábháilteachta bia riachtanacha atá leagtha síos sa Rialachán sin a dhéanamh.

9. Is í an Ríocht Aontaithe a bheidh freagrach as cur chun feidhme agus forfheidhmiú na bhforálacha i ndlí an Aontais dá dtagraítear i mír 1 i ndáil le hearraí a bheidh ag teacht isteach sna Limistéir Bhunáite Fhlaitheasacha nó ag imeacht as na Limistéir sin faoi mhír 6.

Lena chois sin, is í an Ríocht Aontaithe a bheidh freagrach as aon cheadúnais, aon údaruithe nó aon deimhnithe a eisiúint is féidir a bheith riachtanach i ndáil le hearraí atá cumhdaithe ag mír 1 de roinn 5 d'Iarscríbhinn F a ghabhann leis an gConradh Bunaíochta.

10. Is í Poblacht na Cipire a bheidh freagrach as na na forálacha i ndlí an Aontais dá dtagraítear i mír 7 a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú sna Limistéir Bhunáite Fhlaitheasacha.

AIRTEAGAL 3

Cánachas

1. Na forálacha i ndlí an Aontais maidir le cánacha láimhdeachais, dleachtanna máil agus foirmeacha eile cánachais indírigh arna nglacadh de bhun Airteagal 113 CFAE, beidh feidhm acu maidir leis na Limistéir Bhunáite Fhlaitheasacha agus sna Limistéir sin.

2. Déileálfar le hidirbhearta de thionscnamh na Limistéir Bunáite Fhlaitheasach nó idirbhearta atá ceaptha lena n-aghaidh mar idirbhearta de thionscnamh Phoblacht na Cipire nó idirbhearta atá ceaptha lena haghaidh chun críocha na cánach breisluacha (CBL), dleachtanna máil agus foirmeacha eile cánachais indírigh.

3. Is í Poblacht na Cipire a bheidh freagrach as na forálacha i ndlí an Aontais dá dtagraítear san Airteagal seo a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú sna Limistéir Bhunáite Fhlaitheasacha, lena n-áirítear le haghaidh bailiú dleachtanna agus cánacha atá le híoc ag daoine sibhialta, nádúrtha nó dlítheanacha atá ina gcónaí nó atá bunaithe sna Limistéir Bhunáite Fhlaitheasacha.

AIRTEAGAL 4

Faoiseamh i leith dleachtanna

1. Earraí nó seirbhísí a fuarthas, a sealbhaíodh nó a allmhairíodh lena n-úsáid ag fórsaí armtha na Ríochta Aontaithe nó ag an bhfoireann sibhialta a ghabhann leo, nó chun soláthar dá mbialanna nó dá gceaintíní, beidh siad díolmhaithe ó dhleachtanna custaim, CBL agus dleachtanna máil, ar choinníoll go bhfuil na daoine lena mbaineann incháilithe do na díolúintí sin i gcomhréir leis an gConradh Bunaíochta. Chun an críche sin eiseoidh an Ríocht Aontaithe deimhnithe díolúine ar fhormheas ó Phoblacht na Cipire i ndáil leis na hearraí atá cumhdaithe ag Airteagal 2(3).
2. Aon dleachtanna a fhéadfaidh údaráis na Ríochta Aontaithe a bhailiú sna Limistéir Bhunáite Fhlaitheasacha de thoradh dhíol na n-earraí dá dtagraítear i mír 1, íocfar iad le húdaráis Phoblacht na Cipire.

AIRTEAGAL 5

Slándáil shóisialta

Chun leanúint de bheith ag cosaint cearta daoine atá ina gcónaí nó fostaithe i gcríoch na Limistéar Bunáite Flaitheasach, déanfaidh an Ríocht Aontaithe agus Poblacht na Cipire socruithe breise, nuair is gá, chun a áirithiú go gcuirfear Airteagal 4 de Phrótacal Uimh. 3 chun feidhme mar is ceart tar éis dheireadh na hidirthréimhse.

AIRTEAGAL 6

Rialacha maidir le talmhaíocht, iascach, tréidliacht agus fiteashláintíocht.

Maidir leis na forálacha i ndlí an Aontais maidir le talmhaíocht agus iascach i dTeideal III de Chuid a Trí CFAE agus gníomhartha arna nglacadh de bhun na bhforálacha sin, agus na rialacha maidir le tréidliacht agus fiteashláintíocht arna nglacadh, go háirithe, de bhun phointe (b) d'Airteagal 168(4) CFAE, beidh feidhm acu maidir leis na Limistéir Bhunáite Fhlaitheasacha agus sna Limistéir sin.

Is í Poblacht na Cipire a bheidh freagrach as na forálacha i ndlí an Aontais dá dtagraítear sa chéad mhír a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú i Limistéir Bhunáite Fhlaitheasacha.

AIRTEAGAL 7

Seiceálacha ar dhaoine a bheidh ag trasnú teorainneacha seachtracha na Limistéar Bunáite Flaitheasach

1. Chun críche an Airteagail seo ciallaíonn “teorainneacha seachtracha na Limistéar Bunáite Flaitheasach” teorainneacha mara agus aerfoirt agus calafoirt na Limistéar Bunáite Flaitheasach, ach ní chiallaíonn sé na teorainneacha talún agus mara atá acu le Poblacht na Cipire. Faoi réir mhír 6, chun críocha mhír 2 agus mhír 7, ciallaíonn “pointí trasnaithe” aon phointe trasnaithe atá údaraithe ag údaráis na Ríochta Aontaithe i leith thrasnú teorainneacha seachtracha na Limistéar Bunáite Flaitheasach.
2. Déanfaidh an Ríocht Aontaithe seiceálacha ar dhaoine a bheidh ag trasnú teorainneacha seachtracha na Limistéar Bunáite Flaitheasach. Beidh fíorú doiciméad taistil ina chuid de na seiceálacha sin. Déanfar seiceáil amháin den sórt sin ar a laghad ar gach duine chun a chéannacht a shuí. Ní cheadóidh an Ríocht Aontaithe thrasnú teorainneacha seachtracha na Limistéar Bunáite Flaitheasach ach amháin ag pointí trasnaithe.
3. Ní cheadófar do náisiúnaigh tríú tír ná do náisiúnaigh na Ríochta Aontaithe teorainneacha seachtracha na Limistéar Bunáite Flaitheasach a thrasnú mura gcomhlíonfaidh siad na coinníollacha seo a leanas:
 - (a) doiciméad bailí taistil a bheith ina seilbh acu;
 - (b) víosa bhailí do Phoblacht na Cipire a bheith ina seilbh acu, más gá;
 - (c) iad a bheith ag gabháil do ghníomhaíocht a bhaineann le cosaint nó iad a bheith ina mball teaghlaigh ag duine atá ag gabháil do ghníomhaíocht den sórt sin; agus

(d) gan iad a bheith ina mbagairt ar an tslándáil náisiúnta.

Ní bheidh feidhm ag an gcoinníoll a shonraítear i bpointe (c) maidir le náisiúnaigh na Ríochta Aontaithe agus iad ag trasnú na teorann dá dtagraítear i mír 6.

Is ar fhorais dhaonnúla, ar fhorais leasa náisiúnta nó chun a hoibleagáidí idirnáisiúnta a chomhlíonadh amháin a fhéadfaidh an Ríocht Aontaithe imeacht ó na coinníollacha dá dtagraítear sa chéad fhomhír.

Measfar nach gá do chomhaltaí d'fhórsa, de ghrúpa sibhialta ná dá gcleithiúnaigh, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn C a ghabhann leis an gConradh Bunaíochta, nach gá dóibh víosa a bheith acu le haghaidh Phoblacht na Cipire.

4. Aon iarratasóir ar thearmann a chéadchuaigh isteach in oileán na Cipire ón taobh amuigh den Aontas trí cheann de na Limistéir Bhunáite Fhlaitheasacha, tabharfar ar ais é nó tabharfar cead dó teacht ar ais chuig na Limistéir Bhunaíochta Fhlaitheasacha ar iarratas ón mBallstát a bhfuil an t-iarratasóir ann.

Leanfaidh Poblacht na Cipire de bheith ag obair i gcomhar leis an Ríocht Aontaithe chun teacht ar bhealaí agus modhanna praiticiúla chun cearta iarratasóirí ar thearmann agus imirceach neamhdhleathach sna Limistéir Bhunáite Fhlaitheasacha a urramú agus freastal ar a riachtanais, ag cur cúinsí daonnúla san áireamh agus i gcomhréir leis an reachtaíocht ábhartha maidir le Riaradh na Limistéir Bunáite Flaitheasach.

5. Gan dochar do mhír 6, ní dhéanfar aon seiceálacha ar dhaoine ag na teorainneacha talún agus mara idir na Limistéir Bhunáite Fhlaitheasacha agus Poblacht na Cipire.

6. An teorainn idir an Limistéar Bunáite Flaitheasach Oirthearach agus na limistéir sin i bPoblacht na Cipire nach bhfuil rialú éifeachtach ag Rialtas Phoblacht na Cipire orthu, déileálfar léi mar chuid de theorainneacha seachtracha na Limistéar Bunáite Flaitheasach chun críocha an Airteagail seo fad a mhairfidh cur ar fionraí chur i bhfeidhm an acquis i gcomhréir le hAirteagal 1 de Phrótocal Uimh. 10. Is ag na pointí trasnaithe darb ainm Strovilia agus Pergamos amháin a fhéadfar an teorainn a thrasnú. Tar éis di toiliú a fháil ó údaráis na Ríochta Aontaithe agus i gcomhar leo, féadfaidh Poblacht na Cipire bearta breise a dhéanamh chun an imirce neamhdhleathach a chosc i gcás daoine a thrasnaigh an teorainn sin.

7. Úsáidfidh údaráis na Ríochta Aontaithe aonaid shoghluaiste chun faireachas seachtrach a dhéanamh idir pointí trasnaithe teorann agus ag pointí trasnaithe teorann lasmuigh de na gnáthuaireanta oscailte ag teorainneacha seachtracha na Limistéar Bunáite Flaitheasach agus ag an teorainn idir Limistéar Bunáite Flaitheasach Dhekelia agus na limistéir sin i bPoblacht na Cipire nach bhfuil rialú éifeachtach ag Rialtas Phoblacht na Cipire orthu. Déanfar an faireachas sin ar dhóigh a dhíspreagfaidh daoine le dul timpeall ar na seiceálacha ag pointí trasnaithe. Imscarfaidh údaráis na Ríochta Aontaithe líon leordhóthanach d'oifigigh a bhfuil cáilíochtaí oiriúnacha acu chun na seiceálacha sin agus an faireachas sin a dhéanamh.

8. Leanfaidh údaráis na Ríochta Aontaithe de bheith ag obair i ndlúthchomhar go síor le húdaráis Phoblacht na Cipire chun go gcuirfear na seiceálacha agus an faireachas dá dtagraítear i mír 6 go dtí mír 7 chun feidhme go héifeachtach.

AIRTEAGAL 8

Comhar

Oibreoidh Poblacht na Cipire agus an Ríocht Aontaithe i gcomhar le chéile chun a áirithiú go gcuirfean an Prótacal seo chun feidhme go héifeachtach, go háirithe chun cur i gcoinne calaoise agus aon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais nó na Ríochta Aontaithe. Féadfaidh Poblacht na Cipire agus an Ríocht Aontaithe socruithe breise a dhéanamh maidir le cur chun feidhme aon cheann d'fhorálacha an Phrótacail seo. Cuirfidh Poblacht na Cipire an Coimisiún Eorpach ar an eolas faoi aon cheann de na socruithe sin sula dtiocfaidh siad i bhfeidhm.

AIRTEAGAL 9

An Coiste Speisialaithe

1. Déanfaidh an Coiste Speisialaithe maidir le saincheisteanna a bhaineann le cur chun feidhme an Phrótacail i ndáil leis na Limistéir Bhunáite Fhlaitheasacha sa Chipir arna bhunú le hAirteagal 165 den Chonradh um Tharraingt Siar (“an Coiste Speisialaithe”):

- (a) cur chun feidhme agus cur i bhfeidhm an Phrótacail seo a éascú;
- (b) plé ar aon ní is ábhartha don Phrótacal seo agus atá ina chúis deacrachta agus a bhfuil aird tarraingthe air ag an Aontas nó ag an Ríocht Aontaithe; agus

(c) moltaí a chur faoi bhráid an Chomhchoiste i ndáil le feidhmiú an Phrótacail seo, go háirithe moltaí i ndáil le leasuithe ar na tagairtí do dhlí an Aontais sa Phrótacal seo.

2. Cuirfidh an Coimisiún Eorpach an Coiste Speisialaithe ar an eolas faoi aon tuarascáil a cuireadh isteach faoi Airteagal 11 de Rialachán (AE) Uimh. 866/2004 agus rachaidh sé i gcomhairle leis an Ríocht Aontaithe faoi aon togra ón gCoimisiún i leith gníomh a ghlacadh lena leasófar nó lena n-ionadófar an Rialachán sin má dhéantar difear do na Limistéir Bhunáite Fhlaitheasacha.

AIRTEAGAL 10

Comhchoiste

1. Leasóidh an Comhchoiste aon tagairt do dhlí an Aontais sa Phrótacal seo ar mholadh a fháil dó ón gCoiste Speisialaithe.

2. Má mheasann sé go bhfuil gá leis d'fhonn dea-fheidhmiú an Phrótacail seo a chaomhnú, féadfaidh an Comhchoiste, ar mholadh a fháil dó ón gCoiste Speisialaithe, aon chinneadh is gá a dhéanamh chun, i ndáil leis an bPrótacal seo, na forálacha dá dtagraítear in Airteagal 1(4) a ionadú.

3. Féadfaidh an Comhchoiste, ar mholadh a fháil dó ón gCoiste Speisialaithe, Airteagal 7(6) a leasú i ndáil leis na pointí trasnaithe a shainaithnítear san fhoráil sin.

AIRTEAGAL 11

Feidhmiú Airteagal 6 de Phrótacal Uimh. 3 le linn na hidirthréimhse

D'ainneoin Airteagal 127(1) den Chomhaontú um Tharraingt Siar, ní bheidh feidhm ag aon bheart a ghlacfar le linn na hidirthréimhse faoi Airteagal 6 de Phrótacal Uimh. 3 maidir leis na Limistéir Bhunáite Fhlaitheasacha ná sna Limistéir sin.

AIRTEAGAL 12

Maoirsiú agus forfheidhmiú

1. A fhad a bhaineann leis na Limistéir Bhunáite Fhlaitheasacha agus i ndáil le daoine nádúrtha agus dlítheanacha atá ina gcónaí nó atá bunaithe ar chríoch na Limistéir sin, beidh ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais na cumhachtaí a thugtar dóibh le dlí an Aontais i ndáil leis an bPrótacal seo agus le forálacha de chuid dhlí an Aontais a dhéantar infheidhme trí bhíthin an Phrótacail. Go háirithe, beidh an dlínse dá bhforáiltear sna Conarthaí ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh ina leith sin.
2. Maidir le gníomhartha sin na n-institiúidí, na gcomhlachtaí, na n-oifigí agus na ngníomhaireachtaí arna nglacadh i gcomhréir le mír 1, beidh na héifeachtaí céanna dlí acu ar na Limistéir Bhunáite Fhlaitheasacha agus sna Limistéir sin agus atá acu laistigh den Aontas agus ar Bhallstáit an Aontais.

AIRTEAGAL 13

Freagracht as an gcur chun feidhme

1. Mura bhforáiltear a mhalairt sa Phrótacal seo, is í an Ríocht Aontaithe a bheidh freagrach as cur chun feidhme agus forfheidhmiú an Phrótacail seo sna Limistéir Bhunáite Fhlaitheasacha. D’ainneoin mhír 3, achtóidh údaráis inniúla na Ríochta Aontaithe an reachtaíocht bhaile is gá chun éifeacht a thabhairt don Phrótacal seo sna Limistéir Bhunáite Fhlaitheasacha.
2. Coimeádfaidh an Ríocht Aontaithe an ceart eisiach an Prótacal seo a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú i ndáil lena cuid údarás féin nó ar aon mhaoín dhochorraithe atá ar úinéireacht nó ar áitiú ag Aireacht Cosanta na Ríochta Aontaithe, agus coimeádfaidh sí, freisin, aon chumhacht forfheidhmiúcháin chomhéigineach a dteastaíonn an chumhacht chun dul isteach i dteach cónaithe nó cumhacht gabhála lena haghaidh. Coimeádfaidh an Ríocht Aontaithe cumhachtaí eile forfheidhmiúcháin comhéigineacha mura bhforáiltear a mhalairt sa reachtaíocht dá dtagraítear i mír 1.
3. Cuirtear d’fhreagracht ar Phoblacht na Cipire an Prótacal seo a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú sna Limistéir Bhunáite Fhlaitheasacha i gcomhréir le hAirteagal 2(10), Airteagal 3 agus Airteagal 6.

PRÓTACAL MAIDIR LE GIOBRÁLTAR

Tá an tAontas agus an Ríocht Aontaithe,

Á MHEABHRÚ DÓIBH gurb í an Ríocht Aontaithe atá freagrach as caidreamh seachtrach Ghiobráltar agus go bhfuil dlí an Aontais infheidhme maidir le Giobráltar a mhéid a fhoráiltear le hIonstraim Aontachais 1972 de bhua Airteagal 355(3) CFAE,

Á MHEABHRÚ DÓIBH go bhfuil an Prótacal seo le cur chun feidhme i gcomhréir le hord bunreachtúil Ríocht na Spáinne agus le hord bunreachtúil na Ríochta Aontaithe,

Á MHEABHRÚ DÓIBH gurb amhlaidh, de bhun Airteagal 50 CAE, i gcomhar le hAirteagal 106a de Chonradh Euratom, agus faoi réir na socrúithe a leagtar síos sa Chomhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach (“an Comhaontú um Tharraingt Siar”), go scoirfidh dlí an Aontais Eorpaigh agus Euratom ina iomláine d’fheidhm a bheith aige maidir leis an Ríocht Aontaithe, agus dá bhrí sin maidir le Giobráltar, ó dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe um Tharraingt Siar,

ÓS RUD É gur gá tarraingt siar rianúil as an Aontas Eorpach a áirithiú i ndáil le Giobráltar,

Á CHUR I bhFÁTH DÓIBH go leanann as tarraingt siar rianúil na Ríochta Aontaithe a fhad a bhaineann sé le Giobráltar go dtabharfar aghaidh go leormhaith ar aon tionchar diúltach a d'fhéadfaí a imirt ar an dlúthchaidreamh sóisialta agus eacnamaíoch idir Giobráltar agus an limistéar máguaird, go háirithe críoch na mbardas as a bhfuil Mancomunidad de Municipios del Campo de Gibraltar sa Spáinn comhdhéanta,

Á THABHAIRT DÁ nAIRE tiomantas na Ríochta Aontaithe, i leith Ghiobráltar, aghaidh a thabhairt ar íocaíocht sochar ar dhóigh shásúil faoin 31 Nollaig 2020,

D'FHONN leanúint de bheith ag cur chun cinn forbairt eacnamaíoch agus shóisialta sa limistéar, go háirithe ó thaobh dálaí saothair, agus leanúint de bheith ag áirithiú na leibhéal is airde is féidir de chosaint comhshaoil i gcomhréir le dlí an Aontais, agus leanúint de bheith ag neartú na slándála d'áitritheoirí an limistéir, go háirithe trí chomhar in ábhair póilíneachta agus custam,

Á ADMHÁIL DÓIBH na sochair i dtéarmaí fhorbairt eacnamaíoch an limistéir a thagann de shaorghluaiseacht daoine faoi dhlí an Aontais, rud a leanfaidh d'fheidhm a bheith aige le linn na hidirthréimhse,

Á ATHDHEARBHÚ DÓIBH go háirithe an cuspóir an tsláinte phoiblí a chosaint, agus ag cur i dtábhacht dóibh an ghá comhrac a chur ar na hiarmhairtí tromchúiseacha sláinte, sóisialta agus eacnamaíocha a leanann caitheamh tobac,

Á CHUR I dTÁBHACHT DÓIBH freisin an gá comhrac a chur ar an gcalaois agus ar an smuigleáil agus leasanna airgeadais na bpáirtithe uile lena mbaineann a chosaint,

Á CHUR I dTREIS DÓIBH go bhfuil an Prótacal seo gan dochar do sheasamh dlí Ríocht na Spáinne agus do sheasamh dlí na Ríochta Aontaithe maidir le flaitheas agus dlínse,

Á dTABHAIRT DÁ nAIRE na Meabhráin Tuisceana a tugadh i gcrích idir Ríocht na Spáinne agus an Ríocht Aontaithe an 29 Samhain 2018 maidir le cearta na saoránach, táirgí tobac agus táirgí eile, comhar in ábhair comhshaoil agus comhar in ábhair póilíneachta agus custaim, mar aon leis an gcomhaontú ar thánghas air an 29 Samhain 2018 maidir le conradh a thabhairt i gcrích maidir le cánachas agus cosaint leasanna airgeadais,

TAR ÉIS COMHAONTÚ ar na forálacha seo a leanas, a chuirfear i gceangal leis an gComhaontú um Tharraingt Siar:

AIRTEAGAL 1

Ceartha na Saoránach

1. Oibreoidh Ríocht na Spáinne (“an Spáinn”) agus an Ríocht Aontaithe i ndlúthchomhar le chéile i ndáil le Giobráltar d’fhonn cur chun feidhme éifeachtach Cuid a Dó den Chomhaontú um Tharraingt Siar, a bhaineann le ceartha na saoránach, a ullmhú agus a fhothú, cuid a bhfuil lánfheidhm aici, *inter alia*, maidir le hoibrithe trasteorann atá ina gcónaí i nGiobráltar nó sa Spáinn, go háirithe ar chríoch na mbardas as a bhfuil Mancomunidad de Municipios del Campo de Gibraltar comhdhéanta, agus a bhfuil foráil déanta le hAirteagal 24 agus Airteagal 25 di maidir le ceartha sonracha d’oibrithe trasteorann.
2. Chuige sin, malartóidh na húdaráis inniúla faisnéis atá cothrom le dáta ar bhonn ráithiúil faoi dhaoine atá cumhdaithe ag Cuid a Dó den Chomhaontú um Tharraingt Siar agus atá ina gcónaí i nGiobráltar nó ar chríoch na mbardas as a bhfuil Mancomunidad de Municipios del Campo de Gibraltar comhdhéanta, lena n-áirítear, go háirithe, oibrithe trasteorann.
3. Bunóidh an Spáinn agus an Ríocht Aontaithe coiste comhordúcháin a bheidh ina fhóram ina ndéanfaidh na húdaráis inniúla plé rialta le chéile chun faireachán a dhéanamh ar ábhair a bhaineann le dálaí fostaíochta agus saothair. Tuairisceoidh an coiste comhordúcháin sin ar bhonn rialta don Choiste maidir le ceisteanna a bhaineann leis an bPrótacal maidir le Giobráltar a bhunaítear le hAirteagal 165 den Chomhaontú um Tharraingt Siar (“an Coiste Speisialaithe”).

AIRTEAGAL 2

An dlí aeriompair

An dlí aeriompair sin de chuid an Aontais nach raibh feidhm aige maidir le haerfort Ghiobráltar roimh an 30 Márta 2019, ní thiocfaidh sé chun a bheith infheidhme maidir leis an aerfort sin go dtí an dáta arna leagan síos ag an gComhchoiste. Glacfaidh an Comhchoiste an cinneadh maidir leis sin ar fhógra a fháil dó ón Ríocht Aontaithe agus ón Spáinn go bhfuil siad tagtha ar chomhaontú sásúil faoi úsáid aerfort Giobráltar.

AIRTEAGAL 3

Ábhair fhioscacha agus cosaint leasanna airgeadais

1. Déanfaidh an Spáinn agus an Ríocht Aontaithe, i ndáil le Giobráltar, na cineálacha comhair a bhunú is gá chun lán-trédhearcacht a bhaint amach in ábhair cánach agus i ndáil le cosaint leasanna airgeadais na bpáirtithe uile lena mbaineann, go háirithe trí chóras feabhsaithe um chomhar riaracháin a bhunú chun comhrac a chur ar an gcalaois, ar an smuigleáil agus ar an sciúradh airgid agus chun coinbhleachtaí a bhaineann le sainchónaí cánach a réiteach.

2. Déanfar caighdeáin idirnáisiúnta Ghrúpa an Fhichead (G20) agus na hEagraíochta um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (OECD) a bhaineann le dea-rialachas fíoscach, trédhearcacht, malartuithe faisnéise agus cleachtais chánach dhíobhálacha agus go háirithe na critéir maidir le substaint eacnamaíoch arna mbunú ag Fóram OECD maidir le Cleachtais Chánach Dhíobhálacha, déanfar iad sin a chomhlíonadh i nGiobráltar, d'fhonn Giobráltar a bheith rannpháirteach i gCreat Cuimsitheach OECD maidir le creimeadh an bhoinn agus aistriú brabúis.

3. Áiritheoidh an Ríocht Aontaithe go ndéanfar a daingniú ar an gCreat-Choinbhinsiún maidir le Rialú Tobac, a glacadh sa Ghinéiv an 21 Bealtaine 2003, agus ar an bPrótacal ar mhaithe le trádáil aindleathach i dtáirgí tobac a dhíothú, a glacadh i Súl an 12 Samhain 2012, go ndéanfar sin a leathnú chun Giobráltar a chumhdach faoin 30 Meitheamh 2020.

Gan dochar don chéad fhomhír, áiritheoidh an Ríocht Aontaithe go mbeidh córas inrianaitheachta agus bearta slándála a bhaineann le táirgí tobac, córas atá coibhéiseach le ceanglais agus caighdeáin dhlí an Aontais, go mbeidh sin i bhfeidhm i nGiobráltar faoin 30 Meitheamh 2020. Leis an gcóras sin áiritheofar rochtain fhrithpháirteach ar an bhfaisnéis faoi inrianaitheacht toitíní sa Spáinn agus i nGiobráltar.

4. Chun smuigleáil táirgí atá faoi réir dleachtanna máil nó cánacha speisialta a chosc agus a dhíspreagadh, áiritheoidh an Ríocht Aontaithe go mbeidh i bhfeidhm i nGiobráltar, i ndáil le halcól agus peitreal, córas cánach a mbeidh sé d'aidhm aige cosc a chur ar ghníomhaíochtaí calaoiseacha a bhaineann leis na táirgí sin.

AIRTEAGAL 4

Cosaint an chomhshaoil agus iascaireacht

Bunóidh an Spáinn agus an Ríocht Aontaithe coiste comhordúcháin a bheidh ina fhóram ina bpléifidh na húdaráis inniúla go rialta saincheisteanna a bhaineann, go háirithe, le bainistiú dramhaíola, cáilíocht an aeir, taighde eolaíoch agus iascaireacht. Iarrfar ar an Aontas páirt a ghlacadh i gcrúinnithe an choiste comhordúcháin sin. Tuairisceoidh an coiste sin don Choiste Speisialaithe ar bhonn rialta.

AIRTEAGAL 5

Comhar in ábhair póilíneachta agus custaim

Bunóidh an Spáinn agus an Ríocht Aontaithe coiste comhordúcháin a bheidh ina fhóram ina ndéanfar faireachán agus comhordú idir na húdaráis inniúla i leith aon cheist a bhaineann le comhar in ábhair póilíneachta agus custaim. Iarrfar ar an Aontas páirt a ghlacadh i gcrúinnithe an choiste comhordúcháin sin. Tuairisceoidh an coiste sin don Choiste Speisialaithe ar bhonn rialta.

AIRTEAGAL 6

Cúraimí an Choiste Speisialaithe

Déanfaidh an Coiste Speisialaithe:

- (a) cur chun feidhme agus cur i bhfeidhm an Phrótacail seo a éascú;
- (b) plé ar aon ní is ábhartha don Phrótacal seo agus atá ina chúis deacrachta agus a bhfuil aird tarraingthe air ag an Aontas nó ag an Ríocht Aontaithe;
- (c) scrúdú a dhéanamh ar thuarascálacha de chuid an choiste comhordúcháin dá dtagraítear sa Phrótacal seo; agus
- (d) moltaí a chur chuig an gComhchoiste maidir le feidhmiú an Phrótacail seo.

IARSCRÍBHINNÍ

COMHORDÚ SLÁNDÁLA SÓISIALTA

CUID I

CINNTÍ AGUS MOLTAÍ AN CHOIMISIÚIN RIARACHÁIN

Reachtaíocht is infheidhme (Sraith A):

- Cinneadh A1 an 12 Meitheamh 2009 maidir le nós imeachta idirphlé agus idir-réitigh a bhunú i dtaca le bailíocht doiciméad, i dtaca leis an reachtaíocht is infheidhme a chinneadh agus i dtaca le soláthar na sochar faoi Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO C 106, 24.4.2010, lch. 1);
- Cinneadh A2 an 12 Meitheamh 2009 maidir le léirmhíniú Airteagal 12 de Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle i dtaca leis an reachtaíocht is infheidhme maidir le hoibrithe ar postú agus oibrithe féinfhostaithe atá ag obair go sealadach lasmuigh den Stát inniúil (IO C 106, 24.4.2010, lch. 5);

- Cinneadh A3 an 17 Nollaig 2009 maidir le comhiomlánú na dtréimhsí ar postú gan bhriseadh arna gcur i gcrích faoi Rialachán (CEE) Uimh. 1408/71 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO C 149, 08.6.2010, lch. 3).

Malartú Sonraí Leictreonacha (Sraith E):

- Cinneadh E2 an 3 Márta 2010 maidir le nós imeachta um bainistiú athruithe a bhunú is infheidhme maidir le mionsonraí na gcomhlachtaí a shainmhínítear in Airteagal 1 de Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle atá liostaithe san eolaire leictreonach ar dlúthchuid é de EESSI (IO C 187, 10.7.2010, lch. 5);
- Cinneadh E4 an 13 Márta 2014 maidir leis an idirthréimhse mar a shainmhínítear í in Airteagal 95 de Rialachán (CE) Uimh. 987/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO C 152, 20.5.2014, lch. 21);
- Cinneadh E5 an 16 Márta 2017 maidir leis na socruithe praiticiúla le haghaidh na hidirthréimhse i dtaca le malartú sonraí trí bhíthin meán leictreonach dá dtagraítear in Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 987/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO C 233, 19.7.2017, lch. 3).

Sochair theaghlaigh (Sraith F):

- Cinneadh F1 an 12 Meitheamh 2009 maidir le léirmhíniú Airteagal 68 de Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le rialacha tosaíochta i gcás ina dtarlódh forluí idir sochair theaghlaigh (IO C 106, 24.4.2010, lch. 11);

- Cinneadh F2 an 23 Meitheamh 2015 maidir le sonraí a mhalartú idir institiúidí chun críche sochair theaghlaigh a dheonú (IO C 52, 11.2.2016, lch. 11).

Saincheisteanna cothrománacha (Sraith H):

- Cinneadh H1 an 12 Meitheamh 2009 maidir leis an gcreat le haghaidh an aistrithe ó Rialachán (CEE) Uimh. 1408/71 ón gComhairle agus Rialachán (CEE) Uimh. 574/72 ón gComhairle chuig Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 987/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus maidir le Cinntí agus Moltaí an Choimisiúin Riaracháin maidir le Comhordú na gCóras Slándála Sóisialta a chur i bhfeidhm (IO C 106, 24.4.2010, lch. 13);
- Cinneadh H3 an 15 Deireadh Fómhair 2009 maidir leis an dáta atá le cur san áireamh chun na rátaí comhshó dá dtagraítear in Airteagal 90 de Rialachán (CE) Uimh. 987/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a chinneadh (IO C 106, 24.4.2010, lch. 56);
- Cinneadh H4 an 22 Nollaig 2009 maidir le comhdhéanamh agus modhanna oibre Bhord Iniúchta an Choimisiúin Riaracháin maidir le Comhordú na gCóras Slándála Sóisialta (IO C 107, 27.4.2010, lch. 3);
- Cinneadh H5 an 18 Márta 2010 maidir le comhar i dtaca le calaois agus earráid a chomhrac faoi chuimsiú Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 987/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le comhordú na gcóras slándála sóisialta (IO C 149, 8.6.2010, lch. 5);

- Cinneadh H6 an 16 Nollaig 2010 maidir le cur i bhfeidhm prionsabal áirithe i dtaca le comhiomlánú tréimhsí faoi Airteagal 6 de Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 maidir le comhordú na gcóras slándála sóisialta (IO C 45, 12.2.2011, lch. 5);
- Cinneadh H7 an 25 Meitheamh 2015 maidir leis an athbhreithniú ar Chinneadh H3 i dtaca leis an dáta atá le cur san áireamh chun na rátaí comhshó dá dtagraítear in Airteagal 90 de Rialachán (CE) Uimh. 987/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le comhordú na gcóras slándála sóisialta a chinneadh (IO C 52, 11.2.2016, lch. 13);
- Cinneadh H8 an 17 Nollaig 2015 (a nuashonraíodh le mionsoiléirithe teicniúla an 9 Márta 2016) i dtaca le modhanna oibríochta agus comhdhéanamh an Choimisiúin Theicniúil um próiseáil sonraí de chuid an Choimisiúin Riaracháin maidir le Comhordú na gCóras Slándála Sóisialta (IO C 263, 20.7.2016, lch. 3);
- Moladh H1 an 19 Meitheamh 2013 maidir le breithiúnas Gottardo, nach foláir, dá réir, na buntáistí atá ag náisiúnaigh Stáit faoi choinbhinsiún déthaobhach maidir le slándáil shóisialta le tríú tír a dheonú freisin d'oibríthe ar náisiúnaigh de Bhallstáit eile iad (IO C 279, 27.9.2013, lch. 13).

Pinsin (Sraith P):

- Cinneadh P1 an 12 Meitheamh 2009 maidir le léirmhíniú Airteagal 50(4), Airteagal 58 agus Airteagal 87(5) de Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le dámhachtain sochar i leith easláine, seanaoise nó marthanóirí (IO C 106, 24.4.2010, lch 21).

Aisghabháil (Sraith R):

- Cinneadh R1 an 20 Meitheamh 2013 maidir le léirmhíniú Airteagal 85 de Rialachán (CE) Uimh. 987/2009 (IO C 279, 27.9.2013, lch. 11).

Breiteacht (Sraith S):

- Cinneadh S1 an 12 Meitheamh 2009 maidir leis an gCárta Eorpach um Árachas Sláinte (IO C 106, 24.4.2010, lch. 23);
- Cinneadh S2 an 12 Meitheamh 2009 maidir le sonraíochtaí teicniúla an Chárta Eorpaigh um Árachas Sláinte (IO C 106, 24.4.2010, lch. 26);
- Cinneadh S3 an 12 Meitheamh 2009 lena sainmhínítear na sochair a chumhdaítear faoi Airteagal 19(1) agus Airteagal 27(1) de Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus faoi Airteagal 25(A)(3) de Rialachán (CE) Uimh. 987/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO C 106, 24.4.2010, lch. 40);
- Cinneadh S5 an 2 Deireadh Fómhair 2009 maidir le léirmhíniú an choincheapa “sochair chomhchineáil” mar a shainmhínítear é sin in Airteagal 1(va) de Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle i gcás breiteachta nó máithreachais de bhun Airteagail 17, 19, 20, 22, 24(1), 25, 26, 27(1, 3, 4 agus 5), 28, 34 agus 36(1 agus 2) de Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 agus maidir le ríomh na méideanna atá le haisioc faoi Airteagal 62, Airteagal 63 agus Airteagal 64 de Rialachán (CE) Uimh. 987/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO C 106, 24.4.2010, lch. 54);

- Cinneadh S6 an 22 Nollaig 2009 maidir leis an gclárú sa Bhallstát cónaithe faoi Airteagal 24 de Rialachán (CE) Uimh. 987/2009 agus maidir le tiomsú na bhfardal dá bhforáiltear in Airteagal 64(4) de Rialachán (CE) Uimh. 987/2009 (IO C 107, 27.4.2010, lch. 6);
- Cinneadh S8 an 15 Meitheamh 2011 maidir le próistéisí, príomhfhearais agus sochair chomhchineáil shubstantiúla eile a dheonú dá bhforáiltear in Airteagal 33 de Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 maidir le comhordú na gcóras slándála sóisialta (IO C 262, 06.9.2011, lch. 6);
- Cinneadh S9 an 20 Meitheamh 2013 maidir le nósanna imeachta aisíocaíochta ar mhaithe le hAirteagal 35 agus Airteagal 41 de Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 a chur chun feidhme (IO C 279, 27.9.2013, lch. 8);
- Cinneadh S10 an 19 Nollaig 2013 maidir leis an aistriú ó Rialachán (CEE) Uimh. 1408/71 agus Rialachán (CEE) Uimh. 574/72 chuig Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 agus Rialachán (CE) Uimh. 987/2009 agus maidir le nósanna imeachta aisíocaíochta a chur i bhfeidhm (IO C 152, 20.5.2014, lch. 16);
- Moladh S1 an 15 Márta 2012 maidir le gnéithe airgeadais a bhaineann le deonacháin orgán beo trasna teorainneacha (IO C 240, 10.8.2012, lch. 3);
- Moladh S2 an 22 Deireadh Fómhair 2013 maidir leis an teidlíocht ar shochair chomhchineáil le haghaidh daoine árachaithe agus baill dá dteaghlaigh atá ag fanacht i dtríú tír faoi choinbhinsiún déthaobhach idir an Ballstát inniúil agus an tríú tír (IO C 46, 18.2.2014, lch. 8).

Dífhostaíocht (Sraith U):

- Cinneadh U1 an 12 Meitheamh 2009 maidir le hAirteagal 54(3) de Rialachán (CE) Uimh. 987/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le méaduithe ar shochar dífhostaíochta le haghaidh bhaill chleithiúnacha an teaghlaigh (IO C 106, 24.4.2010, lch. 42);
- Cinneadh U2 an 12 Meitheamh 2009 maidir le raon feidhme Airteagal 65(2) de Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an gceart chun sochar dífhostaíochta atá ag daoine atá go hiomlán dífhostaithe cé is moite d’oibrithé teorann a bhí ina gcónaí i gcríoch Ballstáit seachas an Ballstát inniúil le linn a dtréimhse fostaíochta nó féinfhostaíochta is déanaí (IO C 106, 24.4.2010, lch. 43);
- Cinneadh U3 an 12 Meitheamh 2009 maidir le raon feidhme an choincheapa “páirt-dífhostaíocht” is infheidhme maidir le daoine dífhostaithe dá dtagraítear in Airteagal 65(1) de Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO C 106, 24.4.2010, lch. 45);
- Cinneadh U4 an 13 Nollaig 2011 maidir leis na nósanna imeachta aisíocaíochta faoi Airteagal 65(6) agus (7) de Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 agus Airteagal 70 de Rialachán (CE) Uimh. 987/2009 (IO C 57, 25.2.2012, lch. 4);
- Moladh U1 an 12 Meitheamh 2009 maidir leis an reachtaíocht is infheidhme maidir le daoine dífhostaithe atá i mbun gníomhaíocht pháirtaimseartha phroifisiúnta nó trádála i mBallstát seachas an Stát cónaithe (IO C 106, 24.4.2010, lch. 49);

- Moladh U2 an 12 Meitheamh 2009 maidir le hAirteagal 64(1)(a) de Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a chur i bhfeidhm maidir le daoine dífhostaithe a thugann tionlacan dá gcéile nó dá bpáirtí agus na céilí nó na páirtithe sin ag tabhairt faoi ghníomhaíocht phroifisiúnta nó trádála i mBallstát seachas an Stát inniúil (IO C 106, 24.4.2010, lch. 51).

CUID II

GNÍOMHARTHA DÁ dTAGRAÍTEAR

Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le comhordú na gcóras slándála sóisialta¹, arna leasú le:

- Rialachán (CE) Uimh. 988/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Meán Fómhair 2009²;
- Rialachán (AE) Uimh. 1244/2010 ón gCoimisiún an 9 Nollaig 2010³;
- Rialachán (AE) 465/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012⁴;

¹ IO L 166, 30.4.2004, lch. 1.

² IO L 284, 30.10.2009, lch. 43.

³ IO L 338, 22.12.2010, lch. 35.

⁴ IO L 149, 8.6.2012, lch. 4.

- Rialachán (AE) Uimh. 1224/2012 ón gCoimisiún an 18 Nollaig 2012¹;
- Rialachán (AE) Uimh. 517/2013 ón gComhairle an 13 Bealtaine 2013²;
- Rialachán (AE) Uimh. 1372/2013 ón gCoimisiún an 19 Nollaig 2013³, arna leasú le Rialachán (AE) Uimh. 1368/2014 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2014⁴;
- Rialachán (AE) 2017/492 ón gCoimisiún an 21 Márta 2017⁵.

Rialachán (CE) Uimh. 987/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Meán Fómhair 2009 lena leagtar síos an nós imeachta i dtaca le cur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 maidir le comhordú na gcóras slándála sóisialta⁶, arna leasú le:

- Rialachán (AE) Uimh. 1244/2010 ón gCoimisiún an 9 Nollaig 2010⁷;

¹ IO L 349, 19.12.2012, lch. 45.
² IO L 158, 10.6.2013, lch. 1.
³ IO L 346, 20.12.2013, lch. 27.
⁴ IO L 366, 20.12.2014, lch. 15.
⁵ IO L 76, 22.3.2017, lch. 13.
⁶ IO L 284, 30.10.2009, lch. 1.
⁷ IO L 338, 22.12.2010, lch. 35.

- Rialachán (AE) 465/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012¹;
- Rialachán (AE) Uimh. 1224/2012 ón gCoimisiún an 18 Nollaig 2012²;
- Rialachán (AE) Uimh. 1372/2013 ón gCoimisiún an 19 Nollaig 2013³;
- Rialachán (AE) Uimh. 1368/2014 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2014⁴;
- Rialachán (AE) 2017/492 ón gCoimisiún an 21 Márta 2017⁵.

¹ IO L 149, 8.6.2012, lch. 4.

² IO L 349, 19.12.2012, lch. 45.

³ IO L 346, 20.12.2013, lch. 27.

⁴ IO L 366, 20.12.2014, lch. 15.

⁵ IO L 76, 22.3.2017, lch. 13.

CUID III

OIRIÚNUITHE AR RIALACHÁN (CE) UIMH. 883/2004 AGUS AR RIALACHÁN (CE) UIMH. 987/2009

Chun críocha an Chomhaontaithe seo, cuirfear forálacha Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 in oiriúint mar seo a leanas:

- (a) cuirfear an méid seo a leanas le hIarscríbhinn II:

“AN RÍOCHT AONTAITHE - AN GHEARMÁIN

- (a) Airteagal 7(5) agus (6) de Choinbhinsiún an 20 Aibreán 1960 maidir le slándáil shóisialta (an reachtaíocht is infheidhme maidir le sibhialtaigh atá ag fónamh sna fórsaí míleata);
- (b) Airteagal 5(5) agus (6) de Choinbhinsiún an 20 Aibreán 1960 maidir le hárachas dífhostaíochta (an reachtaíocht is infheidhme maidir le sibhialtaigh atá ag fónamh sna fórsaí míleata).

AN RÍOCHT AONTAITHE - ÉIRE

Airteagal 19(2) de Chomhaontú an 14 Nollaig 2004 maidir le slándáil shóisialta (a bhaineann le creidiúintí míchumais áirithe a aistriú agus a ríomh).”;

(b) cuirfear an méid seo a leanas le hIarscríbhinn III:

“AN RÍOCHT AONTAITHE”;

(c) cuirfear an méid seo a leanas le hIarscríbhinn VI:

“AN RÍOCHT AONTAITHE

Liúntas Fostaíochta agus Tacaíochta (ESA)

- (a) I dtaca le dámhachtainí a deonaíodh roimh an 1 Aibreán 2016, is é atá sa Liúntas Fostaíochta agus Tacaíochta sochar breoiteachta in airgead tirim don chéad 91 lá (Céim an Mheasúnaithe). Ón 92ú lá amach, is é a bhíonn sa Liúntas Fostaíochta agus Tacaíochta sochar easláine (an Phríomhchéim).
- (b) I dtaca le dámhachtainí a deonaíodh an 1 Aibreán 2016 nó ina dhiaidh sin, is é atá sa Liúntas Fostaíochta agus Tacaíochta sochar breoiteachta in airgead tirim don chéad 365 lá (Céim an Mheasúnaithe). Ón 366ú lá amach, is é a bhíonn sa Liúntas Fostaíochta agus Tacaíochta sochar easláine (Grúpa Tacaíochta).

Reachtaíocht na Breataine Móire: Cuid 1 den Acht um Athchóiriú an Leasa Shóisialta 2007.

Reachtaíocht Thuaisceart Éireann: Cuid 1 den Acht um Athchóiriú an Leasa Shóisialta (Tuaisceart Éireann) 2007.”;

(d) cuirfear an méid seo a leanas le Cuid 1 d'Iarscríbhinn VIII:

“AN RÍOCHT AONTAITHE

Na hiarratais uile ar phinsean scoir, pinsean stáit de bhun Chuid 1 den Acht um Pinsin 2014, ar shochair baintreach agus ar shochair mhéala, seachas na sochair sin a bhfuil an méid seo a leanas amhlaidh ina leith i rith na bliana cánach dar tús an 6 Aibreán 1975 nó tar éis an dáta sin:

- (i) chomhlánaigh an páirtí lena mbaineann tréimhsí árachais, fostaíochta nó cónaithe faoi reachtaíocht na Ríochta Aontaithe agus Ballstáit eile; agus níor measadh ceann amháin (nó níos mó) de na blianta cánach mar bhliain cháiliúcháin de réir bhrí reachtaíocht na Ríochta Aontaithe;
- (ii) chuirfí san áireamh, chun críocha Airteagal 52(1)(b) den Rialachán, na tréimhsí árachais a cuireadh isteach faoin reachtaíocht a bhí i bhfeidhm sa Ríocht Aontaithe roimh an 5 Iúil 1948, trí na tréimhsí árachais, fostaíochta nó cónaithe faoi reachtaíocht Ballstáit eile a chur i bhfeidhm.

Na hiarratais uile ar phinsean breise de bhun roinn 44 den Acht Ranníocaíochtaí agus Sochar Slándála Sóisialta 1992, agus de bhun roinn 44 den Acht Ranníocaíochtaí agus Sochar Slándála Sóisialta 1992 (Tuaisceart Éireann).”;

- (e) cuirfear an méid seo a leanas le Cuid 2 d'Iarscríbhinn VIII:

“AN RÍOCHT AONTAITHE

Sochair scoir chéimnithe arna n-íoc de bhun roinn 36 agus roinn 37 den Acht um Árachas Náisiúnta 1965, agus de bhun roinn 35 agus roinn 36 den Acht um Árachas Náisiúnta (Tuaisceart Éireann) 1966.”;

- (f) cuirfear an méid seo a leanas le hIarscríbhinn X:

“AN RÍOCHT AONTAITHE

- (a) Creidiúint Phinsin Stáit (an tAcht um Chreidiúint Phinsin Stáit 2002 agus an tAcht um Chreidiúint Phinsin Stáit (Tuaisceart Éireann) 2002);
- (b) Liúntais ioncam-bhunaithe do chuardaitheoirí post (an tAcht um Chuardaitheoirí Post 1995 agus an tOrdú um Chuardaitheoirí Post (Tuaisceart Éireann) 1995);
- (d) An chomhpháirt soghluaiseachta den Liúntas um Maireachtáil faoi Mhíchumas (an tAcht Ranníocaíochtaí agus Sochar Slándála Sóisialta 1992 agus an tAcht Ranníocaíochtaí agus Sochar Slándála Sóisialta (Tuaisceart Éireann) 1992);
- (e) Liúntas Fostaíochta agus Tacaíochta Ioncam-Choibhneasta (an tAcht um Athchóiriú an Leasa Shóisialta 2007 agus an tAcht um Athchóiriú an Leasa Shóisialta (Tuaisceart Éireann) 2007).”;

(g) cuirfear an méid seo a leanas le hIarscríbhinn XI:

“AN RÍOCHT AONTAITHE

1. Más rud é, i gcomhréir le reachtaíocht na Ríochta Aontaithe, go bhféadfadh sé go bhfuil duine i dteideal pinsin scoir más rud é:

(a) gur cuireadh ranníocaíochtaí iarchéile san áireamh amhail agus dá mba iad ranníocaíochtaí an duine féin iad; nó

(b) go gcomhlíonann céile nó iarchéile an duine sin na coinníollacha ábhartha um ranníocaíochtaí, ansin, ar choinníoll, i ngach cás, go bhfuil nó go raibh an céile nó an t-iarchéile i mbun gníomhaíochta mar dhuine fostaithe nó féinfhostaithe, agus go raibh sé nó sí faoi réir reachtaíocht dhá Bhallstát nó níos mó, beidh feidhm ag forálacha Caibidil 5 de Theideal III den Rialachán seo d’fhonn an teidlíocht faoi reachtaíocht na Ríochta Aontaithe a chinneadh. Sa chás sin, déanfar na tagairtí sa Chaibidil sin 5 do “tréimhsí árachais” a fhorléiriú mar thagairtí do thréimhsí árachais arna gcur isteach:

(i) ag céile nó ag iarchéile i gcás ina bhfuil éileamh á dhéanamh:

– ag bean phósta, nó

– ag duine ar foirceannadh a phósadh nó a pósadh ar shlí seachas mar gheall ar bhás a chéile nó a céile; nó

(ii) ag iarchéile, i gcás ina bhfuil éileamh á dhéanamh:

- ag baintreach fir nach bhfuil i dteideal liúntas do thuismitheoir is baintreach díreach roimh theacht in aois inphinsin dó, nó
- ag baintreach nach bhfuil, díreach roimh theacht in aois inphinsin di, i dteideal liúntas do mháthair is baintreach, liúntas do thuismitheoir is baintreach nó pinsean baintrí, nó nach bhfuil i dteideal ach pinsean aois-bhainteach baintrí arna ríomh de bhun Airteagal 52(1)(b) den Rialachán seo, agus chun na críche sin ciallaíonn “pinsean aois-bhainteach baintrí” pinsean baintrí atá iníoctha ar ráta laghdaithe i gcomhréir le roinn 39(4) den Acht Ranníocaíochtaí agus Sochar Slándála Sóisialta 1992.

2. Chun Airteagal 6 den Rialachán seo a chur i bhfeidhm maidir leis na forálacha lena rialaítear teidlíocht ar liúntas freastail, ar liúntas cúramóra agus ar liúntas um maireachtáil faoi mhíchumas, cuirfear san áireamh tréimhse fostaíochta, féinfhostaíochta nó chónaithe a cuireadh isteach i gcríoch Ballstáit eile seachas an Ríocht Aontaithe, a mhéid is gá chun coinníollacha a chomhlíonadh maidir le tréimhsí láithreachta a éilítear sa Ríocht Aontaithe roimh an lá a thagann ceist na teidlíochta ar an sochar i dtrácht chun cinn den chéad uair.

3. Chun críocha Airteagal 7 den Rialachán seo, i gcás sochar airgid thirim i leith easláine, seanaoise nó marthanóirí, i gcás pinsean le haghaidh tionóiscí ag an obair nó galair cheirde, agus i gcás deontais bháis, aon tairbhí faoi reachtaíocht na Ríochta Aontaithe atá ag fanacht i gcríoch Ballstáit eile, measfar ina leith, i rith na tréimhse fanachta sin, go raibh cónaí air nó uirthi i gcríoch an Bhallstáit eile sin.

4. I gcás ina mbeidh feidhm ag Airteagal 46 den Rialachán seo, más duine é an duine lena mbaineann a bhfuil éagumas chun oibre air agus easláine mar thoradh air sin agus é faoi réir reachtaíocht Ballstáit eile, cuirfidh an Ríocht Aontaithe san áireamh, chun críocha Roinn 30A (5) den Acht Ranníocaíochtaí agus Sochar Slándála Sóisialta 1992, aon tréimhsí ina bhfuair an duine lena mbaineann, i ndáil leis an éagumas oibre sin:
 - (i) sochair airgid thirim i leith breoiteachta nó pá nó tuarastal in ionad na sochar sin; nó

 - (ii) sochair de réir bhrí Chaibidil 4 agus Chaibidil 5 de Theideal III den Rialachán seo a deonaíodh i ndáil leis an easláine a d'éirigh as an éagumas sin chun oibre, faoi reachtaíocht an Bhallstáit eile, amhail agus dá mba thréimhsí sochair éagumais ghearrthéarmaigh iad a íocadh i gcomhréir le Roinn 30A (1)-(4) den Acht Ranníocaíochtaí agus Sochar Slándála Sóisialta 1992.

Agus an fhoráil sin á cur i bhfeidhm, ní chuirfear san áireamh ach tréimhsí ina mbeadh éagumas chun oibre ar an duine de réir bhrí reachtaíocht na Ríochta Aontaithe.

5. (1) Chun fachtóir tuillimh a ríomh d'fhonn teidlíocht ar shochair faoi reachtaíocht na Ríochta Aontaithe a chinneadh, measfar, do gach seachtain den ghníomhaíocht mar dhuine fostaithe faoi reachtaíocht Ballstáit eile agus a thosaigh i rith na bliana cánach ábhartha de réir bhrí reachtaíocht na Ríochta Aontaithe, gur íoc an duine lena mbaineann ranníocaíochtaí mar shaothraí fostaithe, nó go raibh tuilleamh aige nó aici ar íocadh ranníocaíochtaí ina leith, ar bhonn tuillimh atá coibhéiseach le dhá thrian den uasteorainn tuillimh don bhliain sin.
- (2) Chun críocha Airteagal 52(1)(b)(ii) den Rialachán seo, más rud é:
- (a) in aon bhliain chánach ioncaim dar tosach an 6 Aibreán 1975 nó dá éis, gur chuir duine a ghníomhaíonn mar dhuine fostaithe tréimhsí árachais, fostaíochta nó cónaithe isteach go heisiach i mBallstát eile seachas an Ríocht Aontaithe, agus gurb é atá mar thoradh ar chur i bhfeidhm phointe 5(1) thuas go n-áirítear an bhliain sin mar bhliain cháilitheach de réir bhrí reachtaíocht na Ríochta Aontaithe chun críocha Airteagal 52(1)(b)(i) den Rialachán seo, measfar go raibh sé árachaithe ar feadh 52 sheachtain sa bhliain sin sa Bhallstát eile sin;
- (b) nach n-áirítear bliain chánach ioncaim dar tosach an 6 Aibreán 1975 nó dá éis mar bhliain cháilitheach de réir bhrí reachtaíocht na Ríochta Aontaithe chun críocha Airteagal 52(1)(b)(i) den Rialachán seo, ní chuirfear san áireamh aon tréimhse árachais, fostaíochta nó chónaithe a cuireadh isteach sa bhliain sin.

- (3) Chun fachtóir tuillimh a thiontú ina thréimhsí árachais, roinnfear an fachtóir tuillimh a baineadh amach sa bhliain ábhartha chánach ioncaim de réir reachtaíocht na Ríochta Aontaithe ar íosteorainn tuillimh na bliana sin. Sloinnfear an toradh mar shlánuimhir, agus neamhshuim á déanamh d'aon chodán atá fágtha. Maidir leis an bhfigiúr a ríomhfar amhlaidh, déileálfar leis mar líon na seachtainí árachais a cuireadh isteach faoi reachtaíocht na Ríochta Aontaithe i rith na bliana sin, ar choinníoll nach rachaidh an figiúr sin thar líon na seachtainí ina raibh an duine sin faoi réir na reachtaíochta sin sa bhliain sin.”.

Chun críocha an Chomhaontaithe seo, cuirfear forálacha Rialachán (CE) Uimh. 987/2009 in oiriúint mar seo a leanas:

- (a) cuirfear an méid seo a leanas le hIarscríbhinn 1:

“AN RÍOCHT AONTAITHE – AN BHEILG

- (a) Malartú Litreacha an 4 Bealtaine agus an 14 Meitheamh 1976 maidir le hAirteagal 105(2) de Rialachán (CEE) Uimh. 574/72 (aisíoc chostais na seiceálacha riaracháin agus na scrúduithe dochtúra a tharscaoileadh)

- (b) Malartú Litreacha an 18 Eanáir agus an 14 Márta 1977 maidir le hAirteagal 36(3) de Rialachán (CEE) Uimh. 1408/71 (comhshocraíocht chun costais na sochar comhchineáil a aisíoc nó aisíoc na gcostas sin a tharscaoileadh dá bhforáiltear faoi théarmaí Chaibidil 1 de Theideal III de Rialachán (CEE) Uimh. 1408/71) arna leasú le Malartú Litreacha an 4 Bealtaine agus an 23 Iúil 1982 (comhaontú maidir le haisíoc na gcostas a thabhaítear faoi Airteagal 22(1)(a) de Rialachán (CEE) Uimh. 1408/71)

AN RÍOCHT AONTAITHE – AN DANMHAIRG

Malartú Litreacha an 30 Márta agus an 19 Aibreán 1977 arna mhodhnú le Malartú Litreacha an 8 Samhain 1989 agus an 10 Eanáir 1990 ar chomhaontú maidir le haisíoc chostais na sochar comhchineáil, na seiceálacha riaracháin agus na scrúduithe dochtúra a tharscaoileadh

AN RÍOCHT AONTAITHE – AN EASTÓIN

Comhshocraíocht a tugadh chun críche an 29 Márta 2006 idir Údaráis Inniúla Phoblacht na hEastóine agus na Ríochta Aontaithe faoi Airteagal 36(3) agus Airteagal 63(3) de Rialachán (CEE) Uimh. 1408/71 lena mbunaítear modhanna eile maidir le haisíoc chostais na sochar comhchineáil dá bhforáiltear sa dá thír faoin Rialachán seo le héifeacht ón 1 Bealtaine 2004

AN RÍOCHT AONTAITHE - ÉIRE

Malartú Litreacha an 9 Iúil 1975 maidir le hAirteagal 36(3) agus Airteagal 63(3) de Rialachán (CEE) Uimh. 1408/71 (comhshocraíocht chun costais na sochar comhchineáil a aisíoc nó aisíoc na gcostas sin a tharscaoileadh dá bhforáiltear faoi théarmaí Chaibidil 1 nó Chaibidil 4 de Theideal III de Rialachán (CEE) Uimh. 1408/71) agus Airteagal 105(2) de Rialachán (CEE) Uimh. 574/72 (aisíoc chostais na seiceálacha riaracháin agus na scrúduithe dochtúra a tharscaoileadh)

AN RÍOCHT AONTAITHE – AN SPÁINN

Comhaontú an 18 Meitheamh 1999 maidir le haisíoc chostais na sochar comhchineáil a deonaíodh de bhun fhorálacha Rialachán (CEE) Uimh. 1408/71 agus Rialachán (CEE) Uimh. 574/72

AN RÍOCHT AONTAITHE – AN FHRAINIC

- (a) Malartú Litreacha an 25 Márta agus an 28 Aibreán 1997 maidir le hAirteagal 105(2) de Rialachán (CEE) Uimh. 574/72 (aisíoc chostais na seiceálacha riaracháin agus na scrúduithe dochtúra a tharscaoileadh)
- (b) Comhaontú an 8 Nollaig 1998 maidir leis na modhanna sonracha chun na méideanna a chinneadh a bheidh le haisíoc i leith sochair chomhchineáil de bhun Rialachán (CEE) Uimh. 1408/71 agus Rialachán (CEE) Uimh. 574/72

AN RÍOCHT AONTAITHE – AN IODÁIL

Comhshocraíocht a síníodh an 15 Nollaig 2005 idir Údarás Inniúla Phoblacht na hIodáile agus na Ríochta Aontaithe faoi Airteagal 36(3) agus Airteagal 63(3) de Rialachán (CEE) Uimh. 1408/71 lena mbunaítear modhanna eile maidir le haisíoc chostais na sochar comhchineáil dá bhforáiltear sa dá thír faoin Rialachán seo le héifeacht ón 1 Eanáir 2005

AN RÍOCHT AONTAITHE – LUCSAMBURG

Malartú Litreacha an 18 Nollaig 1975 agus an 20 Eanáir 1976 maidir le hAirteagal 105(2) de Rialachán (CEE) Uimh. 574/72 (aisíoc chostais na seiceálacha riaracháin agus na scrúduithe dochtúra dá dtagraítear in Airteagal 105 de Rialachán (CEE) Uimh. 574/72 a tharscaoileadh)

AN RÍOCHT AONTAITHE – AN UNGÁIR

Comhshocraíocht a tugadh chun críche an 1 Samhain 2005 idir Údarás Inniúla Phoblacht na hUngáire agus na Ríochta Aontaithe faoi Airteagal 35(3) agus Airteagal 41(2) de Rialachán (CEE) Uimh. 883/2004 lena mbunaítear modhanna eile maidir le haisíoc chostais na sochar comhchineáil dá bhforáiltear sa dá thír faoin Rialachán sin le héifeacht ón 1 Bealtaine 2004

AN RÍOCHT AONTAITHE – MÁLTA

Comhshocraíocht a tugadh chun críche an 17 Eanáir 2007 idir Údaráis Inniúla Mhálta agus na Ríochta Aontaithe faoi Airteagal 35(3) agus Airteagal 41(2) de Rialachán (CEE) Uimh. 883/2004 lena mbunaítear modhanna eile maidir le haisíoc chostais na sochar comhchineáil dá bhforáiltear sa dá thír faoin Rialachán sin le héifeacht ón 1 Bealtaine 2004

AN RÍOCHT AONTAITHE – AN ÍSILTÍR

An dara habairt d'Airteagal 3 de Chomhshocraíocht Riaracháin an 12 Meitheamh 1956 maidir le Coinbhinsiún an 11 Lúnasa 1954 a chur chun feidhme

AN RÍOCHT AONTAITHE – AN PHORTAINGÉIL

Comhshocraíocht an 8 Meitheamh 2004 lena mbunaítear modhanna eile maidir le haisíoc chostais na sochar comhchineáil dá bhforáiltear sa dá thír le héifeacht ón 1 Eanáir 2003

AN RÍOCHT AONTAITHE – AN FHIONLAINN

Malartú litreacha an 1 agus an 20 Meitheamh 1995 maidir le hAirteagal 36(3) agus Airteagal 63(3) de Rialachán (CEE) Uimh. 1408/71 (costais na sochar comhchineáil a aisíoc nó aisíoc na gcostas sin a tharscaoileadh) agus maidir le hAirteagal 105(2) de Rialachán (CEE) 574/72 (aisíoc chostais na seiceálacha riaracháin agus na scrúduithe dochtúra a tharscaoileadh)

AN RÍOCHT AONTAITHE – AN tSUALAINN

Comhshocraíocht an 15 Aibreán 1997 maidir le hAirteagal 36(3) agus Airteagal 63(3) de Rialachán (CEE) Uimh. 1408/71 (costais na sochar comhchineáil a aisíoc nó aisíoc na gcostas sin a tharscaoileadh) agus Airteagal 105(2) de Rialachán (CEE) Uimh. 574/72 (aisíoc chostais na seiceálacha riaracháin agus na scrúduithe dochtúra a tharscaoileadh)”.

(b) cuirfear an méid seo a leanas le hIarscríbhinn 3:

“AN RÍOCHT AONTAITHE”.

NA FORÁLACHA I nDLÍ AN AONTAIS DÁ dTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 41(4)

1. Treoir 64/432/CEE ón gComhairle an 26 Meitheamh 1964 maidir le fadhbanna sláinte ainmhithe a dhéanann difear do thrádáil laistigh den Chomhphobal i mbó-ainmhithe agus i mucra¹.
2. Treoir 91/68/CEE ón gComhairle an 28 Eanáir 1991 maidir le coinníollacha i dtaca le sláinte ainmhithe lena rialaítear trádáil laistigh den Chomhphobal in ainmhithe de chineál caorach agus de chineál gabhair².
3. Caibidil II de Threoir 2009/156/CE ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le coinníollacha i dtaca le sláinte ainmhithe, lena rialaítear gluaiseacht agus allmhairiú eachainmhithe ó thrú tíortha³.
4. Caibidil II de Threoir 2009/158/CE ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le coinníollacha i dtaca le sláinte ainmhithe, lena rialaítear trádáil in éanlaith chlóis agus uibheacha goir laistigh den Chomhphobal agus allmhairí díobh as tríú tíortha⁴.
5. Caibidil II de Threoir 92/65/CEE ón gComhairle an 13 Iúil 1992 lena leagtar síos ceanglais maidir le sláinte ainmhithe, lena rialaítear trádáil agus allmhairithe isteach sa Chomhphobal d'ainmhithe, seamhan, ubháin agus suthanna nach bhfuil faoi réir na gceanglas maidir le sláinte ainmhithe a leagtar síos sna rialacha sonracha Comhphobail dá dtagraítear in Iarscríbhinn A (I) a ghabhann le Treoir 90/425/CEE⁵.

¹ IO L 121, 29.7.1964, lch. 1977.

² IO L 46, 19.2.1991, lch. 19.

³ IO L 192, 23.7.2010, lch. 1.

⁴ IO L 343, 22.12.2009, lch. 74.

⁵ IO L 268, 14.9.1992, lch. 54.

6. Caibidil II de Threoir 89/556/CEE ón gComhairle an 25 Meán Fómhair 1989 maidir le coinníollacha sláinte ainmhithe, lena rialaítear trádáil laistigh den Chomhphobal de shuthanna ainmhithe clóis den speiceas buaibheach agus allmhairí díobh as tríú tíortha¹.
7. Caibidil II de Threoir 88/407/CE ón gComhairle an 14 Meitheamh 1988 lena leagtar síos ceanglais i dtaca le sláinte ainmhithe is infheidhme maidir le trádáil laistigh den Chomhphobal de sheamhan domhainreuite ainmhithe clóis den speiceas buaibheach agus allmhaire de².
8. Caibidil II de Threoir 90/429/CEE ón gComhairle an 26 Meitheamh 1990 lena leagtar síos ceanglais i dtaca le sláinte ainmhithe is infheidhme maidir le trádáil laistigh den Chomhphobal de sheamhan ainmhithe clóis den speiceas mucach agus allmhaire de³.
9. Caibidil III de Threoir 2006/88/CE ón gComhairle an 24 Deireadh Fómhair 2006 maidir le ceanglais i dtaca le sláinte ainmhithe d'ainmhithe uisceacha agus táirgí uathu, agus maidir le galair áirithe a chosc agus a rialú in ainmhithe uisceacha⁴.
10. Caibidil II de Rialachán (AE) Uimh. 576/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Meitheamh 2013 maidir le gluaiseacht neamhthráchtála peataí agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 998/2003⁵.

¹ IO L 302, 19.10.1989, lch. 1.
² IO L 194, 22.7.1988, lch. 10.
³ IO L 224, 18.8.1990, lch. 62.
⁴ IO L 328, 24.11.2006, lch. 14.
⁵ IO L 178, 28.6.2013, lch. 1.

TEORAINNEACHA AMA MAIDIR LEIS NA CÁSANNA
NÓ NA NÓSANNA IMEACHTA CUSTAIM DÁ dTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 49(1)

Na teorainneacha ama a leagtar amach san Iarscríbhinn seo, is iad na dátaí deiridh ábhartha iad maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 925/2013.

Cás / nós imeachta	Teorainn ama
1. Stóráil shealadach	90 lá , Airteagal 149 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013
2. Scaoileadh i saorchúrsaíocht	1 mhí + 10 lá tar éis ghlacadh an dearbhaithe, Airteagal 146(3) de Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 2015/2446 ¹ maidir leis an dearbhú forlíontach; “tréimhse réasúnta” maidir le fíorú, Airteagal 194 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 Uasteorainn: 60 lá

¹ Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446 an 28 Iúil 2015 ón gCoimisiún lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le rialacha mionsonraithe maidir le forálacha áirithe de Chód Chustaim an Aontais (IO L 343, 29.12. 2015, lch. 1).

Cás / nós imeachta	Teorainn ama														
<p>3. Nósanna imeachta speisialta</p> <p>Tá an tréimhse urscaoilte éigeantach maidir le próiseáil isteach, próiseáil amach, úsáid deiridh agus cead isteach sealadach (sonra 4/17 in Iarscríbhinn A a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446). Urscaoileadh trína chur faoi nós imeachta custaim eile ina dhiaidh sin, é a thógáil amach as an gcríoch chustaim nó é a scriosadh, Airteagal 215(1) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013.</p> <table border="0" data-bbox="146 504 1377 902"> <tr> <td data-bbox="146 504 794 548">(a) Idirthuras Aontais</td> <td data-bbox="794 504 1457 548">Uasteorainn: 12 mhí tar éis scaoileadh</td> </tr> <tr> <td data-bbox="146 548 794 638">(b) Trádstóráil chustaim</td> <td data-bbox="794 548 1457 638">Uasteorainn: 12 mhí tar éis dheireadh na hidirthréimhse</td> </tr> <tr> <td data-bbox="146 638 794 683">(c) Saorchriosanna</td> <td data-bbox="794 638 1457 683">Ag deireadh na hidirthréimhse</td> </tr> <tr> <td data-bbox="146 683 794 728">(d) Cead isteach sealadach</td> <td data-bbox="794 683 1457 728">Uasteorainn: 12 mhí tar éis scaoileadh</td> </tr> <tr> <td data-bbox="146 728 794 772">(e) Úsáid deiridh</td> <td data-bbox="794 728 1457 772">Uasteorainn: 12 mhí tar éis scaoileadh</td> </tr> <tr> <td data-bbox="146 772 794 817">(f) Próiseáil isteach</td> <td data-bbox="794 772 1457 817">Uasteorainn: 12 mhí tar éis scaoileadh</td> </tr> <tr> <td data-bbox="146 817 794 862">(g) Próiseáil amach</td> <td data-bbox="794 817 1457 862">Uasteorainn: 12 mhí tar éis scaoileadh</td> </tr> </table>		(a) Idirthuras Aontais	Uasteorainn: 12 mhí tar éis scaoileadh	(b) Trádstóráil chustaim	Uasteorainn: 12 mhí tar éis dheireadh na hidirthréimhse	(c) Saorchriosanna	Ag deireadh na hidirthréimhse	(d) Cead isteach sealadach	Uasteorainn: 12 mhí tar éis scaoileadh	(e) Úsáid deiridh	Uasteorainn: 12 mhí tar éis scaoileadh	(f) Próiseáil isteach	Uasteorainn: 12 mhí tar éis scaoileadh	(g) Próiseáil amach	Uasteorainn: 12 mhí tar éis scaoileadh
(a) Idirthuras Aontais	Uasteorainn: 12 mhí tar éis scaoileadh														
(b) Trádstóráil chustaim	Uasteorainn: 12 mhí tar éis dheireadh na hidirthréimhse														
(c) Saorchriosanna	Ag deireadh na hidirthréimhse														
(d) Cead isteach sealadach	Uasteorainn: 12 mhí tar éis scaoileadh														
(e) Úsáid deiridh	Uasteorainn: 12 mhí tar éis scaoileadh														
(f) Próiseáil isteach	Uasteorainn: 12 mhí tar éis scaoileadh														
(g) Próiseáil amach	Uasteorainn: 12 mhí tar éis scaoileadh														
4. Onnmhairiú	150 lá tar éis scaoileadh														
5. Ath-onnmhairiú	150 lá tar éis scaoileadh														

LIOSTA DE NA LÍONRAÍ, NA CÓRAIS FAISNÉISE

AGUS NA BUNACHAIR SONRAÍ DÁ dTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAIL 50, 53, 99 AGUS 100

1. Bunófar comhoiriúnacht shiarghabhálach don Ríocht Aontaithe agus don Aontas lena áirithiú go bhféadfaidh na Ballstáit agus an Ríocht Aontaithe, maidir le haon athrú a dhéanfar ar na líonraí, na córais faisnéise agus na bunachair shonraí, agus aon athrú ar na formáidí chun faisnéis a mhalartú, go bhféadfaidh siad leanúint de bheith ag glacadh le faisnéis a chéile san fhormáid ina bhfuil sí faoi láthair, mura dtiocfaidh an tAontas agus an Ríocht Aontaithe ar chomhaontú eile.
2. Beidh rochtain na Ríochta Aontaithe ar aon líonra, córas faisnéise nó bunachar sonraí ar leith teoranta ó thaobh ama de. Tabharfar an tréimhse ar leith le fios maidir le gach líonra, córas faisnéise nó bunachar sonraí. I gcás inar gá faisnéis a mhalartú idir údaráis chustaim i ndáil le cur chun feidhme na nósanna imeachta i gcomhréir le hAirteagal 49 tráth nach bhféadfar sonraí a phróiseáil a thuilleadh i gcomhréir leis an Iarscríbhinn seo, úsáidfear modhanna malartacha chun faisnéis a mhalartú agus a stóráil.

Cuid I: Custam

Córas TF Custaim	Cineál rochtana	Teorainn ama
ICS (Córas Rialaithe Allmhairí)	Is leis an méid seo a leanas amháin a bhaineann taisceadh an dearbhaithe réamhtheachta: <ul style="list-style-type: none"> – Sonraí ón dearbhú iontrála achomair a fháil agus a sheoladh maidir le dearbhuithe a taisceadh roimh dheireadh na hidirthréimhse (i gcás calafort nó atreorú dá éis sin); – Sonraí riosca a fháil agus a sheoladh maidir leis na dearbhuithe sin a taisceadh roimh dheireadh na hidirthréimhse. 	31 Iúil 2021
NCTS (Córas Nua Ríomhchuidithe Idirthuais)	Na feidhmiúlachtaí uile a chuirfear i bhfeidhm ar oibríochtaí idirthuais atá ar siúl, i.e. gluaiseachtaí a scaoileadh le haghaidh idirthuais roimh dheireadh na hidirthréimhse. [Ní scaoilfear oibríochtaí nua idirthuais tar éis dheireadh na hidirthréimhse.]	31 Eanáir 2021

Córas TF Custaim	Cineál rochtana	Teorainn ama
ECS (Córas Rialaithe Onnmhairi)	Deimhniú imeachta maidir le hoibríochtaí idirthurais atá ar siúl , i.e. earraí a scaoileadh le honnmhairiú roimh dheireadh na hidirthréimhse: <ul style="list-style-type: none"> – I gcás oibríochtaí i gcomhar leis na hoifigí custaim imeachta sa Ríocht Aontaithe, imeacht na n-earraí sin a dheimhniú in ECS; – I gcás oibríochtaí i gcomhar leis na hoifigí custaim imeachta sna Ballstáit, i.e. na hoifigí custaim onnmhairiúcháin sa Ríocht Aontaithe, na deimhnithe imeachta a fháil ó oifigí custaim imeachta na mBallstát. 	31 Eanáir 2021
INF (Bileog faisnéise)	<ul style="list-style-type: none"> – Rochtain léimh amháin ar bhileog faisnéise Thairseach Sonrach na dTrádálaithe ag trádálaithe na Ríochta Aontaithe; – Rochtain léimh/scríofa ar bhileoga faisnéise gníomhacha i gcóras INF na n-oifigí custaim. 	31 Nollaig 2021

Córas TF Custaim	Cineál rochtana	Teorainn ama
SURV-RECAPP (Córas Faireachais Taraifí – Ríomhchlár Fála)	Tarchur eilimintí sonraí ó údaráis chustaim na Ríochta Aontaithe maidir leis na nósanna imeachta um scaoileadh i saorchúrsaíocht nó maidir leis na nósanna imeachta onnmhairiúcháin: <ul style="list-style-type: none"> – Taifid de Dhearbhuithe Faireachais nár tarchuireadh fós le haghaidh an nós imeachta um scaoileadh i saorchúrsaíocht nó na nósanna imeachta onnmhairiúcháin ar cuireadh na hearraí faoina réim roimh dheireadh na hidirthréimhse; – Eilimintí de Thaifid de Dhearbhuithe Faireachais maidir le scaoileadh i saorchúrsaíocht a d'fhág gur cuireadh deireadh le nós imeachta nó cás leanúnach nó gur urscaoileadh an nós imeachta nó an cás sin. 	28 Feabhra 2021
EBT13 (Faisnéis Taraife Cheangailteach Eorpach)	Ionchur maidir le fiacha custaim a ríomh: Rochtain ar fhaisnéis a bhfuil baint aici le cinní a bhaineann le Faisnéis Taraife Cheangailteach nó aon teagmhas eile dá éis sin a fhéadfaidh difear a dhéanamh don iarratas nó don chinneadh bunaidh [lánrochtain chun críocha comhairliúcháin].	8 Eanáir 2021
TARIC3 (Taraif Chustaim Chomhtháite an Chomhphobail)	Ionchur maidir le fiacha custaim a ríomh: Nuashonruithe laethúla a tharchur chuig an Ríocht Aontaithe tar éis dheireadh na hidirthréimhse, ach amháin i gcás sonraí rúnda (sonraí faireachais staidrimh).	31 Nollaig 2021

Córas TF Custaim	Cineál rochtana	Teorainn ama
QUOTA2 (Córas chun taraifchuótaí, uasteorainneacha agus faireachas eile a bhainistiú)	Ionchur maidir le fiacha custaim a ríomh: Cuótaí a bhainistiú, iarrataí ar chuótaí a chealú agus cainníochtaí leithdháilte nár úsáideadh a chur ar ais.	6 Eanáir 2021
SMS TRA, EXP (Córas bainistithe samplaí)	Rochtain léimh amháin ar an mbunachar sonraí ina bhfuil samplaí de stampaí, de shéalaí agus de dheimhnithe.	31 Eanáir 2021
SMS QUOTA (Córas bainistithe samplaí)	Rochtain léimh amháin ar an mbunachar ina bhfuil na deimhnithe barántúlachta is gá chun leas a bhaint as na cuótaí.	6 Eanáir 2021
OWNRES (Tuairisciú ar acmhainní dílse maidir le cásanna calaoise agus neamhréireachta a bhfuil baint acu le hacmhainní dílse traidisiúnta sa bhreis ar EUR 10 000, Airteagal 5(1) de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 608/2014)	Rochtain atá teoranta do chásanna a bhfuil baint acu leis an Ríocht Aontaithe (gan aon rochtain ar anailísí domhanda).	20 Feabhra 2026

Córas TF Custaim	Cineál rochtana	Teorainn ama
WOMIS (Córas faisnéise bainistíochta maidir le díscríobh i gcás tuarascálacha ar chásanna acmhainní dílse traidisiúnta faoi Airteagal 13(3) de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 609/2014)	Lánrochtain, atá teoranta cheana, de réir réamhshocrú, do thuarascálacha náisiúnta ar dhíscríobh (rochtain léimh amháin ón 1 Iúil 2025 faoi chuimsiú leachtú an chuntais ar leith faoin 31 Nollaig 2025).	30 Meitheamh 2025

Córas tacaíochta	Cineál rochtana	Teorainn ama
EOS/EORI (Córas na nOibreoirí Eacnamaíochta – Clárú agus Aitheantas Oibreoirí Eacnamaíochta)	Rochtain léimh amháin ar na córais ghaolmhara.	31 Nollaig 2021
CDS (Córas Cinnteoireachta Custaim)	Rochtain léimh amháin do thrádálaithe sa Ríocht Aontaithe agus d'oifigí custaim sa Ríocht Aontaithe.	31 Eanáir 2021
CS/RD2 (Seirbhísí Lárnacha/Sonraí Tagartha)	Rochtain léimh amháin ar Shonraí Tagartha; Rochtain scríofa le haghaidh oifigí custaim údaráis náisiúnta na Ríochta Aontaithe amháin.	31 Nollaig 2021

Córas tacaíochta	Cineál rochtana	Teorainn ama
CS/MIS (Seirbhísí Lárnacha/Córas Faisnéise Bainistíochta)	Rochtain scríofa amháin chun do-úsáidteachtaí agus staidreamh gnó a uaslódáil.	31 Iúil 2021
GTP (Tairseach Cineálach na dTrádálaithe)	Rochtain ar fheidhmeanna cineálacha na tairsí ag trádálaithe sa Ríocht Aontaithe go dtí go múchfar an Tairseach Shonrach dheireanach le haghaidh trádálaithe sa Ríocht Aontaithe.	31 Nollaig 2021

Líonra agus bonneagar	Cineál rochtana	Teorainn ama
CCN (Líonra Cumarsáide Coiteann)	Nasc leis an rochtain ar na córais ghaolmhara.	31 Nollaig 2021 (nó níos faide más gá chun críocha máil nó cánachais)
UUM&DS (Bainistiú aonfhoirmeach úsáideoirí agus sínithe digiteacha)	Nasc leis an rochtain ar na córais ghaolmhara.	31 Nollaig 2021 (nó níos faide más gá chun críocha máil nó cánachais)
CCN2 (Líonra Cumarsáide Coiteann 2)	Nasc leis an rochtain ar na córais ghaolmhara.	31 Nollaig 2021 (nó níos faide más gá chun críocha máil nó cánachais)

Cuid II: Máil

Córas TF máil	Cineál rochtana	Teorainn ama
EMCS Core (Córas Rialaithe Gluaiseachtaí Máil)	Cur ar fionraí dleachtanna: Tuarascálacha fála / tuarascálacha onnmhairiúcháin (IE818) a tharchur chuig an Ríocht Aontaithe agus uaithi.	31 Bealtaine 2021
EMCS Admin Coop (Comhar Riaracháin maidir leis an gCóras Rialaithe Gluaiseachtaí Máil)	<ul style="list-style-type: none"> – Teachtaireachtaí maidir le gluaiseachtaí oscailte a tharchur chuig an Ríocht Aontaithe agus uaithi (tuarascálacha ar theagmhais, tuarascálacha ar rialú, comhar riaracháin (fiosrúcháin faoi ghluaiseachtaí oscailte EMCS)); – Coinneoidh na Ballstáit agus an Ríocht Aontaithe an Comhar Riaracháin EMCS ar líne le go bhféadfar fiosrúcháin agus iniúchtaí a dhéanamh ar ghluaiseachtaí go dtí deireadh na hidirthréimhse. 	31 Bealtaine 2021 31 Nollaig 2024

Córas tacaíochta	Cineál rochtana	Teorainn ama
SEED (Córas chun sonraí máil a mhalartú)	Rochtain léimh amháin, agus rochtain oibreoirí eacnamaíocha na Ríochta Aontaithe neamhbhailithe.	31 Bealtaine 2021
CS/MISE (Seirbhísí Lárnacha/Córas Faisnéise Bainistíochta le haghaidh EMCS)	Déanfar scagadh le nach mbeidh fáil ach ar ghluaiseachtaí a bhfuil baint ag an Ríocht Aontaithe leo.	31 Bealtaine 2021

Líonra agus bonneagar	Cineál rochtana	Teorainn ama
CCN (Líonra Cumarsáide Coiteann)	Nasc leis an rochtain ar na córais ghaolmhara.	31 Bealtaine 2021 (nó níos faide más gá chun críocha máil nó cánachais)

Cuid III: CBL

Córas TF CBL	Cineál rochtana	Teorainn ama
CBL-CMFC (Córas Malartaithe Faisnéise CBL)	Faisnéis chlárúcháin daoine inchánach: rochtain chómhalartach ar chórais TF, ag an Ríocht Aontaithe agus ag na Ballstáit ¹ , go dtí an 31 Nollaig 2024, chun faisnéis stairiúil chlárúcháin an pháirtí eile ² (sonraí clárúcháin a iontráladh sa chóras roimh dheireadh na hidirthréimhse) agus faisnéis chlárúcháin an pháirtí eile a nuashonraíodh tar éis na hidirthréimhse (e.g. deireadh le clárú duine inchánach) a mhalartú.	31 Nollaig 2024 ³

¹ Chun críche na hIarscríbhíne seo, ciallaíonn “rochtain chómhalartach” gur gá don Ríocht Aontaithe a áirithiú gurb ionann an rochtain atá ag na Ballstáit ar shonraí den sórt sin sa Ríocht Aontaithe agus an rochtain atá ag an Ríocht Aontaithe agus ag na Ballstáit ar shonraí den sórt sin sna Ballstáit.

² Chun críche na hIarscríbhíne seo, ciallaíonn “páirtí eile”, i ndáil leis an Ríocht Aontaithe, Ballstát, agus, i ndáil le Ballstát, an Ríocht Aontaithe.

³ Ní mór sonraí na Ríochta Aontaithe maidir le huimhreacha aitheantais CBL na ndaoine inchánach atá bunaithe inti a nuashonrú go dtí an 31 Nollaig 2024.

Córas TF CBL	Cineál rochtana	Teorainn ama
	<p>Idirbhearta – faisnéis maidir le láimhdeachas:</p> <p>Rochtain ar na córais TF ag an Ríocht Aontaithe agus ag na Ballstáit agus rochtain chómhalartach acu chun faisnéis a mhalartú atá i ráitis achoimre a cuireadh chuig an bpáirtí eile maidir le hidirbhearta a rinneadh¹ roimh dheireadh na hidirthréimhse agus i gcás ina mbeidh baint ag daoine inchánach den pháirtí fála leis an bhfaisnéis sin;</p> <p>Ní bheidh aon rochtain ag an Ríocht Aontaithe ná ag na Ballstáit ar fhaisnéis a chéile faoi láimhdeachas maidir le hidirbhearta a tharlóidh tar éis an 31 Nollaig 2020.</p>	31 Nollaig 2024
Aisíocaíocht CBL	<p>Rochtain ar an gcóras TF le go bhféadfar:</p> <ul style="list-style-type: none"> – Na hiarratais ar aisíocaíocht CBL arna gcur isteach ag daoine inchánach atá bunaithe sa Ríocht Aontaithe i gcomhréir le Treoir 2008/9/CE a chur chuig na Ballstáit agus na hiarratais ar aisíocaíocht CBL arna gcur isteach ag daoine inchánach atá bunaithe i mBallstát a fháil ón mBallstát; 	30 Aibreán 2021

¹ Lena n-áirítear idirbhearta a chumhdaítear le hAirteagal 47(1).

Córas TF CBL	Cineál rochtana	Teorainn ama
	<ul style="list-style-type: none"> – Na hiarratais ar aisíocaíocht CBL arna bhfáil ag an Ríocht Aontaithe agus arna gcur isteach ag daoine inchánach atá bunaithe i mBallstát, agus na hiarratais ar aisíocaíocht CBL arna bhfáil ag na Ballstáit agus arna gcur isteach ag daoine inchánach atá bunaithe sa Ríocht Aontaithe, a láimhseáil¹. 	31 Eanáir 2022
MOSS (Mion-ionad ilfhreastail)	Faisnéis chlárúcháin: Rochtain ar na córais TF ag an Ríocht Aontaithe agus ag na Ballstáit agus rochtain chómhalartach acu, chun: <ul style="list-style-type: none"> – Faisnéis chlárúcháin agus faisnéis stairiúil chlárúcháin a mhalartú; – Faisnéis a scaipeadh a bhaineann le clárúcháin nua MOSS, i gcás clárúcháin ar dháta roimh an 31 Nollaig 2020, nó an 31 Nollaig 2020, an dáta clárúcháin dóibh. 	31 Nollaig 2024 20 Feabhra 2021

¹ Chun críocha na fleisce seo, ciallaíonn “a láimhseáil” gach gníomhaíocht i ndáil le héileamh a chomhlíonadh ionas gur féidir an t-éileamh a chur i gcrích, lena n-áirítear fógra a thabhairt maidir le aon mhéideanna neamh-incheadaithe, chomh maith le sonraí faoin dóigh le hachomharc a dhéanamh, agus aisíocaíocht aon mhéideanna incheadaithe, chomh maith le haon teachtaireacht ábhartha a mhalartú leis an gcóras um aisíocaíocht CBL.

Córas TF CBL	Cineál rochtana	Teorainn ama
	<p>Tuairisceán CBL:</p> <p>Rochtain ar na córais TF ag an Ríocht Aontaithe agus ag na Ballstáit agus rochtain chómhalartach acu, chun:</p> <ul style="list-style-type: none"> – Faisnéis a mhalartú faoi thuairisceáin MOSS, i gcás tuairisceáin a cuireadh isteach roimh nó ar an 31 Eanáir 2021; – Leasuithe a mhalartú maidir le tuairisceáin CBL MOSS a cuireadh isteach roimh nó ar an 20 Eanáir 2021; – Tuairisceáin CBL a mhalartú maidir le hidirbhearta a bhfuil páirt ag an bpáirtí eile iontu; – Ní bheidh aon rochtain ag an Ríocht Aontaithe ná ag na Ballstáit ar fhaisnéis a chéile faoi thuairisceán CBL maidir le hidirbhearta a tharlóidh tar éis an 31 Nollaig 2020. 	<p>20 Feabhra 2021</p> <p>20 Eanáir 2022</p> <p>31 Nollaig 2024</p>

Córas TF CBL	Cineál rochtana	Teorainn ama
	<p>Faisnéis faoi íocaíochtaí:</p> <p>Rochtain ar na córais TF ag an Ríocht Aontaithe agus ag na Ballstáit agus rochtain chómhalartach acu, chun:</p> <ul style="list-style-type: none"> – Faisnéis faoi íocaíochtaí a mhalartú maidir le híocaíochtaí a fhaighfear ó ghnólachtaí a chláróidh le MOSS roimh nó ar an 31 Eanáir 2021; – Faisnéis faoi íocaíochtaí a mhalartú, i gcás idirbhearta inchánach i ndlínseacht an pháirtí eile, maidir le haisíocaíochtaí nó íocaíochtaí i leith leasuithe a bhaineann le tuairisceáin CBL MOSS a cuireadh isteach roimh nó ar an 31 Nollaig 2021. 	<p>20 Feabhra 2021</p> <p>20 Eanáir 2022</p>

Córas tacaíochta	Cineál rochtana	Teorainn ama
<p>CCN/eFCA</p> <p>Comhar riaracháin chun críocha CBL (Líonra Cumarsáide Coiteann/Iarratas lárnach ar fhoirm leictreonach)</p>	<p>Iarrataí – agus an obair a leanann na hiarrataí sin – maidir le comhar riaracháin chun críocha CBL a tharchur idir an Ríocht Aontaithe agus na Ballstáit.</p>	<p>31 Nollaig 2024</p>
<p>Roghanna aisíocaíochta CBL i gcóras Cánachais Cumarsáide agus Faisnéise na mBallstát (TIC)</p>	<p>Rochtain ag an Ríocht Aontaithe d'fhonn roghanna aisíocaíochta CBL na Ríochta Aontaithe a thabhairt cothrom le dáta</p>	<p>31 Márta 2021</p>

Cuid IV: Cúnamh maidir le cáin agus dleachtanna a aisghabháil

Córas tacaíochta	Cineál rochtana	Teorainn ama
CCN/eFCA Cúnamh maidir le haisghabháil	Iarrataí – agus an obair a leanann na hiarrataí sin – ar chúnamh maidir le haisghabháil a tharchur idir an Ríocht Aontaithe agus na Ballstáit.	31 Nollaig 2025

EURATOM

Leagtar amach san Iarscríbhinn seo na catagóirí de threalamh an Chomhphobail agus de mhaoin eile atá lonnaithe sa Ríocht Aontaithe a bhaineann le coimircí a sholáthar faoi Chonradh Euratom agus a mbeidh an Ríocht Aontaithe ina húinéir orthu ag deireadh na hidirthréimhse.

Ag deireadh na hidirthréimhse, tarchuirfidh an Coimisiún Eorpach chuig an Ríocht Aontaithe an fardal deiridh de threalamh agus de mhaoin eile Euratom a aistríodh.

I gcomhréir le hAirteagal 84(1) agus Airteagal 148, déanfaidh an Ríocht Aontaithe luach an trealamh sin agus na maoine eile a aisíoc leis an Aontas, agus beidh a ríomh bunaithe ar an luach a shanntar don threalamh sin agus don mhaoin eile sin sna cuntais chomhdhlúite don bhliain 2020. Cuirfidh an Coimisiún Eorpach an luach sin in iúl don Ríocht Aontaithe tráth a fhorhheasa rialála deiridh.

Tá threalamh Euratom lonnaithe sna háiteanna seo a leanas:

- **Sellafield**¹, suíomh athphróiseála breosla núicléach na Ríochta Aontaithe;

¹ Sellafield Ltd, SELLAFIELD CA20 1PG, AN RÍOCHT AONTAITHE

- **Dounreay**¹, iar-lárionad na Ríochta Aontaithe um thaighde agus forbairt ar luath-imoibreoírí;
- **Sizewell**², suíomh ar a bhfuil dhá stáisiún núicléacha, Sizewell A (nach bhfuil ag feidhmiú) agus Sizewell B, imoibreoir uisce bhrúcháirithe atá fós ag feidhmiú;
- **Capenhurst**³, stáisiún saibhrithe úráiniam;
- **Springfields**⁴, stáisiún monaraithe breosla;
- Imoibreoírí eile, saoráidí taighde agus leighis agus saoráidí eile ina bhfuil trealamh coimircí in úsáid.

¹ Dounreay Site Restoration Ltd, KW14 7TZ INBHIR THEÒRSA, GALLAIBH, AN RÍOCHT AONTAITHE

² EDF Energy Nuclear Generation Limited - Sizewell B Power Station, SUFFOLK, IP16 4UR LEISTON

³ Urenco UK Limited, Capenhurst Works, CHESTER CH1 6ER, AN RÍOCHT AONTAITHE

⁴ Westinghouse Springfields Fuels Ltd, SALWICK PRESTON PR4 OXJ, AN RÍOCHT AONTAITHE

Áirítear i dtrealamh Euratom eilimintí éagsúla arb é atá iontu suiteálacha buana agus gairis ghaolmhara is gá chun na suiteálacha buana sin a úsáid agus ar dlúthchuid iad den chóras suiteáilte iomlán:

1. Séalaí:

- Séalaí miotail aon úsaide;
- Séalaí snáthoptaice aon úsaide agus ilúsaide; agus
- Léitheoirí séalaí.

2. Trealamh faireachais:

- Córais faireachais coimircí dhigiteacha agus analógacha ina bhfuil comhpháirteanna aonair agus il-chomhpháirteanna.

3. Trealamh tomhais (tástáil neamhscriosach):

- Cineálacha éagsúla brathadóirí gáma ag a bhfuil réamhaimplitheoirí agus leictreonaic chomhairimh chun gáma a thomhas;
- Cineálacha éagsúla brathadóirí neodróin ag a bhfuil réamhaimplitheoirí agus leictreonaic chomhairimh chun neodróin a thomhas; agus

- Trealamh le haghaidh cóimeáil breosla nua agus cóimeáil breosla chaite agus trealamh chun an t-ábhar i ndrúmaí úráiniam agus i gcannaí plútóiniam a thomhas lena n-áirítear scanóirí, meánna agus cealla ualaithe slat agus cóimeála breosla.

4. Trealamh saotharlainne (atá mar chuid den tsaotharlann ar láthair Sellafield):

- Mais-speictriméadar (TIMS);
- uirlisí tomhais bunaithe ar gháma-ghathanna agus ar x-ghathanna (e.g. dlúsmhéadracht k-imill agus x-ghathanna fluaraiseacha); agus
- Lámhainnbhoscaí ina bhfuil trealamh anailíseach lena n-áirítear meánna dlúsmhéadair agus meánna anailíseacha.

Chun an t-aistriú is éifeachtaí ar an trealamh sin a éascú, déanfaidh an Ríocht Aontaithe agus an Comhphobal na socruithe dlíthiúla is gá chun an Comhphobal a shaoradh óna oibleagáidí agus a dhliteanais faoin gcomhaontú dar dáta an 25 Márta 1994 le British Nuclear Fuels PLC (a thugtar Sellafield Ltd air anois).

5. Trealamh ríomhaireachta agus trealamh gaolmhar (in oifigí agus i gcórais tomhais):
- Ríomhairí pearsanta chomh maith le trealamh gaolmhar lena n-áirítear bonneagar tarchurtha sonraí cianda (pacaí ceallraí agus soláthairtí cumhachta, gairis chrua-earraí lena n-áirítear ríomhairí iomadúla a rialú, trealamh líonra lena n-áirítear snáthoptaic, cáblaí agus tiontairí Ethernet, lasca, freastalaithe sraithe, ródairí líonra phríobháidigh fhíorúil, rialaitheoirí ama agus fearann, caibinéid); agus
 - Freastalaithe, scáileáin agus printéirí gaolmhara.
-

LIOSTA DE NÓSANNA IMEACHTA UM CHOMHAR RIARACHÁIN
DÁ dTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 98

1. Comhar riaracháin idir na Ballstáit a bhaineann le dearbhuithe an tsoláthraithe maidir le tionscnamh earraí, arna bhunú chun críche trádáil fhabhrach idir an tAontas agus tíortha áirithe (Airteagal 61 go hAirteagal 66 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447).
2. Chun fíorú a dhéanamh ar chruthúnais ar thionscnamh arna n-eisiúint ag údaráis tríú tíortha nó ag gníomhaireachtaí atá údaraithe acu (socruithe speisialta um allmhairiú neamhfhabhrach) (Airteagal 59 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447) agus chun fíorú a dhéanamh ar chruthúnais ar thionscnamh arna n-eisiúint nó arna ndéanamh ag údaráis tríú tír nó ag onnmhaireoirí (socruithe fabhracha) (Airteagal 108 go hAirteagal 111 agus Airteagal 125 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447, Airteagal 32 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán 2016/1076 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Airteagal 55 d'Iarscríbhinn VI a ghabhann le Cinneadh 2013/755/AE ón gComhairle agus forálacha coibhéiseacha i gcomhaontuithe fabhracha).
3. Cúnamh frithpháirteach faoi chuimsiú fiach custaim a aisghabháil (Airteagal 101(1) agus Airteagal 102(1) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013, Airteagal 165 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447).

4. Cúnamh frithpháirteach faoi chuimsiú aistriú an fhéich custaim ag an mBallstát a ghlac le ráthaíocht, chuig an mBallstát ina dtabhaítear an fiach custaim (pointe (c) d'Airteagal 92(1) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013, Airteagal 153 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447).
5. Cruthúnais ar stádas Aontais (agus cúnamh riaracháin) a fhíorú (Airteagal 153 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013, Airteagal 212 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447).
6. Cumarsáid idir údaráis a bhaineann le hearraí arna dtabhairt ar ais (Airteagal 203 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013, Airteagal 256 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447).
7. Comhar riaracháin faoi chuimsiú aisghabháil muirear eile i leith earraí a chuirtear faoi chead isteach sealadach de réir Choinbhinsiún ATA nó Choinbhinsiún Iostanbúl (pointe (c) d'Airteagal 226(3) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013, Airteagal 170 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447).
8. Cúnamh frithpháirteach d'fhonn faisnéis fhorlíontach a fháil chun cinneadh a dhéanamh maidir le hiarratas ar loghadh nó aisíoc (Airteagal 22 agus Airteagal 116(1) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013, Airteagal 175 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447).
9. Fíorú agus cúnamh riaracháin maidir le rialuithe iarscaoilte na faisnéise a bhaineann le hoibríocht idirthurais an Aontais (Airteagal 48 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013, Airteagal 292 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447).

10. Comhar riaracháin faoi chuimsiú aisghabháil muirear eile faoi nósanna imeachta idirthurais (pointe (a), pointe (b) agus pointe (c) d'Airteagal 226(3) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013, Airteagal 167 agus Airteagal 169 de Rialachán (AE) 2015/2447).
11. Fógra faoi dhleachtanna agus muirir eile a aisghabháil faoi nós imeachta idirthurais an Aontais nó faoi idirthuras de réir Choinbhinsiún TIR (pointe (a) agus pointe (b) d'Airteagal 226(3) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013, Airteagal 168 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447).
12. Comhar díreach agus malartú faisnéise idir na Ballstáit i dtaca le rialuithe onnmhairithe maidir le hearraí dé-úsáide (Airteagal 19(2) de Rialachán (CE) 428/2009 ón gComhairle).

LIOSTA DE NA GNÍOMHARTHA/FORÁLACHA DÁ dTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 128(6)

1. Rialachán (CE) Uimh. 2100/94 ón gComhairle an 27 Iúil 1994 faoi chearta Comhphobail maidir le cineálacha plandaí (gan dochar d'Airteagal 96(1) den Chomhaontú seo)¹.

¹ IO L 227, 1.9.1994, lch. 1.

2. Teideal III agus Teideal IX de Threoir 2001/83/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Samhain 2001 maidir leis an gcód Comhphobail a bhaineann le táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine¹, Rialachán (CE) Uimh. 1901/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2006 maidir le táirgí íocshláinte le haghaidh úsáid phéidiatrach², Rialachán (CE) Uimh. 1394/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Samhain 2007 maidir le táirgí íocshláinte ardteiripe³, Rialachán (CE) Uimh. 141/2000 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 1999 maidir le táirgí leighis dílleachta⁴, Teideal III agus Teideal VII de Threoir 2001/82/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Samhain 2001 maidir leis an gcód Comhphobail a bhaineann le táirgí íocshláinte tréidliachta⁵, Rialachán (CE) Uimh. 470/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Bealtaine 2009 lena leagtar síos nósanna imeachta Comhphobail chun teorainneacha na n-iarthair a bhunú do shubstaintí atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de i mbia-ábhair de thionscnamh ainmhíoch⁶, Rialachán (CE) Uimh. 726/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Márta 2004 lena leagtar síos nósanna imeachta Comhphobail maidir le húdarú agus maoirseacht táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine agus le haghaidh úsáid tréidliachta agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Leigheasra Eorpach⁷, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 520/2012 ón gCoimisiún an 19 Meitheamh 2012 maidir le feidhmiú na ngníomhaíochtaí cógas-aireachais dá bhforáiltear i Rialachán (CE) Uimh. 726/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 2001/83/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁸, agus Rialachán (CE) Uimh. 1234/2008 ón gCoimisiún an 24 Samhain 2008 maidir le scrúdú na n-athruithe ar théarmaí na n-údaruithe margaíochta do tháirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine agus do tháirgí íocshláinte tréidliachta⁹.

¹ IO L 311, 28.11.2001, lch. 67.

² IO L 378, 27.12.2006, lch. 1.

³ IO L 324, 10.12.2007, lch. 121.

⁴ IO L 18, 22.1.2000, lch. 1.

⁵ IO L 311, 28.11.2001, lch. 1.

⁶ IO L 152, 16.6.2009, lch. 11.

⁷ IO L 136, 30.4.2004, lch. 1.

⁸ IO L 159, 20.6.2012, lch. 5.

⁹ IO L 334, 12.12.2008, lch. 7.

3. Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH), lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach Ceimiceán¹.
4. Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán².
5. Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh³, agus Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Feabhra 2005 maidir le huasleibhéil iarmhar lotnaidicídí i mbia agus i mbeatha de thionscnamh plandaí nó ainmhíoch nó ar bhia agus ar bheatha den sórt sin⁴.
6. Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir le táirgí bithicéideacha a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid⁵.
7. Rialachán (AE) Uimh. 536/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 maidir le trialacha cliniciúla ar tháirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine⁶.

¹ IO L 396, 30.12.2006, lch. 1.
² IO L 353, 31.12.2008, lch. 1.
³ IO L 309, 24.11.2009, lch. 1.
⁴ IO L 70, 16.3.2005, lch. 1.
⁵ IO L 167, 27.6.2012, lch. 1.
⁶ IO L 158, 27.5.2014, lch. 1.

8. Airteagal 16 de Rialachán (CE) Uimh. 1235/2008 ón gCoimisiún an 8 Nollaig 2008 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 ón gComhairle i dtaobh na socruithe le haghaidh allmhairí táirgí orgánacha ó thríú tíortha¹.
9. Rialachán (CE) Uimh. 391/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 maidir le rialacha comhchoiteanna agus caighdeáin chomhchoiteanna d'eagraíochtaí cigireachta agus suirbhéireachta loinge².
10. Treoir 2001/18/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Márta 2001 maidir le horgánaigh ghéinmhodhnaithe a scaoileadh d'aon ghnó sa chomhshaol³, pointe (c) d'Airteagal 6(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2003 maidir le bia géinmhodhnaithe agus le beatha ghéinmhodhnaithe⁴.
11. Rialachán (CE) Uimh. 1924/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 2006 maidir le maímh chothúcháin agus shláinte a dhéantar i leith bianna⁵.

¹ IO L 334, 12.12.2008, lch. 25.

² IO L 131, 28.5.2009, lch. 11.

³ IO L 106, 17.4.2001, lch. 1.

⁴ IO L 268, 18.10.2003, lch. 1.

⁵ IO L 404, 30.12.2006, lch. 9.

12. Rialachán (AE) Uimh. 1143/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2014 maidir le tabhairt isteach agus leathadh speiceas coimhthíoch ionrach a chosc agus a bhainistiú¹.

13. Rialachán (CE) Uimh. 767/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir le beatha a chur ar an margadh agus a úsáid².

¹ IO L 317, 4.11.2014, lch. 35.

² IO L 229, 1.9.2009, lch. 1.

RIALACHA NÓS IMEACHTA AN CHOMHCHOISTE
AGUS COISTÍ SPEISIALAITHE

Riail 1

Cathaoirleach

1. Déanfaidh Comhalta an Choimisiúin Eorpaigh agus ionadaí ó Rialtas na Ríochta Aontaithe ar leibhéal aireachta, nó oifigigh ardleibhéil a ainmneofar chun feidhmiú ina gcomhaltaí malartacha, comhchathaoirleacht ar an gComhchoiste. Tabharfaidh an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe araon fógra dá chéile i scríbhinn maidir leis na comhchathaoirligh ainmnithe agus maidir lena gcomhaltaí malartacha.
2. Glacfar cinntí na gcomhchathaoirleach dá bhforáiltear sna Rialacha Nós Imeachta seo faoi réir comhthola.
3. Féadfaidh ainmní ionadaíocht a dhéanamh ar chomhchathaoirleach ag cruinniú nach féidir leis an gcomhchathaoirleach freastal air. Cuirfidh an comhchathaoirleach, nó a ainmní, an t-ainmniú in iúl i scríbhinn don chomhchathaoirleach eile agus do Rúnaíocht an Chomhchoiste chomh luath agus is féidir.
4. Feidhmeoidh ainmní an chomhchathaoirligh cearta an chomhchathaoirligh de réir na hainmníochta. Tuigfear go mbeidh ainmní san áireamh le haon tagairt sna Rialacha Nós Imeachta seo do na comhchathaoirligh.

Riail 2

An Rúnaíocht

Oifigeach ón gCoimisiún Eorpach agus oifigeach ó Rialtas na Ríochta Aontaithe a bheidh i Rúnaíocht an Chomhchoiste (“an Rúnaíocht”). Feidhmeoidh an Rúnaíocht, faoi údarás na gcomhchathaoirleach, na cúraimí arna dtabhairt di sna Rialacha Nós Imeachta seo.

Riail 3

Rannpháirtíocht i gcrúinnithe

1. Roimh gach cruinniú, cuirfidh an tAontas agus an Ríocht Aontaithe comhdhéanamh beartaithe na dtoscaireachtaí in iúl dá chéile tríd an Rúnaíocht.
2. I gcás inarb iomchuí agus le cinneadh na gcomhchathaoirleach, féadfaidh cuireadh a thabhairt do shaineolaithe nó do dhaoine eile nach comhaltaí toscaireachtaí iad freastal ar chruinnithe an Chomhchoiste d’fhonn faisnéis a chur ar fáil faoi ábhar áirithe.

Riail 4

Cruinnithe

1. Reáchtálfadh an Comhchoiste a chruinnithe ar bhonn idirmhalartach sa Bhruiséil agus i Londain, mura gcinnfidh na comhchathaoirligh a mhalairt.

2. De mhaolú ar mhír 1, féadfaidh na comhchathaoirligh a chinneadh go reáchtálfar cruinniú an Chomhchoiste trí fhíschomhdháil nó trí theileachomhdháil.
3. Reáchtálfaidh an Rúnaíocht gach cruinniú den Chomhchoiste ar dháta agus in áit a chinnfidh na comhchathaoirligh. I gcás ina bhfuil iarraidh ar chruinniú déanta ag ceachtar den Aontas nó den Ríocht Aontaithe, déanfaidh an Comhchoiste iarracht teacht le chéile faoi cheann 30 lá i ndiaidh na hiarrata sin. I gcás práinneachta déanfaidh sé iarracht teacht le chéile níos luaithe ná sin.

Riail 5

Doiciméid

Déanfaidh an Rúnaíocht doiciméid i scríbhinn ar a mbeidh pléití an Chomhchoiste bunaithe a uimhriú agus a scaipeadh ar an Aontas agus ar an Ríocht Aontaithe mar dhoiciméid de chuid an Chomhchoiste.

Riail 6

Comhfhreagras

1. Seolfaidh an tAontas agus an Ríocht Aontaithe a gcomhfhreagras arna dhíriú ar an gComhchoiste chuig an Rúnaíocht. Is féidir an comhfhreagras sin a sheoladh i bhfoirm aon chineál teachtaireachta i scríbhinn, ríomhphost san áireamh.

2. Áiritheoidh an Rúnaíocht go ndéanfar comhfhreagras arna dhíriú ar an gComhchoiste a chur ar aghaidh chuig na comhchathaoirligh agus go ndéanfar é a scaipeadh, i gcás inarb iomchuí, i gcomhréir le Riail 5.
3. Déanfar gach comhfhreagras ó na comhchathaoirligh nó a bheidh dírithe orthu a chur ar aghaidh chuig an Rúnaíocht agus déanfar é a scaipeadh, i gcás inarb iomchuí, i gcomhréir le Riail 5.

Riail 7

An clár oibre do na cruinnithe

1. Dréachtfaidh an Rúnaíocht clár oibre sealadach le haghaidh gach cruinnithe. Déanfar é a tharchur, i dteannta na ndoiciméad ábhartha, chuig na comhchathaoirligh tráth nach déanaí ná 15 lá roimh dháta an chruinnithe.
2. Áireofar sa chlár oibre sealadach na hítimí sin ar iarr an tAontas nó an Ríocht Aontaithe iad a áireamh sa chlár oibre. Déanfar an iarraidh sin a chur isteach, i dteannta na ndoiciméad ábhartha, chuig an Rúnaíocht tráth nach déanaí ná 21 lá roimh thús an chruinnithe.
3. Cinnfidh na comhchathaoirligh, tráth nach déanaí ná 10 lá roimh dháta an chruinnithe, an clár oibre sealadach le haghaidh cruinnithe. Féadfaidh siad a chinneadh go mbeidh an clár oibre sealadach sin, nó aon chuid de, ar fáil go poiblí roimh thús an chruinnithe.

4. Glacfaidh an Comhchoiste an clár oibre ag tús gach cruinnithe. Arna iarraidh sin ag an Aontas nó ag an Ríocht Aothaithe féadfar ítim seachas na cinn atá san áireamh sa chlár oibre sealadach a chur san áireamh sa chlár oibre le cinneadh ón gComhchoiste.
5. I gcásanna eisceachtúla, féadfaidh na comhchathaoirligh a chinneadh maolú ar na teorainneacha ama a shonraítear i mír 1 agus i mír 2.

Riail 8

Miontuairiscí

1. Dréachtóidh an Rúnaíocht dréacht-mhiontuairiscí ar gach cruinniú, laistigh de 21 lá ó dheireadh an chruinnithe, mura gcinnfidh na comhchathaoirligh a mhalairt.
2. Déanfar achoimre sna miontuairiscí, go hiondúil, ar gach ítim atá ar an gelár oibre, agus sonrófar an méid seo a leanas, i gcás inarb infheidhme:
 - (a) na doiciméid arna gcur isteach chuig an gComhchoiste;
 - (b) aon ráiteas ar iarr duine de na comhchathaoirligh é a chur san áireamh sna miontuairiscí; agus
 - (c) na cinntí a glacadh, na moltaí a rinneadh, na comhráitis a cinneadh agus na conclúidí oibriúcháin a glacadh i dtaobh na n-ítimí sonracha.
3. Áireofar sna miontuairiscí liosta ainmneacha, teideal agus cumas gach duine a bhí i láthair ag an gcruinniú.

4. Formheasfaidh na comhchathaoirligh na miontuairiscí i scríbhinn laistigh de 28 lá i ndiaidh dháta an chruinnithe nó faoi dháta ar bith eile arna chinneadh ag na comhchathaoirligh. A luaithe a fhorheasfar iad, síneoidh comhaltaí na Rúnaíochta dhá leagan bharántúla de na miontuairiscí. Gheobhaidh an tAontas agus an Ríocht Aontaithe araon ceann amháin de na leaganacha barántúla sin. Féadfaidh na comhchathaoirligh a chinneadh go gcomhlíonann síniú agus malartú na gcóipeanna leictreonacha an ceanglas sin.
5. Ullmhóidh an Rúnaíocht achoimre ar na miontuairiscí freisin. Tar éis dóibh an achoimre a fhorheas, féadfaidh na comhchathaoirligh a chinneadh ar fáil go poiblí.

Riail 9

Cinntí agus Moltaí

1. Sa tréimhse idir cruinnithe, féadfaidh an Comhchoiste cinntí nó moltaí a ghlacadh trí nós imeachta i scríbhinn, má chinneann na comhchathaoirligh an nós imeachta sin a úsáid. Is é a bheidh sa nós imeachta i scríbhinn malartú nótaí idir na comhchathaoirligh.
2. I gcás ina nglacfaidh an Comhchoiste cinntí nó moltaí, ionsáfar na an focal “Cinneadh” nó “Moladh”, faoi seach, i dteideal na ngníomhartha sin. Taifeadfaidh an Rúnaíocht aon chinneadh nó aon mholadh faoi shraithuimhir agus déanfar tagairt don dáta ar a nglacfar é.
3. Sonrófar i gcinntí arna nglacadh ag an gComhchoiste an dáta a thiocfaidh siad i bhfeidhm.

4. Síneoidh na comhchathaoirligh cinní agus moltaí a ghlacfaidh an Comhchoiste agus déanfaidh an Rúnaíocht iad a sheoladh chuig na páirtithe díreach i ndiaidh an tsínithe.

Riail 10

Poiblíocht agus Rúndacht

1. Mura gcinnfidh na comhchathaoirligh a mhalairt, beidh cruinnithe an Chomhchoiste faoi rún.
2. I gcás ina dtíolacfaidh an tAontas nó an Ríocht Aontaithe faisnéis a mheastar a bheith rúnda nó cosanta ó nochtadh faoina dhlíthe agus rialacháin don Chomhchoiste nó d'aon choiste speisialaithe, caithfidh an páirtí eile leis an bhfaisnéis sin a fhaightear mar fhaisnéis rúnda.
3. Gan dochar do mhír 2, féadfaidh an tAontas agus an Ríocht Aontaithe cinneadh a dhéanamh ar bhonn aonair an ndéanfaidh siad na cinní agus na moltaí arna nglacadh ag an gComhchoiste a fhoilsiú ina n-iris oifigiúil féin.

Riail 11

Teangacha

1. Is iad teangacha oifigiúla an Aontais agus na Ríochta Aontaithe teangacha oifigiúla an Chomhchoiste.

2. Béarla a bheidh i dteanga oibre an Chomhchoiste. Mura gcinnfidh na comhchathaoirligh a mhalairt, bunóidh an Comhchoiste a phléití ar dhoiciméid arna n-ullmhú i mBéarla.

Riail 12

Caiteachas

1. Íocfaidh an tAontas agus an Ríocht Aontaithe as aon chaiteachas a thabhóidh siad de dhroim rannpháirtíocht i gcruinnithe an Chomhchoiste.
2. Íocfaidh an tAontas as an gcaiteachas maidir le heagrú cruinnithe agus atáirgeadh doiciméad i gcás cruinnithe arna réachtáil sa Bhruiséil, agus íocfaidh an Ríocht Aontaithe as an gcaiteachas i gcás cruinnithe arna réachtáil i Londain.
3. Is é an Páirtí a iarrann ateangaireacht go teanga oibre an Chomhchoiste agus uaithi le linn cruinnithe a íocfaidh as costas na hateangaireachta sin.

Riail 13

Coistí speisialaithe

1. Gan dochar do mhír 2 go mír 3 den Riail seo, beidh feidhm ag Riail 1 go Riail 12 *mutatis mutandis* i leith na gcoistí speisialaithe mura gcinnfidh an Comhchoiste a mhalairt.

2. Déanfaidh ionadaithe arna n-ainmniú ag an gCoimisiún Eorpach agus ag Rialtas na Ríochta Aontaithe comhchathaoirleacht ar na coistí speisialaithe. Tabharfaidh an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe fógra dá chéile maidir leis na hionadaithe ainmnithe.
3. Déanfar an fhaisnéis mar aon leis na tuarascálacha go léir a bheidh le cur ar fáil ag coiste speisialaithe de bhun Airteagal 165(4) den Chomhaontú a chur faoi bhráid an Chomhchoiste gan moill mhíchuí.

Riail 14

Tuarascáil bhliantúil

I gcás gach bliain féilire, dréachtóidh an Rúnaíocht an tuarascáil bhliantúil maidir le feidhmiú an Chomhaontaithe dá bhforáiltear in Airteagal 164(6) den Chomhaontú faoin 1 Bealtaine den bhliain ina dhiaidh sin. Déanfaidh na comhchathaoirligh í a ghlacadh agus a shíniú.

RIALACHA NÓS IMEACHTA

CUID A

RIALACHA NÓS IMEACHTA MAIDIR LE RÉITEACH DÍOSPÓIDE

I. Sainmhínithe

1. Chun críocha na Rialacha Nós Imeachta seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:
 - (a) ciallaíonn “Páirtí” an tAontas nó an Ríocht Aontaithe;
 - (b) ciallaíonn “gearánach” aon Pháirtí a iarrfaidh painéal eadrána a bhunú faoi Airteagal 170 den Chomhaontú;
 - (c) ciallaíonn “freagróir” an Páirtí a líomhnaítear ina leith go bhfuil sárú déanta aige ar fhoráil den Chomhaontú seo;

- (d) ciallaíonn “ionadaí Páirtí” seirbhíseach, nó aon duine arna cheapadh ag Páirtí a dhéanann ionadaíocht don Pháirtí sin chun críocha díospóide faoin gComhaontú seo;
- (e) ciallaíonn “comhairleoir” duine atá ainmnithe ag Páirtí chun comhairle nó cúnaimh a thabhairt don Pháirtí sin i dtaca le himeachtaí os comhair painéal eadrána;
- (f) ciallaíonn “cúntóir” duine a dhéanann, faoi théarmaí a cheapacháin nó a ceapacháin, taighde nó a thugann cúnaimh do chomhalta de phainéal eadrána atá faoi stiúradh agus rialú an chomhalta sin.

II. Fógraí

2. Beidh feidhm ag na rialacha seo a leanas maidir le fógraí idir na Páirtithe agus an painéal eadrána:

- (a) seolfaidh an painéal eadrána gach iarraidh, fógra, aighneacht i scríbhinn agus gach doiciméad eile chuig an dá Pháirtí ag an am céanna;
- (b) i gcás ina ndíreoidh Páirtí iarraidh, fógra, aighneacht i scríbhinn nó doiciméad eile ar an bpainéal eadrána, seolfaidh sé cóip de chuig an bPáirtí eile ag an am céanna; agus
- (c) i gcás ina gcuirfidh Páirtí iarraidh, fógra, aighneacht i scríbhinn nó doiciméad eile maidir leis an ndíospóid chuig an bPáirtí eile, seolfaidh sé cóip de chuig an bpainéal eadrána ag an am céanna.

3. Déanfar aon fhógra dá dtagraítear i bpointe 2 trí ríomhphost nó, nuair is iomchuí, trí aon mhodh teileachumarsáide eile a thugann taifead gur seoladh an fógra sin. Mura gcruthófar a mhalairt, measfar gur seachadadh an fógra sin ar an dáta seolta. Díreofar gach fógra ar Sheirbhís Dlí an Choimisiúin Eorpaigh agus chuig Chomhairleoir Dlí Oifig Gnóthaí Eachtracha agus Chomhlathais na Ríochta Aontaithe faoi seach.
4. Feidhmeoidh Biúró Idirnáisiúnta na Buan-Chúirte Eadrána, ar iarraidh i scríbhinn ó na Páirtithe nó ón bpainéal eadrána, mar chainéal cumarsáide idir na Páirtithe agus an painéal eadrána.
5. Mionearráidí de chineál cléireachais in aon iarraidh, aighneacht i scríbhinn nó doiciméad eile a bhaineann leis na himeachtaí atá os comhair an phainéil eadrána, féadfar iad a cheartú trí dhoiciméad nua a sheachadadh, ar doiciméad é ina léireofar go soiléir na hathruithe.
6. Má bhíonn an lá deiridh chun doiciméad a sheachadadh ag deireadh seachtaine nó ar lá saoire dlíthiúil is infheidhme maidir leis an gCoimisiún Eorpach nó maidir le hOifig Gnóthaí Eachtracha agus Oifig Chomhlathais na Ríochta Aontaithe, de réir mar a bheidh, féadfar an doiciméad a sheachadadh ar an gcéad lá oibre eile. Tráth nach déanaí ná an 30 Meán Fómhair gach bliain, cuirfidh an tAontas agus an Ríocht Aontaithe in iúl dá chéile agus, sa chás dá dtagraítear i bpointe 4, do Bhiúró Idirnáisiúnta na Buan-Cúirte Eadrána, na laethanta saoire dlíthiúla is infheidhme maidir leis an gCoimisiún Eorpach agus Oifig Eachtrach agus Chomhlathais Oifig na Ríochta Aontaithe faoi seach.

III. Ceapadh nó ionadú comhlaltaí de phainéal eadrána

7. Más rud é, de bhun Airteagal 171(5) den Chomhaontú, go bhfuil comhalta amháin nó níos mó den phainéal eadrána le roghnú trí chrannchur, cuirfidh Biúró Idirnáisiúnta na Buan-Chúirte Eadrána dáta, am agus ionad an roghnúcháin in iúl do na Páirtithe go pras. Féadfaidh na Páirtithe a chinneadh bheith i láthair le linn an roghnúcháin. Mar sin féin, ní chuirfidh neamhláithreacht na bPáirtithe, ceachtar acu nó iad araon, cosc ar an roghnúchán a dhéanamh.
8. Cuirfidh Biúró Idirnáisiúnta na Buan-Chúirte Eadrána fógra ceapacháin i scríbhinn chuig gach duine a roghnófar chun feidhmiú mar chomhalta de phainéal eadrána. Déanfaidh gach duine a roghnófar, laistigh de 5 lá ón bhfógra sin a fháil, a dheimhniú go bhfuil sé nó sí ar fáil do Bhiúró Idirnáisiúnta na Buan-Chúirte Eadrána agus don dá Pháirtí.
9. I gcás ina measfaidh Páirtí nach gcomhlíonann comhalta den phainéal eadrána an Cód Iompair a leagtar amach i gCuid B agus inar gá an comhalta sin a ionadú, dá bhrí sin, ní mór don Pháirtí sin fógra a thabhairt don Pháirtí eile sin laistigh de 15 lá ón am a fuair sé fianaise leordhóthanach den neamhchomhlíonadh atá curtha i leith an chomhalta sin.

10. Rachaidh na Páirtithe i gcomhairle lena chéile laistigh de 15 lá ón bhfógra dá dtagraítear i bpointe 9 a fháil. Cuirfidh siad comhalta an phainéil eadrána ar an eolas faoin neamhchomhlíonadh a líomhnaítear a bheith ann agus féadfaidh siad a iarraidh ar an gcomhalta sin bearta a dhéanamh chun an cás a leigheas. Féadfaidh siad freisin a chinneadh i gcomhpháirt an comhalta sin a chur as oifig agus comhalta nua a roghnú i gcomhréir le hAirteagal 171 den Chomhaontú.

Má theipeann ar na Páirtithe teacht ar chomhaontú an ceart comhalta den phainéal eadrána, cé is moite den chathaoirleach, a ionadú, féadfaidh ceachtar Páirtí a iarraidh go ndéanfar an t-ábhar sin a chur faoi bhráid chathaoirleach an phainéil sin agus is cinneadh críochnaitheach a bheidh sa chinneadh sin.

Má chinneann cathaoirleach an phainéil eadrána nach gcomhlíonann comhalta an phainéil sin an Cód Iompair, roghnófar comhalta nua den phainéal eadrána i gcomhréir le hAirteagal 171 den Chomhaontú.

11. Má theipeann ar na Páirtithe teacht ar chomhaontú an ndéanfar an cathaoirleach a ionadú, féadfaidh ceachtar Páirtí a iarraidh go ndéanfar an t-ábhar sin a chur faoi bhráid duine de na daoine eile arna moladh go comhpháirteach ag an Aontas agus ag an Ríocht Aontaithe chun gníomhú mar chathaoirleach i gcomhréir leis an tríú habairt d'Airteagal 171(1) den Chomhaontú (“an duine roghnaithe”). Déanfaidh Ard-Rúnaí na Buan-Chúirte Eadrána ainm an duine roghnaithe a tharraingt trí chrannchur.

Má chinneann an duine roghnaithe nach gcomhlíonann an cathaoirleach an Cód Iompair, roghnófar cathaoirleach nua i gcomhréir le hAirteagal 171 den Chomhaontú as measc na ndaoine arna moladh go comhpháirteach ag an Aontas agus ag an Ríocht Aontaithe chun gníomhú mar chathaoirleach, cé is moite den duine roghnaithe.

IV. Saincheisteanna airgeadais

12. Roinnfidh na Páirtithe eatarthu go cothrom an caiteachas ar phainéal eadrána a bhunú agus a oibriú, lena n-áirítear an luach saothair agus an caiteachas atá le híoc le comhaltaí an phainéil eadrána sin.
13. Comhaontóidh na Páirtithe i gcomhar leis an bpainéal eadrána, laistigh de 7 lá óna bheith bunaithe, an méid seo a leanas:
 - (a) an luach saothair agus an caiteachas a bheidh le híoc le comhaltaí an phainéil eadrána, a bheidh réasúnach agus i gcomhréir le caighdeáin na hEagraíochta Domhanda Trádála;
 - (b) an luach saothair a íocfar le cúntóirí; i gcás gach comhalta den phainéal eadrána, beidh méid iomlán an luach saothair a íocfar le cúntóirí réasúnach agus in aon chás ní sháróidh sé aon trian de luach saothair an chomhalta sin.

Féadfar comhaontú den sórt sin a bhaint amach trí aon mhodh cumarsáide.

V. An t-amchlár agus aighneachtaí i scríbhinn

14. Bunóidh an painéal eadrána, tar éis dó dul i gcomhairle leis na Páirtithe, amchlár táscach ar na himeachtaí laistigh de 7 lá tar éis a bhunaithe.
15. Cuirfidh an gearánach a aighneacht i scríbhinn chuig an bpainéal eadrána tráth nach déanaí ná 20 lá tar éis an dáta ar a mbunófar an clár ama táscach. Cuirfidh an freagróir a aighneacht i scríbhinn chuig an bpainéal eadrána tráth nach déanaí ná 20 lá tar éis an dáta ar a bhfaighidh sé cóip den aighneacht i scríbhinn ón ngearánach.

VI. Oibríocht an phainéil eadrána

16. Is é cathaoirleach an phainéil eadrána a bheidh i gceannas ar na cruinnithe ar fad. Féadfaidh an painéal eadrána an t-údarás cinntí riaracháin agus nós imeachta a dhéanamh a tharmligean chuig an gcathaoirleach.
17. Mura bhforáiltear a mhalairt sa Chomhaontú seo nó sna Rialacha Nós Imeachta seo, féadfaidh an painéal eadrána a chuid imeachtaí agus pléití a dhéanamh trí bhíthin modh cumarsáide ar bith.
18. Ní fhéadfaidh ach comhaltaí an phainéil eadrána páirt a ghlacadh i bpléití an phainéil eadrána, ach féadfaidh an painéal eadrána cead a thabhairt do chúntóirí na gcomhaltaí a bheith i láthair ag na pléití.

19. Is faoi fhreagracht eisiach chomhaltaí an phainéil eadrána a bheidh dréachtú aon rialaithe nó cinnidh agus ní dhéanfar é a tharmligean chuig aon duine eile.
20. Soláthróidh Biúró Idirnáisiúnta na Buan-Chúirte Eadrána seirbhísí rúnaíochta agus tacaíocht lóistíochta eile don phainéal eadrána.
21. I gcás ina n-éireoidh ceist nós imeachta nach bhfuil cumhdaithe ag an gComhaontú seo nó leis na Rialacha Nós Imeachta seo, féadfaidh an painéal eadrána, tar éis dul i gcomhairle leis na Páirtithe, cinneadh a dhéanamh maidir leis an nós imeachta a bheidh le leanúint, ar an gcoinníoll go bhfuil an nós imeachta sin ag teacht leis an gComhaontú seo agus leis na Rialacha Nós Imeachta seo.
22. Má mheasann an painéal eadrána go bhfuil gá le hathrú ar cheann de na tréimhsí le haghaidh na n-imeachtaí dá dtagraítear sna Rialacha Nós Imeachta seo nó chun nó chun aon choigeartú a dhéanamh ar nós imeachta nó ar chúrsaí riaracháin, cuirfidh sé na Páirtithe ar an eolas i scríbhinn, tar éis dó dul i gcomhairle leis na Páirtithe, maidir leis na cúiseanna a bheidh leis an athrú nó leis an gcoigeartú, agus cad é an tréimhse nó an coigeartú is gá.

VII. Éisteachtaí

23. Bunaithe ar an amchlár tascach a bhunaítear de bhun phointe 14, tar éis dul i gcomhairle le Páirtithe agus le comhaltaí eile an phainéil eadrána, tabharfaidh an cathaoirleach fógra maidir le dáta, am agus ionad na héisteachta do na Páirtithe. Cuirfear an fhaisnéis sin ar fáil go poiblí, ach amháin má tá an éisteacht dúnta don phobal.

Féadfaidh an painéal eadrána a chinneadh, le comhaontú na bPáirtithe, gan éisteacht a reáchtáil.

24. Mura gcomhaontóidh na Páirtithe a mhalairt, is sa Háig a thionólfar an éisteacht, in áitreabh na Buan-Chúirte Eadrána.
25. Féadfaidh an painéal eadrána éisteachtaí breise a chomóradh má chomhaontaíonn na Páirtithe amhlaidh.
26. Beidh comhaltaí uile an phainéil eadrána i láthair le linn na héisteachta ina hiomláine.
27. Mura gcomhaontóidh na Páirtithe a mhalairt, féadfaidh na daoine seo a leanas freastal ar an éisteacht, is cuma cé acu atá nó nach bhfuil an éisteacht ar oscailt don phobal:
 - (a) ionadaithe Páirtí;
 - (b) comhairleoirí;
 - (c) cúntóirí;
 - (d) ateangairí, aistritheoirí agus tuairisceoirí cúirte an phainéil eadrána; agus
 - (e) saineolaithe, arna gcinneadh ag an bpainéal eadrána.
28. Tráth nach déanaí ná 5 lá roimh dháta éisteachta, seolfaidh gach Páirtí chuig an bpainéal eadrána agus chuig an bPáirtí eile liosta ainmneacha na ndaoine a dhéanfaidh argóint nó cur i láthair ó bhéal ag an éisteacht thar ceann an Pháirtí sin agus ainmneacha ionadaithe agus comhairleoirí eile a bheidh ag freastal ar an éisteacht.

29. Seolfaidh an painéal eadrána an éisteacht mar seo a leanas, agus áiritheoidh siad go dtabharfar am comhionann don ghearánach agus don fhreagróir ó thaobh argóinte agus freagra araon:
- (a) an argóint:
 - (i) argóint an ghearánaigh;
 - (ii) argóint an fhreagróra;
 - (b) freagra:
 - (i) freagra an ghearánaigh;
 - (ii) frithfhreagra an fhreagróra.
30. Féadfaidh an painéal eadrána ceisteanna a dhíriú ar cheachtar Páirtí ag am ar bith le linn na héisteachta.
31. Déanfaidh an painéal eadrána socrú ionas go ndéanfar tras-scríbhinn na héisteachta a ullmhú agus a sheachadadh chuig na Páirtithe a luaithe agus is féidir tar éis na héisteachta. Féadfaidh na Páirtithe barúil a thabhairt faoin tras-scríbhinn agus féadfaidh an painéal eadrána na barúlacha sin a bhreithniú.
32. Féadfaidh gach Páirtí aighneacht i scríbhinn a chur faoi bhráid an phainéil eadrána maidir le haon ábhar a thiocfaidh chun cinn le linn na héisteachta laistigh de 10 lá tar éis dháta na héisteachta.

VIII. Ceisteanna i scríbhinn

33. Féadfaidh an painéal eadrána, tráth ar bith le linn na n-imeachtaí, ceisteanna i scríbhinn a chur faoi bhráid Páirtí amháin nó an dá Pháirtí.
34. Beidh deis ag an dá Pháirtí barúlacha i scríbhinn a thabhairt i dtaobh fhreagraí an Pháirtí eile ar cheisteanna arna gcur isteach ag an bpainéal eadrána, laistigh de 5 lá tar éis an dáta ar a bhfaighidh sé cóip de na freagraí sin.

IX. Rúndacht

35. I gcás aon fhaisnéis a chuirfidh Páirtí chuig an bpainéal eadrána atá ainmnithe ag an bPáirtí sin mar fhaisnéis rúnda, caithfidh an Páirtí eile agus an painéal léi mar fhaisnéis rúnda. Nuair a dhéanfaidh Páirtí aighneacht i scríbhinn ina bhfuil faisnéis rúnda a chur faoi bhráid an phainéil eadrána, déanfaidh sé, laistigh de 15 lá, aighneacht a chur isteach gan an fhaisnéis rúnda inti agus nochtfar an aighneacht sin don phobal.
36. Ní chuirfear bac ar Pháirtí, mar gheall ar na Rialacha Nós Imeachta seo, aighneachtaí i scríbhinn, freagraí ar na ceisteanna arna gcur ag an bpainéal eadrána nó tras-scríbhinn ar argóint béil dá chuid féin a nochtadh don phobal, ar an gcoinníoll nach nochtfaidh sé aon fhaisnéis a d'ainmnigh an Páirtí eile mar fhaisnéis rúnda agus tagairt á déanamh aige d'fhaisnéis arna cur isteach ag an bPáirtí eile sin.

37. Beidh éisteachtaí os comhair an phainéil eadrána ar oscailt don phobal ach amháin i gcás ina bhfuil faisnéis rúnda i gceist le haighneacht agus argóintí Páirtí nó i gcás ina gcomhaontaíonn na Páirtithe ar chúis eile go mbeidh an éisteacht dúnta don phobal. I gcás den sórt sin, déanfaidh na Páirtithe rúndacht éisteachtaí an phainéil eadrána a chothabháil.

X. Teagmhálacha ex parte

38. Ní thiocfaidh an painéal eadrána le chéile nó ní dhéanfaidh sé cumarsáid ó bhéal ar shlí eile le Páirtí in éagmais an Pháirtí eile.

XI. Cásanna práinneacha

39. I gcásanna práinne dá dtagraítear in Airteagal 173(2) den Chomhaontú, déanfaidh an painéal eadrána, tar éis dul i gcomhairle leis na Páirtithe, coigeartú ar na tréimhsí dá dtagraítear sna Rialacha Nós Imeachta seo, de réir mar is iomchuí. Tabharfaidh an painéal eadrána fógra do na Páirtithe go ndearnadh na coigeartuithe sin.

XII. Aistriúchán agus ateangaireacht

40. Is é an Béarla teanga na n-imeachtaí a thugtar os comhair an phainéil eadrána. Eiseofar cinntí an phainéil eadrána i mBéarla.

41. Íocfaidh gach Páirtí a chostais féin as an aistriúchán ar aon doiciméad a chuirfear faoi bhráid an phainéil eadrána agus nár dréachtaíodh i dtús báire i mBéarla, chomh maith le haon chostas a bhaineann le hateangaireacht le linn na héisteachta dá ionadaithe nó dá chomhairleoirí.

CUID B

CÓD IOMPAIR DO CHOMHALTAÍ DE PHAINÉIL EADRÁNA

Sainmhíithe

1. Chun críocha an Chóid Iompair seo, beidh feidhm ag an sainmhíniú ar “cúntóir” a leagtar amach sna Rialacha Nós Imeachta. Sa bhreis air sin, ciallaíonn “iarrthóir” duine a bhfuil a ainm ar an liosta dá dtagraítear in Airteagal 171(1) den Chomhaontú agus atá faoi bhreithniú lena roghnú mar chomhalta den phainéal eadrána faoin Airteagal sin.

Freagrachtaí i leith an phróisis

2. Seachnóidh gach iarrthóir agus gach comhalta de phainéal eadrána iompar míchuí agus aon dealramh d’iompar míchuí, beidh siad neamhspleách agus neamhchlaonta, seachnóidh siad coinbhleachtaí leasa díreacha agus indíreacha agus cloífidh siad le hardchaighdeáin iompair ionas go gcaomhnófar sláine agus neamhchlaontacht an nós imeachta um réiteach díospóide. Comhlíonfaidh daoine a bhí ina n-iarrthóirí nó ina gcomhaltaí de phainéal eadrána roimhe seo na hoibleagáidí a leagtar amach i bpointe 8, i bpointe 9 agus i bpointe 10.

Oibleagáidí maidir le nochtadh

3. Sula ndeimhnítear iad mar chomhalta de phainéal eadrána faoin gComhaontú seo, nochtfaidh iarrthóirí do na Páirtithe i scríbhinn aon leas, caidreamh nó ábhar arb eol dóibh dóchúlacht a bheith ag baint leis go ndéanfadh sé difear dá neamhspleáchas nó dá neamhchlaontacht, nó a d'fhéadfadh cur le dealramh réasúnach go mbeadh iompar míchuí nó claonadh sna himeachtaí atá os comhair an phainéil eadrána.
4. Ní chuirfidh iarrthóirí agus comhaltaí de phainéal eadrána cúrsaí maidir le sáruithe iarbhír nó féideartha ar an gCód Iompair seo in iúl ach don Chomhchoiste lena mbreithniú ag an Aontas agus ag an Ríocht Aontaithe.
5. Déanfaidh comhaltaí painéal eadrána, ag aon chéim de na himeachtaí atá os comhair an phainéil eadrána, aon leas, aon ghaol nó aon ábhar de chineál dá dtagraítear i bpointe 3 a bhfuil siad ar an eolas fúthu, nó a dtiocfaidh siad chun a bheith ar an eolas fúthu, a nochtadh do na Páirtithe i scríbhinn.

Díchill chuí maidir le comhaltaí de phainéal eadrána

6. Ar roghnú dóibh, comhlíonfaidh comhaltaí de phainéal eadrána a ndualgais ina n-iomláine agus go gasta faoi réir ag cothroime agus dúthracht le linn na n-imeachtaí atá os comhair an phainéil eadrána. Go háirithe, déanfaidh siad an méid seo a leanas:
 - (a) ní bhreithneoidh siad ach na saincheistanna a ardaíodh sna himeachtaí atá os comhair an phainéil eadrána agus atá riachtanach le haghaidh rialaithe, agus ní dhéanfaidh siad an dualgas sin a tharmligean chuig aon duine eile;

- (b) gach céim iomchuí a ghlacadh lena n-áirithiú go bhfuil a gcúntóirí ar an eolas faoi phointí 2, 3, 4, 5, 9 agus 10 agus go gcloífidh siad leis na pointí sin.

Neamhspleáchas agus neamhchlaontacht comhaltaí de phainéal eadrána

7. Comhalta de phainéal eadrána:

- (a) beidh sé neamhspleách agus neamhchlaonta, agus seachnóidh sé dealramh iompair mhíchuí nó claonta, agus ní bheidh sé faoi thionchar ag féinleas, brú seachtrach, cúinsí polaitiúla, gleo an phobail, dílseacht don Aontas nó don Ríocht Aontaithe, nó eagla roimh cháineadh;
- (b) ní rachaidh sé faoi aon oibleagáid ná ní ghlacfaidh sé go díreach ná go hindíreach le sochar ar bith a chuirfeadh isteach ar aon bhealach ar chomhlíonadh cuí a dhualgas, nó a mbainfeadh an chosúlacht leis go gcuirfeadh sé isteach ar chomhlíonadh na ndualgas sin;
- (c) ní úsáidfidh sé a stádas mar chomhalta de phainéal eadrána chun aon leas pearsanta nó príobháideach a chur chun cinn agus seachnóidh sé aon ghníomhaíocht a spreagfadh barúil go bhfuil stádas speisialta ag daoine eile tionchar a imirt orthu;
- (d) ní cheadóidh sé do chaidreamh airgeadais, gnó, gairmiúil, teaghlaigh nó sóisialta, ná d'fhreagrachtaí tionchar a imirt ar a iompar nó ar a bhreithiúnas;

- (e) seachnóidh sé aon chaidreamh a dhéanamh, nó aon leas airgeadais a fháil ar dhócha go ndéanfadh sé dochar dá neamhchlaontacht, nó a d'fhéadfadh cur le dealramh réasúnach go mbeadh iompar míchuí nó claonadh i gceist;
- (f) ní dhéanfaidh sé aon ghné den ábhar nó iompar na n-imeachtaí atá os comhair an phainéil eadrána a phlé le haon cheann de na Páirtithe agus comhaltaí eile den phainéal eadrána as láthair.

Oibleagáidí iar-chomhaltaí de phainéal eadrána

- 8. Seachnóidh gach iar-chomhalta de phainéal eadrána gníomhaíochtaí a spreagfadh dealramh go raibh siad claonta agus iad ag comhlíonadh a ndualgas nó gur bhain siad buntáiste as aon chinneadh nó as aon rialú de chuid an phainéil eadrána.

Rúndacht

- 9. Ní dhéanfaidh aon chomhalta nó aon iar-chomhalta de phainéal eadrána an méid seo a leanas tráth ar bith
 - (a) aon fhaisnéis neamhphoiblí maidir le himeachtaí os comhair an phainéil eadrána nó a fuarthas le linn na n-imeachtaí sin a nochtadh nó a úsáid, ach amháin chun críocha na n-imeachtaí sin, agus in aon chás ní nochtfaidh ná ní úsáidfídh sé aon fhaisnéis den sórt sin chun tairbhe phearsanta nó chun tairbhe daoine eile nó chun díobháil a dhéanamh do leas daoine eile;

(b) pléití an phainéil eadrána, nó tuairimí aon chomhalta den phainéal a nochtadh.

10. Ní nochtfaidh aon chomhalta de phainéal eadrána rialú an phainéil eadrána nó codanna di sula bhfoilsítear é i gcomhréir leis an gComhaontú seo.
